



Ollscoil Mhá Nuad

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Eagrán de na Scéalta Béaloidis **a Bhailigh Úna Ní Chualáin (1871-1929)** **ó Cholm Ó hIarnáin (1871-1924), Árainn**

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad don chéim
M.Litt. sa Nua-Ghaeilge
ag
Alma Ní Bhroin B.A. (Idirnáisiúnta)

Roinn na Nua-Ghaeilge
Scoil an Léinn Cheiltigh
Ollscoil Mhá Nuad
Co. Chill Dara, Éire.

Feabhra 2022

Ceann Scoil an Léinn Cheiltigh: An tOllamh Fionntán de Brún
Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge: An tOllamh Tríona Ní Shíocháin
Stiúrthóir: An Dr Brian Ó Catháin

<u>Clár</u>	Leathanach
Achoimre	v
Nóta Buíochais	vi
1.0 Beatha Úna Ní Chualáin agus Choilm Uí Iarnáin	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Beatha Úna Ní Chualáin	5
1.2.1 Leaganacha Éagsúla d’Ainm agus de Shloinne Úna	5
1.2.2 Foinsí Eolais	6
1.2.3 Óige Úna	6
1.2.4 Oideachas Úna agus a Saol in Inis Meáin agus in Árainn	8
1.2.5 Úna Ní Chualáin mar Bhailitheoir Béaloidis	11
1.2.6 Bailiúchán Chártaí Poist Úna	15
1.2.7 Na Blianta Deireanacha in Inis Meáin agus Cuimhní ar Úna	16
1.3 Beatha Choilm Uí Iarnáin	18
1.3.1 Foinsí Eolais	18
1.3.2 Óige Choilm	18
1.3.3 Saol Choilm agus a Mhuintire go dtí go nDeachaigh sé go Meiriceá	19
1.3.4 Saol Choilm i Meiriceá	20
1.3.5 Bás Choilm	21
2.0 An Modh Eagarthóireachta	22
2.1 Litriú Ghaeilge an Lae Inniu a Chur ar Sheanlitriú na Lámhscríbhinne	22
2.2 Síntí Fada	24
2.2.1 Síntí Fada Iomarcacha a Bhaint Amach	24
2.2.2 Síntí Fada a Sholáthar	24
2.3 Litriú Ghaeilge an Lae Inniu a Chur ar Litriú Foghraíochta na Lámhscríbhinne	24
2.4 Litriú Ghaeilge an Lae Inniu a Chur ar Litriú na Lámhscríbhinne	25

2.5 Fleiscíní	26
2.5.1 Fleiscíní Iomarcacha a Bhaint Amach	26
2.5.2 Fleiscíní a Sholáthar	26
2.6 Uaschamóga	27
2.6.1 Uaschamóga Iomarcacha a Bhaint Amach	27
2.6.2 Uaschamóga a Sholáthar	27
2.7 Bá	28
2.7.1 Consain a Bháitear a Sholáthar	28
2.7.2 Gutaí a Bháitear a Sholáthar	28
2.8 Athruithe i nDealú na bhFocal	29
2.9 Plé ar Chúrsaí Eile Teanga	30
2.9.1 Míniú ar ‘Ls.’ sna Fonótaí	30
2.9.2 Focail Bhéarla	30
2.9.3 Na Réamhfocail ‘de’, ‘do’ agus ‘go’	30
2.9.4 Infhilleadh na nAinmfhocal sa Dara Díochlaonadh	31
2.9.5 An Tuiseal Ainmneach Áit a mBeifí ag Súil leis an Tuiseal Ginideach	32
2.9.6 Míniú ar Lúibíní Cearnacha	32
2.9.7 Briathra ina Measctar Deirí na hAimsire Fáistíní agus an Mhodha Choinníollaigh	33
2.9.7.1 ‘f’ Iomarcach na hAimsire Fáistíní agus an Mhodha Choinníollaigh a Bhaint d’Aimsirí agus de Mhodhanna eile	34
2.9.7.2 ‘f’ Iomarcach a Bhaint de Bhriathra nár Chóir ‘f’ a Bheith acu san Aimsir Fháistineach nó sa Mhodh Coinníollach	35
2.9.7.3 ‘f’ na hAimsire Fáistíní agus an Mhodha Choinníollaigh atá in Easnamh a Sholáthar	35
2.10 Leaganacha Sonracha Eile Teanga	36

2.10.1 Seanfhoirm Stairiúil an Tuisil Thabharthaigh	37
2.10.2 ‘mnaoi,’ Áit a mBeifí ag Súil le Leagan Eile den Ainmfhocal ‘bean.’	39
2.10.3 Réimniú na mBriathra	42
2.10.4 Ainmneacha Briathartha Leathana	43
2.10.5 Foirmeacha Briathartha	44
2.10.5.1 An Chéad Phearsa Iolra, Aimsir Chaite	44
2.10.5.2 An Chéad Phearsa Iolra, Aimsir Fháistineach	45
2.10.6 Na Réamhfhocail ‘a’ agus ‘ag’ roimh an Ainm Briathartha	45
2.10.7 An Aidiacht Shealbhach	47
2.10.7.1 An Dara Pearsa Uatha	47
2.10.7.2 An Chéad Phearsa Iolra agus an Dara Pearsa Iolra	48
2.10.8 Foirmeacha Éagsúla d’Aimsir Chaite an Bhriathair ‘Faigh’	48
2.10.9 Foirmeacha Macalla Briathartha	50
2.10.10 ‘Mara’ agus ‘Muna’	51
2.10.11 ‘Sul’ agus ‘Sula’	52
2.10.12 An Modh Foshuiteach Caite	53
2.10.13 ‘(in)sa(n)’ Móide Séimhiú	53
3.0 Scéal 1. An Eala Bhán, Inín Rí FoThoinn	55
4.0 Scéal 2. Rí na Sléibhte Gorma	74
5.0 Scéal 3. Eibhidon	90
6.0 Scéal 4. Mánus Áiméan	96
7.0 Scéal 5. Cat an Mhuilleoir	108
8.0 Scéal 6. Mac an Rí agus an Seanchapall Donn	117
9.0 Scéal 7. Mac Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhla	128
10.0 Scéal 8. An <i>Golden Phoenix</i>	138
11.0 Scéal 9. Cearrbhach an tSúgáin	148

12.0 Scéal 10. Búmba agus Cailín Bhúmba	154
13.0 Scéal 11. Ardrí Éireann	161
14.0 Scéal 12. Ruain is Mac an Chonchúraigh	173
15.0 Scéal 13. Scológ na Féasóige Liath	181
16.0 Scéal 14. Scéal gan Ainm	193
17.0 Scéal 15. Ardrí Éireann is a Thriúr Mac	202
18.0 Scéal 16. Conchúr an Dá Chaora	215
19.0 Scéal 17. Éirinn Bheag is Éirinn Mhór	226
20.0 Scéal 18. Luach na Bó	232
21.0 Scéal 19. <i>Prince</i> Uilliam	240
Aguisín 1: Liosta Foilseachán Úna Ní Chualáin	255
Liosta Foinsí	257

Achoimre

Is iomaí scoláire a thug cuairt ar Oileáin Árann chun blaiseadh a fháil den saibhreas teanga agus cultúir atá le fáil iontu. Tháinig scoláirí ón Eoraip, mar shampla, Georges Dottin ón bhFrainc, Holger Pedersen ón Danmhairg agus Franz Nikolaus Finck ón nGearmáin agus d’eascair neart saothar acadúil as na cuairteanna seo, mar shampla, *Die araner mundart: Ein beitrug zur erforschung des westirischen* (1899) le Finck agus *Scéalta Mháirtín Neile: Bailiúchán Scéalta ó Árann* (1994) le Munch-Pedersen/Pedersen. Is liosta le háireamh iad na daoine eile a thug cuairt ar na hoileáin agus a bhailigh ábhar béaloidis iontu, mar shampla, Eoghan Ó Gramhnaigh, Seosamh Ó Flannagáin agus Myles Dillon. Cuireadh cuid den ábhar seo béaloidis a bailíodh i gcló in *Irisleabhar na Gaedhilge, An Claidheamh Soluis agus Béaloideas*. Cuirtear naoi scéal déag béaloidis in eagar sa saothar seo, scéalta a bhailigh Úna Ní Chualáin (1871-1929) ó Cholm Ó hIarnáin (1871-1924), Eoghanacht, Árann idir 1903 agus 1906. Is díol suntais é gur cosúil gurb é seo an chéad bhailiúchán suntasach de scéalta béaloidis i nGaeilge a bhailigh bean in Oileáin Árann, nó go deimhin in Éirinn trí chéile. Cuireadh na scéalta isteach ar chomórtas Oireachtais agus bronnadh duais ar chuid acu sna blianta 1903, 1904 agus 1905. Tá bunleaganacha na scéalta ar coimeád i Ls. G244 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann anois. Tugtar cuntas i gCaibidil 1 ar shaol Úna Ní Chualáin agus ar shaol Choilm Uí Iarnáin. I gCaibidil 2, déantar mionchur síos – sa Mhódh Eagarthóireachta – ar na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar na scéalta, agus déantar plé ar roinnt gnéithe eile den teanga a fheictear sa bhunlámhscríbhinn freisin. Cuirtear leagan cóirithe na naoi scéal déag a bhailigh Úna Ní Chualáin ó Cholm Ó hIarnáin ar fáil ansin i gCaibidil 3-21. Ar deireadh, cuirtear liosta foilseachán Úna Ní Chualáin ar fáil.

Nóta Buíochais

Thug neart daoine cúnamh agus tacaíocht dom fad is a bhí mé ag gabháil don saothar seo agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo.

Ar dtús, ba mhaith liom buíochas ollmhór a ghlacadh le mo stiúrthóir, an Dr Brian Ó Catháin. Thug sé an misneach dom an saothar seo a chríochnú agus chaith sé liom ar bhealach tuisceanach cineálta i gcónaí. Bhí Brian sásta i gcónaí a chuid ama agus a chuid saineolais a roinnt liom agus ba mhór an phribhléid dom é a bheith mar iníon léinn aige.

Ba mhaith liom mórbhuíochas a ghabháil le hiarbhaill foirne agus le foireann reatha Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad. Thug siad uilig tacaíocht agus misneach dom ón uair a thosaigh mé an bhunchéim go dtí anois. Ba mhaith liom buíochas ar leith a thabhairt d’Fhionntán de Brún, Ollamh na Nua-Ghaeilge agus Ceann Scoil an Léinn Cheiltigh, as cúnamh a thabhairt dom nuair a d’fhill mé ar an taighde seo tar éis sos a ghlacadh ar feadh cúpla bliain. Tá buíochas tuillte ag mo chomh-mhac léinn agus mo chomhtheagascóirí in Ollscoil Mhá Nuad a thug an-tacaíocht agus an-chomhairle dom – smaoiním go háirithe ar Sheán Mac Risteaird, ar Amy Mitchell agus ar Ronan Doherty.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad, le foireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus le foireann Chartlann Náisiúnta na hÉireann. Is iomaí lá a chaith mé sna hionaid seo agus bhí an fhoireann ar fáil i gcónaí chun cabhrú liom.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le muintir Árann agus le muintir Inis Meáin a chuir fáilte romham i gcónaí agus a thug an-chúnamh dom, go háirithe an Dr Deirdre Ní Chonghaile, Máirín Uí Chonghaile, Theresa agus Pádraig Ó Fátharta, Cormac Ó hAlmhain, Louise O’Flynn agus Máire Ní Bhriain. Cuimhním freisin ar na daoine a thug an-chúnamh dom agus atá imithe ar shlí na fírinne anois: an tAth. Mícheál Ó Máinnín, Máirtín Ó Cualáin agus Máire Bn. Uí Fhátharta. Tá buíochas tuillte ag Maureen Foley, Massachusetts agus Julia O’Brien, Baile Átha Cliath a roinn eolas liom go flaithiúil agus

a thug tacaíocht dom. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Dr Mícheál Briody freisin as roinnt tagairtí acadúla a roinnt liom.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil le mo chomhghleacaithe oibre, le mo chairde agus le mo mhuintir. Mo dheartháir Vincent agus mo thuismitheoirí, Nora agus Frank, tá buíochas ar leith tuillte agaibhse. Bhí neart uaireanta ann a bhí mé faoi bhrú agus chuir sibhse ar mo shuaimhneas mé. Ní raibh deireadh le bhur gcuid tacaíochta agus le bhur gcineáltas i rith na tréimhse taighde seo. Gan bhur gcuid tacaíochta, ní bheadh an saothar seo críochnaithe agam.

CAIBIDIL 1

1.0 Beatha Úna Ní Chualáin agus Choilm Uí Iarnáin

1.1 Réamhrá

Is fada an lá ó thosaigh scoláirí Gaeilge agus daoine a raibh spéis acu sa teanga agus i gcúrsaí cultúir ag tabhairt cuairte ar Oileáin Árann.¹ Chuir cuid acu seo an-suim sa teanga agus chuir cuid eile acu an-suim sa bhéaloideas, agus bhí spéis ag roinnt acu sa dá réimse. Tabharfaidh mé cuntas ar dtús ar na scoláirí is suntasaí a tháinig chuig Oileáin Árann a raibh suim acu sa teanga. Tugann Ó Catháin (2012: 561, 564, 566-7) le fios gur scríobh Risteard Ó Maoilbhréanainn ailt faoi chúrsaí teanga in Inis Meáin agus in Inis Oírr. Foilsíodh na hailt seo faoin ainm cleite ‘Clann Conchobhar’ – féach ‘Clann Chonchobhair’ (1884; 1885; 1889). Tugann Ó Ceallaigh (1968: 23, 25) fianaise ón Ath. Peter Yorke go raibh Eoghan Ó Gramhnaigh istigh in Oileáin Árann in 1885 agus 1886. Foilsíodh alt leis an nGramhnach inar phléigh sé stór focal ó Ghaeilge Árann – féach O’Growney (1900). Tháinig triúr scoláirí ó Mhór-Roinn na hEorpa ar cuairt chuig na hoileáin chun staidéar a dhéanamh ar an gcanúint áitiúil. Ba é an Francach Georges Dottin (1863-1928), ceannróaí i réimse na canúineolaíochta Gaeilge, an chéad duine acu a tháinig in 1891.² Ina dhiaidh siúd, tháinig an Gearmánach Franz Nikolaus Finck in 1895. Chaith seisean tréimhsí ar na trí oileán agus chuir sé *Habilitationschrift* faoi bhráid Ollscoil Mharburg (1896a) ina raibh liosta de stór focal a bhailigh sé in Oileáin Árann. Ina dhiaidh sin, foilsíodh a mhórshaothar *Die araner mundart: Ein Beitrag zur erforschung des westirischen* in 1899. Go gairid i ndiaidh d’Fhinck na hoileáin a fhágáil, tháinig an Danmhargach Holger Pedersen isteach go hÁrainn. Deir Ó Catháin (2001: 243)

¹ Úsáidtear ‘Oileáin Árann’ chun tagairt a dhéanamh do na trí oileán agus úsáidtear ‘Árainn’ chun tagairt a dhéanamh don oileán mór amháin.

² Thug Brian Ó Catháin caint uaidh ag *The 10th Celtic Linguistics Conference* i Maigh Nuad ar an 5 Meán Fómhair 2018. Ba é ‘Saothrú Georges Dottin i réimse chanúineolaíochta na Nua-Ghaeilge’ ábhar a chainte. Thug an Cathánach le fios agus é ag caint gur thug Dottin cuairt ar Árainn thart ar an tráth céanna ar bhailigh sé ábhar seanchais ó Thomas Forde i mBóthar na Trá, Co. na Gaillimhe – féach, mar shampla, Dottin (1893; 1899; 1900). Dúirt Ó Catháin go bhfuil lámhscríbhinní Dottin ar coimeád i Leabharlann Ollscoil Rennes na Fraince.

gur “[c]haith Pedersen beagnach ceithre mhí go leith in Árann amháin .i. san oileán mór idir 1895-6” agus gur “chuir sé foclóir den chanúint le chéile a bhfuil breis agus trí mhíle focal ann.” Níor foilsíodh an bailiúchán seo riamh ach dar leis an gCathánach (2001: 243), “d’fhoilsigh sé corrshampla a bhaineann leis an mbailiúchán i bhfoilseacháin eile dá chuid” – féach Pedersen (1897; 1899; 1909-1913). Cheartaigh Pedersen cuid den ábhar a bhí in *Habilitationsschrift* Finck agus tá cuid de na ceartúcháin seo le feiceáil san aguisín a thugtar ag deireadh *Die araner mundart* (Iml. 2). Rinne Pedersen cáineadh sách géar ar *Die araner mundart* sa léirmheas a scríobh sé féin ar an leabhar – féach Pedersen (1900). Scríobh an scoláire Myles Dillon cúpla alt ar Ghaeilge Inis Meáin – féach Dillon (1939a; 1945a; 1971a). Ba é Dillon, ar ndóigh, a bhailigh an t-ábhar in Inis Meáin do shaothar mór Heinrich Wagner – féach Wagner (1958: xiii; 1966: 151-160), agus ba é Wagner féin a bhailigh an t-ábhar in Inis Oírr don saothar céanna (1966: 140-151). Bhailigh Mícheál Ó Siadhail cnuasach téarmaí in Inis Meáin dá shaothar *Téarmaí Tógála agus Tís as Inis Meáin* (1978). Tá ailt foilsithe ag Ciarán Ó Coigligh ar ainmneacha pearsanta agus ar logainmneacha in Inis Meáin freisin – féach, mar shampla, Ó Coigligh (2012; 2014; 2016). Pléann Séamas Ó Direáin (2021) san alt is déanaí uaidh an staidéar a rinne seisean ar chanúintí Oileáin Árann thar tréimhse cúig bliana is fiche.³

Tabharfaidh mé cuntas anois ar na scoláirí is suntasaí a tháinig go hOileáin Árann a raibh suim acu sa bhéaloideas. Bhailigh Risteard Ó Maoilbhréanainn roinnt ábhar béaloidis nuair a bhí sé in Inis Meáin agus foilsíodh an t-ábhar úd in *Irisleabhar na Gaedhilge* – féach ‘Clann Chonchobhair’ (1886; 1887; 1887a; 1887b). Deir Ó Catháin (2012: 569) gur fhoilsigh Eoghan Ó Gramhnaigh “seacht n-alt déag sa tsraith ‘Gleanings from the islands,’ a bhaineann le hábhar béaloidis as Oileáin Árann, go háirithe as Inis Meáin.”⁴ Chuir Ó Gramhnaigh amhrán a bhailigh sé ó Dháithí Ó Ceallacháin, oide scoile i

³ Tá mórstaidéar Shéamuis Uí Dhireáin ar fáil ag: <https://aranirish.nuigalway.ie/media/DIASsurvey-2015-11-23.pdf> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

⁴ Maidir leis an ábhar a bhailigh Ó Gramhnaigh, tugann Ó Catháin (2012: 569-574, 578-579, 587-588) cuntas ar ar fhoilsigh an Gramhnach sa tsraith alt ‘Gleanings from the islands’ ar *Tuam News*.

bhFearann an Choirce, Árann, amhrán dar teideal ‘Seanmóir Uí Chonchubhair’ i gcló in alt a foilsíodh in *Tuam News and Western advertizer* ar an 16 Bealtaine 1890. Scríobh Eoghan Ó Gramhnaigh sraith alt in *Irisleabhar na Gaedhilge* faoin tréimhse a chaith sé in Oileáin Árann – féach O’Gramhna, (1889; 1889a; 1890; 1890a). Bhailigh Finck roinnt ábhar béaloidis freisin agus foilsíodh alt leis (1896) ina raibh ceithre ortha a bhailigh sé in Árann agus a scríobh sé síos i litriú foghraíochta. Pléann Holger Pedersen (1896) an t-alt seo (Finck 1896) agus siod é an chéad ábhar a d’fhoilsigh Pedersen i réimse na Ceiltise, dar leis an gCathánach (2001: 241). Bhailigh Pedersen go leor béaloidis fad is a bhí sé in Árann, an chuid is mó de ó Mháirtín Ó Conghaile (‘Máirtín Neile’) arbh as Baile na Craige é. Chuir Munch-Pedersen na scéalta a bhailigh Holger Pedersen ó Mháirtín Ó Conghaile in eagar ina shaothar *Scéalta Mháirtín Neile: Bailiúchán Scéalta ó Árann* (1994). Déanann Ní Chonghaile (2016) cur síos ar na hamhráin a bhailigh J.M. Synge in Inis Oírr i gcuideachta an fhile Mícheál Ó Meachair i 1901. Deir Ní Chonghaile freisin (2016: 87) go bhfuil cuid de na hamhráin a bhailigh Synge le hÓ Meachair le fáil ina mhórshaothar *The Aran Islands* (1907). Chuir Aoidhmín Mac Gréagóir cnuasach de scéalta béaloidis a bhailigh sé in Inis Meáin i gcló sa saothar *Fréamhacha na hÉireann* (1906). Thug Peadar Ua Concheanainn (1931: 23-27) cuntas ar an scéalaíocht in Inis Meáin ina shaothar féin *Innismeadhoin: Seanchas agus Sgéalta* ar cuireadh eagrán eile de amach freisin sa bhliain 1993. Cuireadh ábhar béaloidis i gcló in *Béaloideas*, ábhar a bhailigh an t-oide scoile Seosamh Ó Flannagáin (1931; 1933; 1937; 1939) ó mhuintir Árann. Bhíodh an Flannagánach ag múineadh scoile in Eoghanacht, Árann, agus sheoladh sé an t-ábhar béaloidis a bhailíodh sé chuig Séamas Ó Duilearga, eagarthóir na hirise *Béaloideas*.⁵ Bhailigh Myles Dillon roinnt scéalta ó Sheosamh Ó Flaithearta (‘Joe Mháirtín’) in Inis Oírr i Meán Fómhair 1932 agus d’fhoilsigh sé leagan Béarla de cheithre scéal acu seo ina shaothar *There was a King in Ireland ...: Five Tales from Oral Tradition*

⁵ Faightear an t-ábhar béaloidis a bhailigh an Flannagánach ó Sheáinín Tom Ó Direáin (‘Seáinín Tom Sheáin’) in Ó hÍde (2019: 26-27, 31-32).

(1971). D’fhoilsigh an Diolúnach scéal i nGaeilge a bhailigh sé ó Ó Flaithearta i 1939 freisin – féach Dillon (1939). Cuireadh scéal agus amhrán i geló a bhailigh sé in Inis Meáin freisin – féach Dillon (1945; 1969/70). Chuir Pat Mullen as Árainn cnuasach scéalta i mBéarla le chéile a bhailigh sé ó Pat Lee, Michael Dirrane (‘Mikeleen Pipe’), Dara Dirrane (‘Dara Nedda Faddy’) agus John Flaherty (‘Seaneen Culum’) dá leabhar *Irish Tales* (1938). Tugann John Messenger (1964) cur síos ar Joe O’Donnell, seanchaí as Inis Oírr, ar bhailigh Messenger scéalta i mBéarla uaidh agus luann sé san alt céanna (1964: 201) gur thug sé cuairt ar Inis Meáin freisin. Chuir Ciarán Ó Coigligh [1990] scéalta agus seanchas in eagar a bailíodh in Inis Meáin mar chuid de Bhailiúchán na Scol. Bhailigh Heinrich Becker go leor scéalta in Inis Oírr dá shaothar *I mBéal na Farraige: Scéalta agus Seanchas faoi Chúrsaí Feamainne ó Bhéal na nDaoine* (1997) agus bhailigh sé scéal amháin ó Sheán Ó Conghaile, gasúr scoile as Inis Meáin (1997: 168). Bhailigh Pól Breathnach (2001) scéalta agus seanchas ó Sheosamh Ó Flaithearta (‘Joseph Tom Pheadair’) as Baile an Chaisleáin, Inis Oírr agus cuireadh iad ar fad ar fáil ar dhlúthdhioscaí.

Deir Brian Ó Catháin (2004: 152) ina alt faoi *Oidhche Sheanchais* – an chéad ghearrscannán Gaeilge dá ndearnadh riamh – gurb é príomhfheidhm an scannáin “caomhnú a dhéanamh ar ghné amháin de thraidisiún beo na Gaeilge – .i. ar an scéalaíocht – a bhí Roinn an Oideachais a chur ar fáil sa scannán faisnéise seo lena úsáid sna scoileanna.” Deir Séamus Ó Duilearga ina chín lae faoin dáta 30 Meitheamh 1933 – féach Ó Catháin (2004: 160): “In June – July [1933] I was the guest of Robert Flaherty at Kilmurvey where I was concerned with selection of a storyteller to feature in a soundfilm to be made and released in conn. with *Man of Aran*.” Roghnaíodh Seáinín Tom Ó Direáin (‘Seáinín Tom Sheáin’) (c.1870-1939), Árainn, do ról an scéalaí san iarracht nádúrtha seo léargas a thabhairt ar an scéalaíocht bheo. Chuir Ó hÍde (2019) saothar le chéile faoi shaol Sheáinín Tom Sheáin – scéalaí an ghearrscannáin *Oidhche Sheanchais* – agus tugann Ó

hÍde cnuasach iomlán a chuid scéalta chomh maith. Rinne Marion Ní Mhaoláin (2016) staidéar ó thaobh na Gaeilge agus na haintraipeolaíochta de ar bhailiúchán scéalta a bhailigh Robin Flower ó Dharach Ó Direáin arbh as Eoghanacht dó.

Agus cuntas ginearálta tugtha agam ar chuid de na scoláirí a chuir cuntas ar Ghaeilge agus ar bhéaloideas Oileáin Árann ar fáil dúinn, ba mhaith liom aghaidh a thabhairt anois ar oileánach mná, Úna Ní Chualáin, Inis Meáin, a bhailigh cnuasach scéalta béaloidis ó Cholm Ó hIarnáin, Eoghanacht, Árainn.

1.2 Beatha Úna Ní Chualáin agus Choilm Uí Iarnáin

1.2.1 Leaganacha Éagsúla d’Ainm agus de Shloinne Úna

Is in Inis Meáin, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe ar an aonú lá déag de mhí an Mhárta 1871 a rugadh ‘Winifred Folan’. Seo é an litriú a fhaightear ar an teastas breithe ach is é ‘Úna’ an leagan Gaeilge is coitianta den ainm baiste a bhíodh in úsáid aici féin. Aimsíodh roinnt leaganacha éagsúla d’ainm agus de shloinne Úna i bhfoinsí éagsúla. Dar le Máirín Uí Chonghaile (‘Máirín Mhéiní’), Baile an Mhothair, Inis Meáin, ‘Úna Shéamais’ an t-ainm baile a thugadh muintir na háite ar Úna. Tugann Ó Murchadha (1895: 125) ‘Miss Folan’ ar Úna. Tagraíonn Tierney (1980: 98) d’Úna mar ‘Miss Úna Folan, a native of Inis Meadhon [sic]’. Déanann Jane W. Shackleton trácht ar ‘Miss Folangs [sic]’ sa chnuasach grianghraf a chuir Christiaan Corlett le chéile – féach Corlett (2012: 127). Tá ‘Winifred [sic] Folan, Onaght’ (Gan údar, 1902: 706) le feiceáil ar liosta de na múinteoirí a bhí ag múineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna a raibh an Ghaeilge a múineadh mar ábhar breise iontu. Dar le Ríonach uí Ógáin (2005: 160), “cuireadh Máire [Nic Néill] agus a deirfiúr Róisín go dtí Úna Nic Fhualáin, an múinteoir i Scoil Náisiúnta Fhearann an Choirce in Árainn” nuair a cuireadh Eoin Mac Néill i bpríosún i ndiaidh Éirí Amach na Cásca 1916. Scríobh Úna ailt in *An Claidheamh Soluis* faoi na hainmneacha ‘U. Nic Fhaoláin’ agus ‘Úna Nic Fhualáin’ (Uí Chollatáin, 2004: dlúthdhiosca). Luann Risteárd

de Hae (1940: 259; 1088) na leaganacha seo a leanas: ‘(Úna) Ní Chualáin,’ ‘(Úna) Ní Fhaoláin,’ *feic* Nic Fhualáin,’ agus ‘(Una) Níc Fhualáin [Bárr Aille]’ le hait a scríobh Úna in *An Claidheamh Soluis*, in *Irisleabhar na Gaedhilge* agus in *An Stoc*. Ba é ‘Bárr Aille’ an t-ainm cleite a bhíodh in úsáid aici. Faightear an logainm ‘Barr Aille’ in *Árainn féin* (Robinson, 1986: 36-37). Luann de Hae agus Ní Dhonnchadha (1939: 613) ‘Barr Áile [sic]’ mar ainm cleite ‘Úna Ní Fhaoláin’. Ar mhaith le simplíocht, bainfidh mé féin úsáid as an leagan ‘Úna Ní Chualáin’ as seo amach sa saothar seo agus mé féin ag tagairt di.

1.2.2 Foinsí Eolais

D’aimsigh mé ábhar neamhfhoilsithe a chuidigh go mór liom agus mé ag iarraidh cuntas ar shaol Úna a chur le chéile, mar shampla, teastais bhreithe agus deimhnithe báis atá ar fáil in Oifig an Ard-Chláraitheora, Baile Átha Cliath. Casadh Máirtín Ó Cualáin (‘Máirtín Mheairt’), Móinín na Ruaige, Inis Meáin orm i mBealtaine agus Meitheamh 2012 agus thug seisean eolas cabhrach dom faoi Úna i rith an ama sin. Is garmhac le Martin Folan – deartháir le hÚna – é Máirtín.

1.2.3 Óige Úna

De réir teastais bhreithe Úna, ba iad James Folan a hathair agus Bridget Maher a máthair. Rugadh seachtar páistí dóibh siúd, Patrick (c.1862/3), Martin (1865), Bridget (1867), John (1869), Winifred féin, Mathias (1873), Peter (1874), agus James (1877). Dar le teastas breithe gach páiste acu seo, feirmeoir ba ea an t-athair agus bhí cónaí orthu ar fad i Móinín na Ruaige, Inis Meáin.

Idir 1877 agus 1886 cailleadh triúr de mhuintir Úna. Bhí James, an duine ab óige sa chlann, deich mí d’aois nuair a fuair sé bás leis an triuch in 1877. Cailleadh athair Úna in 1879. Luaitear ar an deimhniú báis gur easpa ae (‘abscess of liver’) ba chúis lena bhás, ach síleann Máirtín Mheairt gur bád é agus é i gcurach ag filleadh ar Inis Meáin ó Cho.

an Chláir. Bád Patrick, an duine ba shine sa chlann, in 1886. Dar le Máirtín Mheairt, chuaigh Peaits, mar ab fhearr aithne air, agus beirt eile i gcabhair ar thriúr a bhí i mbaol a mbáite i gcurach a bhí idir Inis Meáin agus Árainn. Tháinig an triúr siúd slán, ach cailleadh Peaits agus an bheirt eile a chuaigh i gcabhair orthu.

Chuaigh mé i dteagmháil le Maureen Foley, Cambridge, Massachusetts chun eolas a fháil faoi mhuintir Chualáin i Meiriceá. Is gariníon le John Folan – deartháir le hÚna – í Maureen. Dar le Maureen, chuaigh ar a laghad triúr de mhuintir Úna ar imirce go Meiriceá, áit ar athraigh siad an sloinne go ‘Foley’. Phós John Folan – seanathair Maureen – agus Sarah Conneely ann. Ba iníon í Sarah leis an scéalaí cáiliúil Máirtín Neile as Baile na Craige in Árainn. Bhailigh Holger Pedersen scéalta béaloidis ó Mháirtín Neile (1895-1896) agus chuir Ole Munch-Pedersen na scéalta céanna in eagar – féach Munch-Pedersen (1994). Phós Mathias Folan agus Catherine O’Donnell as Inis Meáin agus phós Bridget Folan agus John Joyce as Inis Oírr i Meiriceá chomh maith. Dar le Máirtín Mheairt, chuaigh siad ar fad go Woburn, Massachusetts, áit a mbíodh poist ar fáil i dteanús agus is i Woburn a bhí roinnt mhaith de mhuintir Oileáin Árainn lonnaithe.

Deir Máirtín Mheairt go raibh ar mhuintir Chualáin an sloinne a athrú go ‘Foley’ nuair a shroich siad Meiriceá toisc nár chuala na hoifigigh trácht ar an sloinne ‘Folan’ riamh. Dhiúltaigh col ceathrar le hÚna an sloinne a athrú agus cuireadh i bpríosún é siúd, dá bharr sin, ar feadh tréimhse sular seoladh ar ais go hInis Meáin é. D’fhan Martin, an dara duine ba shine sa chlann, in Inis Méain. Phós sé féin agus Julia Faherty as Inis Meáin, agus bhí cónaí orthu sa teach céanna ar fhás Úna aníos ann. Bhí Máirtín Mheairt ina chónaí sa teach céanna go dtí gur cailleadh eisean sa bhliain 2018, agus bíonn Julia O’Brien – deirfiúr Mháirtín Mheairt – ag fanacht ann anois nuair a théann sí isteach go dtí an t-oileán. Tá an teach seo ag muintir Úna le naoi nglúin anois.

1.2.4 Oideachas Úna agus a Saol in Inis Meáin agus in Árainn

Tá roinnt eolais faoin oideachas a fuair Úna chomh maith lena saol mar mhúinteoir le fáil i leabhair na seanrollaí atá i dtaisce i Scoil Náisiúnta Inis Meáin, chomh maith le leabhair thuarastail na Roinne Oideachais atá sa Chartlann Náisiúnta. Luaitear Úna mar mhonatóir i Scoil Náisiúnta Inis Meáin ó 1884 ar aghaidh i leabhair thuarastail na Roinne Oideachais atá sa Chartlann Náisiúnta agus i leabhair na seanrollaí atá i dtaisce i Scoil Náisiúnta Inis Meáin.⁶ Bhí córas na monatóirí ann sular osclaíodh coláistí chun oiliúint a chur ar ábhair oidí bunscoile. Tugann Máire M. Kealy OP an t-eolas seo a leanas dúinn faoi chóras na monatóirí (2007: 159):

Prior to the establishment of teacher-training colleges, the monitorial system was used to introduce potential candidates to the work of teaching in national schools. Monitors were graded as junior or senior; at the age of eleven years, boys and girls were selected, usually by local school inspectors and teachers, each to serve three years training. They taught, under supervision, the lower classes for three hours each day while joining in lessons for the remainder of the day and they also received one hour's instruction from the principal teacher after school hours. Senior monitors were appointed at the age of fourteen years and served for four years. Pupil-teachers were appointed from the ranks of senior monitors. The highest grade of subordinate teacher was the assistant, who was usually a senior monitor who had completed his or her four year training course.

Bhí Bridget Laffe ina príomhoide ar Scoil Náisiúnta Inis Meáin ó 1876 go 1884 agus phós sí siúd agus David O'Callaghan a bhí ina phríomhoide ar Scoil na mBuachaillí san áit chéanna.⁷ Bhí Bedelia Faney ina príomhoide ar Scoil Náisiúnta Inis Meáin ó 1884 ar aghaidh. De réir an eolais atá i leabhair thuarastail na Roinne Oideachais atá ar fáil sa Chartlann Náisiúnta, bhí Úna trí bliana déag d'aois nuair a thosaigh sí ag obair ann mar mhonatóir, agus d'fhan sí ann go dtí go raibh sí naoi mbliana déag d'aois. Léiríonn eolas

⁶ Tá mo bhuíochas ag dul do Chormac Ó hAlmhain a bhí ag feidhmiú tráth mar phríomhoide ar Scoil Náisiúnta Inis Meáin: thug Cormac cead dom breathnú ar leabhair na seanrollaí i mBealtaine 2012.

⁷ Ar ndóigh, bhog Bridget agus David O'Callaghan siar go hÁrainn ina dhiaidh seo, áit a raibh an bheirt acu ag múineadh i Scoil Náisiúnta Fhearann an Choirce. De réir an chuntais ar shaol O'Callaghan ar <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=466/>, chuir O'Callaghan an Ghaeilge chun cinn ar an dá oileán agus mhúineadh sé léamh agus scríobh na teanga ar an Satharn. Chreid O'Callaghan gur chóir go múinfí an Ghaeilge mar aon leis an mBéarla ón am a thosódh an páiste ar scoil. Bhunaigh an scríbhneoir Liam Ó Flaithearta príomhcharachtar a úrscéil *Skerrett* (1932) ar O'Callaghan.

ó na leabhair thuarastail gur bhog sí chuig Scoil na Ceathrún Rua ina dhiaidh sin chun tréimhse ionadaíochta a dhéanamh ó Aibreán go Meitheamh 1890.

Ní luaitear aon choláiste oideachais le hainm Úna ar liosta a chuir an Roinn Oideachais le chéile de na múinteoirí a bhí ag obair i scoileanna na tíre sa bhliain 1905.⁸ Dar le leabhar tuarastail de chuid na Roinne Oideachais, thug Úna aghaidh ar Scoil Eoghanachta ina dhiaidh sin, áit a raibh Mary Waters ina príomhoide ar Scoil na gCailíní. Is cosúil gur ceapadh Úna ina múinteoir sa scoil chéanna ar 1 Eanáir, 1892. Bhí fear céile Mary, Charles Waters, ina phríomhoide ar Scoil na mBuachaillí ach cailleadh eisean in 1891. Tá na sonraí seo ag teacht le sonraí Dhaonáireamh 1901, ina luaitear go raibh cónaí ar Úna in éindí le Mary Watters agus le mac léi siúd, Charles F. Watters i dTeach 6 in Eoghanacht.⁹ Luaitear an dá shonra ‘schoolmistress’ agus ‘widow’ le hainm Mary. Luíonn sé le ciall go raibh cónaí ar an triúr acu seo i dteach na múinteoirí. Tá grianghraf ann de Chór Árainn na Naomh a tógadh ag Feis Chonnacht i mí Lúnasa 1904 agus i measc na n-ainmneacha a luaitear tá ‘Mrs. Waters’ agus ‘Miss Folan’ – féach Powell ([1984]: 88-9). Tá grianghraf breá eile a ghlac Jane W. Shackleton in Aibreán 1906 le feiceáil sa chnuasach grianghraf a chuir Christiaan Corlett le chéile agus luaitear ‘Mrs. Waters & Miss Folans [sic]’ sa chur síos a dhéanann Shackleton ar an ngrianghraf céanna – Corlett (2012: 127). D’éirigh Úna as a post i Scoil Eoghanachta ag deireadh mhí an Mheithimh, 1906.

Bhog Úna go Scoil Náisiúnta Fhearann an Choirce ina dhiaidh sin. Bhí Bridget Callinan ina príomhoide ar Scoil na gCailíní, Fearann an Choirce, agus tháinig Úna i gcomharbacht ar Bridget O’Callaghan, a bhí ina príomhoide ar Scoil Náisiúnta Inis Meáin tráth.¹⁰

⁸ Gheofar tagairt don cháipéis seo i liosta na bhfoinsí ón gCartlann Náisiúnta ag deireadh an tsaothair seo.

⁹ I gcás an triúir seo, faightear an dá litriú ‘Waters’ agus ‘Watters’ i gcás an tsloinne. Tá cóip den bhunfhoirm a líonadh do Theach 6, Eoghanacht mar chuid de Dhaonáireamh 1901 le fáil ag: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000810926/> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

¹⁰ De réir an eolais atá le fáil i seanleabhair thuarastail de chuid na Roinne Oideachais, beirt bhan éagsúil iad Bridget Callinan agus Bridget O’Callaghan. Tugann Bridget Durrane (1997: 7) tuilleadh fianaise air seo dúinn: “My first impression was that the school looked huge. I was put sitting on a stool beside my two brothers John and George who were assigned by the teachers, Mrs Callinan and Mrs O’Callaghan, both from County Clare, to take care of me.”

Tháinig Ellen J. Maguire i gcomharbacht ar Bridget Callinan nuair a ceapadh í ina príomhoide ar Scoil na gCailíní ag tús 1910. De réir Dhaonáireamh 1911, bhí cónaí ar Úna le hAntaine Ó Maoláin, a bhean Maighréad agus a ndeichniúr páistí i dTeach 56 in Eochail, Árainn. Tugtar an leagan ‘Winifred Folan’ i nDaonáireamh 1901 toisc gur líonadh an fhoirm i mBéarla, ach is é ‘Una Ní Chualán’ an leagan a scríobhadh ar an bhfoirm i nDaonáireamh 1911.¹¹

Nuair a bhí mé i mbun taighde ar Úna Ní Chualáin, bhreathnaigh mé ar roinnt tuairiscí oifigiúla measúnaithe gan ainm, a luaitear Úna iontu, a bhí le fáil i Scoil Eoin Pól II, Eoghanacht, Árainn.¹² Scríobhadh na tuairiscí as Béarla ach tugaimse anseo i mo dhiaidh achoimre ghearr as Gaeilge ar an eolas is tábhachtaí a fhaightear iontu a bhaineann le hÚna. Dúradh i dtuairisc a scríobhadh ar an 29 Samhain 1906 go raibh cúntóir nua – Úna Ní Chualáin – ag obair i Scoil Fhearann an Choirce le cúig mhí anuas agus go raibh feabhas éigin ag teacht ar chúrsaí ó shin. Dar le tuairisc a scríobhadh i 1910, bhíodh Úna ag déanamh an iomarca cainte seachas na páistí a chur ag caint agus thugadh sí leideanna do na páistí faoi na freagraí. Moladh sa tuairisc go gcaithfeadh sí cuimhneamh ar na spriocanna agus ar na torthaí foghlama, go mbeadh na páistí in ann mionchur síos a thabhairt ar rudaí agus go mbeadh na páistí in ann rudaí a scrúdú nó a fhiosrú iad féin. Scríobhadh i dtuairisc eile ar an 3 Iúil 1910 nach raibh mórán dul chun cinn á dhéanamh sa scoil mar gheall ar easpa Gaeilge nó easpa tuisceana an phríomhoide ar an nGaeilge agus easpa seomraí ranga feiliúnacha. Luadh i dtuairiscí éagsúla i 1912 nach raibh dul chun cinn á dhéanamh ag ‘Miss Folan’ maidir lena cuid oibre agus gur cheart go mbeadh an clár fuála ullamh ag ‘Miss Folan’.

¹¹ Tá cóip den bhunfhoirm a líonadh do Theach 56, Eochail mar chuid de Dhaonáireamh 1911 le fáil ag: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002385526/> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

¹² Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Louise O’Flynn as mé a chur ar an eolas faoi na tuairiscí seo, agus le Máire Ní Bhriain a thug cead dom breathnú ar na tuairiscí céanna. Gheofar sonraí uilig na dtuairiscí seo i liosta na bhfoinsí ó Scoil Eoin Pól II, Eoghanacht, Árainn ag deireadh an tsaothair seo.

In imeacht na mblianta, is léir go raibh tréimhsí tinnis ag Úna agus go mbíodh sí as láthair ón obair dá bharr, ach is cosúil go raibh na cigirí sásta lena cuid oibre. Luadh i dtuairisc a scríobhadh ar an 19 Bealtaine 1919 gur mór an trua nach raibh an tsláinte go maith ag Úna ag an am sin. Shíl an cigire go raibh torthaí foghlama an-mhaith ag na daltaí nuair a cuireadh fadhbanna sláinte Úna san áireamh. Dúradh i dtuairisc ón 17/20 Meán Fómhair 1920 go mbíodh tréimhsí tinnis ag Úna, ach fós féin, go n-éiríodh léi dul chun cinn maith a dhéanamh. Bhíodh néarailge ar Úna agus dar le Máirtín Mheairt, bhí sí tinn don chuid is mó dá saol.

Scríobh Úna alt in *An Claidheamh Soluis* (1911) faoi thréimhse a chaith sí sa choláiste oiliúna i dTuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo. Ar ndóigh, ní dheachaigh sí ann chun Gaeilge a fhoghlaim, ach chun modhanna múinte na Gaeilge a fhoghlaim. De réir sonraí a luaitear i leabhar tinrimh atá ar fáil sa Chartlann Náisiúnta, d'fhreastail Úna ar chúrsa i gColáiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh i samhradh agus i bhfómhar 1910. Luaitear 'Irish Coll[ege]' le hainm Úna i leabhair thuarastail de chuid na Roinne Oideachais chomh maith agus is léir gur fhreastail sí ar roinnt mhaith cúrsaí thar na blianta. Dar le leabhar na seanrollaí do Scoil na gCailíní, Fearann an Choirce, bhí cúpla príomhoide ag obair ag amanna éagsúla sa scoil chéanna. Bhí Alice Markam nó 'Áilis Ní Mharcatháin' ina príomhoide ar an scoil ó Mheán Fómhar 1921 agus bhí sí ann fós nuair a d'fhág Úna an scoil. Ba í Delia O'Flaherty a bhí ina príomhoide ar an scoil roimh Alice.¹³

1.2.5 Úna Ní Chualáin mar Bhailitheoir Béaloidis

Fad is a bhí Úna ag obair i Scoil Eoghanachta, bhailigh sí cnuasach de naoi scéal déag ó Cholm Ó hIarnáin arbh as Eoghanacht dó. Chuir Úna na scéalta seo isteach ar chomórtais

¹³ Ba í máthair Bhreandáin Uí Eithir an Delia O'Flaherty seo agus ba dheirfiúr í leis na scríbhneoirí cáiliúla as Árainn – Liam agus Tomás Ó Flaithearta. Tugann Liam Mac Con Iomaire (2000: 33-4) an t-eolas seo a leanas dúinn faoi Delia: 'Chaith Delia, máthair Bhreandáin, cúig bliana ag múineadh i mBéal Feirste agus nuair a tháinig follúntas i Scoil Fhearann an Choirce in Árainn, scríobh a máthair chuici ... chuir sí isteach ar an bpost, pé scéal é, agus fuair sí é.'

de chuid an Oireachtais dar teideal ‘Bailiúchán de shean-scéalta nár cuireadh i gcló riamh fós’ (Ó Súilleabháin, 1984: 169-70) idir na blianta 1903 agus 1906. Deir Úna i nóta a chuaigh leis na scéalta gur ‘Ó Cholum Ua h-Iarnáin as Eoghanacht, Árainn, a fuair mé na sgeulta seo go hiomlán’ – féach freisin Ní Shéaghdha (1980: 46). Bronnadh duais £2 ar Úna sna blianta 1903, 1904 agus 1905 agus dar le hÓ Súilleabháin (1984: 169), ba é ‘Colm Ó hIarnáin a d’inis’ i gcás na scéalta a cuireadh isteach i 1903. Foilsíodh achoimre de na cúig scéal ar bronnadh an dara duais orthu i 1903 i rannóg dar teideal ‘Scéalaidheacht an Oireachtais’ in *An Claidheamh Soluis* i 1906, .i. ‘An Eala Bhán, Inghean Rí Fó Thuinn’, ‘Rí na Sléibhte Gorma’, ‘Eibhidon’, ‘Mánus Áiméan’ agus ‘Cat a’ Mhuilleora.’ Tá na scéalta ar fad a bhailigh Úna ó Cholm Ó hIarnáin le fáil i Lámhscríbhinn G244 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Bhí aithne ag Úna ar Shéamus Ó Duilearga, fear a raibh baint lárnach aige, ar ndóigh, le bunú an Chumainn le Béaloideas Éireann, Institiúid Bhéaloideas Éireann agus Choimisiún Bhéaloideas Éireann. Is cosúil gur casadh ar a chéile iad in Árainn, mar sheol an Duileargach cárta poist chuig Úna ó Inse Ghall Amuigh á rá léi: ‘Cuir litir c[h]ugam in a mbéidh cunntas cruinn ar imtheachtaibh an tsaoghail in árainn na naomh ó d’imthigh mé.’ Deir Whitaker (1981: 102-3):

It was at Castleknock that the young Delargy fell in love with the Irish language. The Irish teacher was Frank Fahy, many years afterwards Speaker of Dáil Éireann, who encouraged his interest... The interest awakened in Castleknock and nurtured in Rathlin brought him to the Aran Islands and Donegal in 1918, and to the Hebrides in 1919 and 1922.

Dar le Mícheál Briody (2005: 15-16), scríobh Séamus Ó Duilearga litir ar an 14 Eanáir 1933 chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais faoi chúrsaí maoinithe a thug le fios go mbeadh suim ag Institiúid Bhéaloideas Éireann na scéalta seo a fhoilsiú faoin teideal ‘Aran Folklore, being a collection of tales made in Aranmore, Co. Galway in 1906 and edited

with notes etc by Séamus Ó Duilearga'.¹⁴ Luann Briody (2005: 31) i bhfonóta faoin litir a thugann níos mó eolais dúinn faoin gcnuasach scéalta seo gurb é seo “the first substantial collection of the repertoire of a single Irish storyteller by an Irish collector, predating Ó Duilearga’s work with Seán Ó Conaill by some twenty years”. Léiríonn an tagairt seo go raibh obair Úna mar bhailitheoir an-cheannródaíoch ar fad agus anuas air seo, ní bhíodh mórán ban ar chor ar bith ag bailiú ábhar béaloidis, gan trácht ar mhná de bhunadh na Gaeltachta. Dar le Lysaght (2002: 1442) bhailigh an Bhantiarna Gregory ábhar béaloidis in Árann chomh maith: “Lady Gregory tells of collecting folklore further from home, in County Mayo and in the Aran Islands of Galway Bay.” Léiríonn Tierney (1980: 89) go raibh aithne ag an mBantiarna Gregory ar Eoin Mac Néill chomh maith: “She [An Bhantiarna Gregory] had been introduced to MacNeill by Hyde some years earlier, and had visited Aran and stayed with the McDonaghs on Inis Meadhon in 1898.” Cé go ndeir Coxhead (1961: 54) go raibh Gaeilge mhaith ag an mBantiarna Gregory: “Visitors of the lady class on Inishmaan were rare, and she has stayed in Paudeen’s mind...He was struck by the good Irish she had, so that she could go among the people and get their stories ...” – tá an chuid is mó de na saineolaithe ar an mBantiarna Gregory den tuairim go raibh deacrachtaí aici maidir le labhairt agus tuiscint na teanga de. Mar a thuiriscíonn Smythe (1974: 382) as dialann na Bantiarna Gregory: “I [An Bhantiarna Gregory] wrote in the summer of 1900, ‘We went to Galway Feis on Thursday; more competitions and more people and more life than before ... there was great applause among those who understood Irish. I found I understood a little more than last year but still not much.’” Luann Ní Chonghaile (2016: 92) gur: “Chruthaigh an Bhantiarna Gregory a bailiúchán féin d’amhráin Árann – tráchtann an Bhantiarna Gregory féin ar ‘*a collection that had been written down for me in Aran.*’” Maíonn Murphy (1987: 147) go mbíodh ateangaire in úsáid ag an mBantiarna Gregory agus í ag bailiú ábhar béaloidis ó

¹⁴ Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Dr Micheál Briody as roinnt tagairtí d’Úna Ní Chualáin a roinnt liom go flaithiúil.

chainteoirí Gaeilge: “Given her difficulty understanding Irish, it is likely that her *modus vivendi* when collecting folklore from Irish speakers was to use an interpreter as she used the Irish-speaking priest from Moycullen when she collected at the Oughterard Workhouse in 1902.” Anuas ar an méid a deir Briody (2005: 31), is cosúil, mar sin, gurb í Úna an chéad bhean a chruinnigh bailiúchán suntasach d’ábhar béaloidis aisti féin i nGaeilge ó mhuintir Oileáin Árann.

Bhailigh Úna leaganacha de roinnt amhrán a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis* agus in *Scéala Éireann* chomh maith le scéalta a foilsíodh in *An Stoc*. Foilsíodh leagan d’amhrán a bhailigh sí ó Phaits Ó hIarnáin as Árainn in *An Claidheamh Soluis*, amhrán dar teideal ‘An Héró, nó Bád Ned Bháin’ (Gan údar, 1903: 2). Bhailigh Úna leagan neamhiomlán den amhrán ‘Caoineadh na Páise’ chomh maith. ‘Páis na hAoine’ a tugadh ar an leagan seo agus tugann ‘Maolíososa’¹⁵ eolas dúinn ar Úna in alt a scríobh seisean in *Scéala Éireann* (1936: 4), á rá gur “múinteoir sgoile i nInis Meadhon a bhí innti, agus bhíodh sí a’ tabhairt aire don séipéilín atá annsin.” Foilsíodh dhá scéal faoin ainm cleite ‘Bárr Aille’ in *An Stoc* in Aibreán agus Bealtaine 1924 chomh maith – is iad na teidil atá orthu seo ‘Leigheas ar an Leisgeamhlacht’ agus ‘An tAsal a Chuaidh ar Seachrán.’

Scríobh Úna roinnt mhaith alt idir 1906 agus 1924 a foilsíodh in *Irisleabhar na Gaedhilge*, *An Claidheamh Soluis* agus *An Stoc*. Phléigh sí réimse leathan téamaí sna hailt seo, ina measc an Clár Dátheangach a moladh leis an nGaeilge a mhúineadh ar scoil an tráth úd. Mhol sí do mhúinteoirí bunscoile leanúint leis an modh seo, ba chuma cé chomh deacair is a bhí sé. Thug sí comhairle do mhúinteoirí scoile ar conas an eitinn a ruaigeadh as Éirinn. Mhol sí do léitheoirí *Irisleabhar na Gaedhilge* déantúis na hÉireann a cheannach in ionad earraí a cheannach ó thíortha eile. Thug sí comhairle do mhná óga ar

¹⁵ ‘Maol Íosa’ an t-ainm cleite a luann de Hae agus Ní Dhonnchadha (1939: 617) leis an Athair Benedict. Mícheál Langton an t-ainm baiste a bhí ar an Athair Benedict agus rugadh é i gCionn Eitigh, Co. Uíbh Fhailí in 1897. Tá cuntas ar a shaol le fáil ag <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=24> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

dhualgais bhean an tí. Gheofar liosta iomlán d’fhoilseacháin Úna in ‘Aguisín 1’ ag deireadh an tsaothair seo.

1.2.6 Bailiúchán Chártaí Poist Úna

Thug Máirtín Mheairt cead dom breathnú ar bhailiúchán príobháideach de chártaí poist a bhí ina sheilbh aige. Is cosúil go mbíodh Úna ag bailiú cártaí poist agus is léir gur seoladh cuid de na cártaí chuici mar gheall ar an íomhá a bhí orthu. Tá thart ar 200 cárta sa bhailiúchán seo a seoladh idir 1908 agus 1927. Dúirt Maureen Foley liom go bhfuarthas réidh le cuid mhaith litreacha agus cártaí eile a bhain le hÚna roimhe seo. Fuair Úna cártaí poist ó dhaoine a bhí lonnaithe in áiteanna éagsúla ar fud an domhain, ó Alasca go Bombay. Fuair Úna roinnt cártaí poist um Nollaig 1912 agus 1913 ag an seoladh ‘c/o Mrs. Fitzhenry, 140 Botanic Rd, Glasnevin, Dublin’ chomh maith. Is cosúil go raibh cónaí ar Sheán Mac Éinrigh (1863-1926) agus ar a bhean chéile Máire anseo. Luaitear i gcuntas beathaisnéise Sheáin¹⁶ go raibh sé ag obair mar Thimire Airgeadais d’ardoifig Chonradh na Gaeilge ó 1910 go 1912 agus go raibh cúpla bliain caite aige i mbun timireachta i gCúige Chonnacht roimhe sin.

Is léir ó na cártaí poist a bhailigh Úna gur chaith sí féin tréimhse in ospís sa Bhreatain Bheag. Fuair mé eolas sna cártaí poist faoi na háiteanna a mbíodh Úna ag fanacht iontu, ar nós ‘Fitzpatrick’s Hotel’, 7 St. Francis Street, Galway’ a cuireadh mar sheoladh ar chárta amháin a fuair Úna ó neacht léi. Seoladh roinnt mhaith cártaí poist chuig Úna ag an seoladh seo. Luann Mac Congáil (2010: 85) “go raibh cúrsaí geimhridh á réachtáil ag Coláiste Chonnacht san ollscoil” i gCathair na Gaillimhe agus tá tuairim agam go bhfanadh Úna sa lóistín seo ar Shráid San Proinsias nuair a bhíodh sí ag freastal ar na cúrsaí seo.

¹⁶ Tá cuntas ar shaol Sheáin Mhic Éinrigh (1863-1926) le fáil ag <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=661> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

Maidir le cúrsaí comhfhreagrais, d’inis Máirtín Mheairt dom gur sheol Áine Ceannt – baintreach Éamonn Ceannt – litir chuig Úna seachtain i ndiaidh d’Éamonn bheith curtha chun báis. Thug Áine cur síos ar an oíche sular cuireadh Éamonn chun báis. Bhí aithne ag Lílí Ní Bhraonáin – deirfiúr le hÁine Ceannt – ar Úna chomh maith, mar sheol sise cárta poist chuig Úna.

1.2.7 Na Blianta Deireanacha in Inis Meáin agus Cuimhní ar Úna

D’fhág Úna Scoil Náisiúnta Fhearann an Choirce thart ar an 11 Feabhra 1925 agus bhog sí soir abhaile go hInis Meáin. Dar le leabhair na seanrollaí ó Scoil Náisiúnta Inis Meáin, thosaigh Úna ag múineadh ansin ar an gcéad seachtain de Mhárta 1925. Tháinig sí i gcomharbacht ar Eibhlín Ní Bhaoighill. Ba í Úna an chéad mhúinteoir as Inis Meáin a d’oibrigh mar mhúinteoir i Scoil Náisiúnta Inis Meáin – féach Ó Conaola (1989: 57).

Dar le Máire Bn. Uí Fhátharta (‘Máire Chóil’), Cinn an Bhaile, Inis Meáin, ba dheas an múinteoir í Úna – bhí Máire ina dalta ag Úna ón uair a thosaigh sí ar scoil go dtí go ndeachaigh sí go ‘scoil an mháistir’. Bhí Úna an-mhaith ag fuáil agus ag cniotáil agus bhíodh sí ag déanamh a cuid lása féin. Bhíodh sí ag tabhairt fataí agus bainne do mháthair Mháire. Bhí cónaí ar Úna i dteach na múinteoirí agus dhéanadh sí an-iarracht um Nollaig leis na maisiúcháin sa teach. Bhíodh cribín aici agus bhain sí úsáid as eidheann seachas leaba chuilinn. Ghlanadh Úna an séipéal chuile Shatharn le cailíní na scoile agus bhíodh cór aici sa séipéal chomh maith. Bhronn Úna féin cailís ar theach an phobail Inis Meáin i 1921 agus tá an chailís sin fós ann.

Labhair Máirín Uí Chonghaile (‘Máirín Mhéiní’), Baile an Mhothair, Inis Meáin, liom faoin méid a bhíodh le rá ag a máthair féin faoi Úna. Bhí máthair Mháirín – Máire Nic Dhonnchadha – mar dhalta ag Úna chomh maith. Bhíodh ‘Úna Shéamais’ á moladh ag Máire i gcónaí. Labhraíodh sí faoi ‘an mháistreás iontach’ a bhí aici agus is léir go raibh an-mheas aici ar Úna mar ba mhinic a thosaíodh sí abairtí le ‘mar a dúirt Úna Shéamais.’

Bhí ‘Úna Shéamais’ an-éirimiúil ar go leor bealaí agus bean fhadbhreathnaitheach a bhí inti. Dar le Máire, bhíodh Úna ag rá go minic go ‘[d]tiocfaidh an lá nach n-aithneofar na séasúir thar a chéile agus nach n-aithneofar fear thar bean’. Is cosúil go raibh bealach an-mhaith ag Úna leis na gasúir scoile agus chaithfeadh go ndeachaigh sí go mór i bhfeidhm orthu. Bhíodh Úna i mbéal an phobail go mór. Dar leis an méid a bhí le rá ag an tSiúr Finnín Ní Chonceanainn (‘Máirín Roger’), Baile an Mhothair, Inis Meáin, bhí Úna go maith ag fuáil agus ag cróiseáil chomh maith (eolas pearsanta). Bhíodh sí an-docht freisin maidir le múineadh an Teagaisc Chríostaí.

Is léir ó cháipéisí de chuid na Roinne Oideachais go raibh Úna an-tinn ar feadh tamaill sula bhfuair sí bás. Bhí sí ag déanamh fiosruithe leo maidir le cúrsaí pinsin. Bhí Michael Folan, athair Mháirtín Mheairt agus nia le hÚna, léi nuair a fuair sí bás. Cailleadh Úna ar 23 Nollaig 1929. Ní raibh sí ach 58 bliain d’aois. Ceapann Máire Chóil gur thit Úna taobh amuigh de theach na múinteoirí an lá sin. Dar leis an deimhniú báis, bhí gairstréas ar Úna agus luadh galar croí ann chomh maith.

Scríobh Úna a huacht dheireanach ar an 28 Samhain 1929, níos lú ná mí sular cailleadh í. Ba iad na finnétithe a shínigh an uacht beirt mhúinteoirí bunscoile a bhí ag obair ar Inis Meáin, Bernard Lennon agus Kathleen Farrel [sic]. Roinn sí £100 idir ceathrar sagart in Éirinn chun Aifreann a rá ar son anamacha purgadóra. Bhronn Úna £20 ar reachtaire Ospís Naomh Úna in Hollywell, an Bhreatain Bheag, agus £10 ar Ospidéal Naomh Uinseann a bhí ar Fhaiche Stiabhna, Baile Átha Cliath an tráth úd. D’fhág sí £20 ag sagart paróiste Oileáin Árann agus ag Séipéal Eochalla. Bronnadh £90 ar an Ardeaspag Thomas P. Gilmartin don séipéal nua a bhí le tógáil in Inis Meáin. Deir Máirtín Mheairt gur chuala sé gur chuir Úna tús leis an gciste chun an séipéal nua seo a thógáil, cé nach luaitear an méid seo sa leabhrán *Comóradh 50 Bliain an tSéipéil in Inis Meáin*. D’fhág sí £250 ag neacht léi, Mary Folan agus d’fhág sí chuile rud eile dá cuid ag Mary agus ag nia léi, Michael Folan chomh maith.

1.3 Beatha Choilm Uí Iarnáin

1.3.1 Foinsí Eolais

Ós rud é nach raibh ach ainm agus áit chónaithe an scéalaí – Colm Ó hIarnáin as Eoghanacht, Árann, Co. na Gaillimhe – ar eolas agam, bhí orm breathnú ar Dhaonáireamh 1901 ar dtús féachaint an bhféadfainn eolas ar bith eile ar Cholm a aimsiú. Ní raibh tuairim dá laghad agam cén aois a bhí ar Cholm nuair a d’inis sé na scéalta ach an oiread. Cé go bhfuil roinnt mhaith eolais cruinnithe ag Uí Chionna (2016: 286) agus ag Colm P. Ó hIarnáin (gan bhliain)¹⁷ ar stair mhuintir Iarnáin in Árann, ní fhéadfainn a rá go cinnte go bhfuil gaol ag an dream a luaigh an bheirt thuas le Colm Ó hIarnáin seo agamsa. D’éirigh liom teacht ar eolas ó Dhaonáireamh 1901 agus ó theastais éagsúla in Oifig an Ard-Chláraitheora, Baile Átha Cliath agus ó Innéacs na mBásanna, Massachusetts. Bheadh sé fíordheacair a chruthú gurb é an duine a luaitear ar na teastais agus sa daonáireamh an duine céanna a d’inis na scéalta, ach seo é an t-eolas atá aimsithe agam go dtí seo.

1.3.2 Óige Choilm

Rugadh Colm Ó hIarnáin in Eoghanacht, Árann, Co. na Gaillimhe ar an gcúigiú lá de mhí an Mheithimh 1871. ‘Colman Hernon’ an t-ainm a luaitear ar an teastas breithe agus ba iad Patrick Hernon a athair agus Mary Mullin a mháthair. Ba shaothraí é an t-athair. Phós Patrick Hernon agus Mary Mullin in 1866 agus rugadh seachtar páistí dóibh – Mary (1867), Bridget (1869), Colm féin, Patrick (1873), Margaret (1875), Catherine (1877) agus Anne (1879). Cailleadh Catherine i mí Eanáir 1878 nuair nach raibh sí ach seachtain d’aois. Bhuail taom trithí í ar feadh lae sula bhfuair sí bás.

¹⁷ Beirt fhear éagsúil iad an Colm Ó hIarnáin, ar bhailigh Úna scéalta béaloidis uaidh, agus Colm P. Ó hIarnáin. Scríobhadh cuntas ar shaol Choilm P. Uí Iarnáin mar chuid de Bhailiúchán Bhéaloideas Árann (Mná Fiontracha, 2004: 48-49).

1.3.3 Saol Choilm agus a Mhuintire go dtí go nDeachaigh sé go Meiriceá

Luaitear ‘Colman Herson’ i dTeach 2, Eoghanacht, Árainn i nDaonáireamh 1901.¹⁸ Ocht mbliana is fichead an aois atá ar an bhfoirm agus saothraí talmhaíochta an tslí bheatha a bhí aige. Bhí cónaí air lena athair ‘Pat Herson’, a dheartháir ‘Pat Herson’ agus deirfiúr leis ‘Anne Herson’. Ní raibh Colm, a dheartháir nó a dheirfiúr pósta. Bhí an t-athair seasca bliain d’aois faoin am seo agus file (‘poet’) an tslí bheatha a luaitear leis. Baintreach fir ba ea é, mar sin, cailleadh Mary Herson am éigin idir 1879 agus 1901. Tá tuairim agam gurb é athair Choilm, Peaits Mhicil Ó hIarnáin, file as Eoghanacht. Luann Ní Chonghaile (2001: 128) go mbíodh Colm ag cumadh amhrán chomh maith: “...Sidney was referred to Bríd Iarnáin (ca. 1866-1965) of Sruthán, whom she called by her married name, Bridget Mullen. Bríd’s father, Peaits Mhicil Ó hIarnáin (1841-ca. 1908) of Eoghanacht, was a poet, and her brother Colm was also known for composing songs.” Foilsíodh leagan den amhrán ‘An Héró nó Bád Ned Bháin’ a bhailigh Úna Ní Chualáin ó Ph[e]aits Ó hIarnáin in *An Claidheamh Soluis* i 1903. Sílim gur ó athair Choilm a bhailigh sí an t-amhrán. De réir Dhaonáireamh 1901, bhí deartháir Choilm, ‘Pat Herson’, ceithre bliana is fichead d’aois, agus iascaire ba ea é. Bhí ‘Anne Herson’ fiche bliain d’aois. Phós deirfiúr eile le Colm – Bridget, agus Andrew Mullin i 1903. Feictear an bheirt acu, chomh maith le triúr páistí Andrew óna chéad phósadh – Bartley, Martin agus Patrick – i dTeach 17, Eoghanacht, Árainn i nDaonáireamh 1911.¹⁹ Rinne Proinsias Ó Conluain, Radio Éireann, taifeadadh de Bridget i 1949 – nó Bríd Iarnáin mar ab fhearr aithne uirthi – agus í ag tabhairt sampla de chaoineadh na marbh gan aon chorp i láthair.²⁰

¹⁸ Tá cóip den bhunfhoirm a líonadh do Theach 2, Eoghanacht mar chuid de Dhaonáireamh 1901 le fáil ag <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000811187/> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

¹⁹ Tá cóip den bhunfhoirm a líonadh do Theach 17, Eoghanacht, Árainn mar chuid de Dhaonáireamh 1911 le fáil ag <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002386142/> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

²⁰ Tá fáil ar an ábhar seo ag <https://www.rte.ie/archives/exhibitions/1981-proinsias-o-conluain/615507-rainn/> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

Tugtar roinnt eolais dúinn faoi mhuintir Iarnáin i litir a scríobh Seosamh Ó Flannagáin, a bhí ina oide scoile in Eoghanacht, chuig Séamas Ó Duilearga i 1932.²¹ Is cosúil go raibh an Duileargach ag lorg eolais faoi Cholm Ó hIarnáin – “you met a sister of his at Flahertys when you were here – the old woman who sang the songs for you ... His dado was a poet as was he himself tho’ of lesser ability.” Is cosúil gur ag caint ar Bhríd Iarnáin agus ar Pheaits Mhicil atá an Flannagánach anseo. Deir Ó Flannagáin go bhfuair Colm an chuid is mó dá scealta ó fhear darbh ainm ‘Tom the Thatcher’ as Áth Cinn, Co. na Gaillimhe, a thagadh go hÁrainn chun tuí a chur ar dhíonta.

1.3.4 Saol Choilm i Meiriceá

Luaitear sa litir chéanna go ndeachaigh Colm go Meiriceá i 1913. De réir Dhaonáireamh Stáit Aontaithe Mheiriceá 1920, bhog Colm go Meiriceá i 1910.²² Cailleadh athair Choilm i mí na Nollag 1910, mar sin, caithfidh go ndeachaigh sé go Meiriceá go gairid ina dhiaidh sin. De réir Dhaonáireamh Stáit Aontaithe Mheiriceá 1920, bhí Colm ag obair mar shaothraí agus ba é ‘sugar ref[inery]’ an tionscal a luaitear leis. Deir an Flannagánach ina litir gur chum Colm amhrán dar teideal ‘Cailíní Árann’ fad is a bhí sé i Meiriceá.

Chuaigh Patrick Herson, deartháir Choilm, go Meiriceá chomh maith. De réir Eolaire Chathair Bhostúin 1917, bhí Patrick ag obair mar ‘sugarworker.’ Is cosúil gur cailleadh Patrick Herson i mBostún i mí Mheán Fómhair 1918. Bhí an fliú air ar feadh cúig lá agus tháinig níúmóine air ina dhiaidh sin. Luaitear ainmneacha a thuismitheoirí ar an deimhniú báis – Patrick Herson agus Mary Mullen, agus ba as Éirinn don bheirt acu. 3 Gardner Place, Bostún an seoladh a bhí ar an deimhniú báis.

²¹ Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Dr Deirdre Ní Chonghaile, a luaigh liom go raibh eolas ar Cholm Ó hIarnáin le fáil sa litir seo a scríobh Seosamh Ó Flannagáin chuig Séamas Ó Duilearga.

²² Tá fáil ar thras-scríobh den bhunfhoirm a líonadh do Theach 111, West Seventh Street, Ward 9, South Boston, Precinct 3 agus 4, Suffolk County, Massachusetts mar chuid de Dhaonáireamh 1920 Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus ar nasc chuig cóip den bhunfhoirm féin ag <https://www.familysearch.org/ark:/61903/1:1:MFMK-TKL> (ceadaithe 25 Feabhra 2022).

1.3.5 Bás Choilm

Fuair Colm bás ar an naoú lá de mhí Mheán Fómhair 1924. De réir a dheimhnithe báis scoilteadh a bhlaosc nuair a thit sé sé troithe déag ó haiste sa díon ag an ionad oibre. Tá an t-eolas seo ag teacht leis an méid a scríobh an Flannagánach chuig an Duileargach sa litir a luadh cheana “He worked in a sugar store in Sth Boston where he met his death in Sept 1924 thro’ an accident.” Luaitear Colm mar shaothraí in Eolairí Chathair Bhostúin na mblianta 1920 go 1924. Luaitear Patrick Herson agus Mary Mullen, arb as Éirinn dóibh, ar an deimhniú báis. Ba í deirfiúr le Colm a thuairiscigh a bhás, ach ní luaitear a hainm ar an bhfoirm. Dar le tuairiscí ar bhás Choilm i gcolún na marbh in *The Boston Globe*,²³ bhíodh cónaí ar Cholm ag 111 Seventh Street. Dúradh sna tuairiscí in *The Boston Globe* go mbeadh an tsochraid ar siúl ag teach dheirfiúr le Colm, Mrs. John Foley. Ní fios cén deirfiúr a bhí i gceist – Mary, Margaret nó Anne.

²³ Foilsíodh tuairiscí ar bhás Choilm ar dhá lá éagsúla in *The Boston Globe* – féach na tagairtí seo a leanas: Gan údar, 1924. ‘Deaths: Coleman Herson.’ *The Boston Globe*, 9 Meán Fómhair, 15. Gan údar, 1924. ‘Deaths: Coleman Herson.’ *The Boston Globe*, 10 Meán Fómhair, 19.

CAIBIDIL 2

2.0 An Modh Eagarthóireachta

2.1 Litriú Ghaeilge an Lae Inniu a Chur ar Sheanlitriú na Lámhscríbhinne

aca → acu; acht → ach; d'airigheadar → d'airíodar; aithnighim → aithním; annseo → anseo; annsin → ansin; níos aoirde → níos airde; athchuinge → achainí; badh/budh → ba;²⁴ dá mbadh → dá mba; céard do bhí → céard a bhí; badh bhreághacha → ba bhreácha; ag an mbainríoghan → ag an mbanríon; baintreabhach → baintreach; na baintrighe → na baintrí; baoghal → baol; básuighthe → básaithe; cá mbeidhtheá → cá mbeifeá; bheidheas → bheas; biadh → bia; bliadhain → bliain; seacht mbliad[h]na → seacht mbliana; breágh → breá; breathnughadh → breathnú; na bruighinne → na bruíne; na bruigheannach → na bruíonach; buaidh (ainmfhocal) → bua; bhuidh (briathar) → bhuaigh; buidhe → buí; an-bhuidheach → an-bhuíoch; caithte → caite; go gcasfaidhe → go gcasfaí; céadna → céanna; ceathramhadh → ceathrú; céurd → céard; cia → cé; claidhe → clái; cluithche → cluiche; choidhche → choíche; ina chómhgar → ina chóngar; chómhnuigh → chónaigh; chomhnuigheadar → chónaíodar; Conchubhar → Conchúr; a chongbhál → a choinneál; chonnaic → chonaic; contabhairt → contúirt; corrughadh → corrú; comhnuidhe → cónaí; croidhe → croí; cruadháin → cruáin; cruaidh → crua; chuaidh → chuaigh; chum (réamhfhocal) → chun; de na daoineibh → de na daoine; go ndeachaidh → go ndeachaigh; deachmadh → deachma; déanadh (ainm briathartha) → déanamh; dearbhrathair/dearbhráthair → deartháir; caisleán a dhearbhráthara → caisleán a dhearthára; dearbhtha → dearfa; draoidheacht → draíocht; a dhruim → a dhroim; dubhairt/dúbhairt → dúirt; dúbhradar → dúradar; easba(i)dh → easpa; in éinfheacht → in éineacht; d'éirigheadh → d'éiríodh; eatorra → eatarthu; fá → faoi; fágail → fáil; faillighe → faillí; nach bhfaireóchainn → nach bhfaireoinn; faitchíos → faitíos; fanuigheadh → fanaíodh; a bhfastóghadh → i bhfastó; a fhostughadh → a fhostú;

²⁴ Athraítear 'badh' go 'ba', ach amháin nuair a leanann ceann de na forainmneacha 'é', 'í' nó 'iad' é.

d'fhiafruigh → d'fhiafraigh; fiafruighe → fiafraí; ar na foclaibh → ar na focla; ...
bhfoigseacht cúpla coiscéim → ... bhfoisceacht cúpla coiscéim; d'fhosgail → d'oscail;
fosgladh → foscladh; d'fhuasgail → d'fhuascail; fútha → fúthu; gabhaidh → gabhaí;
gaisgidheach → gaiscíoch; garrdha → garraí; faoi gheasaibh → faoi gheasa; thar ...
ghleanntaibh → thar ... ghleannta; gnáthach → gnách; má g[h]nidheann/má g[h]níonn
→ má níonn; goire → gaire; Ifrionn → Ifreann; imreóchas → imreos; d'imreochadh →
d'imreodh; imthigh → imigh; indé → inné; indiu → inniu; inghean → iníon; d'inghean
→ d'iníon; innis → inis; innsint → insint; innti → inti; iomchar → iompar; iompódh →
iompó; iongantas → iontas; iongnadh → ionadh; ithte → ite; leabadh → leaba; leigfead
→ ligfead; léithi → léi; lóisdín → lóistín; níos lugha → níos lú; marbhadh → marú; go
marbhóchadh → go maródh; m(h)alluighthe → m(h)allaithe; mharbh sé → mharaigh sé;
miste → miste; nidh/nídh → ní; oidhche → oíche; orra → orthu; orrainn → orainn; pósda
→ pósta; rádh → rá; réidhti → réití; an rígh/ríogh → an rí; ríoghacht → ríocht; rómpa →
rompu; Ruaidhín → Ruáin; saidhbhris → saibhris; san teach → sa teach; go
saothróchainn → go saothróinn; sáruighthe → sáraithe; sgiobadh → sciobadh; shiúbhail
→ shiúil; siubhal → siúl; slíge → slí; snáimhtheóir → snámhóir; ó shoin → ó shin;
splíontuigheacht → splíontaíocht; duine de na strainséaraibh → duine de na strainséaraí;
suidhe → suí; shuidh → shuigh; shuidheadar → shuíodar; taisbeánadh → taispeánadh;
talmhan → talún; tapaidh → tapa; tige/tíghe → tí; tighearna → tiarna; thigheacht →
thíocht; timchioll → timpeall; tiúbhfad → tiúrfad; tóruigheacht → tóraíocht; thosuighdís
→ thosaídís; thosuigheadar → thosaíodar; trídth thomachaibh → trí thomacha; trágh(a)
→ trá; tuabháille → tuáille; túisge → túisce; thuit → thit; ubhla → úlla; uatha → uathu;
ubhall → úll; uisge → uisce.

2.2 Síntí Fada

2.2.1 Síntí Fada Iomarcacha a Bhaint Amach

aicís → aicis; análl → anall; árd → ard; d'árduigh → d'ardaigh; árdúighthe → ardaithe; bárr → barr; ar bhárr → ar bharr; beó → beo; cáll → call; an chéird → an cheird; aon cheó → aon cheo; a chinn → a chinn; faoi chómhair → faoi chomhair; cómhra → comhra; cómhrádh → comhrá; cúthach → cuthach; Eilid → Eilid; feósaidhe → feosaí; dár mo láimh → dar mo láimh; féarr → fearr; fó → fo; an fhuinneóg → an fhuinneog; as an bhfuinneóig → as an bhfuinneoig; géarr → gearr; gur gheárr → gur ghearr; máirnéalaí → mairnéalaí; ós a chionn → os a chionn; púnt → punt; rómhat → romhat; sgóthach → scothach; thárla → tharla; tígh → tigh; tímchioll → timpeall; trí phúnt → trí phunt.

2.2.2 Síntí Fada a Sholáthar

bainrioghan → banríon; mac na bainrioghna → mac na banríona; beidhthigh → beithígh; faoi bheul → faoi bhéal; bhiodh → bhíodh; má bhionn → má bhíonn; le cheile → le chéile; an cheud → an chéad; ceudna → céanna; ceurd → céard; deirbhshiur → deirfiúr; deirbhshiuracha → deirfiúracha; d'éireóchadh → d'éireodh; d'eirigh → d'éirigh; eudach → éadach; a chuid eudaigh → a chuid éadaigh; eun → éan; faitchios → faitíos; d'fheuch → d'fhéach; feuchaint → féachaint; feudachtáil → féadachtáil; gabhail → gabháil; ímuidhe → ímní; iompodh → iompó; léitheid → leithéid; leun → léan; luthgháir → lúcháir; i ngeugáin → i ngéagáin; reidh → réidh; an righ/riogh → an rí; sgeul → scéal; sgithe → scíthe; siud → siúd; teidhrigh → téirigh; trathnóna → tráthnóna.

2.3 Litriú Ghaeilge an Lae Inniu a Chur ar Litriú Foghraíochta na Lámhscríbhinne

agad → agat; áit cómhuidhe → áit cónaithe; ar → air; air → ar; air ais → ar ais; air a bhean → ar a bhean; choinne sí → choinnigh sí; choncadar → chonaiceadar; crathadh → craithheadh; níor chuimhne → níor chuimhnigh; claidheamha → claimhe; déanfamid →

déanfaidh muid; déarfamuid → déarfaidh muid; deire → deireadh; dóghrán → dobhrán; fairge → farraige; d'fhágadh → d'fhaigheadh; gach a bhfágadh → gach a bhfaigheadh; nach bhfágadh → nach bhfaigheadh; má fhághaim → má fhaighim; mo ghléas imire → mo ghléas imeartha; dá bhfághainn → dá bhfaighinn; fágthaí → fágtha; fáighte → faighte; féileóga → féithleoga; fion(n)aighe → fionnaidh; foilleán → faoileán; gírrfhiadh → giorria; iarrfamuid → iarrfaidh muid; d'innseóchadh → d'inseodh; leithi → léi; mo chomád beatha → mo choimeád beatha; uair an mheádhon oidhche → uair an mheán oíche; miongadh → meangadh; trí bhabhlaeirín → trí mhoghlaeirín; píghinn/píghinn → pingin; purtán → portán; ré → reithe;²⁵ stróicí → stróicthe; taitneamh → taitneamh; teaghlaigh → teallaigh; thiocfamuid → thiocfaidh muid; tirm → tirim; toraí → torthaí; a dtugthaoi → a dtugtaí; uirri → uirthi; ullamhuighthe → ullmhaithe.

2.4 Litriú Ghaeilge an Lae Inniu a Chur ar Litriú na Lámhscríbhíne

a bhfanntas → i bhfanntas; a lagar → i lagar; anmnacha → anamnacha; asna → easna; babhailéirín → babhlaeirín; bealadh → bealaigh; go mbeannuighthe → go mbeannaí; bidh → bia; brusna → brosná; buaidhreadh → buaireamh; de bhullóga → de bhollóga; caitheadh (ainm briathartha) → caitheamh; an chlar → an chíor; ciaradh → cíoradh; cruadhoghach → cruógach; chualadh → chuala; dam → dom; d'fhágadh sé (aimsir chaite) → d'fhága sé; diomhdhadh → diomú; dearbaill → driobaill; dearbhshíur → deirfiúr; fastaidhe → fastaithe; fionóg → fionnóg; fogradh → fógra; fabh → fogha; gábh → gá; gabh a leith → gabh i leith; gabhthaoi anall anseo is ithigidh bhur ndóthain → gabhaí anall anseo is ithigí bhur ndóthain; gno → gnaithe; iarradh (ainm briathartha) → iarraidh; imthigheacht → imeacht; iompadh (ainm briathartha) → iompú; d'iompadh (briathar san aimsir chaite) → d'iompaigh; iomradh → iomramh; de laetheantaibh → de laethanta; leigeamh (briathar saor aimsir chaite) → ligeadh; a leagann (ainm briathartha)

²⁵ Tagann fuaimniú Choilm le gnáthfhuaimniú an fhocail 'reithe' 'ram' in Árainn, .i. /re:/ agus /h/ idir dhá ghuta cailte, agus guta fada déanta den ghuta gearr.

→ a leagan; a leigeann (ainm briathartha) → a ligean; go rachfadh sé → go rachadh sé; go saotharóchadh sí → go saothródh sí; saotharughadh → saothrú; sháll → thall; a shiúbhalóid → a shiúlóid; shíos → thíos; beirt shiúbhaluighthe → beirt shiúlaithe; slionnán → slinneán; a shlugadh → a shlogadh; sluigthe → sloigthe; stróbh → stró; shuas → thuas; taithinnt → tathaint; go dtiubhradh/dtiúbhradh sí → go dtiúrfadh sí; tuaigh → tua; tuairgín → tuairgín; tuitighe → tite; uathi → uaithi; uiliug → uileag; uireasbadh → uireasa.

2.5 Fleiscíní

2.5.1 Fleiscíní Iomarcacha a Bhaint Amach

go d-táinig → go dtáinig; go h-uair an mheádhon oidhche → go huair an mheán oíche; cá mbeidhtheá-sa → cá mbeifeása; agat-sa → agatsa; chuig an g-cailín → chuig an gcailín; a g-comhnuidhe → i gcónaí; a g-cuirfeadh → a gcuirfeadh; aon t-slighe → aon tslí; ró-fhada → rófhada; ar an t-sráid → ar an tsráid; go h-Ifrionn → go hIfreann; na h-adharca → na hadharca; agam-sa → agamsa; le h-aghaidh → le haghaidh; ar feadh na h-ama → ar feadh na hama; ag an m-baintreabhach → ag an mbaintreach; leis an m-biadh → leis an mbia; ar an g-caisleán → ar an gcaisleán; go g-caithfidh → go gcaithfidh; i g-cóir → i gcóir; chugam-sa → chugamsa; i n-diaidh → i ndiaidh; na h-éanlaith → na héanlaith; a h-inghean → a hiníon; tar éis na h-oidhche → tar éis na hoíche; go h-olc → go holc; fear an t-siopa → fear an tsiopa; i d-teannta → i dteannta; ar áit na m-bonn → ar áit na mbonn; le na h-adharca móra → le na hadharca móra; le na hubhla móra → le na húlla móra.

2.5.2 Fleiscíní a Sholáthar

an tam → an t-am; ós cionn na néin → os cionn na n-éin.

2.6 Uaschamóga

2.6.1 Uaschamóga Iomarcacha a Bhaint Amach

a's → is; na bain'se → na bainse; 'chaon → chaon; 'chuile → chuile; mo dh'earbail → mo dhriobail; de'n → den; do'n → don; go m'b'éigin → go mb'éigin; faoi'n → faoin; má's → más; ó'n → ón; i d'teannta → i dteannta; 'san oidhche → san oíche; 'sa' seomra → sa seomra; sa' chluíd → sa chluíd; sa' chiseán → sa chiseán.

2.6.2 Uaschamóga a Sholáthar

béigin → b'éigin; bhéidir → b'fhéidir; an fhad is bhí sé dá chócáil → an fhad is ' bhí sé dá chócáil; chomh luath a's fuair → chomh luath is ' fuair; chomh maith a's bhí sé ariamh → chomh maith is ' bhí sé ariamh; má tá na flaithis leath chomh maith a's tá a cháil → má tá na flaithis leath chomh maith is 'tá a cháil; siúd na dhiaidh an dearbhrathair óg → siúd 'na dhiaidh an deartháir óg; d'fhanadar na suidhe → d'fhanadar 'na suí; bhíodar na seasamh → bhíodar 'na seasamh; agus an cailín na dhiaidh → agus an cailín 'na dhiaidh; a dubhairt liom thigheacht go dtí thú → a dúirt liom ' thíocht go dtí thú; mar bheadh gasúir ann → mar ' bheadh gasúir ann; mar bhí sé roimhe sin → mar ' bhí sé roimhe sin; chuir sí an cheist air mar chuir sí ar 'chuile dhuine → chuir sí an cheist air mar ' chuir sí ar chuile dhuine; mar gheall sé dhi → mar ' gheall sé dhi; mar d'iarr tú → mar ' d'iarr tú; gan aon phioc acht mar tháinig sí → gan aon phioc ach mar ' tháinig sí; nuair d'airigh → nuair ' d'airigh; nuair bheidheas mé → nuair ' bheas mé; nuair choncadar → nuair ' chonaiceadar; nuair chuaidh → nuair ' chuaigh; nuair dubhairt → nuair ' dúirt; nuair b'éigin dóibh → nuair 'b'éigin dóibh; nuair d'éirigheadh → nuair ' d'éiríodh; sul mar bheas → sul mar ' bheas; sul mar d'fhág → sul mar ' d'fhág; sul mar imtheóchas → sul mar ' imeos.

2.7 Bá

2.7.1 Consain a Bháitear a Sholáthar

gasúir a bhaile → gasúir an bhaile; a' bailiughadh → ag bailiú; ar a mbean → ar an mbean; a beireacht → ag beireacht; a' caint → ag caint; leis a' g-cailín → leis an gcailín; a ceannach → ag ceannach; fear a chloigín → fear an chloigín; a cluanaidheacht → ag cluanaíocht; a' crathadh → ag craithheadh; a cuir → ag cuir; a' dul → ag dul; a fágail → ag fáil; a fuagairt → ag fuagairt; a goid → ag goid; tar éis a mhargadh → tar éis an mhargadh; a' rádh → ag rá; a réidhteach → ag réiteach; d'fhiafruigh sí dhíobh a rinneadar aon dearmad → d'fhiafraigh sí dhíobh an rinneadar aon dearmad; má fhághaim a deis → má fhaighim an deis; mac a' ríogh → mac an rí; a' rith → ag rith; a sgiolladh → ag sciolladh; chuig a siopa → chuig an siopa; a siubhal → ag siúl; ar bhárr a staighre → ar bharr an staighre; a taisbeánadh → ag taispeánadh; a teacht → ag teacht; bean a' tighe → bean an tí; ní chuimhnigheann sé anois a raibh sé in Éirinn ariamh → ní chuimhníonn sé anois a raibh sé in Éirinn ariamh; chomh luath is fuair an sean rí bás, a dtáinig an mac óg abhaile → chomh luath is ' fuair an seanrí bás, go dtáinig an mac óg abhaile.

2.7.2 Gutaí a Bháitear a Sholáthar

bhí sí na baintrigh → bhí sí ina baintrigh; nach amhlaidh tugadh ar siubhal é → nach amhlaidh a tugadh ar siúl é; baintreabhach eile na comhnuidhe → baintreach eile ina cónaí; gabh leith → gabh i leith; níos dona ná tháinig sí → níos dona ná a tháinig sí; fan go mbeidh mé réidh 'gus tógfad → fan go mbeidh mé réidh agus tógfad; d'éirigh sé na shuidhe → d'éirigh sé ina shuí; céurd é sin atá tú ithe → céard é sin atá tú a ithe; amach léithi na dhiaidh → amach léi ina dhiaidh; cia bhí → cé a bhí; cia 'tá → cé atá; iad fhágail istigh → iad a fhágail istigh; a phaca cártaí 'na phóca aige → a phaca cártaí ina phóca aige; suipéar maith fhágail → suipéar maith a fháil; bhí sé na lá gheal → bhí sé ina lá gheal; trócaire fhágail → trócaire a fháil; ceurd imreóchas muid → céard a imreos muid;

buaidh fhághail → bua a fháil; fad ó shoin → fada ó shin; gach a raibh mise iarraidh dhe → gach a raibh mise a iarraidh dhe; an mála 'gus a raibh ann → an mála agus a raibh ann; 'chuile dhuine tháinig → chuile dhuine a tháinig; cé d'fheicfeadh sé → cé a d'fheicfeadh sé; níl fhios againn → níl a fhios againn; 'nois (ag tús abairte) → Anois/anois; bhí sé 'na asal mór → bhí sé ina asal mór; maide a bheith 'na láimh aige → maide a bheith ina láimh aige; is mise bhíonn → is mise a bhíonn; bhí sé n fhear → bhí sé ina fhear; na dhiaidh sin (ag tús abairte) → ina dhiaidh sin; sgeul fhághail → scéal a fháil; ní túsige bhí sí ólta aige → ní túsce a bhí sí ólta aige; céard é sin atá tú rádh → céard é sin atá tú a rá; tosaigh breathnughadh orra → tosaigh ag breathnú orthu.

2.8 Athruithe i nDealú na bhFocal

le na mac a fhaire → lena mac a fhaire; faoi na lár → faoina lár; faoi na thaobh → faoina thaobh; fré na mháthair → fréna mháthair; in a mbealach → ina mbealach; in a phaca cártaí → ina phaca cártaí; anuair → an uair; in a póca → ina póca; in a sheomra → ina sheomra; in ar bpócaibh → inar bpócaí; le na aghaidh → lena aghaidh; le na n-anam → lena n-anam; ann seo → anseo; ann sin → ansin; cia an → cén; de éan → d'éan; faoi an → faoin; ins an áit → insan áit; ins an mbaile → insa mbaile; ins an seomra → insa seomra; ins na coilltibh → insna coillte; mar a mbeirimid → mara mbeirimid; nár bh-olc → nárbh olc; árd rí → ardrí; cé bí → cébí; fad ó → fadó; droch eudach → drochéadach; tais eudach → taiséadach; ró dhian → ródhian; Sé (ag tús abairte) → Is é; Seadh (ag tús abairte) → Is ea; Sí (ag tús abairte) → Is í; an chúil fhiacail → an chúlfiacail; sean bheainín → seanbheainín; sean Chonchubhar → seanChonchúr; aige san → aigesan; siad san → siadsan; a bfheárr → ab fhearr; gur bé → gurb é; biad → ba iad; in diaidh → i ndiaidh; adeir → a deir.

2.9 Plé ar Chúrsaí Eile Teanga

2.9.1 Míniú ar ‘Ls.’ sna Fonótaí

Cuirtear léamh na lámhscríbhíne ar fáil i bhfoirm fonóta agus ‘Ls.’ scríofa roimhe sa chás go ndéantar leasú ar litriú na lámhscríbhíne nach gcloíonn lena mínítear thuas.

2.9.2 Focail Bhéarla

Buailtear cló iodálach ar fhocail Bhéarla na lámhscríbhíne mar a leanas:

tá sé i g-cage atá crochta suas → tá sé i *gcage* atá crochta suas; tóg leat an cage atá crochta ar an m-balla → tóg leat an *cage* atá crochta ar an mballa; dubhairt sé leo a dhul...a caitheamh liathróid le bow and arrow → dúirt sé leo a dhul...ag caitheamh liathróid le *bow and arrow*.

2.9.3 Na Réamhfhocail ‘de’, ‘do’ agus ‘go’

Deir Ó hUiginn (1994: 599) go bhfuil ‘an dá réamhfhocal seo [*de* agus *do*] rite ina chéile cuid mhaith. As an bhfoirm shéimhithe /yə/, is dóigh, a baineadh an fhoirm /gə/ atá in úsáid go forleathan anois, agus is dóichí go raibh baint freisin ag an réamhfhocal *go* leis an bhforás.’ Tá an forás seo le feiceáil go soiléir i litriú na lámhscríbhíne, áit a measctar na trí réamhfhocal ‘de,’ ‘do’ agus ‘go’ lena chéile scaití. Athraítear na réamhfhocail ‘de,’ ‘do’ agus ‘go,’ nuair is gá, chuig an réamhfhocal is fearr a fheileann don chomhthéacs ó thaobh ghnás an lae inniu de mar a leanas:

bhí buachaill breagh óg na chomhnuidhe ins an mbaile badh goire go Ruaidhín → bhí buachaill breá óg ina chónaí insa mbaile ba gaire do Ruaidhín; is dona linn an áit atá againn le do léitheid-se go dhuine uasal breágh → is dona linn an áit atá againn le do leithéidse de dhuine uasal breá; d’eirigh sé do léim ins an aer → d’eirigh sé de léim insan aer; dubhairt an bhainrioghan go dtiúbhradh sí fiche púnt de [sic] dhuine ar bith a d’fhaireadh a mac → dúirt an bhainríon go dtiúrfadh sí fiche punt do dhuine ar bith a

d'fhair[f]eadh a mac; tá tusa fada go leor go mo bheathughadh → tá tusa fada go leor do mo bheathú.

2.9.4 Infhilleadh na nAinmfhocal sa Dara Díochlaonadh

Feictear neart samplaí de litriú stairiúil an Tuisil Thabharthaigh ar roinnt ainmfhocal den dara díochlaonadh. Fágтар infhilleadh na n-ainmfhocal seo mar atá sé sa lámhscríbhinn, mar shampla:

chuir sé isteach faoi na chasóig í → chuir sé isteach faoina chasóig í; bhí an portán ann roimhe agus an fáinne air a chrúib aige → bhí an portán ann roimhe agus an fáinne ar a chrúib aige; Dubhairt sé le 'n'inghín a láimh a chur faoi na mhuineál → Dúirt sé lena inín a láimh a chur faoina mhuineál; thríd an bhfuinneóig → thríd an bhfuinneog; bhí sí na baintrigh → bhí sí ina baintrigh; leis an g-cailligh → leis an gcailligh.

Feictear freisin foirm an Tuisil Thabharthaigh in úsáid in amanna, áit a mbeifí, b'fhéidir, ag súil le foirm an Tuisil Ainmnigh. Fágтар foirm seo an Tuisil Thabharthaigh mar atá sí sa lámhscríbhinn, mar shampla:

Tá m'inghín le fághail agat → Tá m'inín le fáil agat; an méid a sháthfas amach an luing liom → an méid a sháfas amach an loing liom; bhuaidh an sgoilóg air → bhuaigh an scológ air; thosaigh an chupóig → thosaigh an chopóig; cuireann sé a chrúib ins an eochair → cuireann sé a chrúib insan eochair; chuir sé bois faoi na leiceann → chuir sé bois faoina leiceann; d'imthigheadar leo nó nár fhágadar cúinne ná cluais ... → d'imíodar leo nó nár fhágadar cúinne ná cluais

Tá an dá nós coitianta sna scéalta – foirm an Tuisil Ainmnigh agus foirm an Tuisil Thabharthaigh, áit a mbeifí, b'fhéidir, ag súil le foirm an Tuisil Ainmnigh amháin. Fágтар foirmeacha uile na n-ainmfhocal seo mar atá siad sa lámhscríbhinn, mar shampla:

Chuir sé lámh in a phóca → Chuir sé lámh ina phóca; ... go raibh a inghín le fághail le posadh → ... go raibh a inín le fáil le pósadh; Dar mo láimh; ... níor stad sé nó gur chuir

sé cos istigh agus cos amuigh ... → ... níor stad sé nó gur chuir sé cos istigh agus cos amuigh ...; ... briseadh leath chois thosaigh leis → ... briseadh leathchois thosaigh leis; ... chuaidh sé síos go dtí an long → ... chuaigh sé síos go dtí an long; ... chuaidh sé síos go dtí an luing → ... chuaigh sé síos go dtí an loing;

2.9.5 An Tuiseal Ainmneach Áit a mBeifí ag Súil leis an Tuiseal Ginideach

Cé go bhfuil neart samplaí den Tuiseal Ginideach le feiceáil sna scéalta, tá roinnt samplaí den Tuiseal Ainmneach ann, áit a mbeifí ag súil leis an Tuiseal Ginideach. Fágтар an t-infhilleadh seo mar atá sé sa lámhscríbhinn, mar shampla:

gléas marcúigheacht → gléas marcaíocht; go leór draoidheacht → go leor draíocht; a caitheadh an litir agus an liathróid → ag caitheamh an litir agus an liathróid; air thóruigheacht a bhean agus a mhac → ar thóraíocht a bhean agus a mhac; go ceann lá 'gus bliadhain → go ceann lá agus bliain; a fágghail an stracadh agus splíontuigheacht → ag fáil an stracadh agus splíontaíocht; beagán obair → beagán obair; ar feadh tamall maith → ar feadh tamall maith; Rí an Domhan Shoir → Rí an Domhan Thoir; éadach an gheimhreadh → éadach an gheimhreadh; a deunamh bogán de'n chruadhán → ag déanamh bogán den chruán; boladh an Éireannach bhreugach bhradach → boladh an Éireannach bhréagach bhradach.

2.9.6 Míniú ar Lúibíní Cearnacha

Nuair a chuirtear ábhar idir lúibíní cearnacha [...], ciallaíonn sé nach raibh an t-ábhar seo ar fáil sa bhunlámhscríbhinn agus gur mise a chuir an t-ábhar ar fáil.

2.9.7 Briathra ina Measctar Deirí na hAimsire Fáistíní agus an Mhodha Choinníollaigh

Feictear foirmeacha briathartha i scéalta na lámhscríbhíne agus deirí an Mhodha Choinníollaigh iontu, áit a mbeifí ag súil leis an Aimsir Fháistineach, agus bíonn a mhalairt de scéal i gceist chomh maith, agus deirí na hAimsire Fáistíní i gceist, áit a mbeifí ag súil leis an Modh Coinníollach. Níl pátrún ar leith feicthe agam, ach measctar aimsirí agus modhanna na mbriathra go minic. Déantar plé ar roinnt samplaí anseo thíos – cuirtear cló trom ar an bhfoirm bhriathartha.

“Eirigh as an g-cathaoir sin nó má bhíonn tú innte nuair a thioctas m’athair isteach, **marbhóchadh sé thú...**” → “Éirigh as an gcathaoir sin nó má bhíonn tú inti nuair a thioctas m’athair isteach, maróidh sé thú.”

Bheifí ag súil le briathar san Aimsir Fháistineach anseo. Níl séimhiú ar fhoirm an bhriathair ‘marbhóchadh sé’ agus tugann sin leid eile dúinn gurb í an Aimsir Fháistineach atá i gceist. Ach tugann litriú dheireadh an bhriathair seo ‘-óchadh,’ le fios go bhfuil an Modh Coinníollach i gceist. Is léir gur chóir go mbeadh an Aimsir Fháistineach den bhriathar ‘maraigh’ in úsáid anseo, agus mar sin, athraítear an briathar anseo go ‘maróidh.’

“Gabh anuas, adeirim leat,” adeir an fathach aríst, “nó **caithfeadh mé** an capall leat.” → “Gabh anuas, a deirim leat,” a deir an fathach aríst, “nó caithfidh mé an capall leat.”

Cé go gcuireann an deireadh ‘-feadh’ an Modh Coinníollach in iúl anseo, bheifí ag súil le séimhiú ar thúsleitir an bhriathair, agus le foirm tháite an bhriathair, dhá rud nach bhfuil ann. Cuireann an easpa séimhithe seo an Aimsir Fháistineach in iúl in ionad an Mhodha Choinníollaigh. Anuas air seo, dá mbeadh an Modh Coinníollach i gceist, bheifí ag súil le foirm tháite an bhriathair a bheith in úsáid sa chéad phearsa uatha, ach tá an fhoirm scartha agus an forainm ‘mé’ anseo. Ós rud é go bhfuil an forainm ‘mé’ ann, is léir gur

chóir go mbeadh an chéad phearsa uatha, Aimsir Fháistineach den bhriathar ‘caith’ anseo.

Athraítear an briathar anseo go ‘caithfidh.’

Athraítear deireadh an bhriathair ón Aimsir Fháistineach go dtí an Modh Coinníollach, nó ón Modh Coinníollach go dtí an Aimsir Fháistineach sa chás go bhfeileann ceann acu sin níos fearr ná an ceann eile i gcomhthéacs na habairte, mar shampla:

Chuaidh sé isteach ann go **leigfidh sé** a sgith → Chuaigh sé isteach ann go ligfeadh sé a scíth; Dubhairt sé leis féin ann sin go **bhfanóchaidh sé** fá bhéal an phoill go bhfuigheadh sé bás leis an ocra → Dúirt sé leis féin ansin go bhfanódh sé faoi bhéal an phoill go bhfaigheadh sé bás leis an ocra; Gabh suas ins a seomra is aoirde ins an teach agus **casfadh mise** an eochair ort → Gabh suas insa seomra is airde insa teach agus casfaidh mise an eochair ort; “Is fíor dhuit sin,” adeir an dearbhráthair eile, “**baileóchadh** mise an brusna agus lean thusa an t-eun.” → “Is fíor dhuit sin,” a deir an deartháir eile, “baileoidh mise an brusna agus lean thusa an t-éan.

2.9.7.1 ‘f’ Iomarcach na hAimsire Fáistíní agus an Mhodha Choinníollaigh a Bhaint d’Aimsirí agus de Mhodhanna Eile

Tá roinnt mhaith samplaí sa lámhscríbhinn de bhriathra a bhfuil ‘f’ iontu, a mbeifí ag súil leis i gcás na hAimsire Fáistíní agus an Mhodha Choinníollaigh, ach go bhfuil aimsirí agus modhanna eile seachas an Aimsir Fháistineach agus an Modh Coinníollach i gceist leo. Mar shampla:

“**Nár fheicfidh** mé an oidhche,” adeir Eibhidon, “mar a leigfidh me cead a bhealaigh leat.” → “Nár fheice mé an oíche,” a deir Eibhidon, “mara ligfidh mé cead do bhealaigh leat.”; “... má fheiceann muid an t-éinín indiu **leanfadh** duine againn é, agus fanuigheadh an ceann eile a’ bailiughadh an bhrusna ...” → “má fheiceann muid an t-éinín inniu, leanadh duine againn é, agus fanaíodh an ceann eile ag bailiú an bhrusna ...”; Nuair bhíodh a séasúr ann thugadh sé na mhargadh iad, agus air a gach a bhfágadh sé orra,

agus a mbuaidheadh sé le na cártaí, **dhíolfadh sé** cíos a thíghe agus **mhairfeadh sé** féin agus Máire → Nuair ' bhíodh a séasúr ann, thugadh sé [ch]un an mhargadh iad, agus air a – gach a bhfaigheadh sé orthu, agus a mbuadh sé lena chártaí, dhíoladh sé cíos a thí agus mhaireadh sé féin agus Máire.

2.9.7.2 ‘f’ Iomarcach a Bhaint de Bhriathra nár Chóir ‘f’ a Bheith acu san Aimsir Fháistineach nó sa Mhodh Coinníollach

Tá cúpla sampla de bhriathra a bhfuil ‘f’ iontu sa lámhscríbhinn, ach nár chóir go mbeadh ‘f’ sna foirmeacha briathartha don Aimsir Fháistineach ná don Mhodh Coinníollach. Mar shampla:

“... Mar a leigfear isteach ann seo mé, **rachfadh mé** in áit eicínt eile a leigfear isteach mé.” → “... Mara ligfear isteach anseo mé, rachaidh mé in áit eicínt eile a ligfear isteach mé.”; “Má fhéadaim chor ar bith é,” adeir an t-athair, “**gheobhfadh mé** sin duit.” → “Má fhéadaim [ar] chor ar bith é,” a deir an t-athair, “gheobhaidh mé sin duit.”

2.9.7.3 ‘f’ na hAimsire Fáistíní agus an Mhodha Choinníollaigh atá in Easnamh a Sholáthar

Tá roinnt mhaith samplaí sa lámhscríbhinn de bhriathra a mbeifí ag súil le ‘f’ na haimsire fáistíní agus an mhodha choinníollaigh a fheiceáil iontu, ach go bhfuil an ‘f’ in easnamh iontu. Mar shampla:

“Cé air a **bhféachaidh** mé a fhaobhar?” adeir Ridire → “Cé air a bhféachfaidh mé a fhaobhar?” a deir Ridire; “... nuair a **ghabhas** tú abhaile beidh fáilte mór rómhat ...” → “... nuair a ghabhfas tú abhaile, beidh fáilte mór romhat ...”; ...“... cé bí áit a m-beidhinnse mo sheasamh nuair a leagfaidhe an crann sin **thuitinn** a mbun mo chos láithreach.” → “... cé bí áit a mbeinnse i mo sheasamh nuair a leagfaí an crann sin, thitfinn i mbun mo chos láithreach.”; “... Nuair **shuidheas** tú síos abair leis a’ bhfathach

go bhfuil tú ag iarraidh aon athchuinge amháin air ...” → “... Nuair ’ shuífeas tú síos, abair leis an bhfathach go bhfuil tú ag iarraidh aon achainí amháin air ...”; Dubhairt an bhainrioghan **go d-tiúbhradh** sí fiche púnt de dhuine ar bith **a d’fhaireadh** a mac ’san oidhche → Dúirt an bhanríon go dtiúrfadh sí fiche punt do dhuine ar bith a d’fhairfeadh a mac san oíche.

2.10. Leaganacha Sonracha Eile Teanga

Ar mhaithe le cruinneas, déantar tagairt chruinn idir lúibíní don bhunlámhscríbhinn i gcás gach ceann de na samplaí sa rannóg seo. Cuirtear an giorrúchán LNE roimh uimhreacha na scéalta agus uimhreacha na leathanach ionas go dtuigtear gur ag tagairt d’ord na scéalta i Lámhscríbhinn G244 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atáthar. Tá uimhir ar leith ag dul le gach scéal mar a fheictear sa liosta thíos agus cuirtear cló dubh ar uimhir an scéil. Cuirtear cló iodálach ar uimhir an leathanaigh áirithe sin sa scéal a bhfuil an sampla le feiceáil air i ndiaidh na camóige. Mar shampla, is éard a chiallaíonn an nod (LNE 6, 4) leathanach a ceathair den scéal ‘Mac an Rí agus an Seanchapall Donn.’

- (1) An Eala Bhán
- (2) Rí na Sléibhte Gorma
- (3) Eibhidon
- (4) Mánus Áiméan
- (5) Cat an Mhuilleoir
- (6) Mac an Rí agus an Seanchapall Donn
- (7) Mac Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhnlá
- (8) An *Golden Phoenix*
- (9) Cearrbhach an tSúgáin
- (10) Búmba agus cailín Bhúmba
- (11) Ardri Éireann

- (12) Ruaín is Mac an Chonchúra
- (13) Scológ na Féasóige Léithe
- (14) Scéal gan Ainm
- (15) Ardri Éireann is a Thriúr Mac
- (16) Conchúr an Dá Chaora
- (17) Éirinn Bheag is Éirinn Mhór
- (18) Luach na Bó
- (19) *Prince* Uilliam

2.10.1 Seanfhoirm Stairiúil an Tuisil Thabharthaigh

Faightear samplaí de sheanfhoirm an tuisil thabharthaigh iolra i scéalta uile na lámhscríbhíne. Deir Ó hUiginn (1994: 564) “ ... [nach] beo d’fhoirm ar leith den tabharthach san uimhir iolra, cé go bhfuil lorg an tseandeiridh *-ibh* le fáil fós i gcorrchás thall agus abhus ...” Ní chuirtear seanfhoirm an tuisil thabharthaigh le chuile ainmfhocal atá sa tuiséal tabharthach sna scéalta. Má bhíonn an tseanfhoirm seo ag deireadh ainmfhocail san uimhir iolra atá sa tuiséal tabharthach, baintear an ‘-(a)ibh’ de dheireadh an ainmfhocail agus cuirtear gnáthiolra na canúna leis an ainmfhocal, más gá. Féach roinnt samplaí anseo thíos – cuirtear cló trom ar sheanfhoirm an tuisil thabharthaigh.

“Mac rí **faoi gheasaibh** thú,” deir a mháthair (LNÉ 2, 2) → “Mac rí faoi gheasa thú,” a deir a mháthair; Ní rabhas aige an shíos ins an talamh **faoi na chosaibh** bhí sé (LNÉ 17, 2) → Ní raibh a fhios aige an thíos insa talamh faoina chosa a bhí sé; a ghunna ar a ghualainn agus a chuid gadhair **le na shálaibh** (LNÉ 7, 1) → a ghunna ar a ghualainn agus a chuid gadhair lena shála; thuit **a raibh de c[h]lochaibh beaga** ann anuas **ins na cosaibh** uirri (LNÉ 19, 14) → thit a raibh de c[h]locha beaga ann anuas insna cosa uirthi; dá mbeidhtheá istigh **i d-teintibh ifrionn** féin, thabharfainn as thú (LNÉ 6, 1) → dá mbeifeá istigh i dtinte Ifrionn féin, thabharfainn as thú; d’fhiafruigh sé **de na daoinibh** a

bhí ag dul thairis (LNÉ 8, 6) → d’fhiafraigh sé de na daoine a bhí ag dul thairis; ag codladh ins an oidhche **ins na coilltibh** (LNÉ 13, 4) → ag codladh insan oíche insna coillte; níor chomhnuigheadar go dtángadar **go geataibh na bhflaitheas** (LNÉ 9, 4) → níor chónaíodar go dtángadar go geataí na bhflaitheas; Sin í mo chapall-sa agus tá níos mó draoidheacht aici ná ag a bhfuil **go chapailibh** sa stábla uilig (LNÉ 4, 3) → sin í mo chapallsa agus tá níos mó draíocht aici ná ag a bhfuil de chapail sa stábla uilig.

Tá roinnt samplaí sna scéalta den seanfhoirm iolra seo in úsáid i gcásanna nuair nach bhfuil an t-ainmfhocal sa tuiséal tabharthach iolra. B’fhéidir gur shíl an bailitheoir nó an scéalaí go raibh an tseanfhoirm iolra seo ag teastáil i gcás roinnt de na samplaí, toisc go raibh réamhfhocal simplí, nó foirm de, áit éigin roimh na hainmfhocail seo san abairt, ach níor tháinig an réamhfhocal simplí díreach roimh na hainmfhocail. Féach, mar shampla: an pháirc fhéir sin shuas ag teach m’athar a bheith lán **go** chuile chineál **beidhthighbh** (LNÉ 2, 1-2) → an pháirc fhéir sin thuas ag teach m’athar a bheith lá de chuile chineál beithígh; an pháirc fhéir a bhí le h-ais an tighe lán suas **de** chuile chineál **beidhthibh** (LNÉ 2, 2) → an pháirc fhéir a bhí le hais an tí lán suas de chuile chineál beithígh; **cia leis an méid sin caoiribh** (LNÉ 5, 7) → cé leis an méid sin caoirigh; **tar éis na n-adharcaibh** (LNÉ 8, 9) → tar éis na n-adharca.

Luann Ó hUiginn (1994: 573), go “[m]baintear úsáid as seanfhoirm an tabharthaigh iolra mar bhuniolra le roinnt bheag focal i nGaeilge oirthear na Gaillimhe, m.sh. *neart na bhfearaibh óga (STLaighléis) 95, sceanaibh, beachaibh/meachaibh, gleanntaibh, tighthibh srl.*” Faightear roinnt samplaí sna scéalta seo de ‘geasaibh’ mar ‘bhuniolra’ sa tuiséal cuspóireach. Baintear an seanfhoirceann ‘-(a)ibh’ den ainmfhocal, agus cuirtear gnáthiolra na canúna leis an ainmfhocal, mar shampla:

acht cé **na geasaibh** a chuir sé ort (LNÉ 15, 7) → ach cé na geasa a chuir sé ort; ... **cia leis an méid sin caoiribh** ... (LNÉ 5, 7) → ... cé leis an méid sin caoirigh

2.10.2 ‘mnaoi,’ Áit a mBeifí ag Súil le Leagan Eile den Ainmfhocal ‘bean.’

Feictear an fhoirm ‘mnaoi’ i roinnt áiteanna a mbeifí ag súil le leagan eile den ainmfhocal ‘bean’ i gcuid de scéalta na lámhscríbhíne. Tá sampla is fiche den fhoirm ‘mnaoi’ le feiceáil i seacht scéal de na naoi scéal déag atá sa lámhscríbhinn.

Deir Ó Dónaill (1977: 872) gur leagan malartach é ‘mnaoi’ de thuiséal tabharthach uatha an ainmfhocail ‘bean’ agus tá Dineen (1927: 88), Bergin (1931: 374) agus Ó hUiginn (1994: 573) ar aon tuairim leis. Tá trí shampla dhéag san iomlán den fhoirm ‘mnaoi’ sa tuiséal tabharthach uatha i scéalta na lámhscríbhíne. Seo i mo dhiaidh trí shampla den fhoirm ‘mnaoi’ sa tuiséal tabharthach uatha i scéalta na lámhscríbhíne - cuirtear cló trom ar an bhfoirm ‘mnaoi’ sna samplaí ar fad:

Air maidin lá’r na mháireach tar éis a bhricfeasta agus comhairle mhaith **ó na mhnaoi** chuaigh Mánus go dtí cúirt an rígh. (LNÉ 4, 4) → Ar maidin lá arna mháireach tar éis a bhricfeasta agus comhairle mhaith óna mhnaoi, chuaigh Mánus go dtí cúirt an rí.

“...Nuair a bheidheas an margadh déanta agat **leis an mnaoi** uasal, tosóchadh sí a breathnughadh anonn a’s anall ar an urlár feuchaint cá ndeachaigh an chircín...” (LNÉ 6, 4) → “...Nuair a bheas an margadh déanta agat leis an mnaoi uasal, tosóidh sí ag breathnú anonn is anall ar an urlár féachaint cá ndeachaigh an chircín...”

D’innis sé **dá mhnaoi** céard a bhí rún aige a dhéanadh. (LNÉ 15, 7) → D’innis sé dá mhnaoi céard a bhí rún aige a dhéanamh.

Luann Finck (1899, Iml. 1: 184) go bhfuil ‘mnaoi’ ar cheann de na foirmeacha a bhíonn in úsáid sa tuiséal tabharthach uatha agus sa tuiséal ginideach uatha. Ní thugann sé sampla ar bith den tuiséal tabharthach uatha ina shaothar, ach tá sampla amháin aige (1899, Iml. 2: 39) den fhoirm ‘mnaoi’ sa tuiséal ginideach uatha: “hānīg jṛāhṛ mō wnṽ ǣnšó ǣnú. [Tháinig deartháir **mo mhnaoi** anseo inniu.] „Mein schwager ist heute hierher gekommen.“” I sliocht as na nótaí a scríobh Pedersen ar shaothair Finck, nótaí a thugtar ag deireadh an dara himleabhair de shaothar Finck (1899, Iml. 2: 260-1), deir Pedersen

nach bhfaightear ‘mnaoi’ sa tuiséal ginideach riamh, ach gurb é ‘mná’ an leagan ceart. Dar le Pedersen, ní bhíonn ‘mnaoi’ in úsáid sa tuiséal tabharthach uatha, ach amháin i seanfhocail agus i gcóracha catha sna scéalta béaloidis. Cuireann sé i leith Finck gur ón bhfaisnéiseoir ‘Mark O’Flaherty’ a fuair sé na leaganacha seo, agus gur ag cumadóireacht a bhí an Flaitheartach úd. Deir Finck, áfach (1899, Iml. 2: 216), gurb é Michael Costelloe as Inis Oírr a thug an t-eolas dó faoi úsáid ‘mnaoi.’ Faightear ceithre shampla de ‘mnaoi’ sa tuiséal ginideach uatha i scéalta na lámhscríbhinne:

D’fhan sé ‘sa’ choill chomh fada sin go raibh a chuid eudaigh stróicí agus a ghruaig chomh fada le **gruaig mnaoi**. (LNÉ 8, 8) → D’fhan sé sa choill chomh fada sin go raibh a chuid éadaigh stróicthe agus a ghruaig chomh fada le **gruaig mnaoi**.

“An iad sin **fáinní do mhnaoi**?” “...is iad seo **fáinní mo mhnaoi**, gan amhras.” (LNÉ 12, 5) → “An iad sin fáinní do mhnaoi?” “...is iad seo fáinní mo mhnaoi, gan amhras.”

“Dheamhan smid bhréige agat,” adeir **máthair na mnaoi**... (LNÉ 18, 4) → “Dheamhan smid bhréige agat,” a deir máthair na mnaoi....

Luann Ó Curnáin (2007: 1871) gurb ann do shamplaí de ‘mnaoi’ sa tuiséal tabharthach uatha agus go bhfaightear samplaí de ‘mnaoi’ i gcomhfhocail chomh maith. Luann sé sampla amháin as amhrán ‘**dhon óigmhnaoi**.’ Tá sampla ag Ó Curnáin san áit chéanna de ‘mnaoi’ sa tuiséal ginideach: ‘muintir a mhnaoi.’ Faightear sampla amháin i scéalta na lámhscríbhinne de ‘óigmhnaoi,’ atá sa tuiséal cuspóireach uatha:

Dubhairt sé leo a dhul amach ar an mbán ar aghaidh an chaisleáin, is a dhul a caitheamh liathróid le (bow and arrow) agus cé bí is faide as láthair a chuirfeadh an liathróid gur bé a gheobhadh **an óig-mhnaoi** le pósadh. (LNÉ 15, 5) → Dúirt sé leo a dhul amach ar an mbán ar aghaidh an chaisleáin, is a dhul ag caitheamh liathróid le *bow and arrow* agus cébí is faide as láthair a chuirfeadh an liathróid gurb é a gheobhadh an óigmhnaoi le pósadh.

De réir McManus (1994: 381) ba í an fhoirm ‘mnaoi’ a bhíodh ann i dtuiseal áinsíoch [cuspóireach] uatha agus i dtuiseal tabharthach uatha na Nua-Ghaeilge Clasaicí. Tugann an méid seo míniú, b’fhéidir, ar an bhfáth a raibh an sampla deireanach den fhoirm ‘mnaoi’ a luaigh mé sa tuiseal cuspóireach. Deir McManus (1994: 434), agus é ag caint faoi na réamhfhocail: “... gurb é an t-áinsíoch amháin ba chóir i ndiaidh ... mar” Tá sampla amháin sa chnuasach scéalta den fhoirm ‘mnaoi’ i ndiaidh an réamhfhocail ‘mar’:

Pósadh iad agus sin é an chaoi ar bhfuair inghean na baintrighe a bheith **mar mhnaoi** ag mac na bainrioghna. (LNÉ 10, 6) → Pósadh iad agus sin é an chaoi ar bhfuair iníon na baintrí a bheith mar mhnaoi ag mac na banríona.

Faightear samplaí eile de ‘mnaoi’ i scéalta na lámhscríbhíne i gcásanna eile nach luaitear sna príomhfhoinsí ar Ghaeilge Chonamara agus ar Ghaeilge Oileáin Árann. Tá sampla amháin de ‘mnaoi’ sa tuiseal ainmneach uatha:

Bhí Mánus ag dul a tarraint an t-srian ar siubhal uaithi nó gur chuimhne sé air céard a dubhairt **a mhnaoi** leis. (LNÉ 4, 4) → Bhí Mánus ag dul ag tarraingt an tsrian ar siúl uaithi nó gur chuimhnigh sé ar céard a dúirt a mhnaoi leis.

Tagann an sampla seo cúpla abairt i ndiaidh sampla eile den fhoirm ‘mnaoi’ a luaigh mé cheana féin – ‘... comhairle mhaith **ó na mhnaoi**’ Ós rud é gurb é seo an chéad uair eile a luaitear an bhean sa scéal seo i ndiaidh an tsampla seo, b’fhéidir go raibh an scéalaí ag smaoineamh siar ar an bhfoirm dheireanach ‘bean’ a d’úsáid sé.

Feictear dhá shampla de ‘mnaoi’ agus an tuiseal tabharthach iolra i gceist ó thaobh na gramadaí sa lámhscríbhinn, áit a mbeifí ag súil le ‘mná’ nó ‘mnáibh’:

Nuair bhíodar pósda, chuaidh an dearbhráthair óg a comhnuidhe ‘sa’ chaisleán, agus badh gearr gur phós sé féin agus **bean de na mnaoi** freasdail a bhí ag an mbainríoghan. (LNÉ 8, 6) → Nuair ’ bhíodar pósta, chuaigh an deartháir óg a c[h]ónaí sa chaisleán, agus ba gearr gur phós sé féin agus bean de na mnaoi freastail a bhí ag an mbanríon.

Bhí sí ar ~~an~~ na mnaoi badh áille sa rioghacht agus níor bhaon iongnadh gur thuiteadar i ngrádh léithe... (LNÉ 15, 1).

Tá líne scríofa tríd an alt uatha ‘an’ sa sampla seo. Is cosúil gur meascán de dhá mhúnla éagsúla atá i gceist anseo: (a) bhí sí ar bhean de na mná ba áille sa ríocht, agus (b) ba í an bhean ab áille sa ríocht.

2.10.3 Réimniú na mBriathra

Tá roinnt foirmeacha briathartha sa lámhscríbhinn nach bhfuil ag teacht leis an réimniú a mbeifí ag súil leis, de réir an méid a luaitear in Ó Dónaill (1977). Ar ndóigh, tá fianaise ann i gcuntais ar an teanga bheo maidir le malartú réimnithe. Fágtar réimniú na mbriathra seo mar atá siad sa lámhscríbhinn. Mar shampla:

d’innseadar dá chéile gach ar tharla dhóibh (LNÉ 2, 16) → d’inseadar dá chéile gach ar tharla dhóibh; D’innis Mánus dhi ciannós mar fuair sé na trí chloichín in a phóca, agus mar ghiorradar an bealach dhó (LNÉ 4, 10) → D’inis Mánus dhi cén nós mar ’ fuair sé na trí chloichín ina phóca, agus mar ’ ghiorradar an bealach dhó; Innseadh dhó gur leis an tighearna Marcus a Cearbus (LNÉ 5, 7) → Inseadh dhó gur leis an tiarna Marcus an Cearbas; leanfadh duine againn é agus fanuigheadh an ceann eile a’ bailiughadh an bhrosna (LNÉ 8, 1) → leanadh duine againn é agus fanaíodh an ceann eile ag bailiú an bhrosna; d’éireochadh dhom nach bhfaireóchainn (LNÉ 10, 4) → d’éireodh dhom nach bhfaireoinn; d’iompadar abhaile ann sin (LNÉ 11, 1) → d’iompadar abhaile ansin; níor imreadar níos mó an lá sin (LNÉ 13, 2); mar ar dhaingneadar an uaigh ós a cionn (LNÉ 18, 6) → marar dhaingneadar an uaigh ós a cionn; cheangladar an rópa dhe (LNÉ 19, 2); ceangladh an rópa dhe (LNÉ 19, 2); tarraingeadh suas ann sin í (LNÉ 19, 8) → tarraingeadh suas ansin í; ní fhanóchaidh glug ná glag ionnam (LNÉ 19, 9) → ní fhanóidh glug ná glag ionam.

2.10.4 Ainmneacha Briathartha Leathana

Bíonn malartú idir consan caol agus consan leathan ag deireadh roinnt de na hainmneacha briathartha sna scéalta. Fágтар litriú na ndeirí seo, bídís caol nó leathan, mar atá siad sa lámhscríbhinn. Maidir leis an deireadh –(e)áil – consan caol i gcás an ainm bhriathartha, níl ach samplaí leathana le feiceáil i gcás an dá ainm bhriathartha ‘cloisteáil’ agus ‘feiceáil.’ Mar shampla:

bhí an oiread sin sganradh orra cat a chloisteál a caint. (LNÉ 5, 2) → bhí an oiread sin scanradh orthu cat a chloisteál ag caint; an sgéal a chloisteál (LNÉ 12, 6) → an scéal a chloisteál; bhí a scáile le feiceál shíos ins an tobar (LNÉ 2, 15) → bhí a scáile le feiceál thíos insa tobar; ní raibh an sgológ le feiceál abhus nó shall (LNÉ 7, 8) → ní raibh an scológ le feiceál abhus nó thall.

I gcás ainmneacha briathartha eile, bíonn leagan caol agus leagan leathan ann. Mar shampla:

Ní dhúbhairt sé leis an sgológ acht iad a chur ann (LNÉ 2, 2) → Ní dhúirt sé leis an scológ ach iad a chur ann; thosaigh sé a cuir amach (LNÉ 8, 7) → thosaigh sé ag cuir amach; nuair bhí sé dá thógáil ó dhraoidheacht (LNÉ 11, 9) → nuair ’ bhí sé dá thógáil ó dhraíocht; nuair shíl sé í sin a thógál (LNÉ 13, 11) → nuair ’ shíl sé í sin a thógál; Measann tú nár bhfurusda dhomsa thú chongbhail abhus nuair a bhí tú abhus (LNÉ 7, 7) → Measann tú nár bh fhurasta dhomsa thú a choinneáil abhus nuair a bhí tú abhus; B’fhurusda dhamsa thú chongbhál abhus (LNÉ 1, 8) → B’fhurasta dhomsa thú a choinneál abhus; Níor dhúbhairt sé leis iad fhágáil ann (LNÉ 2, 2) → Níor dhúirt sé leis iad a fhágáil ann; ag fágál na h-áite (LNÉ 12, 6) → ag fágál na háite.

2.10.5 Foirmeacha Briathartha

2.10.5.1 An Chéad Phearsa Iolra, Aimsir Chaite

Faightear roinnt samplaí den chéad phearsa iolra, aimsir chaite de bhriathra, agus an fhoirm tháite i gceist. Deir de Bhaldraithe (1953: 67) “[go bhfuil] na foirmeacha táite imithe do léig sa gcéad agus sa dara pearsa iolra, ach amháin san ordaitheach.” Ach luann Finck (1899, Iml. 1:138, 145) go gcuirtear an deireadh ‘-əmr̥’ leis an mbriathar don chéad phearsa iolra, aimsir chaite den chéad réimniú, agus go gcuirtear an deireadh ‘-īmr̥’ leis an mbriathar don chéad phearsa iolra, aimsir chaite den dara réimniú – is é sin, go mbíonn an fhoirm tháite in úsáid don chéad phearsa iolra, aimsir chaite. Deir Finck (1899, Iml. 1: 146) go réimnítear na briathra neamhrialta [Verba der dritten klasse] de réir na rialacha a bhaineann leis an gcéad réimniú, muna ndeirtear a mhalairt: “Die endungen sind dieselben wie die der verben der ersten klasse, wofern nicht das gegenteil besonders hervor gehoben wird ...” Luann Finck (1899, Iml. 2: 237) san fhoclóir ansin an fhoirm scartha agus an fhoirm tháite i gcás an bhriathair ‘bí:’ “vī myj, vīmr̥.” Féach thíos roinnt samplaí ó scéalta na lámhscríbhíne - cuirtear cló trom ar fhoirmeacha táite na mbriathra. “... Tá roinnt mhaith airgid againn, mar **bhíomar** cúramach barainneach ar feadh ar saoghail ...” (LNÉ 12, 1) → “... Tá roinnt mhaith airgid againn, mar bhíomar cúramach barainneach ar feadh ar saoil ...”; “... nuair **bhíomar** ag cur Éirinn bheag, ní raibh ar ndóthain coirce againn ...” (LNÉ 17, 3) → “... nuair ’ bhíomar ag cur Éirinn Bheag, ní raibh ar ndóthain coirce againn ...”; “... **Mharbhamar** agus **d’itheamar** caora aca ...” (LNÉ 16, 2) → “...Mharaíomar agus d’itheamar caora acu ...”; “An deamhan caillighe sin,” adeir sé, “a **chuireamar** indé ...” (LNÉ 18, 5) → “An deamhan caillí sin,” a deir sé, “a chuireamar inné”

Luann Finck (1899, Iml. 2: 84) go mbíonn an fhoirm scartha agus an fhoirm tháite in úsáid i gcás an bhriathair ‘déan:’ “riñəmr̥, riñē myj.” Féach thíos roinnt samplaí ó scéalta na lámhscríbhíne:

“Agus an cuimhin leat an margadh **do rinneamar** nuair thug mé dhuit an t-airgead? ...”

(LNÉ 12, 7) → “Agus an cuimhin leat an margadh a rinneamar nuair ’ thug mé dhuit an t-airgead? ...”; “**cheanglamar** na phunanna ann sin é is **rinneamar** dhá chruach dhe ...”

(LNÉ 17, 4) → cheanglamar ’na phunanna ansin é is rinneamar dhá chruach dhe”

2.10.5.2 An Chéad Phearsa Iolra, Aimsir Fháistineach

Tá sampla amháin den fhoirm tháite, an chéad phearsa iolra, aimsir fháistineach sa lámhscríbhinn. Féach an sampla thíos – cuirtear cló trom ar fhoirm tháite an bhriathair:

“Agus anois,” adeir sé, “**gheobham** bás leis an ocras.”

Bíonn an fhoirm tháite, an chéad phearsa iolra, aimsir fháistineach le cloisteáil i nGaeilge na Mumhan de ghnáth, mar sin, is aisteach an rud é go bhfuil a leithéid le fáil i scéal a bailíodh in Árainn.

2.10.6 Na Réamhfhocail ‘a’ agus ‘ag’ roimh an Ainm Briathartha

Deir Ó Sé (2000: 365-6) an méid seo faoin réamhfocal ‘a’ a chur roimh ainmneacha briathartha:

Cuirtear an mhír a^S [móide séimhiú] in ionad *ag* i struchtúr coibhneasta: (a) nuair a bhaintear an cuspóir as clásal leanúnach aistreach ... chun réamhtheachtaí clásail choibhneasta a dhéanamh de, agus (b) nuair a cheistítear cuspóir an ainm bhriathartha i gclásal den chineál sin le *cad*

Faightear neart samplaí de na struchtúir seo sna scéalta, agus an réamhfocal ‘a’ roimh an ainm briathartha. Cuirtear cló trom ar na hainmneacha briathartha sna samplaí thíos. Mar shampla:

Chaith sí uaithi an obair a bhí sí **dheunadh** agus suas léithe ... (LNÉ 5, 8) → Chaith sí

uaithi an obair a bhí sí a dhéanamh agus suas léi ...; ... mar ná rabhas ag an m-baintreabhach chor ar bith gurbh uibheacha óir a bhí an t-eun **a bhreith**... (LNÉ 8, 2)

→ ... mar ná raibh a fhios ag an mbaintreach [ar] chor ar bith gurbh uibheacha óir a bhí

an t-éan a bhreith; D'fhiafruigh an portán dhe céard a bhí sé **thóruigheacht**... (LNÉ 3, 4) → D'fhiafraigh an portán dhe céard a bhí sé a thóraíocht; ...“Céurd a bheidheas tú **iarraidh** uirri?” adeir sí ... (LNÉ 6, 5) → “Céard a bheas tú a iarraidh uirthi?” a deir sí

Ach luann Ó Sé (2000: 364) go gcuirtear an réamhfhocal ‘ag’ roimh an ainm briathartha uaireanta sa struchtúr seo leis an sampla seo a leanas: “ní fheadar cén luas a bhíodar ag déanamh.” Luann Ó Siadhail (1989: 295) sampla amháin den fheiniméin seo as Gaoth Dobhair: “Goidé atá Jimmy ag briseadh?” Tugann Ó Catháin (1993: 202) roinnt samplaí as Inis Oírr den réamhfhocal ‘ag’ roimh an ainm briathartha, áit a mbeifí, b’fhéidir, ag súil leis an réamhfhocal ‘a’:

4(a) ... agus chuir fear acub, an máistir a bhí ar a[n] gcúirt a bhíodar a[g] tóigeáil, chuir sé fear ... “...und einer der Männer, der Herr über die Burg, die sie bauten, schickte einen Mann ...”

4(b) ... thíos sa gcráiceann gabhair a bhí sé a[g] cuir chuile bhlas ... “... er tat alles in die Ziegenhaut hinein ...”

4(c) ... sin í atá mé a[g] quartú. “Sie ist es, die ich suche.”

4(d) ... agus sé a[n] t-ainm a bhí na págánachaí a[g] tabhairt ar Naomh Pádraic ‘Páidín na Muc’ “... und der Name, den die Heiden dem heiligen Patrick gaben, ist ‘Páidín na Muc’”.

Tugann Dillon (1939: 12) an sampla seo a leanas ó scéal béaloidis as Inis Oírr: “céard tá tú a díona?” Níl aon séimhiú ar an ainm briathartha sa sampla seo, rud a léiríonn an bá a dhéantar ar an ‘g’ ag deireadh an réamhfhocail ‘ag’ a thagann roimh an ainm briathartha. Tá cúpla sampla den struchtúr seo sna scéalta. Níl a fhios agam an é go ndearnadh botún agus an scéal á bhreacadh síos ag an mbailitheoir, nó an raibh an struchtúr seo ag an scéalaí féin? B’fhéidir go raibh tionchar ag Gaeilge na Mumhan ar an scéal. Féach an sampla seo:

“Cé an sórt bronntanas a bheas tusa **ag iarraidh**?” (LNÉ 14, 1) → Cén sórt bronntanas a bheas tusa ag iarraidh?”

An rud is aistí faoin sampla seo ná go bhfuil samplaí eile ann den réamhfhocal ‘a’ roimh an ainm briathartha roimh agus i ndiaidh an tsampla seo ar an leathanach céanna den scéal céanna. Féach na samplaí seo:

“Cia an sóirt bronntanas a bheidhtheá **iarraidh**?” (LNÉ 14, 1) → “Cén sóirt bronntanas a bheifeá a iarraidh?”; “Dá bhfuightheá písín beag airgid dhom,” adeir sí, “is é a bheinn **iarraidh**.” (LNÉ 14, 1) → “Dá bhfaighfeá písín beag airgid dhom,” a deir sí, “is é a bheinn a iarraidh.”

Seo i mo dhiaidh cúpla sampla eile den struchtúr seo leis an réamhfhocal ‘ag’ roimh an ainm briathartha:

“ ... b’fhéidir an rud do bheinn-se **ag iarraidh** nach bhfeudfá-sa a thabhairt chugam.” (LNÉ 14, 1) → b’fhéidir an rud a bheinnse ag iarraidh, nach bhféadfása a thabhairt chugam; “Dheamhan smid bhréige atá mé **ag innseacht** dhuit,” ... (LNÉ 17, 4) → “Dheamhan smid bhréige atá mé ag innseacht dhuit,”

2.10.7 An Aidiacht Shealbhach

2.10.7.1 An Dara Pearsa Uatha

Faightear dhá fhoirm éagsúla den aidiacht shealbhach, dara pearsa uatha roimh ainmfhocail a thosaíonn ar ghuta sna scéalta: leagan an Chaighdeáin Oifigiúil, ‘d’ agus an leagan canúnach ‘t.’ Fágтар litriú an dá fhoirm seo mar atá siad sa lámhscríbhinn, mar shampla: le d’inghean a phósadh → le d’iníon a phósadh; an spré atá tú thabhairt go d’inghin → an spré atá tú a thabhairt do d’inín; go m’bfheárr go t’athair → go mb’fhearr do t’athair; abair leis go rinne d’athair; ag d’athair; beidh obair eile agam le t’aghaidh; ó d’athair; glac t’am.

2.10.7.2 An Chéad Phearsa Iolra agus an Dara Pearsa Iolra

Faightear an dá fhoirm chanúnacha, ‘ar’ agus ‘a,’ den aidiacht shealbhach, an chéad phearsa iolra, roimh ainmfhocail sna scéalta. Fághtar na samplaí den leagan ‘ar’ mar atá siad sa lámhscríbhinn, mar shampla: ar ndóthain coirce; tar éis ar n-anró.

I gcás na foirme ‘a,’ scríobhtar na foirmeacha seo mar ‘a[r]’ sa leagan seo.

a[r] gcuid feilmeacha; a[r] gcuid beithígh; luach a[r] suipéir agus a[r] mbriocfast.

Tá sampla amháin sna scéalta den réamhfhocal ‘do’ agus an aidiacht shealbhach, an chéad phearsa iolra roimh an ainm briathartha – ‘dhá.’ Scríobhtar an fhoirm seo mar ‘dhá[r]’ sa leagan seo, mar shampla, sin é m’athair atá dhá[r] leanúint.

Tá sampla amháin den réamhfhocal simplí ‘i’ ceangailte leis an aidiacht shealbhach, dara pearsa iolra ‘a’ sna scéalta, agus cloítear le litriú na lámhscríbhinne i gcás an tsampla seo, .i. insa leabadh a raibh sibh ’na g-codladh ann → insa leaba a raibh sibh ’na gcodladh ann.

Tá dhá shampla ann den réamhfhocal ‘do’ agus an aidiacht shealbhach, dara pearsa iolra roimh an ainm briathartha – ‘dá.’ Fághtar an fhoirm seo mar atá sí sa lámhscríbhinn, mar shampla: tar éis ar bhfuair mé d’anró dá dtabhairt go dtí seo, níl mé ag dul dá bhfágáil go bhfeicfidh mé slán ag bhur n-athair sibh.

2.10.8 Foirmeacha Éagsúla d’Aimsir Chaite an Bhriathair ‘Faigh’

Tá roinnt mhaith foirmeacha éagsúla d’aimsir chaite an bhriathair ‘faigh’ le fáil sa lámhscríbhinn. Cé gur briathar neamhrialta é an briathar ‘faigh,’ baineann cuid de na foirmeacha seo leis na briathra rialta. Fághtar litriú na bhfoirmeacha seo ar fad mar atá sé sa lámhscríbhinn. Tá dhá fhoirm éagsúla den fhoirm cheisteach dhearfach san aimsir chaite sna scéalta – ‘ar bhfuair’ agus ‘an bhfuair.’ Mar shampla:

“Ar bhfuair tú an meanna dhom?” (LNÉ 13, 11) → “Ar bhfuair tú an meana dhom?”; “Seadh,” adeir sé, “an bhfuair tú an méaracán?” (LNÉ 2, 11) → “Is ea,” a deir sé, “an bhfuair tú an méaracán?”

Tá dhá fhoirm éagsúla den fhoirm dhiúltach san aimsir chaite sa lámhscríbhinn – ‘níor bhfuair’ agus ‘níor fhuair.’ Tá an fhoirm ‘níor bhfuair’ ann don tríú pearsa iolra freisin. Mar shampla:

“Níor bhfuair mé a léitheid d’anró ariamh,” adeir sé (LNÉ 13, 2) → “Níor bhfuair mé a leitheid d’anró ariamh,” a deir sé; bhí a thuras in aisge aige, níor fhuair sé í (LNÉ 3, 1) → Bhí a thuras in aisce aige, níor fhuair sé í.

Tá trí fhoirm éagsúla den bhriathar a leanann an cónasc ‘go’ san aimsir chaite – ‘gur fhuair,’ ‘gur bhfuair’ agus ‘go bhfuair.’ Tá an fhoirm ‘gur bhfuair’ ann don tríú pearsa iolra freisin. Mar shampla:

b’éigin dó casadh abhaile aríst gur fhuair sé bád a chuir trasna na locha é (LNÉ 2, 14); bhí mac a’ ríogh a faire gur bhfuair sé faill ar beireacht ar na cinn óga (LNÉ 6, 8) → bhí mac an rí ag faire gur bhfuair sé faill ar beireacht ar na cinn óga; feicim go bhfuair tú an brat dhom (LNÉ 15, 8); chuir sé a cartadh an charn aoiligh iad gur bhfuair sé an gunna (LNÉ 4, 8) → chuir sé ag cartadh an charn aoiligh iad gur bhfuair sé an gunna.

Is é ‘ar bhfuair’ an fhoirm den bhriathar atá in úsáid don fhoirm dhearfach den chlásal coibhneasta indíreach. Mar shampla:

Sin é an chaoi ar bhfuair sí amach gur gaisgidheach a bhí ann (LNÉ 1, 6) → Sin é an chaoi ar bhfuair sí amach gur gaiscíoch a bhí ann.

Is é ‘nár bhfuair’ an fhoirm den bhriathar atá in úsáid don fhoirm dhiúltach den chlásal coibhneasta indíreach. Mar shampla:

“... Innis dó ciannós mar chuaigh tusa i bhfolach trí lá i n-diaidh chéile air agus nár bhfuair sé amach thú.” (LNÉ 4, 8) → “... Inis dó cén nós mar ’ chuaigh tusa i bhfolach trí lá i ndiaidh a chéile air agus nár bhfuair sé amach thú.”

2.10.9 Foirmeacha Macalla Briathartha

Tá roinnt mhaith samplaí d'fhoirmeacha macalla briathartha le fáil sa lámhscríbhinn. Baineann an chuid is mó de na foirmeacha seo leis an aimsir chaite agus leis an aimsir fháistineach, agus bíonn an chuid is mó acu sa chéad phearsa uatha. Baineann na samplaí ar fad san aimsir láithreach leis an dara pearsa uatha, agus tá cúpla sampla den dara pearsa uatha san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach. Mar shampla:

A: “Seadh, a Mhánuis,” adeir an rígh, “**níor fhuair mé** amach cá raibh tú i bh’folach.” B: “**Níor bh-fuairis**,” adeir Mánus. (LNÉ 4, 6) → A: “Is ea, a Mhánuis,” a deir an rí, “níor fhuair mé amach cá raibh tú i bhfolach. B: Níor bhfuairis,” a deir Mánus; A: “... Cuirfidh mé geall **nach n-déanfadh-sa** leoghan dhíot féin.” B: “Cuirfidh mé geall **go ndéanfadh**,” ar sise. (LNÉ 5, 8) → “... Cuirfidh mé geall nach ndéanfása leon dhíot féin.” B: “Cuirfidh mé geall go ndéanfadh,” ar sise; “... Fiafróchadh sí dhíot ann sin **a leigfidh tú** ar marcúigheacht uirri í. Abair thusa **go leigfir ...**” (LNÉ 6, 5) “... Fiafróidh sí dhíot ansin an ligfidh tú ar marcaíocht uirthi í. Abair thusa go ligfir ...”; “Nois a mhic a ríogh,” adeir sí, “**bhfuil tú** i nann trí chleas a lóin a’s gaisgeadh a dhéanadh? **Má táthair**, b’fhéidir go n-éireochaidh leat indiu.” (LNÉ 11, 4) → “Anois, a mhic a rí,” a deir sí, “an bhfuil tú in ann trí chleas an lóin is gaisce a dhéanamh? Má táir, b’fhéidir go n-éireoidh leat inniu.”; A: “**Dá dtugthá** éinín fuiseóige chugam,” adeir sí, “is é do bheinn iarraidh.” B: “**Tiubhrad** go deimhin,” adeir an t-athair ... (LNÉ 14, 1) → A: “Dá dtugthá éinín fuiseoige chugam,” a deir sí, “is é a bheinn a iarraidh.” B: “Tiúrfad, go deimhin,” a deir an t-athair

Tá sampla amháin d’fhoirm mhacalla sa lámhscríbhinn a bhfuil an fhoirm tháite i gceist léi, agus úsáideann an scéalaí an fhoirm neamhspleách ina diaidh chomh maith. Chuir mé dais idir an fhoirm mhacalla agus an fhoirm tháite sa leagan cóirithe den scéal seo.

A: “...Tiubhradh mé do mheádhchan féin óir dhuit, acht caith dhíot an hata sin ort tá sé ró-mhór agat.” B: “Muisé go deimhin féin **ní bhainfead mé** [dhíom é],” arsa Conchubhar

(LNÉ 16, 9) → A: “...Tiúrfaidh mé do mheáchan féin óir dhuit, ach caith dhíot an hata sin ort, tá sé rómhór agat.” B: “Muise go deimhin féin, ní bhainfead – mé [dhíom é],” arsa Conchúr....

2.10.10 ‘Mara’ agus ‘Muna’

Tá samplaí den dá fhoirm den chónasc ‘mara’ agus ‘muna’ le fáil sa lámhscríbhinn. Níl ach samplaí de ‘mara’ le fáil sna scéalta go dtí an dara scéal déag, Ruaín Mac an Chonchúraigh, agus tá malartú idir mara agus muna uaidh sin go dtí deireadh na scéalta. Leanann na haimsirí ar fad, an modh coinníollach agus an modh foshuiteach láithreach ‘mara’ sa lámhscríbhinn. Tagann samplaí den aimsir láithreach agus fháistineach, den mhodh coinníollach agus den mhodh foshuiteach láithreach i ndiaidh ‘muna.’ Tá samplaí de ‘mara’ agus ‘muna’ roimh an gcopail sna scéalta. Luann Finck (1899, Iml. 1: 151) go bhfuil an fhoirm “marə” ar cheann de na cónaisc a thagann roimh an gcopail, ach ansin san fhoclóir (1899, Iml. 2: 198), luann sé an fhoirm “munə.” I sliocht as na nótaí a scríobh Pedersen ar shaothair Finck, nótaí a thugtar ag deireadh an dara himleabhair de shaothair Finck (1899, Iml. 2: 286), deir Pedersen gur chóir dhá iontráil nua a chur leis an bhfoclóir - “mar ə” agus “marəb, mar ə” – agus go mbaineann an dara hiontráil acu siúd leis an gcopail. Seo i mo dhiaidh roinnt samplaí ón lámhscríbhinn – cuirtear cló trom ar ‘mara,’ ‘mura’ agus na foirmeacha briathartha a leanann iad:

“... **mara ngabh** mé féin isteach a deanadh cleas.” (LNÉ 1, 15) → “... mara ngabhfaidh mé féin isteach ag déanadh cleas.”; “... Níl fhios agam ceurd a dheunfas mé dhe **mara n-deanfaidh** mé pinse snaoisín nó é chur de shéideóg i b-poll talmhan.” (LNÉ 2, 5) → “... Níl a fhios agam céard a dhéanfas mé dhe, mara ndéanfaidh mé pinse snaoisín nó é a chur de shéideog i bpoll talún.”; Dubhairt fathach na dhá g-ceann ná raibh aon eolas aige féin air **mara raibh** aon tuairisg ag a dhearbhráthair air ... (LNÉ 2, 6) → Dúirt fathach na dhá gceann ná raibh aon eolas aige féin air, mara raibh aon tuairisc ag a dheartháir air

...; “... níl fhios agam céard a dhéanfas mé leis **muna g-cuirfidh** mé de shéideóg san aeir é.” (LNÉ 19, 6) → “... níl a fhios agam céard a dhéanfas mé leis, muna gcuirfidh mé de shéideog san aeir é.”; “Támuid cailte anois!” adeir inghín na Sgolóige, “**muna féidir** liomsa an oiread draoidheacht a chur ar m’athair ...” (LNÉ 13, 11) → “Tá muid cailte anois,” a deir Inín na Scolóige, “muna féidir liomsa an oiread draíocht a chur ar m’athair ...”; “Níl aon eólas agam-sa ar an bhfear sin,” adeir an fathach, “**muna bhfuil** aon eólas ag mo dhearbhráthair air ...” (LNÉ 13, 5) → “Níl aon eolas agamsa ar an bhfear sin,” a deir an fathach, “muna bhfuil an eolas ag mo dheartháir air ...”

2.10.11 ‘Sul’ agus ‘Sula’

Tá neart samplaí le fáil sa lámhscríbhinn de dhá fhoirm den chónasc ‘sul mar’ agus ‘sul.’ Deir Munch-Pedersen (1994: liii) gurb é [so:r] an fhoirm a bhí ag scéalaí Holger Pedersen, Máirtín Neile Ó Conghaile, agus gurb é ‘sór’ an leagan a scríobh Munch-Pedersen ina leabhar féin. Luann Finck (1899, Iml. 1: 225) an fhoirm ‘sol’ ina fhoclóir. Seo i mo dhiaidh roinnt samplaí ón lámhscríbhinn:

“... ní bheidh tú anuas aríst **sul** thioctas m’athair ...” (LNÉ 2, 11) → “... ní bheidh tú anuas aríst sul’ thioctas m’athair ...”; ... Nuair a fuair Mánus an t-airgead, chuaidh sé ag ól braon beag **sul mar** ghabhadh sé abhaile (LNÉ 4, 9) → ... Nuair a fuair Mánus an t-airgead, chuaigh sé ag ól braon beag sul mar ’ ghabhfadh sé abhaile; “Bhí fios agam air **sul mar** d’fhág tú an teach ar maidin ...” (LNÉ 12, 2) → “Bhí fios agam air sul mar ’ d’fhág tú an teach ar maidin ...”; “... Is maith an saoghal a gheobhas mé **sul mar** bheas a bhfuil d’éadach agam caithte.” (LNÉ 12, 3) → “... Is maith an saol a gheobhas mé sul mar ’ bheas a bhfuil d’éadach agam caite.”; níor chómhnuigh sé go ndeachaidh sé chomh fada le ceárdcha an ghabha a mbíodh sé ag obair dó, **sul** chuaidh sé do’n rioghacht iochtarach (LNÉ 19, 9-10) → níor chónaigh sé go ndeachaigh sé chomh fada le ceárta an ghabha a mbíodh sé ag obair dó, sul’ chuaigh sé don ríocht íochtarach.

2.10.12 An Modh Foshuiteach Caite

Tá roinnt samplaí den mhodh foshuiteach caite le fáil sa lámhscríbhinn. Baineann an chuid is mó de na samplaí leis na briathra neamhrialta. Seo i mo dhiaidh cúpla sampla ó na scéalta:

“Dá bhfághainnse an tríomhadh lucht le n-ól badh gearr an mhoill orm é sin fhághail dhuit ...” (LNÉ 6, 4) → “Dá bhfaighinnse an tríú lucht le n-ól, ba gearr an mhoill orm é sin a fháil dhuit ...”; “... dá dteidhinnse ar an gcolainn chéadna a raibh mé cheana uirri, sleagh na bhfiann a’s ní bhainfeadh anuas mé.” (LNÉ 7, 7) → “... dá dtéinnse ar an gcolainn chéanna a raibh mé cheana uirthi, is leá na bhFiann is ní bhainfeá anuas mé; “D’iarr mé air,” adeir an Cheathramhach, “chuile dhuine a thiocfadh a goid in mo gharrdha gan iad feudachtáil corrughadh as go mbeirinnse orra agus go mbaininn mo shásamh dhíobh.” (LNÉ 9, 3) → “D’iarr mé air,” a deir an Cearrbhach, “chuile dhuine a thiocfadh ag goid in mo gharraí gan iad féadachtáil corrú as, go mbeirinnse orthu agus go mbaininn mo shásamh dhíobh.”; “... céard déarfá dá dtugainnse an leath-chloch d’óir dhuit atá d’easbaidh ort?” (LNÉ 12, 2) → “...céard ’ déarfá dá dtugainnse an leathchloch d’óir dhuit atá d’easpa ort?”; “Dá dtugthá éinín fuiseóige chugam,” adeir sí, “is é do bheinn iarraidh.” (LNÉ 14, 1) → “Dá dtugthá éinín fuiseoige chugam,” a deir sí, “is é a bheinn a iarraidh.”; Dubhairt sí leis dá dteidheadh sé abhaile chuig a athair go mbeadh aithmheula air (LNÉ 15, 7) → Dúirt sí leis dá dtéadh sé abhaile chuig a athair go mbeadh aiféala air.

2.10.13 ‘(in)sa(n)’ Móide Séimhiú

Feictear neart samplaí sna scéalta den mhúnla ‘(in)sa(n)’ móide urú, tréith aitheanta de chuid Ghaeilge Chonnacht, ach tá roinnt samplaí freisin den mhúnla ‘(in)sa(n)’ móide séimhiú le fáil sa lámhscríbhinn. Faightear samplaí den mhúnla ‘(in)sa(n)’ móide séimhiú ag scéalaí Holger Pedersen, Máirtín Ó Conghaile (‘Máirtín Neile’). Fágtagar múnla an tséimhithe i ndiaidh ‘(in)sa(n)’ mar atá sé sa lámhscríbhinn. Tosaíonn an chuid is mó de

na hainmfhocail sna scéalta a bhfuil an múnla '(in)sa(n)' móide séimhiú le feiceáil orthu leis an litir 'c.' Féach thíos roinnt samplaí ó na scéalta:

sa chathaoir (LNÉ 2, 2) → sa chathaoir; ins a' chaisleán (LNÉ 6, 9) → insa chaisleán; insa charróig (LNÉ 7, 8) → insa charóg; 'sa' phurtán (LNÉ 7, 8) → sa phortán; sa' chluíd (LNÉ 8, 3) → sa chluíd; 'sa pháirc (LNÉ 13, 2) → sa pháirc; 'sa chasaoid (LNÉ 13, 3) → sa chasaoid; sa chúirt (LNÉ 15, 5) → sa chúirt; ins a cheann (LNÉ 16, 1) → insa cheann; sa cheathramha (LNÉ 16, 4) → sa cheathrú; san choill (LNÉ 16, 5) → sa choill; ins an chómhra (LNÉ 18, 5) → insa chomhra; ins an pholl (LNÉ 19, 2) → insa pholl; ins a chóisde (LNÉ 19, 14) → insa chóiste.

CAIBIDIL 3

3.0 Scéal 1. An Eala Bhán, Inín Rí FoThoinn

Bhí fear ann fadó agus is fadó bhí a raibh Ridire Mac Rí [in] Éirinn mar ainm air. Bhí triúr mac aige. Ní raibh duine ar bith an uair [sin] a mbeadh triúr clainne aige nach gcaithfeadh²⁶ duine acu a thabhairt don deachma. Ní raibh a fhios ag Ridire cé acu a thiúrfadh sé dhó. Ba mhó an cion a bhí aige ar an mac óg ná ar ceachtar den bheirt eile. Is é an t-ainm a bhí air – Ridire – an t-ainm a bhí air fhéin, agus níor mhaith leis scaradh leis.

Chuaigh sé go dtí an seandall glic go mbeadh a fhios aige céard a dhéanfadh sé. Dúirt an seandall glic leis iad a chur ar scoil trí lá i ndiaidh a chéile agus cébí acu a bheadh ar deireadh teacht abhaile na trí lá, é sin a thabhairt don deachma. Bhí go maith agus ní raibh go holc. Chuir sé [ch]un na scoile iad²⁷ lá arna mháireach agus dúirt sé leo cébí duine acu a bheadh ar deireadh teacht abhaile tráthnóna, go mbainfeadh sé an ceann de leis an tua a bhí ina láimh aige. D'imíodar leo [ch]un na scoile²⁸ agus nuair a bhíodar ag teacht abhaile tráthnóna, bhíodar ag rith agus a choimhlint le chéile, ach ba gearr gur thosaigh a bhróig ag luí ar laidhricín cois deis Ridire. B'éigin dó suí síos agus a bhróig a bhaint de. Bhí an bheirt eile imithe uaidh ansin agus badh é an duine deireanach a tháinig abhaile an lá sin é, a bhróig ina láimh aige agus é bacach. Chuadar [ch]un na scoile²⁹ lá arna mháireach aríst, agus nuair a bhíodar ag teacht abhaile tráthnóna, d'éirigh an cleas céanna do Ridire. B'éigin dó suí síos agus a bhróig a bhaint de. Bhí an bheirt eile insa mbaile roimhe nuair a tháinig sé, ag iompar a bhróige agus é bacach. D'imíodar an tríú lá agus nuair a bhíodar ag rith abhaile tráthnóna, bhí a bhróig ag luí air – mo Ridire bocht – agus b'éigin dó suí síos agus í a bhaint de. Níor fhan an bheirt eile leis ach rith leo agus bhíodar insa mbaile roimhe.

²⁶ Ls.: 'nach gcaithfid.'

²⁷ Ls.: 'Chuir sé na sgoile.'

²⁸ Ls.: 'D'imthigheadar leo na sgoile.'

²⁹ Ls.: 'Chuaidheadar na sgoile.'

“A Ridire,” a deir an t-athair leis, nuair a tháinig sé, “is tú a chaithfeas imeacht i ndiaidh do chinn romhat. Is tú an mac is measa liom dá bhfuil agam ach níl neart agam air. Caithfidh mé duine agaibh a thabhairt don deachma agus is ortsa a thit an crann.”

“Is mairg dhuit nár inis é sin cheana dhom,” arsa Ridire, “agus gan a bheith ag baint an choisíocht sin asainn le trí lá. Níl diúltú³⁰ ar bith agamsa imeacht mar sin.”

Thosaigh Ridire dhá fháil fhéin réidh le n-imeacht. Dúirt a mháthair leis fanacht go ndéanfadh sí trí chaca dhó. D’f[h]uin sí na trí chaca as a bainne cíoch agus thug sí dhó iad. Chuir Ridire isteach ina bhrollach iad agus d’imigh sé i ndiaidh a chinn roimhe. Bhí Ridire ag siúl agus ag síorshiúl roimhe go deo go dtáinig sé go dtí caisleán mór a bhí istigh i bpáirc. Bhuail sé isteach ann. Bhí bean óg ’na suí le hais na fuinneoige agus í ag réiteach a cinn. Bhí cathaoir socraithe i lár an urláir. Shuigh Ridire ar an gcathaoir agus nuair a chonaic an bhean óg é, scread sí amach:

“Éirigh as an gcathaoir sin, nó má bhíonn tú inti nuair a thioctas m’athair isteach, maróidh sé thú. Níl sé d’alúntas againn fhéin suí inti sin. Níor shuigh aon nduine insa gcathaoir sin ó socraíodh ansin í agus ní shuífidh,³¹ nó go dtaga³² Ridire Mac Mic Rí Éireann agus go suí sé inti. Is dhó a cuireadh ansin í.”

“Is cuma cé dhó a cuireadh ann í,” a deir Ridire, “ach ní dochar dhomsa mo scíth a ligean inti ó tharla mé tursach.”

Ní raibh sé i bhfad gur airíodar an fathach ag teacht agus é ag déanamh oíche den lá leis an gcoill mhór a bhí ar a dhroim aige. Chaith sé anuas ar an talamh í agus chraith an caisleán ó bhun go barr leis an bhfuaim a bhain sé as.

“Fú, fá, féasóg!” arsa an fathach ag teacht isteach, “faighim boladh an Éireannach bhréagach bhradach. Is mór liom de ghreim é, is beag liom de dhá ghreim é. Níl a fhios

³⁰ Ls.: ‘diúlta ar bith.’

³¹ Ls.: ‘ní shuidhe.’

³² Ls.: ‘go dtagadh.’

agam céard a dhéanfas mé leis, mara ndéanfaidh mé pinse snaoisín dhe nó é a chur de shéideog i dtalamh.”

“Ná raibh maith agat, a fhathach ladhrach shalach, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa,” a deir Ridire, ag tarraingt amach ceann de na cácaí agus dá chaitheamh anonn chuige.

Rug an fathach air agus bhain sé greim as, ansin, d’aithin sé bainne cíoch a dheirfíre dá fhuint.

“Gairim agus coisricim³³ thú, mac aon deirfiúr amháin a bhí in Éirinn agam. Nárbh olc an chóir bia ba mhian liom a chur ort? An tusa a thug t’athair don deachma?”

“Is mé,” a deir Ridire.

“Ná raibh maith ag an mbodach?” arsa an fathach, “má castar an bealach seo choíche é, bainfidh mise faic as, ach ní casfar ó chuir sé thusa ann. Ba tusa an mac ab fhearr a bhí aige fhéin.”

Chaith sé go maith leis an oíche sin agus nuair ná raibh aon mhaith aige le déanamh dhó, chuir sé mada beag leis go dtí teach a dhearthára ar maidin lá arna mháireach – fathach eile mar é féin. Nuair a tháinig an mada beag go dtí an geata, chas sé ar ais abhaile agus chuaigh Ridire isteach. Bhí chuile rud sa teach seo go díreach mar ’bhí sa teach eile, an chathaoir socraithe i lár an urláir agus an bhean óg ’na suí ag an bhfuinneog ag réiteach a cinn. Shuigh Ridire ar an gcathaoir agus nuair a chonaic an bhean óg é, dúirt sí leis éirí aisti nó dá mbeadh sé ina shuí inti nuair a thiocfadh a hathair isteach, go maródh sé é.

“Níor shuigh aon nduine insa gcathaoir sin ó socraíodh ansin [í],” ar sí, “agus ní shuífidh,³⁴ nó go cébí lá a dtiocfaidh Ridire Mac Mic Rí Éireann. Is dhó a socraíodh an chathaoir sin ansin.”

“Is cuma cé dhó a socraíodh ann í,” a deir Ridire, “ach ní dochar dhomsa mo scíth a ligean inti ó tharla mé tursach.”

³³ Ls.: ‘Goirm agus g-coisrigim.’

³⁴ Ls.: ‘ní shuidhe.’

Ba garr gur airíodar an fothram ag an bhfathach mór ag teacht agus é ag déanamh oíche den lá leis an gcoill a bhí ar a dhroim aige. Nuair a chaith sé anuas dá dhroim í, chraith sé an caisleán ó bhun go barr³⁵ leis an bhfuaim a bhain sé amach.

“Fú, fá, féasóg!” arsa an fathach ag teacht isteach, “faighim boladh an Éireannach bhréagach bhradach. Is mór liom de ghreim é, is beag liom de dhá ghreim é, agus níl a fhios agam céard a dhéanfas mé dhe, mara ndéanfaidh mé pinse snaoisín, nó é a chur le séideog i dtalamh.”

“Shoraidh³⁶ ort, a fhathach ladhrach ghránna, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa,” a deir Ridire, ag tarraingt amach ceann eile de na cácaí agus dá chaitheamh anonn chuige. Rug an fathach ar an gcáca agus bhain sé greim as. Nuair a bhain, d’aithin sé bainne cíoch a dheirfíre dá fhuint.

“Gairim agus coisricim³⁷ thú, mac aon deirfiúr amháin a bhí in Éirinn agam!” arsa an fathach, “nárbh olc an chóir a shíl mé a chuir ort? An tusa a thug t’athair don deachma?” “Is mé,” a deir Ridire.

“Ná raibh maith ag an mbodach?” arsa an fathach, “má castar an bealach seo choíche é, bainfidh mise faic as, ach ní casfar ó chuir sé thusa ann.”

Chaith an fathach go maith le Ridire an oíche sin agus ar maidin lá arna mhárach, nuair ná raibh aon mhaith aige fhéin le déanamh dhó, chuir sé mada beag leis go dtí teach a dhearthára, fathach eile mar é féin. Nuair a tháinig an mada beag chomh fada leis an ngeata, d’f[h]ill sé ar n-ais abhaile agus chuaigh Ridire isteach. Bhí chuile rud ansin go díreach mar ’ bhí insa dá theach eile. Shuigh Ridire ar an gcathaoir a bhí i lár an urláir agus nuair a chonaic an bhean óg é, dúirt sí leis éirí as an gcathaoir, nó dá mbeadh sé inti nuair a thiocfadh a hathair isteach, go sloigfeadh sé é.

³⁵ Ls.: ‘go bhárr.’

³⁶ Ls.: ‘thorraí.’

³⁷ Ls.: ‘Goirm agus g-coisrigim.’

“Níor shuigh aon nduine ar an gcathaoir sin ó socraíodh ansin í, nó go cébí lá choíche a dtiocfaidh Ridire Mac Mic Rí Éirinn. Is dhó a socraíodh an chathaoir sin ansin.”

“Is cuma cé dhó a socraíodh ann í,” a deir Ridire, “ach ní dochar dhomsa mo scíth a ligean inti ó tharla mé tursach.”

Ní raibh sé i bhfad gur airíodar an cartadh ag an bhfathach ag teacht agus é ag déanamh oíche den lá leis an gcoill mhór a bhí ar a dhroim aige. Nuair a chaith an fathach an choill dhe, shíl Ridire go raibh an caisleán anuas ’na mhullach leis an gcraitheadh a bhain sé as. “Fú, fá, féasóg! Faighim boladh an Éireannach bhréagach bhradach. Is mór liom de ghreim é, is beag liom de dhá ghreim é, agus níl a fhios agam céard a dhéanfas mé dhe, mara ndéanfaidh mé pinse snaoisín nó é a chur le séideog i dtalamh,” arsa an fathach, ag teacht isteach.

“Drochrath ort, a fhathach ladhrach shalach, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa,” a deir Ridire, ag tarraingt amach an tríú cáca agus dá chaitheamh anonn chuige.

Rug an fathach air agus bhain sé greim as agus nuair a bhain, d’aithin sé bainne cíoch a dheirfíre dá fhuint.

“Gairim agus coisricim³⁸ thú, mac aon deirfiúr amháin a bhí in Éirinn agam. Nárbh olc an deis a shíl mé a chuir ort? An tusa a thug t’athair don deachma?”

“Is mé,” a deir Ridire.

“Ná raibh maith aige muise?” a deir an fathach, “má castar an bealach seo choíche é, bainfidh mise faic as, ach ní casfar ó chuir sé thusa ann. Ba tusa an mac ab fhearr a bhí aige fhéin.”

Chaitheadar an oíche sin go sóúil agus ar maidin lá arna mháireach, dúirt an fathach le Ridire go dtiocfadh trí eala dhéag ar an loch a bhí tamall beag siar ón teach.

“Sin iad,” a deir sé, “an Eala Bhán, Inín Rí FoThoinn, agus a dháréag mná coimhdeachta. Beidh cochall dubh faoi mhuineál an Eala Bhán agus cochail gheala faoi mhuineáil an

³⁸ Ls.: ‘Goirm agus g-coisrigim.’

chuid eile. Bainfidh siad na cochail dhíobh nuair a bheidh siad ag dul ar snámh. Gabh tusa ar scáth cloch agus nuair a gheobhfas tú amuigh iad, tabhair leat an cochall dubh agus coinnigh é. Is í an Eala Bhán an chéad cheann a thiocthas isteach agus nuair a gheobhaidh sí a cochall imithe, tosóidh sí ag bualadh a croí is ag cromadh³⁹ anuas faoin talamh le neart aicis agus oile, agus déarfaidh sí más mac gadaí caorach nó gabhar a ghoid a cochall uaithi, é a thabhairt chuici agus go bpósfaidh sí é. Gabh thusa anonn go dtí í ansin agus abair léi nach mac gadaí gabhar nó caorach thú, ach Mac Rí a bhfuil fuil ann chomh maith agus 'tá inti fhéin. Tabharfaidh mise dhuit anois claidheamh solais a bhéarfais bua ins chuile chath dá mbeidh tú ann. Tabharfaidh mé an each chaol donn dhuit a bhéarfais ar an ngaoth Mhárta a bheas roimpi, agus nach mbéarfadh an ghaoth Mhárta a bheas 'na diaidh uirthi, agus tiúrfaidh mé culaith ghaisce dhuit ná raibh a leithéid ar aon ghaiscíoch ariamh. Agus seo píosa arán donn dhuit agus aon uair a bhreathnós tú thríd, ní fhanóidh tart⁴⁰ ná ocras ná tursa ort.”

Bhí sin go maith. D'imigh Ridire leis go dtí an loch agus chuaigh sé ar scáth cloch mhór a bhí ann. Timpeall an dó dhéag, chonaic Ridire na trí eala dhéag ag teacht. D'íslíodar ar bhruach na locha agus chaitheadar dhíob[h] a gcuid cochail. Ar an bpointe, bhíodar 'na dtrí mbean déag. Chuadar amach ar snámh agus nuair a fuair Ridire amuigh iad, tháinig sé agus thóg sé leis an cochall dubh. Badh í an Eala Bhán an chéad cheann a tháinig isteach agus nuair a fuair sí a cochall imithe, thosaigh sí dhá bualadh féin anuas faoin talamh le neart aicis agus oile, agus dúirt sí:

“Más mac gadaí caorach nó gabhar a thug mo chochall uaim, tugadh⁴¹ sé chugam é agus pósfaidh mé é.”

Tháinig Ridire anall ansin agus a cochall ina láimh aige, agus dúirt sé:

³⁹ Ls.: ‘a croidhe 'sa cuma.’

⁴⁰ Ls.: ‘thart.’

⁴¹ Ls.: ‘thugadh.’

“Ní mac gadaí caorach nó gabhar mé, ach Mac Rí a bhfuil fuil ann chomh maith agus ’tá ionat féin.”

Thug sé dhi an cochall ansin.

“An bhfuil gléas marcaíocht agat, a Mhic an Rí?” a deir an Eala Bhán.

“Tá,” a deir Ridire.

Thug sé leis an each chaol donn a fuair sé ón bhfathach agus chuaigh an Eala Bhán ar marcaíocht uirthi.

“Gabh suas taobh thiar dhíom anois,” a deir sí le Ridire.

Chuaigh. Nuair a bhí an bheirt acu ar marcaíocht, thug an Eala Bhán fuip agus spoir don chapall gur éirigh sí de léim insa spéir. Rinne an Eala Bhán trí chleas an leoin⁴² is gaisce agus rinne Ridire ina diaidh é.

“An bhfuil tú agam anois, a Mhic an Rí?” a deir sí, nuair a tháingeadar anuas ar an talamh aríst.

“Táim,” a deir Ridire.

Thug sí fuip agus spoir níb’ fhearr ná sin don chapall gur éirigh sí níb’ aoirde insa spéir.

Rinne an Eala Bhán trí chleas an leoin⁴³ is gaisce agus rinne Ridire ina diaidh é.

“An bhfuil tú agam anois, a Mhic an Rí?” a deir sí, nuair a tháingeadar anuas ar an talamh.

“Táim,” a deir Ridire.

Thug sí fuip agus spoir níb’ fhearr ná sin don chapall gur éirigh sí níb’ aoirde ná sin insa spéir. Rinne an Eala Bhán trí chleas an leoin⁴⁴ is gaisce agus rinne Ridire ina diaidh é.

“An bhfuil tú agam anois, a Mhic an Rí?” a deir sí le Ridire, nuair a tháingeadar anuas ar an talamh an tríú uair.

“Táim,” a deir Ridire.

“Is Mac Rí gan aimhreas thú,” a deir sí.

⁴² Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

⁴³ Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

⁴⁴ Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

Sin é an chaoi ar bhfuair sí amach gur gaiscíoch a bhí ann. Thug an Eala Bhán aghaidh an chapall ar áit cónaithe a hathar agus d'imíodar leo ar nós na gaoithe, gur tháingeadar i ngar do Chúirt Rí FoThoinn.

“Anois,” a deir an Eala Bhán le Ridire, “bainfidh tú an tsrian de do chapall agus scaoilfidh tú amach insa bpáirc í atá le hais an tí. Tosóidh tú fhéin ag siúl suas agus anuas agus nuair a fheicfeas m'athair thú, cuirfidh sé an stíobhard amach ag fiafrú céard atá uait. Abair leis go bhfuil tú ar thóraíocht máistir. Tiocfaidh m'athair amach ansin nuair a inseos an stíobhard dó é agus fiafróidh sé dhíot cén sórt obair a dhéanfá. Abair leis obair ar bith a thabharfaidh sé dhuit. Fiafróidh sé dhíot ansin cén tuarastal a bheas uait. Abair leis nach mbeidh tú ag iarraidh tuarastal ar bith, ach ligean dhuit codladh i seomra na seod. Déarfadh sé go ligfidh, agus fáilte. Sílfidh m'athair dá mbeifeá ag tarraingt capall is carr thríd an seomra sin, nach mbeadh aon fhaill agat mise a fheiceál mar gheall ar an draíocht, ach tiocfaidh mise go dtí thú ann.”

Bhí go maith. Chuir an Eala Bhán an cochall faoina muineál agus d'imigh sí léi tríd an spéir 'na heala ghléigeal. Nuair a tháinig Ridire chomh fada leis an bpáirc a d'inis sí dhó, bhain sé an tsrian den each chaol donn agus scaoil sé amach í. Thosaigh sé fhéin ag siúl suas agus anuas mar ' dúirt an Eala Bhán leis. Níorbh fhada go dtáinig an stíobhard amach ag fiafrú de Ridire céard a bhí uaidh.

“Ar thóraíocht máistir atá mé,” a deir Ridire.

Chuaigh an stíobhard ar ais agus d'inis sé don Rí é. Tháinig an Rí fhéin amach ansin agus d'fhiafraigh sé de Ridire cén sórt obair a dhéanfadh sé.

“Obair ar bith a thabharfas tú dhom le déanamh,” arsa Ridire.

“Cén tuarastal a bheas tú a iarraidh?” arsa an Rí.

“Ní bheidh mé ag iarraidh tuarastal ar bith, ach mé a ligean a chodladh i seomra na seod,” arsa Ridire.

“Ligfear a chodladh ansin thú, agus fáilte,” a deir an Rí.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. Chuadar isteach insa gcúirt ansin agus d’ordaigh an Rí bia a fháil do Ridire. Fritheadh dhó é agus nuair a bhí sé ite aige, dúirt an Rí leis a dhul a chodladh go ceann naoi n-oíche agus naoi lá. Chuaigh Ridire a chodladh i seomra na seod agus ní raibh sé i bhfad ann, nuair a tháinig an Eala Bhán go dtí é. Bhí sí ag múineadh draíocht dhó ar feadh na naoi n-oíche agus naoi lá. Nuair a bhí an lá deireanach thuas, dúirt an Eala Bhán le Ridire go raibh a hathair ag teacht dhá dhúiseacht agus ligean air fhéin go raibh sé ina chodladh. D’imigh sí fhéin ansin. Ní raibh sé i bhfad ’na dhiaidh nuair a bhuail an Rí ag an doras, agus d’fhiafraigh sé:

“A Ridire, an bhfuil tú i do shuí?”

“Táim ag éirí anois, go díreach,” a deir Ridire.

Nuair a bhí a bhriocfosta ite aige, d’fhiafraigh sé den Rí cén sórt obair a bhí aige le déanamh inniu.

“Gabh síos,” a deir an Rí, “agus tabhair chugam siléar buidéil ón bhfathach atá ina chónaí ansin thíos.”

D’imigh Ridire leis agus ní rinne sé stad nó cónaí gur bhuail sé ag doras an fhathaigh. Tháinig an fathach amach gan mhoill.

“A mhac a phéisteánach! A mhac an éisteánach! A mhac Ridire Mhic Rí [in] Éirinn! Ba chóra dhuit fanacht insa mbaile ag piocadh fataí beaga as luaith⁴⁵ na hÉireann, ná a theacht ag cur catha nó cogadh ormsa. Ach ó tharla go bhfuil tú anseo anois, cé is fearr leat, [a dhul] ag troid ar leacracha geala míne nó, ag sá sceana glasa i mbarr easnacha a chéile?”

“Is fearr liom [a dhul] ag troid ar leacracha geala míne,” a deir Ridire, “in áit a mbeidh mo chosa geala míne in uachtar agus do chrága móra garbha in íochtar.”

Sin é an áit a raibh an choraíocht agus an charaíocht acu nó go raibh an ghrian ag dul faoi.

Bhí an fathach ag fáil an cheann ab fhearr anois mar bhí Ridire dá lagan leis an ocra.

⁴⁵ Ls.: ‘luaidh.’

Nuair a fuair sé an fhaill ar an bhfathach, léim sé ar gcúl uaidh, tharraing sé amach a phíosa arán donn agus bhreathnaigh sé thríd. Níor fhan tart nó ocras nó tursa ar an nóiméad air. Thug sé faoin bhfathach aríst agus bhí an oiread sin fuadar agus teannadh leis gur chu[i]r sé go glúine den chéad iarraidh é. Chuir sé den dara hiarraidh go básta é agus den tríú hiarraidh go muineál.

“Tá mo cheann agus mo choimeád beatha agat,” a deir an fathach.

“Tá,” a deir Ridire.

“Má ligeann tú mo cheann agus mo choimeád beatha liom,” ’deir an fathach, “tiúrfaidh mé dhuit an claidheamh solais is fearr a bhí ag aon ghaiscíoch ariamh.”

“Cá bhfaighidh mé an claidheamh solais sin?” deir Ridire.

“Gheobhaidh tú ar chúl an chrann sin thall é,” arsa an fathach.

“Cé air a bhféachfaidh mé a fhaobhar?” a deir Ridire.

“Féach ar an smután bréan sin thall é.”

“Níl smután ar bith ann is bréine ná⁴⁶ is gráinne ná do smután féin,” a deir Ridire, ag tarraingt buille ar chloigeann an fhathaigh a chuir ag feadaíl ag dul⁴⁷ suas é agus ag crónán ag teacht anuas.

Nuair a bhí sé i ngar dá bheith abhus, thug Ridire buille eile dhó a chuir seacht bpéirse as láthair é.

“Níorbh fholáir dhuit,” a deir an ceann, “nó dá dtiocfainnse ar an gcolainn chéanna a raibh mé cheana air, seacht sleá na bhFiann ná seacht gcraitheadh na gcrann ’s ní bhainfí⁴⁸ anuas mé.”

“B’fhurasta dhomsa thú a choinneál abhus nuair a bhí tú abhus, ná thú a bhaint anuas nuair a bhí tú thuas.”

⁴⁶ Ls.: ‘na.’

⁴⁷ Ls.: ‘a gul.’

⁴⁸ Ls.: ‘ní bhainfidh.’

Chuaigh Ridire isteach sa gcúirt agus thug sé leis abhaile an siléar buidéil. Nuair a bhí a shuipéar ite aige, dúirt an Rí leis a dhul a chodladh go ceann naoi n-oíche agus naoi lá eile. Chuaigh, agus níorbh fhada go dtáinig an Eala Bhán go dtí é. Bhí sí ag múineadh draíocht dó ar feadh na naoi n-oíche agus naoi lá. Nuair a bhí an lá deireanach suas, dúirt sí le Ridire go dtiocfadh a hathair dá dhúiseacht agus ligean air fhéin go raibh sé ina chodladh. D'imigh sí léi ansin agus níorbh fhada go dtáinig an Rí ag bualadh ag an doras. “An bhfuil tú i do shuí, a Ridire?” ar seisean.

“Táim ag éirí anois, go díreach,” a deir Ridire.

Tháinig sé anuas agus nuair a bhí a bhéilí ite aige, d'fhiafraigh sé den Rí céard a ghabhfadh sé a dhéanamh inniu.

“Téirigh agus faigh siléar eile buidéil ón bhfathach mór atá ina c[h]ónaí ansin thíos.”

D'imigh Ridire agus níor stad agus níor chónaigh sé gur bhuail sé ag doras an fhathaigh. Tháinig an fathach mór amach agus buile air.

“A mhac a phéisteánach! A mhac an éisteánach! A mhac Ridire Mhic Rí Éireann! Ba chóra dhuit fanacht insa mbaile ag piocadh fataí beaga as luaith⁴⁹ na hÉireann, ná a theacht ag cur catha nó cogadh ormsa. Mharaigh tú mo dheartháir cheana ach ní rachaidh leat inniu,” arsa an fathach, “cé is fearr leat, ag troid ar leacracha geala míne nó ag sá sceana glasa i mbarr easnacha a chéile?”

“Is fearr liom a dhul ag troid ar leacracha geala míne,” a deir Ridire, “in áit a mbeidh mo chosa geala míne in uachtar agus do chrága móra garbha in íochtar.”

Ritheadar ina chéile ansin agus bhíodar ag cor agus ag car a chéile nó go raibh an ghrian ag dul faoi, agus an fathach ag fáil an cheann ab fhearr. Nuair a fuair Ridire an fhaill, thug sé léim ar gcúl, tharraing sé amach a pháisa arán donn, agus nuair a bhreathnaigh sé thríd, níor fhan tart nó ocras nó tursa air láithreach. Thug sé faoin bhfathach aríst agus bhí an

⁴⁹ Ls.: ‘luaidh.’

oiread fuinneamh agus spreacadh ann gur chuir sé an fathach go glúine den chéad iarraidh. Den dara hiarraidh chuir sé go básta é agus den tríú iarraidh go muineál.

“Tá mo cheann ’s mo choimeád beatha agat,” a deir an fathach.

“Tá,” a deir Ridire.

“Má ligeann tú mo cheann agus mo choimeád beatha liom, tíurfaidh mé dhuit an claidheamh solais is fearr a bhí ag aon ghaiscíoch ariamh.”

“Cá bhfaighidh mé an claidheamh solais sin?” a deir Ridire.

“Gheobhaidh tú ar chúil an chrann sin thall é,” a deir an fathach.

“Cé air a bhféachfaidh mé a fhaobhar anois?” a deir Ridire.

“Féach ar an smután bréan sin thall é.”

“Níl smután ar bith ann is bréine ná do smután fhéin,” a deir Ridire, ag tarraingt buille ar chloigeann an fhathaigh a chuir ag feadaíl ag dul⁵⁰ suas é agus ag crónán ag teacht anuas. Nuair a bhí sé i ngar dá bheith abhus, thug sé buille eile dhó a chuir seacht bpéirse as láthair é.

“Níorbh fholáir dhuit,” a deir an ceann, “nó dá bhfaighinnse mé féin ar an gcolainn chéanna a raibh mé cheana air, seacht sleá na bhFiann nó seacht gcraitheadh na gcrann ’s ní bhainfi⁵¹ anuas mé.”

“B’f[h]urasta dhomsa thú a choinneál abhus nuair a bhí tú abhus, ná thú a bhaint anuas nuair a bhí tú thuas,” a deir Ridire.

Thug sé leis an siléar buidéal as cúirt an fhathaigh agus chuaigh sé abhaile. Nuair a bhí a shuipéar ite aige, dúirt an Rí leis a dhul a chodladh go ceann naoi n-oíche agus naoi lá eile. Chuaigh, agus ní raibh sé i bhfad insa seomra, nuair a tháinig an Eala Bhán go dtí é. Bhí sí ag múineadh draíocht dhó ar feadh na naoi n-oíche agus naoi lá. Nuair a bhí an lá deireanach thuas, dúirt sí le Ridire, nuair a thiocfadh a hathair dhá dhúiseacht, ligean air

⁵⁰ Ls.: ‘a gul.’

⁵¹ Ls.: ‘ní bhainfidh.’

fhéin go raibh sé ina chodladh. D'imigh sí fhéin ansin agus níorbh fhada gur bhuail an Rí ag an doras.

“An bhfuil tú i do shuí, a Ridire?” ar seisean.

“Táim ag éirí anois, go díreach,” a deir Ridire.

Nuair a bhí a bhéilí ite aige, d'fhiafraigh sé den Rí céard a bhí le déanamh inniu aige.

“Gabh go dtí an Fia Breac, athair na bhfathanna atá marbh agat, agus faigh siléar buidéil uaidh,” a deir an Rí.

D'imigh Ridire agus níor chónaigh sé go dtáinig sé go cúirt an Fhia Bhric. Bhuail sé ag an doras agus ba gearr go dtáinig an Fia Breac amach agus cuthach air.

“A mhac an éisteánach! A mhac an phéisteánach! A mhac Ridire Mhic Rí Éireann! Ba chóra dhuit fanacht insa mbaile ag piocadh fataí beaga as luaith⁵² na hÉireann, ná a theacht ag cur catha ná cogadh ormsa. Tá mo bheirt mhac marbh agat cheana ach ní thiocfaidh leat inniu. Cé is fearr leat, a dhul ag troid ar leacracha geala míne, nó ag sá sceana glasa i mbarr easnacha a chéile?”

“Is fearr liom a dhul ag troid ar leacracha geala míne,” a deir Ridire, “in áit a mbeidh mo chosa geala míne in uachtar is do chrága móra garbha in íochtar.”

Ritheadar ina chéile ansin agus bhí buile ar an bhFia Breac mar gheall ar a bheirt mhac a bheith marbh ag Ridire roimhe sin. Bhíodar ag cor agus ag car a chéile go dul faoi na gréine. Bhí an Fia Breac ag fáil an ceann in uachtar ar Ridire, mar bhí seisean lag leis an ocras. Chomh luath agus ' fuair sé an fhaill ar an bhfathach, léim sé siar i ndiaidh a chúil agus tharraing sé amach a phíosa arán donn. Nuair a bhreathnaigh sé thríd, níor fhan tart nó ocras nó tursa air. Thug sé iarracht eile faoin bhfathach agus leis an teannadh a bhí leis, chuir sé go glúine é. Chuir sé den dara iarracht go básta é agus den tríú iarracht go muineál.

“Tá mo cheann agus mo choimeád beatha agat,” a deir an Fia Breac.

⁵² Ls.: ‘luaidh.’

“Tá,” a deir Ridire.

“Lig mo cheann agus mo choimeád beatha liom agus tiúrfaidh mé dhuit an claidheamh solais is fearr a bhí ag aon ghaiscíoch ariamh.”

“Cá bhfaighidh mé an claidheamh solais sin?” a deir Ridire.

“Gheobhaidh tú ar chúil an chrann sin thall é,” a deir an fathach.

“Cé air a bhféachfaidh mé a fhaobhar?” a deir Ridire.

“Féach ar an smután sin thall é.”

“Níl smután ar bith is córa dhom a fhéachaint air ná do smután fhéin,” a deir Ridire, ag tarraingt snaidhm ar chloigeann an fhathaigh a chuir ag feadaíl ag dul⁵³ suas é, agus a chrónán ag teacht anuas. Nuair a bhí sé i ngar dá bheith abhus, thug sé cúlbuille eile dhó a chuir seacht bpéirse as láthair é.

“Níor mhór dhuit,” a deir an fathach, “nó dá bhfaighinnse mé féin ar an gcolainn chéanna a raibh mé cheana uirthi, seacht sleá na bhFiann nó seacht gcraitheadh na gcrann ’s ní bhainf⁵⁴ anuas mé.”

“B’f[h]urasta dhomsa thú a choinneál abhus nuair a bhí tú abhus, ná thú a bhaint anuas nuair a bhí tú thuas,” a deir Ridire.

Thug sé leis an siléar buidéal agus chuaigh sé abhaile. Nuair a bhí a shuipéar ite aige, dúirt an Rí leis a dhul a chodladh go ceann naoi n-oíche agus naoi lá eile. Ní raibh sé i bhfad insa seomra nuair a tháinig an Eala Bhán go dtí é. Bhí sí ag múineadh draíocht dhó ar feadh na naoi n-oíche agus naoi lá.

“Anois,” a deir an Eala Bhán nuair a bhí an [lá] deireanach thuas, “ní brí ar bith na fathanna a bhí tú a throid le trí lá le hais an té atá le troid agat inniu, is é sin an Eilid Mhaol, bean an Fhia Bhric agus máthair na bhfathanna eile. Tá go leor draíocht aici agus ní foláir dhuit thú fhéin a chosaint go maith uirthi. Is gearr go dtiocfaidh m’athair anois agus lig ort féin go raibh tú in do chodladh.”

⁵³ Ls.: ‘a gul.’

⁵⁴ Ls.: ‘ní bhainfidh.’

D'imigh sí ansin. Níorbh fhada go dtáinig an Rí agus gur bhuail sé ag an doras.

“An bhfuil tú i do shuí, a Ridire?” a deir sé.

“Táim anois, go díreach,” a deir Ridire.

Chuaigh sé síos agus d'ith sé a bhéilí agus nuair a bhí sé ite aige, d'fhiafraigh sé den Rí céard a bhí le déanamh aige inniu.

“Téirigh go dtí an Eilid Mhaol, bean an Fhia Bhric, agus faigh siléar buidéil uaithi.”

D'imigh Ridire leis ach ní raibh an oiread fuadair faoi is ' bhí na laethanna roimhe sin, mar gheall ar a ndúirt an Eala Bhán leis. Nuair a bhuail sé ag doras cúirt an Eilid Mhaoil, ní raibh a bhuille chomh teann is ' bhíodh sé roimhe sin. Tháinig an Eilid Mhaol amach agus cuthach buile uirthi.

“A bhithiúnaigh!” a deir sí, “an tusa a mharaigh m'fhear agus mo bheirt mhac? Ach ní rachaidh sé leat inniu.”

Rith sí chuige lena stracadh ó chéile ach chosain Ridire é féin uirthi. Rinne sí tarbh dhi féin ansin agus rinne Ridire tarbh eile dhe fhéin. Bhíodar ag adharca a chéile ar feadh tamall maith ach bhí Ridire in ann⁵⁵ di. Rinne sí reithe dhi féin ansin agus rinne Ridire reithe eile dhe fhéin, de bharr a raibh de dhraíocht múinte ag an Eala Bhán dó. Rinne an Eilid Mhaol seabhac dhi féin agus rinne Ridire seabhac dhe fhéin. Bhí an dá sheabhac ag troid a chéile thuas insan aer ach bhí pointe beag níos mó draíocht ag an Eilid Mhaol ná a bhí ag Ridire. Bhí sí in ann ' choinneál⁵⁶ os a chionn i gcónaí, agus í dhá ghonadh lena gob go raibh sé i ngeall le bheith marbh aici. Bhí a fhios ag an Eala Bhán an cruachás a raibh Ridire ann, agus ní rinne sí ach seabhac a dhéanamh dhi féin agus imeacht léi insa spéir, go dtáinig sí os cionn an Eilid Mhaol gur thug sí priocadh dhi a lig marbh go talamh í. Chonaic Ridire ag titim í agus lean sé síos í. Bhí ionadh mór air nuair a chonaic sé an

⁵⁵ Ls.: ‘ionánn.’

⁵⁶ Ls.: ‘ionánn chongbhál.’

Eilid Mhaol 'na seabhac marbh ar an talamh. Ní raibh a fhios aige cén chaoi ar maraíodh⁵⁷ í, mar nach bhfaca sé an seabhac eile [ar] chor ar bith.

Nuair a bhreathnaigh Ridire thairis, ní fhaca sé teach nó cúirt fathaigh nó rud ar bith mar ' bhí roimhe sin. Is é an chaoi a raibh an áit faoi dhraíocht ag na fathaigh agus ní raibh aon fhaill a thógál ó dhraíocht go deo go mbeadh na fathaigh marbh. Ní raibh a fhios ag Ridire cá raibh sé, nó cén chaoi a bhfaigheadh sé a bhealach go dtí cúirt Rí FoThoinn. Ach chuimhnigh sé ar an tsrian a bhí ina bhrollach aige. Tharraing sé amach í agus chraith sé í. Níorbh fhada go dtáinig an each chaol donn chuige. Chuaigh sé ar marcaíocht uirthi agus lig sé a ceann léi, mar ná raibh a fhios aige féin cá dtiúrfadh sé a aghaidh. D'imíodar leo ar nós na gaoithe agus bhíodar ag imeacht nó go raibh sé deireanach tráthnóna. Ba gearr go dtáingadar go dtí teachín beag a bhí ar thaobh an bhóthair. Chuaigh Ridire isteach ann agus d'iarr sé lóistín go maidin.

“Thiúrfadh is fáilte,” arsa bean an tí, “ach is dona linn an áit atá againn le do leithéidse de dhuine uasal breá.”

“Áit ar bith atá sách maith agaibh féin,” a deir Ridire, “tá sé sách maith agamsa. Tá sé mór ag fear siúil nó fear bóthair ar bith locht a fháil ar an áit a mbeidh fear an tí fhéin agus a chomhluadar ag maireachtáil ann.”

“Tá fáilte romhat, mar sin,” a deir bean an tí.

Ghléas sí a shuipéar dhó agus nuair a bhí sé ite aige, shuíodar timpeall an teallaigh agus bhí Ridire ag scéalaíocht agus ag fiannaíocht dhóibh go raibh sé in am codlata.

“Dar mo láimh,” a deir fear an tí, “nach bhfaca mé aon nduine ariamh is mó a mbeadh fonn orm a bheith ag éisteacht leis ag fiannaíocht ná thú, ach an Eala Bhán, Inín Rí FoThoinn, a bhí anseo aréir.”

An raibh sí sin anseo aréir?” a deir Ridire – níor lig sé air féin go raibh eolas ar bith aige uirthi.

⁵⁷ Ls.: ‘marbh.’

“Bhí,” a deir fear an tí.

Dá mhoichí dár éirigh an lá ar maidin, d’éirigh Ridire níos moichí. Chraith sé an tsrian agus tháinig an each chaol donn chuige. Chuaigh sé ar marcaíocht uirthi agus d’imíodar leo ar nós na gaoithe, gur thángadar go dtí teacháin bheag a bhí ar thaobh an bhóthair, deireanach tráthnóna. Chuaigh Ridire isteach ann agus d’iarr sé lóistín go maidin.

“Thiúrfadh is fáilte,” arsa bean an tí, “ach is dona linn atá sé againn le do leithéidse de dhuine uasal breá.”

“Áit ar bith a bhfuil fear an tí fhéin agus a chomhluadar ag maireachtáil ann, tá sé sách maith agamsa,” a deir Ridire.

“Tá fáilte romhat, mar sin,” a deir bean an tí.

Fuair sí a shuipéar dhó agus nuair a bhí sé ite aige, shuíodar timpeall an teallaigh agus bhí Ridire ag fiannaíocht agus ag scéalaíocht dhóibh go ham codlata.

“Dar mo láimh!” a deir fear an tí, “nach bhfaca mé aon nduine ariamh is mó a mbeadh fonn orm a bheith ag éisteacht leis ná thú, ach an Eala Bhán, Inín Rí FoThoinn a bhí anseo aréir.”

“An raibh sí sin anseo aréir?” a deir Ridire.

“Bhí,” a deir fear an tí.

Chuadar a chodladh ansin agus dá mhoichí dár éirigh an lá ar maidin, ba mhoichí ná sin a d’éirigh Ridire. Chraith sé an tsrian agus tháinig a[n] each chaol donn chuige. Chuaigh sé ar marcaíocht uirthi agus bhíodar ag imeacht ar nós na gaoithe go raibh sé deireanach tráthnóna. Ba gearr go bhfaca Ridire teacháin beag ar thaobh an bhóthair go díreach mar na dá theachín a raibh sé ann roimhe sin. Chuaigh sé isteach agus d’iarr sé lóistín go maidin.

“Thiúrfadh is fáilte,” arsa bean an tí, “ach is dona linn atá sé againn le do leithéidse de dhuine uasal.”

“Rud ar bith atá maith go leor agaibh féin, ba chóir go mbeadh sé maith go leor agamsa,” a deir Ridire.

“Tá fáilte romhat, mar sin,” a deir bean an tí.

Fuair sí a shuipéar réidh dhó agus nuair a bhí sé ite aige, shuíodar timpeall an teallaigh agus thosaíodar ag comhrá.

“Tá obair mhór le bheith ar an gcnocán seo amuigh amáireach,” a deir fear an tí.

“Céard atá le bheith ann?” a deir Ridire.

“Níl aon ghaiscíoch le fáil nach mbeidh cruinnithe ann, agus beidh siad uilig ag déanamh cleasanna gaisce,⁵⁸ go mbeidh a fhios cé a bhainfeas caint as an Eala Bhán, Inín Rí FoThoinn.”

Bhí a fhios ag Ridire anois ná raibh sí i bhfad uaidh, ach níor lig tada air fhéin.

“An mbeadh aon dochar dhúinne a dhul ag breathnú ar an spóirt?” a deir sé.

“Cén dochar a bheadh ann?” a deir fear an tí, “beidh an domhan mór cruinnithe ann ag breathnú orthu.”

“An rachaidh tusa ann?” a deir Ridire.

“Tiocfaidh mé in éineacht leatsa ann, ach más mian leat a bheith i do shuí in am, is fearr dhúinn a dhul a chodladh anois.”

Mar sin a rinne, ach níorbh fhéidir le Ridire néal a chodladh. Bhí sé ag smaoineamh⁵⁹ ar an lá amáireach agus ar an Eala Bhán. Bhí sé ina shuí roimh lá agus dhúisigh sé fear an tí. D’itheadar a mbéilí agus chuadar amach ar an gcnocán, ach dá mhoichí dá rabhadar ann, bhí an áit dubh le daoine rompu. Bhí an duine deireanach tagtha ann le briseadh an lae. Bhí an Eala Bhán ’na suí ar chathaoir a bhí socraithe thuas ar ardán. Bhí go maith. Níorbh fhada go ndeachaigh gaiscíoch breá isteach i lár na páirce agus rinne sé gníomhartha mór[a] gaisce, ach ba bheag an mhaith dhó sin, smid níor tháinig as an Eala

⁵⁸ Ls.: ‘ghaisge.’

⁵⁹ Ls.: ‘smaoineadh.’

Bhán. Chuaigh gaiscíoch agus gaiscíoch eile amach ach dá mbeadh siad ag déanamh gaisce ó shin, ní bhainfidís smid nó focal as an Eala Bhán.

“Dar mo láimh,” a deir Ridire le fear an tí, a bhí in éineacht leis, “mara ngabh[a] mé féin isteach ag déanamh cleas.”

“Dheamhan fhios nach agat is fearr a bheadh seans. Cá bhfios nach é an té a dhéanadh cleas le camán is liathróid is fearr a bhainfeadh caint aisti sin? Isteach leat!”

Isteach a chuaigh sé. D’umhlaigh sé go talamh don Eala Bhán, ansin d’éirigh sé de léim insan aer agus rinne sé trí chleas an leoin⁶⁰ is gaisce. Rinne an Eala Bhán meangadh gáire.

D’umhlaigh sé an dara huair dhi. D’éirigh sé níb aoirde ná roimhe sin insan aer agus rinne sé trí chleas an leoin⁶¹ is gaisce.

“Is maith sin,” a deir an Eala Bhán, ach ba chóir go mbeifeá in ann⁶² níos fearr ná sin a dhéanamh.”

D’umhlaigh sé an treas uair dhi, agus d’éirigh sé níb aoirde ná sin insan aer. Rinne sé trí chleas an leoin⁶³ is gaisce. Bhuail an Eala Bhán a dhá b[h]ois faoi chéile.

“Ní fhaca mé aon ghaiscíoch ariamh,” a deir sí, “a bhí in ann⁶⁴ an cleas sin a dhéanamh ach Ridire Mac Mic Rí Éireann, agus tá mé cinnte gur tusa é sin.”

“Is mé, go deimhin,” a deir Ridire.

Ní rinne an Eala Bhán ach léimeacht anuas ón ardán a raibh sí air agus a dhá láimh a c[h]ur timpeall ar Ridire, agus is mar sin a d’fhága mise iad.

⁶⁰ Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

⁶¹ Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

⁶² Ls.: ‘ionann.’

⁶³ Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

⁶⁴ Ls.: ‘ionann.’

CAIBIDIL 4

4.0 Scéal 2. Rí na Sléibhte Gorma

Bhí rí in Éirinn fadó agus bhí aon mhac amháin aige. Aon lá amháin dá raibh an mac seo ag siúl le taobh na farraige, chonaic sé bád chuige a raibh iomramh céad fear uirthi, agus gan inti ach aon fhear amháin. Thóig sé a shúile nóimid dhi agus nuair a bhreathnaigh⁶⁵ sé aríst, bhí sí istigh ar an talamh agus an fear dá tarraing[t] suas ar an trá. Shiúil sé aníos go dtí an áit a raibh Mac an Rí ina sheasamh.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a Mhic an Rí,” a deir sé.

“Go mbeannaí Dia agus Muire dhuit,” a deir Mac an Rí, “tá aithne agatsa ormsa ach ní aithnímse thusa.”

“Tuige nach mbeadh aithne agam ort?” a deir an strainséara, “bhí aithne mhaith agam ar t’athair agus ar do sheanathair. An imreoidh tú cluiche cártaí, a Mhic an Rí?”

“D’imreoinn, dá mbeadh mo ghléas imeartha ar iompar agam.”

“Is mise féin nach ndeachaigh rása circe ón doras ariamh gan mo ghléas imeartha a thabhairt liom.”

Shuíodar síos agus thosaíodar ag imirt. Rug Mac an Rí an chéad chluiche.

“Tabhair do gheas, a Mhic an Rí,” a deir an scológ.

“Cén geas a thabharfas mé?” a deir Mac an Rí.

“Geas ar bith is maith leat,” a deir an scológ.

“Cuirim faoi gheasa thú,” a deir Mac an Rí, “an pháirc fhéir sin thuas ag teach m’athar a bheith lán de chuile chineál beithígh ar chuile chineál dath, nuair a thiocthas mise suas.”

“Beidh sin déanta,” arsa an scológ.

D’imríodar cluiche eile agus rug an scológ é.

⁶⁵ Ls.: ‘bhreathnadh.’

“Bhéarfaidh mise mo gheas anois,” a deir sé, “is é sin gan tusa ag ithe an dara béilí bídh ar aon mhéis, ná an dara néal a chodladh ar aon leaba, go mbeannóidh tú faoin bhfardoras cos istigh agus cos amuigh i dteach Rí na Sléibhte Gorma.”

D’éirigh an scológ ’na sheasamh ansin agus chuir sé na cártaí ina phóca. Sháigh sé amach a bhád. D’ardaigh sé suas a chuid seolta móra bocóideacha bacóideacha agus bhí sé imithe as amharc Mhac an Rí le iompó do bhoise. D’f[h]ill seisean abhaile, agus a cheann faoi go brónach aige. Ar theacht i ngar don teach dhó, d’ardaigh sé a cheann agus chonaic sé an pháirc fhéir a bhí le hais an tí lán suas de chuile chineál beithígh ar chuil’ shórt dath. Ar iompó thairis dó go mbreathnódh sé aríst, ní raibh ceann ann. Ní dhúirt sé leis an scológ ach iad a chur ann. Níor dhúirt sé leis iad a fhágáil ann. Chuaigh sé isteach sa teach ansin agus nuair a shuigh sé ar an gcathaoir, lig sé osna agus phléasc sé an slinneán sa chathaoir.

“Mac Rí faoi gheasa thú,” a deir a mháthair.

“Is ea, gan aim[h]reas,” a deir sé.

“Cén sórt geasa atá ort?” a deir sí.

D’inis sé dhi cén nós mar ’ casadh an scológ air agus na geasa a chuir sé air.

“Ní gá dhuit an teach seo a fhágáil más maith leat é,” a deir a mháthair, “dá mairfeá⁶⁶ céad bliain, d’fhéadfá gan an dara béilí bia a ithe ar aon mhéis, ná an dara hoíche a chodladh ar aon leaba.”

“Ní dhéanfaidh sin gnaithe, a mháthair, caithfidh mé a dhul ag siúl.”

“Más mar sin é, a mhic, tá triúr dearthár liomsa ina gcónaí ar an mbealach a mbeidh tú ag dul – triúr fathaigh atá iontu. Tá ceann, meall agus muineál ar dhuine acu, tá dhá cheann, dhá mheall agus dhá mhuineál ar dhuine eile acu agus trí cheann, trí mheall agus trí mhuineál ar an tríú duine.”

⁶⁶ Ls.: ‘dá mairfeadh.’

Scríobh sí litir ansin agus thug sí dhó í agus liathróid bheag. Dúirt sí leis dá mbeadh na fathaigh ag dul ag déanamh aon cheo air, an liathróid agus an litir a chaitheamh isteach idir a dhá gcois, agus go mbeadh a fhios acu ansin cé a bhí ann. Chuir sé an litir agus an liathróid ina bhrollach agus d'imigh sé ar aghaidh roimhe. Bhí sé ag siúl leis go raibh an oíche ag teacht, an breac ag dul faoi chloch, an t-éan ag dul i gcrann, an gearrán bán ag dul ar scáth na copóige, is an chopóg ag gabháil dá tóin in airde. Chonaic sé solas i bhfad uaidh, rinne sé air agus is éard a bhí ann teach. Bhuail sé ag an ngeata agus níorbh fhada go dtáinig an geatóir amach. D'iarr Mac an Rí lóistín air. Dúirt sé leis go raibh sé tursach sáraithe ag siúl ar feadh an lae.

“Is olc an áit dhuit a theacht anseo,” a deir an geatóir, “is éard atá anseo teach fathaigh agus má fheiceann sé thú, maróidh sé thú.”

“Is fearr dhuit mé a ligean isteach, mar sin féin,” a deir Mac an Rí, “is fearr liom rud ar bith ná a bheith amuigh faoi dhrúcht na hoíche, agus gan a fhios agam cá dtiocfaidh mé.”

Lig an geatóir isteach ansin é agus shiúil sé suas an casán go dtí an teach. Chuaigh sé isteach agus bheannaigh sé. Ní raibh istigh ach bean an fhathaigh.

“Is olc an áit é seo a dtáinig tú, a Éireannaigh,” ar sise, “is seo teach troda agus marú.”

Ní raibh am le níos mó a rá, nuair a d'airíodar an fathach ag teacht. Léim Mac an Rí i leataobh.

“Fú, fá, féasóg!” arsa an fathach, ag teacht isteach, “faighim boladh an Éireannach agus níl a fhios agam céard a dhéanfas mé leis, mara ndéanfaidh mé pinse snaoisín dhe, nó é a chur de shéideog i bpoll talún.”

“Droch-chríoch ort, a fhathach ghránna, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa,” a deir Mac an Rí, ag caitheamh an litir agus an liathróid anonn idir a dhá chois.

Chrom an fathach síos agus thóig sé suas iad. Bhreathnaigh sé orthu agus d'aithin sé iad.

“Gairim agus coisricim⁶⁷ thú!” a deir sé, “mac aon deirfiúr amháin a bhí in Éirinn agam. Is olc an chóir suipéir a shíl mé a chur ort.”

Mhúch sé le póg[a] é, bháigh sé le deora é agus thriomaigh⁶⁸ sé le brat síoda agus óir é. D’fhiafraigh sé de Mhac an Rí ansin céard a thug an bealach sin é, nó cá raibh sé ag dul. D’inis Mac an Rí dhó go raibh sé faoi gheasa gan an dara béilí bídh ithe ar aon mhéis, nó an dara hoíche a chodladh ar aon leaba go mbeannódh sé faoin bhfardoras cos istigh agus cos amuigh i dteach Rí na Sléibhte Gorma. Dúirt an fathach ná raibh aon eolas aige féin air, mara raibh aon tuairisc ag a dheartháir air a bhí ina chónaí chúig chéad míle ón áit sin – fathach a raibh dhá cheann, dhá mheall agus dhá mhúineál air, agus ’ bhí céad bliain níos sine ná é féin. Thug sé dhó an litir agus an liathróid aríst agus dúirt sé leis iad a thabhairt don fathach, agus go n-aithneodh sé iad. Chaitheadar an oíche seal le scéalaíocht, seal le fiannaíocht, greim de chaon bhia acu is gan aon ghreim tur.

D’éirigh Mac an Rí go moch ar maidin, nigh sé a éadan, bhreathnaigh sé soir, siar, síos, suas agus d’iarr sé ar Dhia é a chur ar a leas. D’imigh sé leis agus bhí sé ag siúl go raibh an oíche ag teacht ’s an breac ag dul faoi chloch, an t-éan ag dul i gcrann, an gearrán bán ag dul ar scáth na copóige, agus an chopóg ag gabháil dá tóin in airde. Chonaic sé solas beag i bhfad uaidh agus rinne sé air. Is éard a bhí ann teach. Bhuail sé ag an ngeata agus níorbh fhada dhó go dtáinig an geatóir amach. D’iarr Mac an Rí lóistín air, go raibh sé tursach sáraithe tar éis a bheith ag siúl an bhóthair ar feadh an lae.

“Is olc an áit dhuit a theacht anseo,” a deir an geatóir, “teach fathaigh atá anseo agus má fheiceann an fathach thú, maróidh sé thú.”

“Is fearr liom rud ar bith,” a deir Mac an Rí, “ná a bheith amuigh faoi dhrúcht na hoíche.” Lig an geatóir isteach ansin é agus shiúil sé suas go dtí an teach. Chuaigh sé isteach agus bheannaigh sé. Ní raibh istigh ach bean an fhathaigh.

“Is olc an áit dhuit a theacht anseo, a Éireannaigh,” ar sise, “seo teach troda agus marú.”

⁶⁷ Ls.: ‘Goirm agus g-coisrigim.’

⁶⁸ Ls.: ‘thiormadh.’

Ní raibh níos mó ráite nuair a tháinig fathach mór na dhá gceann, na dhá mheall agus na dhá mhuineál isteach. Léim Mac an Rí i leataobh nuair a d'airigh sé ag teacht é.

“Fú, fá, féasóg!” arsa an fathach, “faighim boladh an Éireannach. Níl a fhios agam céard a dhéanfas mé dhe, mara ndéanfaidh mé pinse snaoisín, nó é a chur de shéideog i bpoll talún.”

“Droch-chríoch ort, a fhathach ghránna, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa,” a deir Mac an Rí, ag caitheamh an litir agus an liathróid anonn idir a dhá chois.

Chrom an fathach agus thóg sé suas iad agus nuair a bhreathnaigh sé orthu, d'aithin sé iad.

“Gairim agus coisricim⁶⁹ slán thú, mac aon deirfiúr amháin a bhí in Éirinn agam. Nach olc an chóir shuipéir a shíl mé a chur ort?”

Mhúch sé le póg[a] é, bháigh sé le deora é agus thriomaigh⁷⁰ sé le brat síoda agus óir é. D'fhiafraigh sé dhe céard a thug an bealach sin é nó cá raibh sé ag dul. D'inis Mac an Rí dhó mar ' d'inis sé don fhathach eile. Dúirt fathach na dhá gceann ná raibh aon eolas aige féin air, mara raibh aon tuairisc ag a dheartháir air a bhí ina chónaí chúig chéad míle ón áit sin – fathach a raibh trí cheann, trí mheall, agus trí mhuineál air, agus a bhí céad bliain níos sine ná eisean. Thug sé dhó an litir agus a liathróid aríst agus dúirt sé leis iad a thabhairt don fhathach, agus go n-aithneóchadh sé iad. Chaitheadar an oíche seal le fiannaíocht, seal le scéalaíocht, greim de chaon bhia is gan aon ghreim tur.

Ar maidin lá arna mháireach, d'éirigh Mac an Rí go moch. Nígh sé a éadan agus chuaigh sé amach. Bhreathnaigh sé soir, siar, síos, suas 'gus d'iarr sé ar Dhia é a chur ar a leas. D'imigh sé leis i ndiaidh a chinn roimhe agus bhí sé ag imeacht nó go raibh an oíche ag teacht, is an breac ag dul faoi chloch, an t-éan ag dul i gcrann, an gearrán bán ag dul ar scáth na copóige agus an chopóg ag gabháil dá tóin in airde. Níorbh fhada dhó go bhfaca sé solas i bhfad uaidh agus rinne sé air. Is éard a bhí ann teach. Bhuail sé ag an ngeata

⁶⁹ Ls.: ‘Goirm agus g-coisrigim.’

⁷⁰ Ls.: ‘thiormadh.’

agus tháinig an geatóir amach gan mhoill. D'iarr Mac an Rí lóistín air, ar son Dé, go raibh sé tursach sáraithe ó a bheith ag siúl an bhóthair ar feadh an lae.

“Is olc an áit dhuit a theacht anseo,” a deir an geatóir, “seo teach fathach agus marófar thú.”

“Is fearr liom rud ar bith,” a deir Mac an Rí, “ná a bheith amuigh faoi dhrúcht na hoíche.” Lig an geatóir isteach ansin é agus shiúil sé suas go dtí an teach. Chuaigh sé isteach agus bheannaigh sé. Ní raibh istigh ach bean an fhathaigh.

“A Éireannaigh,” ar sí, “is olc an áit dhuit a theacht anseo. Is seo teach troda agus marú.” Ní raibh níos mó ráite aici, nuair a d'airíodar fathach mór na dtrí gceann na dtrí meall agus na dtrí muineál ag teacht isteach. Léim Mac an Rí i leataobh.

“Fú fá féasóg!” arsa an fathach, ag teacht isteach, “faighim boladh an Éireannach. Níl a fhios agam céard a dhéanfas mé leis. mara ndéanfaidh mé pinse snaoisín dhe, nó é a chur le séideog i bpoll talún.”

“Droch-chríoch ort, a fhathach ghránna, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa,” a deir Mac an Rí, ag caitheamh an litir agus an liathróid anonn idir a dhá chois.

Chrom an fathach síos agus thóig sé iad. Nuair a bhreathnaigh sé orthu, d'aithin sé iad.

“Gairim agus coisricim⁷¹ thú, mac aon deirfiúr amháin a bhí in Éirinn agam. Nárbh olc an chóir suipéir a shíl mé a chur ort?”

Mhúch sé le póga é, bháigh sé le deora é agus thriomaigh⁷² sé le brat síoda agus óir é. D'fhiafraigh an fathach ansin dhe céard a thug an bealach sin é nó cá raibh sé ag dul. D'inis Mac an Rí dhó mar ' d'inis sé don bheirt eile cén nós mar ' bhí sé faoi gheasa Rí na Sléibhte Gorma a fháil amach.

“Níl aon tuairisc agamsa air dhuit,” a deir an fathach, “ach tá mé i mo chomhairleach ar bheithigh bheaga agus mhóra na talún, ar éisc⁷³ bheaga agus mhóra na farraige, agus ar

⁷¹ Ls.: ‘Goirm agus g-coisrigim.’

⁷² Ls.: ‘thiormadh.’

⁷³ Ls.: ‘iasg.’ An sampla é seo den défhoghair ‘ia’ a bheith in áit an ghuta fhada ‘é,’ mar a fhaightear in Árainn? Féach Ó Catháin (2001: 247-250).

éanacha beaga agus móra⁷⁴ an aeir. Beidh a fhios agam amáireach má tá aon tuairisc ag⁷⁵ aon cheann acu sin ar na Sléibhte Gorma.”

Chaitheadar an oíche seal le scéalaíocht, seal le fiannaíocht, greim de chaon bhia acu agus gan aon ghreim tur. Ar maidin lá arna mháireach, chuaigh an fathach amach agus lig sé fead. Le iompú do bhoise, bhí beithígh bheaga agus mhóra na talún cruinnithe timpeall air. D’fhiafraigh sé dhíobh an raibh aon tuairisc ag ceachtar acu ar na Sléibhte Gorma. Dúradar nach raibh. Dhíbir an fathach ar siúl ansin iad, lig sé fead eile agus tháinig iasg beag agus mór na farraige chuige. D’fhiafraigh sé dhíob[h] an raibh aon tuairisc acu ar na Sléibhte Gorma. Dúradar nach raibh. Dhíbir sé ar siúl iad agus lig sé fead eile. Bhí éanacha beaga agus móra⁷⁶ an aeir cruinnithe air le iompú do bhoise. D’fhiafraigh an fathach dhíobh an raibh aon tuairisc acu ar na Sléibhte Gorma. Dúradar nach raibh aon eolas acu air. Thug an fathach faoi deara go raibh aon iolrach amháin nach raibh ann, agus d’fhiafraigh sé de na héanacha eile an raibh a fhios acu cá raibh sé. Dúradar ná raibh a fhios. Bhreathnaigh an fathach thuas ar an spéir agus chonaic sé spota beag dubh, mar ’ bheadh sé ag teacht amach as na néalta. D’fhan an fathach ag breathnú air agus bhí sé ag íslíú anuas go dtáinig sé go talamh. Céard a bheadh ann ach an t-iolrach a bhí imithe, agus a cuid sciatháin agus a clúmhach dóite loiscthe.

“Cá raibh tú?” a deir an fathach.

“Bhí mé insna Sléibhte Gorma,” a deir sí.

“Is maith sin,” a deir an fathach, “is tú atá uaim anois. Cá raibh tú nuair a lig mise an chéad fhead?”

“Bhí mé ag dul⁷⁷ thar chnoic na Sléibhte Gorma. Bhí na cnoic⁷⁸ thrí lasadh agus níl ribe clúmhaigh orm nach bhfuil dóite.”

⁷⁴ Ls.: ‘mhóra.’

⁷⁵ Ls.: ‘aig.’

⁷⁶ Ls.: ‘mhóra.’

⁷⁷ Ls.: ‘gul.’

⁷⁸ Ls.: ‘na chnoic.’

“Cá raibh tú nuair a lig mé an dara fead?”

“Bhí mé ag teacht thrí na néalta.”

“Agus cá raibh tú nuair a lig mé an tríú fead?”

“Bhí mé ag teacht anuas ó na néalta.”

“Is maith sin,” a deir an fathach, “caithfidh tú an fear seo a thabhairt leat anois agus é a fhágáil ag teach Rí na Sléibhte Gorma.”

“Ní fhéadfainn é a thabhairt ann anois,” a deir an t-iolrach, “tá mo chuid clúmhaigh dóite.”

“Má tá féin,” a deir an fathach, “caithfidh tú a dhul ann.”

“Maraigh mart dhom mar sin,” a deir an t-iolrach, “agus tiúrfaidh mé liom ar mo dhroim é, agus cuirfidh an fear seo greim de in mo bhéal nuair a chuirfeas mé mo ghob siar chuige.”

Mharaigh an fathach an mart agus thug an t-iolrach an mart agus Mac an Rí leis ar a dhroim. D’imigh sé leis ag triall ar na Sléibhte Gorma. Chuireadh sé siar a ghob anois agus aríst ag Mac an Rí, agus chuireadh seisean greim den mhart ann. Bhí mar sin nó gur shroicheadar na Sléibhte Gorma. Lig an t-iolrach Mac an Rí anuas ag geata cúirt Rí na Sléibhte Gorma. Bhuail sé leis suas an casán agus níor stad sé, nó gur chuir sé cos istigh agus cos amuigh faoin bhfardoras agus gur bheannaigh sé.

“Dia is Muire dhuit,” a deir an Rí, “agus gabh isteach uilig anois.”

Níorb[h] air faillí gan sin a dhéanamh. Ar maidin lá arna mháireach: dúirt an Rí leis a dhul amach agus an tsnáthad a chaill a shean-shean-sheanmháthair, a bhí faoi aoileach na seacht gcéad bliain a fháil dó, agus í a bheith aige sul mar ’ ghabhadh an ghrian faoi tráthnóna, nó go gcaillfeadh sé an ceann. Fuair Mac an Rí piocóid agus sluasaid agus d’imigh leis faoi dhéin an charn aoiligh. Thosaigh sé ag caitheamh amach an aoiligh, ach, dheamhan sluasaid dá gcuireadh sé amach nach mbíodh seacht sluasaid ina áit. Bhí sé mar sin nó go raibh leath an lae thart, é tursach sáraithe agus gan pioc den aoileach

amuigh. Shuigh sé síos agus chuir sé a cheann faoi.⁷⁹ Bhí sé ag smaoineamh⁸⁰ céard a dhéanfadh sé, nuair nárbh fhéidir leis an t-aoileach a chur amach. Bhí a fhios aige go mbainfí an ceann de.

“Nach bhfuil sé in am a dhinnéar a thabhairt don fhear bhocht sin feasta?” a deir Iníon an Rí, “tá sé ag obair go crua ó mhaidin.”

“Níl duine ar bith anseo lena dhinnéar a thabhairt chuige,” a deir an Rí, “má tá cás agat ann, tabhair féin a dhinnéar chuige.”

Níorbh uirthi faillí. Ghléas sé dinnéar breá dhó agus thug sí amach chuige é. Fuair sí Mac an Rí ina shuí síos go brónach roimpi.

“Seo, a dhuine bhoicht,” a deir sí, “gabh anall anseo agus ith do dhinnéar. Tá tú marbh ag obair ó mhaidin.”

“Faraor,” a deir an duine bocht, “tá mo dhinnéar deireanach ite.”

“Is cuma sin,” a deir sí, “gabh anall agus ith é seo.”

Bhí sí ag tathaint air chomh mór go ndeachaigh sé dá ithe faoi dheireadh. Ní rinne⁸¹ Inín an Rí ach beireacht ar an tsluasaid agus sluasaid den aoileach a chaitheamh amach. Bhí sé ag dul amach ansin 'na shluasaideacha i ndiaidh a chéile, chomh tiubh is ' bheadh sneachta ag titim, nó go raibh aoileach na seacht gcéad bliain amuigh, agus gur bhfuair sí an tsnáthad a bhí Mac an Rí a thóraíocht. Shín sí aige ansin í agus d'imigh sí fhéin léi. I gceann tamaillín, chuaigh Mac an Rí isteach agus an tsnáthad idir a dhá mhéir aige.

“Is ea,” a deir an Rí, “an bhfuair tú í?”

“Fuairéas,” a deir seisean.

“Is maith sin. Ar maidin amáireach, beidh obair eile agam le t'aghaidh,” a deir an Rí.

Bhí sin go maith agus ní raibh go holc. Nuair a d'eiríodar lá arna mháireach, thug an Rí amach insa ngairdín é. Bhí crann mór insa ngairdín a bhí seacht stóir ar airde, ní raibh

⁷⁹ Ls.: ‘fúithe.’

⁸⁰ Ls.: ‘smaoineadh.’

⁸¹ Ls.: ‘Níor rinne.’

géag ná craobh ag fás air ach é sleamhain bealaithe. Dúirt an Rí leis a dhul suas ar bharr an chrainn sin agus an méaracán a chaill a shean-shean-sheanmháthair seacht gcéad bliain ó shin a thabhairt anuas chuige, agus go dtírfadh sé a iníon le pósadh dhó, ach mara mbeadh an méaracán aige, bhí an ceann le cailleadh aige. D’imigh an Rí leis ansin. Sheas Mac an Rí tamall ag féachaint suas ar an gcrann agus ag smaoineamh⁸² cé[n] chaoi a bhféadfadh sé a dhul suas choíche air. Faoi dheireadh, thug sé iarracht ar a dhul suas ach nuair a bhíodh sé cúpla troigh suas, shleamhnaíodh sé anuas aríst, mar bhí an crann bealaithe agus níorbh fhéidir leis aon bhuntáiste a fháil air. Bhí sé mar sin ag dul suas píosa beag agus ag sleamhnú anuas aríst, nó go raibh sé marbh tursach. Ach níor dhearmad Iníon an Rí é. Nuair a bhí sé in am dinnéir, dúirt sí lena hathair go raibh an fear bocht sin ag obair go cruca ó mhaidin agus go raibh sí in am aige a dhinnéar a fháil.

“Níl duine ar bith anseo lena dhinnéar a thabhairt dó,” a deir a hathair, “má tá cás agat ann, tabhair fhéin a dhinnéar chuige.”

Sin é a raibh uaithi. Fuair sí dinnéar breá réidh agus thug sí chuige é.

“Seo, a dhuine bhoicht,” a deir sí, “tá tú marbh tursach ó mhaidin. Gabh anall anseo agus ith do dhinnéar.”

“Faraor,” a deir sé, “tá mo dhinnéar deireanach ite.”

“Ó gabh anall agus ith é seo ar chaoi ar bith,” a deir sí.

Bhí sí ag tathaint air chomh cruca⁸³ go dtáinig sé anall sa deireadh. Shuigh sé síos agus d’ith sé a dhóthain. Nuair a bhí sé sách, tharraing Iníon an Rí tua bheag a bhí aici amach agus bhain sí méaracha a cosa agus a lámha dhi féin. Thug sí do M[h]ac an Rí iad agus dúirt sí leis iad a leagan ar an gcrann, agus go ndéanfadh siad staighrí suas go barr an chrainn dó.

“Ach, ar a bhfaca tú riamh,” a deir sí, “fainic an ndéanfá dearmad ar aon cheann acu ar a theacht anuas dhuit.”

⁸² Ls.: ‘smaoineadh.’

⁸³ Ls.: ‘chomh chruaidh.’

Bhí sin go maith. Rinne Mac an Rí mar ' dúirt sí leis agus le iompó do bhoise, bhí sé thuas i mbarr an chrainn agus an méaracán faighte⁸⁴ aige. Nuair a bhí sé ag teacht anuas, bhí an oiread amplú⁸⁵ agus deifir air gur dhearmad sé ceann de na méaracha.

“Céard a dhéanfas mé anois?” a deir Iníon an Rí, “ní bheidh tú anuas aríst sul ' thioctas m'athair, agus má fheiceann sé mise anseo, beidh a fhios aige gur mé a thug cúnamh dhuit agus maróidh sé muid le chéile.”

“B'fhéidir go mbeinn anuas,” a deir sé.

Thug sí dhó na méaracha aríst agus chuaigh sé suas an crann agus bhí sé anuas aríst sul mar ' tháinig an Rí. Ní[or] bhaol gur dhearmad sé aon cheann acu an t-am seo. Chuir Iníon an Rí uirthi aríst iad agus d'imigh sí léi. Ní raibh sé i bhfad go dtáinig an Rí.

“Is ea,” a deir sé, “an bhfuair tú an méaracán?”

“Fuaireas,” a deir Mac an Rí.

“Is maith sin. Ta m'inín le fáil agat.”

Chuardar isteach sa teach ansin. Nuair a tháinig an oíche agus am codlata, chuaigh Mac an Rí agus an bhean óg suas i seomra a chodladh. Bhí an Rí agus an bhanríon 'na gcodladh thuas an staighre. Is é an obair a bhí ar an mbeirt seo ar feadh an lae roimhe sin, ag cur áiléar luaidhe os cionn an tseomra a raibh an lánúin óg le bheith ina gcodladh ann. Thosaíodar ag comhrá le chéile anois.

“Measann tú an bhfuil siad 'na gcodladh fós?” a deir an Rí.

“Níl,” a deir an bhanríon, “airím ag caint iad.”

D'éisteadar tamall eile.

“Measann tú an bhfuil siad 'na gcodladh anois?” a deir an Rí.

“Níl,” a deir an ceann eile, “tá siad ag caint fós.”

Is éard a bhí an bheirt mhaith seo le dhéanamh nuair a gheobhaidís an lánúin óg 'na gcodladh – an t-áiléar luaidhe a ligean anuas orthu agus iad a mharú. Chuimhnigh Iníon

⁸⁴ Ls.: ‘fághailte.’ Sciorradh pinn?

⁸⁵ Ls.: ‘ampla.’

an Rí go rabhadar le rud eicint⁸⁶ a dhéanamh orthu agus dúirt sí leis an bhfear óg éirí agus an tsrian a gheobhadh sé crochta ar an mballa a thabhairt leis, agus í a chraitheadh ag doras an stábla agus cébí capall a chuirfeadh a ceann amach inti, í sin a thabhairt leis agus í a bheith ag an doras aige nuair a ghabhfadh sí féin amach. D'éirigh Mac an Rí agus rinne sé mar ' dúirt sí leis. D'éirigh sí féin agus rinne sí dhá cháca ar thug sí bua cainte dhóib[h], agus chuir sí insa leaba iad a bhí sí fhéin agus Mac an Rí tar éis a fhágáil. Bhí an dá cháca ag caint le chéile agus shíl an bheirt a bhí thuas an staighre gurb iad an lánúin óg a bhí ann.

“Nach fada go bhfuil siad ag titim 'na gcodladh?” a deir an Rí.

“Cuirfidh mise geall,” a deir an bhanríon, “gu[r] arán te atá déanta ag d'inín agus gurb iad atá ag caint le chéile.”

“Nach fearr dhom éirí agus féachaint arb ea?” a deir an Rí.

Ní túisce ráite ná déanta. D'éirigh sé agus nuair ' chuaigh sé isteach sa seomra, fuair sé, mar ' dúirt an bhanríon, an dá arán te ag ceiliúr le chéile i gcos na leapa agus an lánúin óg éalaithe. Ní rinne sé ach a dhul amach sa stábla, an diallaid a c[h]ur ar a chapall agus imeacht ar a dtóir.

“Breathnaigh i do dhiaidh, a M[h]ic an Rí,” a deir an bhean óg, “agus féacha an bhfeicfeá⁸⁷ toirt fia[igh] ná fionnóg ag teacht.”

Bhreathnaigh, agus ní fhaca sé dada. Bhíodar ag imeacht leo ar feadh tamall eile, nuair a dúirt an bhean óg aríst:

“Breathnaigh i do dhiaidh, a Mhic an Rí, agus féacha an bhfeicfeá aon cheo ag teacht.”

Bhreathnaigh.

“Feicim,” a deir sé, “mar ' bheadh scamall beag ag corrú ar an aer.”

“Sin é m'athair atá dhá[r] leanúint,” a deir sí.

⁸⁶ Ls.: ‘rud a cínt.’

⁸⁷ Ls.: ‘feuchaidh a bhfeicfeadh.’

Ní rinne sí ach cromadh síos agus an tua bheag a bhí aici a tharraingt amach, agus sliseógín bheag a bhaint de chois a fuipe agus í a chaitheamh ina diaidh. Ar iompú thart, bhí coill⁸⁸ mhór fásta suas a bhí chúig mhíle fhichead ar fad agus chúig mhíle fhichead ar leithead. Nuair a tháinig an Rí chomh fada leis an gcoill, b'éigin dó casadh abhaile aríst agus a thua a thabhairt leis. Nuair a tháinig sé go dtí an choill an dara huair, bhuail sé buille den tua ar an gcéad chrann a casadh leis. Chomh luath agus 'rinne sé sin, thit chuile chrann dá raibh sa gcoill. Bhí Mac an Rí agus an bhean óg ag imeacht, nó gur shroicheadar cúirt fathach na dtrí gceann, na dtrí meall, na dtrí muineál. Chaitheadar an oíche ansin. Le éirí⁸⁹ an lae ar maidin, bhíodar ar an mbóthar aríst. Nuair a bhíodar scaitheadh ar an mbóthar, labhair an bhean óg.

“Breathnaigh i do dhiaidh, a Mhic an Rí, agus féacha an bhfeicfeá aon cheo ag teacht.”

Bhreachnaigh.

“Feicim,” a deir sé, “mar a bheadh scamall beag dubh ar an aer.”

“Sin é m'athair atá inar ndiaidh,” a deir sí.

Ní rinne sí ach cromadh agus a méar a chur isteach i gcluas an chapaill, agus braon den allas a bhí inti a thógál amach uirthi agus é a chaitheadh ina diaidh. Ar an bpointe boise, rinne sé sin loch mhór a bhí chúig mhíle fhichead ar fad, chúig mhíle fhichead ar leithead, agus chúig mhíle fhichead ar domhain. Nuair a tháinig an Rí chomh fada leis an loch, b'éigin dó casadh abhaile aríst gur fhuair sé bád a chuir trasna na locha é. Bhí Mac an Rí agus an bhean óg ag imeacht nó gur shroicheadar cúirt fathach na dhá gceann, na dhá mheall, na dhá mhuineál. Chaitheadar an oíche sin fris. Bhíodar 'na suí agus ar an mbóthar le éirí an lae lá arna mháireach. Nuair a bhí scaitheadh den bhóthar curtha dhíobh acu, labhair an bhean óg.

“Breathnaigh i do dhiaidh, a Mhic an Rí agus féacha an bhfeicfeá aon cheo ag teacht.”

Bhreachnaigh.

⁸⁸ Ls.: ‘choill.’

⁸⁹ Ls.: ‘éirigh.’

“Feicim,” a deir sé, “scamall beag dubh ar an aer.”

“Sin é m’athair atá ag teacht ’nar ndiaidh.”

Bhíodar ag imeacht leo tamall eile.

“Breathnaigh i do dhiaidh aríst, a Mhic an Rí, agus féacha an bhfuil sé i ngar dúinn,” a deir sí.

Bhreachnaigh.

“Tá sé chomh gar,” a deir sé, “go n-aithneoinn gur fear is capall atá ann.”

“Má mharáimse m’athair anois,” a deir sí, “b’fhéidir gur beag an aird ná breathnú siar a bheadh agatsa orm.”

“Dar mo láimh is m’f[h]ocal,” a deir Mac an Rí, “go mbeidh breathnú siar agam ort an fhad is ’ mhairfeas mé agus nach bhfailleoidh mé choíche ort.”

Tharraing sí úll beag amach as a póca agus nuair a bhí an Rí i ngar dhi, chaith sí leis é agus níor fhága sí deoir ann. D’imíodar leo ansin agus bhíodar ag imeacht nó gur shroicheadar teach fathaigh an chinn an mheall agus an mhuineáil. Chaitheadar an oíche frois-san.⁹⁰ Le éirí an lae ar maidin, bhíodar ’na suí agus ar an mbóthar. Bhíodar le cúirt Mic an Rí a shroich[each]teáil an oíche sin.

“Anois,” a deir an bhean óg, “nuair a ghabhfas tú abhaile, beidh fáilte mhór romhat mar gheall ar thú a theacht ar ais slán, ach má ligeann tú do aon nduine nó rud thú a phógadh, ní chuimhneoidh tú go bhfaca tú mise ariamh.”

Dúirt Mac an Rí nach ligfeadh sé d’aon cheo póg a bhaint de. Bhí sin go maith agus ní raibh go holc gur thángadar chomh fada le cúirt Mhac Rí [in] Éirinn le titim na hoíche. D’fhan an bhean óg amuigh agus chuaigh Mac an Rí isteach. Chuireadar uilig na mílte fáilte roimhe agus shíl a mháthair é a phógadh, ach, níor lig sé dhi. Chrom sé síos ag ceangal a bhróige, agus a chú féin a bhí ag dul thart timpeall air ó tháinig sé isteach,

⁹⁰ Ls.: ‘freis-san.’

d'ardaigh sé suas a cheann agus chuimil sé a theanga dá bhéal. Ar an nóiméad níor chuimhnigh Mac an Rí go bhfaca sé Inín Rí na Sléibhte Gorma ariamh.

Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur cheap Mac an Rí go mb'fhearr dhó pósadh. Dá bhri sin, chuir sé scéala go dtí rí a bhí ina chónaí i ngar dó ag iarraidh a inín air le pósadh. Fuair sé í, agus bhí an bhainis le bheith acu insan oíche agus iad le pósadh lá arna mháireach. Bhí Inín Rí na Sléibhte Gorma ag dul anonn agus anall ar fud na háite ar feadh an achair seo. Bhí go maith go dtí oíche na bainse. Bhí tobar le hais na cúirte a raibh na cailíní ag tabhairt uisce as le haghaidh na bainse. Bhí crann mór ag fás os cionn an tobair. Chuaigh Inín Rí na Sléibhte Gorma suas insa gcrann, agus bhí a scáile le feiceál thíos insa tobar. Bhí inín caibléara mar chailín cistine insa gcúirt. Ba cailín an-mhídhathúil a bhí inti agus deireadh chuile dhuine léi nach bpósfadh aon fhear choíche í, bhí sí chomh míshlachtmhar sin. Chuaigh sí ag tarraingt uisce ón tobar an oíche seo le [aghaidh] na bainse agus an chéad bhuicéad a chuaigh sí a iarraidh, nuair a tháinig sí os cionn an tobair, chonaic sí scáile na mná breá thíos ann, agus shíl mo chailín breá gurb é a scáile féin a bhí ann.

“Mo chroí ón diabhal!” a deir sí, “dá mbeadh a fhios agam go raibh mé chomh breá seo, is fadó a bheinn pósta le duine uasal nó le feilméara mór. Dheamhan buicéad uisce a tharraingeos mé aríst an dá lá is ' mhairfeas mé,” a deir sí, ag breith ar an mbuicéad agus dá bhriseadh faoin talamh.

D'éirigh le Mac an Rí a bheith ag dul thart an t-am céanna agus nuair a chonaic sé an cailín ag réabadh an bhuicéid, tháinig sé anall go dtí í agus d'fhiafraigh sé dhi cén fáth a raibh sí ag briseadh an bhuicéid, nó céard a bhí uirthi. D'inis sí dhó agus dúirt sí nach dtarraingeodh sí aon bhuicéad uisce aríst lena saol. Shiúil Mac an Rí anonn go dtí an tobar agus nuair a bhreathnaigh sé síos ann, chonaic sé scáile na mná ann thíos. D'ardaigh sé a cheann agus bhreathnaigh sé suas os a chionn. Chonaic sé an bhean thuas insa gcrann agus d'aithin sé láithreach í. Dúirt sé léi a theacht anuas. Tháinig, agus d'inseadar dá chéile gach ar tharla dhóibh ó scaradar ó chéile roimhe sin. Shiúladar suas go dtí an teach,

rug Mac an Rí ar lámh uirthi agus thug sé isteach í. Dúirt sé leis an rí a inín a thabhairt abhaile aríst, gurb í seo an bhean is fearr a cheannaigh é agus nach bpósfadh sé aon bhean eile ach í.

“Íocfaidh mise,” a deir sé, “an costas go léir.”

Chuaigh an rí agus a inín agus a raibh in éineacht leo abhaile. Phós Mac Rí [in] Éirinn agus Inín Rí na Sléibhte Gorma, agus bhí beatha fhial fhlaithiúil acu, ach má bhí féin, is beag a bhí agamsa dá mbarr ach scornach tirim.

CAIBIDIL 5

5.0 Scéal 3. Eibhidon

Bhí rí ann fadó, agus ar nós gach rí eile, bhí go leor stíobhardaí⁹¹ agus searbhóntaí aige. Bhí banríon óg 'na cónaí in aice leis agus ba mhaith leis í a phósadh. Mar sin de, aon lá amháin, chuir sé an stíobhard ab airde a bhí aige dá hiarraidh dhó. Chuaigh an stíobhard dá hiarraidh ach má chuaigh, bhí a thuras in aisce aige, níor fhuair sé í. Rith an scéala idir na searbhóntaí gur eitigh⁹² an bhanríon óg an Rí a phósadh. Bhíodar ag caint eadraibh féin aon lá amháin 'na thaobh nuair a dúirt duine acu, darbh ainm Eibhidon:

“Ní bheadh sé mar sin dá gcuirfeadh sé mise dá hiarraidh,” a deir sé, “gheobhainn dó í.”

Thosaíodar uilig ag magadh faoi Eibhidon agus ag rá gur breá a bhreathnódh a leithéid de shearbhónta suarach ag dul ag iarraidh bean den Rí. Bhí Eibhidon ar na searbhóntaí ab ísle a bhí i gcúirt an Rí. Bhíodh sin mar ' bhí, bhí an chaint a dúirt Eibhidon ag dul ó bhéal go béal, gur chuala an stíobhard a chuaigh ag iarraidh na banríona é. D'inis seisean don Rí é. Badh é deireadh an scéil é gur ordaigh an Rí Eibhidon a chuir isteach i seomra dorcha ar feadh lá is bliain faoin masla sin a thabhairt dó féin. Bhí mar sin go ceann tamall maith, agus go dtí aon lá amháin a raibh an Rí ag siúl thar an stábla a raibh Eibhidon bocht i ngéibheann ann. Ag dul thar an áit dhó, chuala sé an caoineadh agus an osnaíl istigh. Sheas sé ag éisteacht.

“Céard a dhéanfas mé [ar] chor ar bith?” a bhí Eibhidon a rá istigh, “fágfar anseo go deo mé, agus cár chás dom é, ach gan aon nduine ag mo mháistir chomh dílis dó is ' bhí mise.”

D'iompaigh an Rí ar ais aríst agus chuir sé fios ar an stíobhard. D'ordaigh sé dhó Eibhidon a ligean as géibheann agus ' rá leis ' theacht go dtí é féin. Ligeadh amach é gan mhoill agus tháinig sé go dtí an Rí.

“Gabh anois,” a deir seisean, “agus féach an bhfaighfeá í.”

⁹¹ Ls.: ‘stíobhardaibhi.’

⁹² Ls.: ‘eithigh.’

D'imigh Eibhidon agus ní raibh a fhios aige céard a dhéanfadh sé. Mar sin féin, chuaigh sé gur ghlan agus gur ghléas sé féin chomh maith agus ' d'fhéad sé. Nuair a bhí sé nite gléasta, d'imigh sé leis, agus a ghunna ar a ghualainn aige, ag triall ar an áit a raibh an bhanríon óg 'na cónaí. Ní raibh mórán achair siúlta aige nuair a chonaic sé caróg ar an gclaí. Shocraigh sé a ghunna ag dul⁹³ ag caitheamh léi.

“Mo chrá is mo mhilleadh agam,” a deir sé, “má mharaím choíche thú, mara dtiúrfaidh mé seans eile ar do shaol duit.”

Chuir sé a ghunna ar a ghualainn aríst agus d'imigh sé leis ina bhealach. Bhí sé ag siúl leis go réidh socair go dtáinig sé go dtí trá ghainimh. Bhí an gaineamh⁹⁴ ina *bheanc* ard ag bruach an taoide. Chonaic Eibhidon portán istigh i mbéal na trá agus an taoide dá chartadh isteach 's amach. Nuair a thigeadh an taoide isteach, thugadh sé an portán leis agus bhuaileadh sé in aghaidh an *bheanc* ghainimh. Nuair a théadh sé amach, thugadh sé leis an portán aríst ar a dhroim. Bhíodar mar sin ag dul⁹⁵ isteach 's amach agus Eibhidon ag breathnú orthu nó gu[r] sa deireadh, gur chaith an taoide an portán suas ar an *mbeanc* ghainimh agus gur fhága sé ansin é. Shiúil Eibhidon anonn go dtí é.

“Mo chrá is mo mhilleadh agam,” a deir sé, “mara dtiúrfaidh mé seans eile ar do shaol duit,” ag breith air agus dá chaitheamh fad urchair amach sa bhfarraige.

D'imigh sé leis ina bhealach ansin, ach ní dheachaigh sé i bhfad gur casadh líon leis ar an trá agus iolrachán i bhfastó ann.

“Nár fheice mé an oíche,” a deir Eibhidon, “mara ligfidh mé cead do bhealaigh leat.”

Tharraing sé amach a scian gur ghearr sé an líon, agus gur thug sé cead a bhóthair don iolrachán. D'imigh sé fhéin leis ina bhóthar freisin agus níor casadh aon ní eile air nó gur shroich sé áras na banríona. Chuaigh sé isteach agus d'inis sé céard a bhí uaidh, gur dhá hiarraidhse don Rí a bhí sé.

⁹³ Ls.: 'gul.'

⁹⁴ Ls.: 'gainimh.'

⁹⁵ Ls.: 'gul.'

“Níl aon fhaill agat mise a fháil,” a deir sí, “nó go dtuga⁹⁶ tú lán[h]airt de na sleanntracha óir atá ar theach an fhathaigh atá ansin thiar chugam.”

Bhí go maith. Nuair a tháinig an oíche, thug Eibhidon an capall ’s an chairt leis agus chuaigh sé faoi dhéin tigh an fhathaigh. Tharraing sé an capall ’s an chairt suas le hais an bhalla, agus chuaigh sé fhéin suas ar an teach. Thosaigh sé ag caitheamh anuas na sleanntracha insa gcairt, ach níorbh fhada gur chuala an chailleach, máthair an fhathaigh, é.

“Éirigh go beo, a mhic!” a deir sí, “tá⁹⁷ duine eicínt ag baint an mhullach den teach.”

D’éirigh an fathach go tapa, rug sé ar a chloidheamh agus chuaigh sé amach. Nuair a bhreathnaigh sé suas, chonaic sé Eibhidon thuas ar mhullach an tí, agus é ag caitheamh na sleanntracha anuas insa gcairt chomh tréan is ’b’f[h]éidir leis.

“Gabh anuas as sin,” a deir an fathach, “nó caithfidh mé an capall leat.”

“Dheamhan mo chos a fhágfas an áit seo,” a deir Eibhidon, “nó go mbeidh mo chairt lán agam.”

“Gabh anuas a deirim leat,” a deir an fathach arís, “nó caithfidh mé an capall leat.”

Níor thug Eibhidon aon aird air. Shíl sé nárbh fhéidir dhó a bheith chomh láidir is go gcaithfeadh sé an capall leis. Nuair a chonaic an fathach ná raibh sé ag tabhairt aon aird air, ní rinne sé ach beireacht ar an gcapall agus a caitheamh leis. Bhuail sí Eibhidon insna loirgní agus chuir sí síos taobh thiar den teach é. Bhí an fathach de léim thiar ’na dhiaidh leis an gceann a bhaint de. Ach, sul mar ’ d’fhéad sé tarraingt air, tháinig an charóg, ar lig Eibhidon cead a coise léi roimhe sin, agus phioc sí súil as. Léim sí suas arís den talamh agus phioc sí an tsúil eile as sul mar ’ bhí a fhios ag an bhfathach céard a d’éirigh dhó.

“Anois,” a deir sí le Eibhidon, “an bhfuil sé de rath ort fhéin an ceann a bhaint de?”

“Ba chóir go mbeadh,” a deir Eibhidon, ag breith ar an gclaidhimh a bhí i lámh an fhathaigh, agus ag scuabadh an chinn de.

⁹⁶ Ls.: ‘go d-tugadh.’

⁹⁷ Ls.: ‘dá.’

Chuaigh sé isteach ansin agus bhain sé an ceann den chailleach. Ní raibh aon bhacadh air anois a chairt a líonadh, agus bhí a shliocht⁹⁸ air, thug sé cairt bhreá de na sleanntracha óir abhaile ag an mbanríon.

“Níl aon fhaill agat orm anois ach an oiread le cheana,” a deir sí, “gabh abhaile anois go ceann míosa agus lig do⁹⁹ scíth.”

“Dheamhan mo chos a ghabhfas abhaile choíche, go mbeidh a fhios agam cén scéala a thiúrfas mé ag mo mháistir.”

“Níl aon fhaill agat orm,” a deir sí, “nó go dtuga¹⁰⁰ tú chugam an fáinne óir a chaith mé amach i bhfarraige ar a leithéid seo de loing, in a leithéid seo d’áit, ag a leithéid seo d’uair, a raibh m’ainm i dtrí áit áir.”

D’imigh Eibhidon leis, gan a fhios aige cá dtiúrfadh sé a aghaidh ag tóraíocht an fháinne. Bhí sé ag siúl lá le taobh na farraige, ag breathnú anonn ’s anall le shúil go bhfeicfeadh sé an fáinne, nuair céard a casfaí¹⁰¹ leis, ach an portán ar thug sé cead a choise roimhe sin dó. D’fhiafraigh an portán dhe céard a bhí sé a thóraíocht. D’inis Eibhidon dhó faoin bhfáinne.

“Bí anseo romhamsa,” a deir an portán, “lá is bliain uaidh seo, agus má tá an fáinne le fáil beidh sé agam dhuit an lá sin.”

Bhí Eibhidon ag siúl anonn ’s anall ar fud na háite ag caitheamh na haimsire go raibh an lá is bliain thuas. Nuair a chuaigh sé go dtí an áit, bhí an portán ann roimhe agus an fáinne ar a chrúib aige. Thug sé do Eibhidon é, chuir seisean ina phóca é agus chuaigh sé go lánáthasach go dtí an bhanríon leis.

“Tá aon rud amhán eile anois a chaithfeas tú a fháil dom,” a deir sí, “sul mar ’ ghabhfas mé leat.”

“Céard é sin?” a deir Eibhidon.

⁹⁸ Ls.: ‘b’éileacht.’

⁹⁹ Ls.: ‘de.’

¹⁰⁰ Ls.: ‘go d-tugadh.’

¹⁰¹ Ls.: ‘casfaídh.’

“Tá,” a deir sí, “trí bhuidéal d’uisce thobar tintí atá an taobh ó thuaidh d’Ifreann.”

Dúirt Eibhidon leis féin ná raibh faill ar bith aige é sin a fháil, ach mar sin féin, d’imigh sé leis i ndiaidh a chinn roimhe. Bhí sé ag siúl leis féin aon lá amháin, nuair, cé a casfaí leis, ach an t-iolrachán a scaoil sé as an líon. D’fhiafraigh an t-iolrachán dhe cá raibh sé ag dul.¹⁰² D’inis Eibhidon dó.

“Bí¹⁰³ anseo romhamsa lá is bliain ó inniu agus má bhímse beo, beidh an t-uisce agam dhuit.”

Bhí go maith. Chuaigh an t-iolrachán ina bhealach, agus bhí Eibhidon ag caitheamh na haimsire anonn ’s anall go raibh an bhliain agus an lá thuas. Nuair a bhí an lá deireanach den aimsir caite, chuaigh sé go dtí an áit ar dhúirt an t-iolrachán a mbeadh sé. Bhí sé ann roimhe agus na trí bhuidéal faoina sciatháin aige. Thug Eibhidon leis iad go dtí an bhanríon óg. Ní raibh aon cheo eile lena coinneál anois agus chuireadar teachtaire ag an Rí ag rá go rabhadar ag teacht. Bhí chuile rud réidh ullamh ag an Rí rompu nuair a tháingadar. Is é an chéad mhaith a rinne an bhanríon nuair a tháinig sí ordú trí bhairille teara a fháil. Dúirt sí leis an Rí nach bpósfadh sí é, nó go léimfeadh sé síos agus aníos ins chaon cheann de na bairillí i ndiaidh a chéile.

“Déanfaidh mé féin ar dtús é,” ar sise.

Chuimil sí uisce thobar tintí dhi féin ansin agus léim sí síos agus aníos insna trí bhairille i ndiaidh a chéile agus as sin ar an urlár. Níor ghreamaigh pioc den teara dhi.

“Anois,” a deir sí leis an Rí, “déan thusa é.”

Chaith an Rí dhe an t-éadach a bhí taobh amuigh air agus léim sé isteach insa gcéad bhairille, ach, má léim, d’fhan sé ann, mar ghreamaigh an teara dhe agus níor fhéad sé corrú. Thug an bhanríon a haghaidh ar Eibhidon ansin agus dúirt sí:

“Sílím gur fearr a cheannaigh tusa mise ná mar ’ cheannaigh seisean mé. Seo, chuimil an t-uisce seo dhíot féin agus léim na bairillí sin.”

¹⁰² Ls.: ‘gul.’

¹⁰³ Ls.: ‘Bhí.’

Rinne Eibhidon sin go cliste. Pósadh é féin agus an bhanríon agus chónaíodar i dteach an Rí uaidh sin, agus d'fhan mise in mo bhotháinín féin.

CAIBIDIL 6

6.0 Scéal 4. Mánus Áiméan

Bhí baintreach 'na cónaí i gCúige Uladh fadó. Bhí aon mhac amháin aici a raibh Mánus Áiméan mar ainm air. Bhí Mánus bocht, ní raibh aige ach gabhálas beag talún agus aon tseanbhó amháin. Bhí sé ina shípeara ag tiarna mór a bhí san áit. Aon lá amháin, dúirt sé lena mháthair go raibh sí ag dul in aois anois, agus go gcaithfeadh sé a dhul ag iarraidh bean a thabharfadh cúnamh dhi leis an obair a dhéanamh.

“Tá teach mór oibre ag an Rí a bhfuil chúig chéad cailín ag obair ann, agus ní féidir nó gheobhaidh mé bean ann a fheilfeas¹⁰⁴ dom, ach caithfidh mé litir a fháil ó mo mháistir ar dtús le tabhairt ag an Rí.”

Chuaigh Mánus go dtí an tiarna agus d’inis sé dhó céard a bhí uaidh. Dúirt an tiarna go dtiúrfadh sé sin dó agus fáilte. Scríobh sé an litir agus thug sé togha cáil ar Mhánus inti don Rí. Nuair a fuair Mánus an litir, d’imigh sé leis agus níor chónaigh sé go dtáinig sé go dtí an Rí.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a Mhánuis!” a deir an Rí, “céard ’tá uait anois?”

“Tá mo mháthair ag dul in aois,” a deir Mánus, “agus teastaíonn bean uaim le cúnamh a thabhairt di. Seo litir a fuair mé ó mo mháistir.”

Léigh an Rí an litir agus nuair a bhí sí léite aige, d’fhiafraigh sé dhe Mhánus an raibh sé ina fhear mhaith oibre.

“Táim,” a deir Mánus, “i mo thogha fear oibre.”

“Siúil uait mar sin,” a deir an Rí, “agus gheobhaidh mise bean duit.”

Shiúileadar leo nó go dtug an Rí isteach i dteach é a raibh trí chéad cailín ag obair ann.

“An dtaitneodh¹⁰⁵ aon bhean acu sin leat a Mhánuis?” a deir an Rí.

¹⁰⁴ Ls.: ‘a fhoileas.’

¹⁰⁵ Ls.: ‘a d-aithneochadh.’

“Scread m[h]aidne orthu!” a deir Mánus, “cén ghnaithe¹⁰⁶ a bheadh agamsa d’aon nduine acu sin? Níl siad in ann¹⁰⁷ aon obair a dhéanamh dhom. Tá siad romhóiréiseach agus rophostúil ar fad.”

“Siúil uait, mar sin,” a deir an Rí.

D’imíodar leo go dtángadar go dtí teach eile a raibh dhá chéad cailín ag obair ann.

“Cé do mheas orthu sin, a Mhánuis?” a deir an Rí, “nó an dtaitneodh¹⁰⁸ aon nduine acu leat?”

“Ní thaitneodh go deimhin,” a deir Mánus, “níl gnaithe¹⁰⁹ ar bith agam d’aon nduine acu sin, níl siad in ann¹¹⁰ aon obair a dhéanamh dhom.”

“Níl a fhios agam céard a dhéanfas mé leat mar sin,” a deir an Rí, “ach, creidim, ó thug mé m’fhocal, go gcaithfidh mé bean a fháil duit.”

D’imíodar leo ansin go ndeachadar isteach insa chúirt, an áit a raibh na cailíní cistine agus parlúis. Chonaic Mánus bean a raibh a cuid muinchillí¹¹¹ craptha suas aici thar a huillinneacha, agus í ag gearradh fataí agus tornapaí.

“Sin í an bhean a fheilfeas¹¹² domsa,” a deir Mánus, “má fhaighim í. Ní ghlacfaidh mé aon bhean eile.”

“Is deacair dhom í sin a thabhairt duit,” a deir an Rí, “sin í an cailín is airde ag an mbanríon, agus tá cion mór aici uirthi, ach creidim ó gheall mé bean duit, go gcaithfidh tú í a fháil.”

Pósadh iad agus thug Mánus a bhean abhaile leis. Nuair ’ tháinig am béilí, d’fhiafraigh an bhean de Mhánus a raibh aon cheo le n-ithe acu.

¹⁰⁶ Ls.: ‘cé an ghno.’

¹⁰⁷ Ls.: ‘ionann.’

¹⁰⁸ Ls.: ‘nó d-aithneochadh.’

¹⁰⁹ Ls.: ‘gno.’

¹¹⁰ Ls.: ‘ionann.’

¹¹¹ Ls.: ‘muillinní.’

¹¹² Ls.: ‘a fhoileas.’

“Dheamhan blas le n-ithe anseo agat,” a deir Mánus, “mara n-íosfaidh tú fataí tur, is iad a bhíonnas agam fhéin agus ag mo mháthair.”

“Cén ghnaithe¹¹³ a bhí agat dhíomsa mar sin?” a deir sí, “nuair ná raibh aon cheo le n-ithe agat dhom – nó tuige nár iarr tú muileann ar an Rí a bheadh ag meilt dhúinn?”

“Measann tú an dtiúrfadh sé dhom é?” a deir Mánus.

“Tá fhios agam go dtiúrfadh,” a deir sí.

Ghread Mánus leis agus ní rinne sé cónaí go ndeachaigh sé go dtí an Rí.

“Is ea, a Mhánuis, céard ’tá ort anois?” a deir an Rí.

“Níl aon bhlas le n-ithe agam féin, nó ag mo bhean, nó ag mo mháthair,” a deir Mánus, “agus tháinig mé ag iarraidh muileann ort a bheadh ag meilt mine dhúinn.”

“Déanfaidh sin, a Mhánuis,” a deir an Rí, “gabh abhaile anois agus beidh muileann gaoithe insa mbaile romhat.”

D’imigh Mánus agus nuair a tháinig sé abhaile, bhí an muileann ann roimhe agus dhá thonna mine meilte aige. Stopadar an muileann ansin go mbeadh an méid sin ite acu. I rith na seachtaine, chuir an Rí fios ar Mhánus. Chuaigh Mánus go dtí é.

“Is ea, a Mhánuis,” a deir an Rí, “is é an ghnaithe atá agam dhíot anois teastaíonn uaim thú a chur le litir go dtí mo dheartháir atá sa Domhan Thoir.”

“Ara, cá bhfios domsa cá bhfuil do dheartháir ná an Domhan Thoir?” a deir Mánus, “ar ndóigh,¹¹⁴ ní bheidh mé ansin choíche, nó cén chaoi a ngabhfaidh mé ann?”

“Tiúrfaidh mise capall duit le dhul ann,” a deir an Rí.

“Déanfaidh sin,” a deir Mánus, “beidh mise ullamh le dhul ann ar maidín amáireach.”

D’imigh sé leis abhaile ansin.

“Cén ghnaithe¹¹⁵ a bhí ag an Rí dhíot?” a deir a bhean leis, nuair a tháinig sé.

D’inis Mánus dhi gur le dul le litir ag deartháir an Rí a bhí sa Domhan Thoir a bhí sé.

¹¹³ Ls.: ‘Cia’n ghno.’

¹¹⁴ Ls.: ‘arnughadh.’

¹¹⁵ Ls.: ‘Cia’n ghno.’

“Agus an dtiúrfaidh sé aon chapall duit?” a deir a bhean.

“Tiúrfaidh,” a deir Mánus, “mo rogha capall.”

“Má thugann,” a deir a bhean, “tabhair leat an capaillín beag a bhfuil an fionnadh liath uirthi. Sin í mo chapallsa agus tá níos mó draíocht aici ná ag a bhfuil de chapail sa stábla uilig. Sul mar ’ ghabhfas tú ar a droim caith trí ghail tobac agus trí phinse snaoisín. Agus seo dhuit [na] trí chloichín seo agus nuair a thiocthas tú go dtí bruach na farraige, caith romhat iad agus giorróidh siad an bealach go dtí trí mhíle bóthair dhuit.”

Bhí sin go maith. Ar maidin lá arna mháireach, tar éis a bhricfeasta agus comhairle mhaith óna mhnaoi, chuaigh Mánus go dtí cúirt an Rí. Fuair sé srian le dhul amach sa stábla agus a rogha capall a thabhairt leis. Sheas Mánus ag doras an stábla ag breathnú suas ar na capaill b[h]reá a bhí ann, agus níor airigh sé go deo go dtáinig capaillín bheag liath anall agus gur sháigh sí a ceann amach sa tsrian. Bhí Mánus ag dul ag tarraingt an tsrian ar siúl uaithe nó gur chuimhnigh sé ar céard a dúirt a mhnaoi leis. Chuir sé uirthi an tsrian ansin agus chinnir sé amach thar an ngeata í. Ach, nuair ’ shíl Mánus a dhul ar a droim, d’ardaigh an capaillín agus chaith sí in aer é.

“Droch-chríoch ort! Agus mo m[h]allacht duit!” a deir Mánus, “beidh mé marbh agat sul mar ’ ghabhfas mé don Domhan Soir ná an Domhan Siar.”

“Nach breá nár chaith tú trí ghail tobac agus trí phinse snaoisín sul mar ’ chuaigh tú ar mo dhroim?” a deir an capaillín.

“Is fíor sin,” a deir Mánus.

Tharraing sé amach a phíopa gur chaith sé na trí ghail tobac agus na trí phinse snaoisín. Chuaigh sé ar a droim ansin agus d’imíodar leo [s]na feire glinnteacha nó gur thángadar go bruach na farraige. Chuir Mánus lámh ’na phóca agus thóg sé aníos na trí chloichín. Chaith sé roimhe iad, agus cé go raibh deich gcéad míle go dtí an Domhan Thoir, giorradh dhó iad go dtí trí mhíle bóthair. Thóg Mánus na cloichíní agus chuir sé ina phóca aríst iad. Ba gearr a bhí siad ag cur na dtrí mhíle bóthair dhíobh nó gur s[h]roich siad tigh

dearthára Rí Uladh. Thug Mánus an litir dhó agus léigh sé í. Bhí sé insa litir gan Mánus a ligean abhaile beo.

“Is ea, a Mhánuis,” a deir sé, “cén chaoi a bhfuil mo dheartháir i gCúige Uladh?”

“Tá sé go maith,” a deir Mánus.

“Anois a Mhánuis, tá mise le dhul i bhfolach ortsa agus gabh tusa i bhfolach ormsa. Má fhaighimse amach thusa, bainfidh mé an ceann díot agus má fhaigheann tusa amach mise, is féidir leat an ceann a bhaint díom.”

Chaitheadar píosa airgid suas go mbeadh a fhios cé a ghabhfadh i bhfolach ar dtús agus ar Mhánus a thit sé. Ar maidin lá arna mháireach, nuair a chuaigh sé le féar is uisce ag an gcapaillín, d’fhiafraigh sé dhi cá ngabhfadh sé i bhfolach.

“Tarraing an tairne atá i mo chrú deas deireadh agus gabh ina áit,” a deir an capaillín.

Rinne Mánus sin agus bhí an Rí dhá thóraíocht go raibh sé an dó déag, ach níor bhfuair sé Mánus amach. Ní rinne an capall ach a cos deireadh a ardú agus Mánus a chaitheamh amach, agus é bhualadh faoin mballa.

“Mo mhallacht shíoraí dhuit!” a deir Mánus leis an gcapall, “tá mo chnámha briste agat.”

“Bhí faitíos orm go dtitfeadh codladh rothrom ort agus go mbeadh an Rí ag dul¹¹⁶ thar an doras agus go bhfeicfeadh sé ag dul amach thú. Bheadh a fhios aige ansin gur mise a bhí a c[h]únamh¹¹⁷ leat. Sin é an fáth ar chaith mé amach tobann fiáin thú.”

Bhí Mánus sásta ansin, thuig sé gurb ag¹¹⁸ an gcapall a bhí an ceart. Ar maidin lá arna mháireach aríst, nuair a thug sé féar is uisce ag an gcapaillín, d’fhiafraigh sé dhi cá ngabhfadh sé i bhfolach.

“Téirigh insan áit a raibh tú inné,” ar sise.

Tharraing sé an tairne agus chuaigh sé isteach ina áit. Níor chuimhnigh mé inseacht cheana gur in áit an tairne a bhí an parlús ba bhreátha a bhí le fáil. Bhí an Rí ag tóraíocht

¹¹⁶ Ls.: ‘gul.’

¹¹⁷ Ls.: ‘mise a bhí cóngnamh.’

¹¹⁸ Ls.: ‘aig.’

Mhánuis go raibh sé an dó dhéag,¹¹⁹ ach chinn air é a fháil amach. Bhí dhá lá dhe anois. An tríú lá nuair ' thug sé féar is uisce don chapall, d'fhiafraigh sé dhi cá ngabhfaidh sé i bhfolach inniu.

“Gabh isteach faoin bhfaithne atá faoi bhun mo chluaise, agus má thagann tú amach slán as, faigh an buidéal atá thuas faoin rata agus craith braon den uisce atá ann orm. Tiocfaidh an Rí isteach ar ball agus ní fhágfaidh sé ribe fionnaidh orm, ná in mo dhrioball gan dóigh, ná ní fhágfaidh sé crú ar mo chois, ná fiacail in mo cheann gan tarraingt [do] do thóraíocht.”

Chuaigh Mánus isteach faoin bhfaithne, agus níl ann ach go raibh sé i bhfolach nuair a tháinig an Rí isteach sa stábla. Níor fhága sé ribe fionnaidh ar an gcapall gan dóigh, ná níor fhága sé crú ar a chois, ná tairne ina crú, ná fiacail ina ceann gan tarraingt, ach chinn air Mánus a fháil 'na dhiaidh sin.¹²⁰ D'fhága sé an stábla ansi agus tháinig Mánus amach ón bhfaithne. Fuair sé an buidéal uisce agus chraith sé braon dhe ar an gcapall. Ní raibh¹²¹ sí ina capall leath chomh maith ariamh is ' bhí sí ansin. Ghabhfaidh sí seacht míle d'abhóg anois, agus ní ghabhadh sí ach chúig mhíle roimhe sin.

“Is ea, a Mhánuis,” a deir an Rí, “níor fhuair mé amach cá raibh tú i bhfolach.”

“Níor bhfuairis,” a deir Mánus.

“Tiocfaidh mise i bhfolach ortsa amáireach agus mara bhfaighidh tú amach mé, beidh an ceann agam le baint dhíot.”

Ar maidin lá arna mháireach, nuair a thug Mánus féar is uisce don chapall, d'fhiafraigh sé dhi cá mbeadh an Rí i bhfolach.

“Tá crann úlla insa ngairdín, agus an t-úll is mó ar an ngéagán is airde dhe sin, bain é. Sin é an Rí. Beidh an inín dhá iarraidh ort ach ná tabhair dhi é. Geallfaidh sí dhuit go

¹¹⁹ Ls.: ‘an dhó dheug.’

¹²⁰ Ls.: ‘na dheisin.’

¹²¹ Ls.: ‘Níor raibh.’

bpósfaidh sí thú agus gan a dhul abhaile go Cúige Uladh go brách. Abair léi go dtiúrfaidh tú píosa dhe dhi.”

Bhí go maith. Chuaigh Mánus ag siúl sa ngairdín agus ba gearr go bhfaca sé an crann úlla.

“Dar m’anam,” a deir sé, “go raibh mé go maith fadó ag dul¹²² suas i gcrann agus beidh a fhios agam ar chaill mé an scafántacht fós.”

Suas leis agus níorbh fhada go raibh sé ag barr agus an t-úll bainte aige. Chonaic Iníon an Rí é agus chuaigh sí anonn go dtí é.

“Tabhair dhomsa an t-úll sin,” a deir sí.

“M’anam nach dtiúrfad,” a deir Mánus, “tá dúil agam féin ann, tá tusa ag ithe úlla¹²³ chuile lá.”

“Má thugann tú dhom é, pósfaidh mé thú agus ní gá dhuit a dhul ar ais do Chúige Uladh go brách.”

“Ara, cén ghnaithe a bheadh agamsa dhíot?” a deir Mánus, “ar ndóigh,¹²⁴ ní thiúrfainnse mo bhean ar chéad de do shórt, ach ó tharla tú chomh cráite¹²⁵ sin ann, tiúrfaidh mé píosa dhe dhuit.”

Tharraing sé amach a scian agus leag sé ar an úll é ag dul dhá ghearradh.

“Mo chorp is m’anam ort!” a deir an Rí, “agus ná bain an ceann díom.”

“Droch-chríoch ort, más tusa atá ansin,” a deir Mánus, “is gur anois a bhí mise ag dul do do thóraíocht! Nó creidim gurb é Dia féin a chuir in mo chroí thú a bhaint seachas a raibh d’úlla¹²⁶ ar an gcrann.”

Bhí go maith go dtí lá arna mháireach. Nuair a thug Mánus féar is uisce ag a c[h]apaillín, d’fhiafraigh sé dhi cá mbeadh an Rí i bhfolach inniu.

¹²² Ls.: ‘gul.’

¹²³ Ls.: ‘ubhlaigh.’

¹²⁴ Ls.: ‘arnughadh.’

¹²⁵ Ls.: ‘chomh chráidhte.’

¹²⁶ Ls.: ‘d’ubhlaigh.’

“Tá dhá eala – cearc agus coileach – ar an oileáinín beag atá amuigh sa loch. Sin iad an Rí agus a inín. Tá a ghunna agus a chlaidheamh i bhfolach aige in aoileach na seacht mbliana atá taobh amuigh den stábla. Faigh thusa dhá fhear déag agus cuir ag cartadh an aoiligh iad. Nuair a gheobhas tú an gunna agus an claidheamh, gabh síos go bruach na locha agus abair leis an Rí a theacht isteach chugat, nó go gcuirfidh tú a bhfuil ’na ghunna féin thríd. Cuirfidh sin faitíos air agus tiocfaidh sé isteach, mar nach bhfuil aon cheo lena mharú ach an t-urchar atá ina ghunna féin, agus níl aon cheo lena dheartháir i gCúige Uladh a mharú ach a chlaidhimh seisean. Nuair a gheobhas tú istigh i ngar don talamh é, cuir a bhfuil sa ngunna thríd. Fág an gunna i do dhiaidh ansin agus tabhair leat an claidheamh agus tar go dtí mise.”

Mar sin a bhí. Fuair Mánus an dá fhear déag agus chuir sé ag cartadh an charn aoiligh iad, gur bhfuairadar an gunna agus an claimhe. Thug Mánus leis iad agus chuaigh sé síos go bruach na locha.

“Gabh isteach anseo chugam, a choiligh ghránna, nó cuirfidh mé a bhfuil in¹²⁷ do ghunna féin thríot,” a deir sé.

Chuir sin scanradh ar an Rí agus tháinig sé isteach, ach nuair a fuair Mánus i ngar dhó é, scaoil sé faoi a raibh sa ngunna agus d’fhág sé marbh é. Chaith sé uaidh an gunna ansin, thóig sé leis an claidhimh agus chuaigh sé go dtí an capaillín. Bhuail sé ar a droim agus d’imíodar leo go dtángadar go bruach na farraige. Chaith Mánus na trí chloichín roimhe agus ghiorraíodar an bealach dhó go dtí trí mhíle bóthair – gur tháinig siad go hÉirinn.

“Anois,” a deir an capaillín, “nuair a ghabhfas tú chomh fada le cúirt an Rí, cuir mise i bhfolach. Gabh isteach sa stábla ansin agus tabhair leat an láir dhubh, sílfidh an Rí gurb í a bhí sa Domhan Thoir agat. Fiafróidh sé dhíot cén chaoi a bhfuil a dheartháir. Inis dó cén nós mar ’ chuaigh tusa i bhfolach trí lá i ndiaidh a chéile air, agus nár bhfuair sé amach thú. Agus, mar ’ chuaigh seisean i bhfolach ortsa, agus mar ’ fuair tú amach é,

¹²⁷ Ls.: ‘an.’

agus mar ’ chuir tú a raibh ina ghunna féin thríd. Déarfaidh an Rí leat fanacht go n-íocfaidh sé thú, ach, nuair a iompóidh sé a chúl leat ag dul isteach, tiomáin suas an láir agus buail leis an gclaidhimh é.”

Rinne Mánus chuile ní dár dhúirt an capall leis. Nuair a tháinig sé go dtí an chúirt, chuir an Rí na mílte fáilte roimhe, agus d’fhiafraigh sé dhe cén chaoi a raibh a dheartháir sa Domhan Thoir. D’inis Mánus dhó chuile ní dár tharla air.

“Fan ansin,” a deir an Rí, “go n-íocfaidh mé thú.”

D’iompáigh sé ar a chois ag dul isteach. Ní rinne Mánus ach spoir a chur sa láir agus an ceann a scuabadh den Rí leis an gclaidhimh, agus é ag dul isteach an doras. Thiomáin Mánus leis abhaile an dá chapall. Chuir a bhean na mílte fáilte roimhe agus d’fhiafraigh sí dhe cé mar ’ d’éirigh leis insa domhan¹²⁸ thoir. D’inis Mánus dhi chuile ní dár tharla agus cén nós mar ’ m[h]araigh sé an Rí, agus nuair a chaillfí an bhanríon, go mbeadh an oidhreacht uilig aige féin. Ar maidin lá arna mháireach, dúirt Mánus lena bhean:

“Tá neart mine againn anois,” a deir sé, “ach, níl aon airgead againn le hanlann a cheannacht. Is fearr dhom an dá chapall a thabhairt [ch]un an aonaigh¹²⁹ agus iad a dhíol.”

Nuair ’ d’fhág Mánus an Domhan Thoir, chuaigh Iníon an Rí go dtí fathach mór a bhí ann. Dúirt sí leis a dhul go hÉirinn agus a bhean is a mhac – bhí mac óg ag bean Mhánuis an fhaid is ’ bhí sé insa Domhan Thoir – agus a dhá chapall a thabhairt uaidh Mhánus.

Thiomáin Mánus na capaill leis go páirc an aonaigh. Níorbh fhada a bhí sé ann nuair a tháinig fear mór go dtí é, agus d’fhiafraigh sé dhe céard a bheadh aige ar na capaill.

“Deich gcéad punt,” a deir Mánus, “chúig chéad an ceann.”

“Bhéarfaidh mise sin duit,” a deir an fear.

Nuair a fuair Mánus an t-airgead, chuaigh sé ag ól braon beag sul mar ’ ghabhfadh sé abhaile. Chaith sé roinnt dá chuid airgid sul mar ’ d’fhága sé an áit. Nuair a chuaigh

¹²⁸ Ls.: ‘domhain.’

¹²⁹ Ls.: ‘in na n-aonaigh.’ Léamh eile: ‘[ch]un a n-aonaigh.’ B’fhéidir go raibh an scéalaí ag smaoineamh ar an ‘dá chapall’ a luaigh sé roimhe seo.

m'fhear bocht abhaile, ní raibh bean nó páiste roimhe ná raibh ardaithe ar siúl ag an bhfathach. Ní raibh a fhios ag Mánus céard a d'éirigh dhóib[h]. Bhí sin go maith. Ar maidin lá arna mháireach, thug Mánus a raibh d'airgead aige dá mháthair agus d'imigh sé féin i ndiaidh a chinn roimhe ar thóraíocht a bhean agus a mhac. Bhí sé ag siúl leis go dtáinig sé go bruach na farraige. Shuigh sé síos ag ligint a scíth. Chuir sé lámh ina phóca ag iarraidh a phiopa agus céard a casfaí leis, ach na trí chloichín ' fuair sé óna bhean ag dul don Domhan Thoir. D'éirigh sé ina sheasamh.

“Dar m'anam,” a deir sé leis féin, “go dtiúrfaidh mé cuairt eile ar an Domhan Thoir.”

Chaith sé amach na cloichíní, agus ghiorradar an bealach dhó go dtí trí mhíle bóthair. Shiúil sé leis ansin gur casadh caisleán leis. Chuaigh sé isteach ann go ligfeadh sé a scíth, ach céard a bheadh istigh ann roimhe ach a bhean agus a dhá c[h]apall.

“Ara, céad fáilte romhat!” a deir a bhean, “nó céard a thug anseo thú, a Mhánuis?”

D'inis Mánus dhi cén nós mar ' fuair sé na trí chloichín ina phóca, agus mar ' ghiorradar an bealach dhó.

“Marach gur choinnigh tú na trí chloichín sin,” a deir a bhean, “ní fheicfeá aon amharc ormsa choíche.”

Thug sí a dhóthain le n-ithe dhó ansin agus chuir sí síos insa siléar i bhfolach é sul mar ' thiocfadh an fathach. Is é an obair a bhíodh ar an bhfathach sin chuile lá fosaíocht chuig cinn fhichead de ghabhair ar an gcnoc is airde a bhí san áit. Ní itheadh sé ach aon bhéilí amháin sa ló, agus d'itheadh sé dhá chéad mine agus a mbíodh de bhainne ag na chúig chinn fhichead de ghabhair don bhéilí sin. Bhí go leor crainnte ag fás thart timpeall¹³⁰ an chaisleáin agus níl aon chrann acu nár ghléas bean Mhánuis an tráthnóna seo le ribíní ar chuile shóirt dath.

“Cén fáth na crainnte sin a bheith gléasta suas mar sin agat anocht seachas aon oíche eile?” a deir an fathach, nuair a tháinig sé.

¹³⁰ Ls.: ‘thart thimchioll.’

“Muise,” a deir sí, “níl aon lá dá bhfuil ag dul thart nach bhfuil níos mó gean agus cion ag teacht agam ort, agus go deimhin, is gearr go mbeidh mé mar bhean agat freisin. Tá mé cinnte gur i gcrann acu sin ’tá do bhrí agus do spreacadh, agus dá mbeadh a fhios agam cé acu ceann é, níl aon tsaghas ribín dá bhfuil le fáil nach mbeadh agam air chuile thráthnóna nuair a thiofá.”

“Ó tharla go bhfuil an oiread sin cion agat orm, spáinfidh mé an crann duit. Níl aon cheo leis an gcrann sin ’ leagan ach buille de mo chlaidhimh féin, agus cébí áit a mbeinnse i mo sheasamh nuair a leagfaí an crann sin, thitfinn i mbun mo chos láithreach.”

Bhí go maith. Ar maidin lá arna mháireach, nuair a sheol an fathach a chuid gabhair leis ag dul¹³¹ dá bhfosaíocht, chuaigh bean Mhánuis go dtí an siléar.

“Ara, a Mhánuis, an bhfuil tú beo?” a deir sí.

“Táim,” a deir Mánus.

“Ar chuala tú aon cheo aréir?” a deir sí.

“Chualas, go deimhin,” a deir sé.

“Is ea a chladhaire,” a deir sí, “measann tú an bhfuil aon bhuille den rath agat?”

“Dar mo láimh,” a deir Mánus, “nuair a bhí mé i mo bhuachaill óg ná raibh aon duine sa mbaile a raibh buille coise agus dorna aige chomh maith liom, agus níor éirigh fia nó giorria romham ariamh agus maide a bheith i mo láimh agam, nach bhfágfainn sínte den chéad iarraidh.”

“Is maith sin,” a deir sí.

Ghléas sí bricfeasta breá dhó agus nuair a bhí a sháith ite aige, fuair sé claidhimh an fhathaigh a bhí crochta ina sheomra agus chuaigh sé amach go dtí an crann. Thug sé aon ghiota reatha¹³² amháin agus leag sé an crann den chéad bhuille. Ar an nóiméad céanna, thit an fathach i mbun a chos ar bharr an chnoic i measc na ngabhar. Thug Mánus agus a bhean an dá chapall agus an páiste leo. Chuireadar mála óir agus airgid ar thosach chaon

¹³¹ Ls.: ‘gul.’

¹³² Ls.: ‘rathaigh.’

cheann de na capaill agus líonadar a raibh de phócaí ar na diallaideacha freisin le ór 's le airgead. D'fhágadar an Domhan Thoir ansin agus chuadar go Cúige Uladh. Nuair a lig Mánuis a scíth, thug sé leis an capaillín liath agus chuaigh sé don Domhan Soir aríst ag iarraidh mála eile d'ór¹³³ an fhathaigh, ach faraor, b'éigin domsa Cúige Uladh a fhágáil sul mar ' tháinig Mánuis ar ais, agus d'fhága sin mé féin beo bocht ó shin.

¹³³ Ls.: 'de ór.'

CAIBIDIL 7

7.0 Scéal 5. Cat an Mhuilleoir

Bhí muilleoir ann fadó a raibh triúr mac aige. Bhí ocht n-acra dhéag agus dhá fhichead talún aige agus muileann breá, ach bochtaíodh anuas é go dtí ná raibh aige ar an talamh ach aon tseanbhó amháin agus beagán caorach, agus capall is carr. Bhí an muilleoir ag dul¹³⁴ in aois agus [ch]un tinnis¹³⁵ agus chuir sé fios ar an mac óg a bhí i gcoláiste, go ndéanfadh sé a úchta. D'fhág sé an talamh ag an mac is sine, d'fhág sé an tseanbhó agus an capall 's an carr ag an dara mac.

“Níl agam le fágál agatsa,” a deir sé leis an mac óg, “ach an seachat sin thíos ag an tine.”

“Muise, a athair,” a deir an mac óg, “is suarach an féirín dhom a bheith ag breathnú ar an gcat sin, agus is mairg dhuit nár fágadh¹³⁶ san áit a raibh mé, mé, nuair ná raibh agat le fágál agam ach é sin. Mara ndéanfainn ach imeacht ' mo scoláire bocht ar fud an tsaoil, b'fhéidir go mbainfinn mo bheatha as. Ach ó tharla gur fhága tú agam é, maróidh mé é agus déanfaidh mé péire láimhinní dá chraiceann, agus caith[fidh] mé le nádúr dhuit iad.”

“Dar a shon,” a deir an cat, dhá bhiorú fhéin suas sa gclúid, “dar a shon a marófá mise. B'f[h]éidir nár fhág t'athair ag aon nduine de do chuid deartháracha saibhreas chomh maith as ' d'fhág sé agatsa.”

Thit an bheirt ' lagar, bhí an oiread sin scanradh orthu cat a chloisteál ag caint.

“Gabh amach,” a deir sé, “agus ceannaigh culaith éadaigh dom, agus abair leis an ngréasaí gallda péire bróg a dhéanamh dhom a bheas suas go dtí mo cheathrúnaí, agus ceannaigh cheithre slata éadach cadáis agus tabhair ag bean f[h]uála é agus abair léi mála a dhéanamh dhuit de, agus é a bheith ag rith ar ruóg.”

D'imigh Mhac an Mhuilleoir agus rinne sé chuile rud dár ordaigh an cat dhó. Nuair a bhí an cat gléasta suas faoina chulaith éadaigh, a hata agus a phéirín bróg, dúirt sé le Mhac

¹³⁴ Ls.: ‘gul.’

¹³⁵ Ls.: ‘an aois agus an tinnis.’ Léamh eile, b'fhéidir: [ch]un aois agus [ch]un tinnis.

¹³⁶ Ls.: ‘nár fhágadh.’

an Mhuilleoir glaice de chuile chineál grán, seagal, eorna agus coirce a chur síos insa mála. Rinne sé sin, agus nuair a bhí sé réidh aige, tharraing an cat an ruóg lena dhá chrúib thosaigh. Chaith sé an mála aniar ar a dhá ghualainn, leath ar chaon taobh agus d'imigh sé leis. Bhí sé ag siúl leis go péacach go dtáinig sé go dtí páirc mhór leis an Rí. Chuaigh sé isteach sa bpáirc, d'oscail sé amach béal an mhála agus chart sé aniar cuid den ghrán. Chuaigh sé fhéin i bhfolach faoin mála ansin. Níorbh fhada go dtáinig dhá ghiorria agus gur thosaíodar ag ithe an ghráin. De [réir] mar ' bhíodar ag ithe an ghráin, bhíodar ag teannadh siar insa mála. Nuair a fuair an cat thíos insa mála iad, tharraing sé an ruóg sa mála lena dhá chrúib agus d'fháisc sé orthu. Chaith sé an mála aniar ar a dhá ghualainn, giorria ar chaon taobh agus d'imigh leis, agus níor stad sé go dtáinig sé go caisleán an Rí. Bhuail sé ag an ngeata. Nuair a tháinig an geatóir amach, d'fhiafraigh sé dhe céard a bhí uaidh.

“Tháinig mé le bronntanas ag an Rí ó mo mháistir,” a deir an cat.

Lig an geatóir isteach é, agus chuaigh sé suas go doras an chaisleáin. Ní raibh sé ard go leor leis an gcloigín a bhí ann a tharraingt, ach bhuail sé buille dhá bhróigín ar íochtar an dorais agus tháinig an buitléara amach. D'fhiafraigh sé dhe céard a bhí uaidh. Dúirt an cat gur tháinig sé le bronntanas ag an Rí. Tháinig an Rí fhéin amach ansin.

“A Thiarna cait,” a deir sé, “céard atá uait?”

“Seo dhá ghiorria,” a deir sé, “a chuir mo mháistir chugat agus dúirt sé leat ' rá le do chuid búistéirí iad a m[h]arú duit agus go ndéanfaidh siad anraith dheas. Ní le mada nó gunna a mharaigh sé iad ach iad a ghabh[áil] le líon.”

“Cé é do mháistir?” a deir an Rí, “abair leis go bhfuil mé an-bhuíoch dhe.”

“Is é mo mháistir,” a deir an cat, “an Tiarna Marcas an Cearbas.”

(Is é an sórt duine é Marcas an Cearbas duine uasal a raibh go leor talamh agus eallach aige. Bhí bean darb ainm Nábla ina cónaí in aice leis. Bhí cuid mhór draíocht aici agus aon lá amháin rinne sí dhá philéar geata de Mharcas an Cearbas nuair nach bpósfadh sé

í. Bhí an teach 's an talamh sa raibh ann aici féin ansin.) Dúirt an Rí leis an gcat fanacht ansin go dtiocfadh sé ar ais. Chuaigh sé isteach agus thug sé amach chúig phíosá óir, agus thug sé don c[h]at iad, agus an píosa ba lú acu sin, shaibhreodh sé gach ar bhain le Mhac an Mhuilleoir ariamh. Chuaigh an cat abhaile agus thug sé na chúig phíosá óir do Mhac an Mhuilleoir. Cheannaigh seisean stuc le cuide dhe agus chuir sé ar thalamh a dhearthára iad. Lá arna mháireach aríst, dúirt an cat le Mhac an Mhuilleoir glaice de chuile shaghas gráin a fháil, seagal, cruithneacht agus coirce agus iad a chur insa mála. Rinne sé sin. D'fháisc an cat an ruóg ar an mála agus chaith sé aniar ar a dhá ghualainn é. D'imigh leis ansin agus, níor stop sé go dtáinig sé go dtí abhainn a bhí ag rith trí thalamh an Rí. Leag sé an mála ar bhruach na haibhne, d'oscail sé amach é agus chart sé aniar cuide den ghrán. Chuaigh sé fhéin isteach faoin mála ansin. Níorbh fhada go dtáinig dhá phataire uisce ag ithe an ghráin. [D]e réir¹³⁷ mar ' bhíodar ag ithe, bhíodar ag teannadh siar insa mála. Chomh luath is ' fuair an cat thíos insa mála iad, tharraing sé an ruóg lena dhá chrúib thosaigh agus d'fháisc sé orthu. Chaith sé aniar ar a dhá ghualainn ansin é, ceann ar gach taobh agus chuaigh sé go dtí geata an Rí. D'fhiafraigh an geatóir dhe céard a bhí uaidh. Dúirt sé go raibh sé ag teacht le bronntanas eile óna mháistir ag an Rí. Lig an geatóir isteach é agus chuaigh sé go dtí doras an halla. Bhuail sé buille dhá bhróigín ar íochtar¹³⁸ an dorais mar ' rinne sé an lá roimhe sin agus tháinig an builtéara amach.

“Céard 'tá uait inniu?” a deir sé leis an gcat.

“Tháinig mé le bronntanas eile ag an Rí ó mo mháistir,” a deir an cat.

Tháinig an Rí fhéin amach ansin.

“A Thiarna cait,” a deir sé, “céard 'tá uait inniu?”

“Is ea,” a deir a cat, “ar m[h]araigh do chuid búistéaraí na giorriacha sin inné dhuit? Nó cé mar ' thaitnigh¹³⁹ siad leat?”

¹³⁷ Ls.: ‘Ar réir.’

¹³⁸ Ls.: ‘iachtair.’

¹³⁹ Ls.: ‘cé mar thaitinne.’

“Dar mo lámh is m’fhocal duit,” a deir an Rí, “gur fadó ó d’ith mé aon fheoil is fearr a thaitnigh¹⁴⁰ liom ná iad.”

“Seo dhá phataire uisce a chuir mo mháistir chugat inniu agus déanfaidh siad sú deas dhuit,” a deir an cat.

“Tá mé an-bhuíoch dhe agus go ngabh[a] mé féin agus m’inín ar cuairt aige amáireach.”

D’imigh an cat leis abhaile agus d’inis sé do Mhac an Mhuilleoir go raibh an Rí agus a inín le theacht ar cuairt aige lá arna mháireach.

“Ó, a Thiarna!” a deir Mhac an Mhuilleoir, “cá mbeadh sé ag teacht? Ar ndóigh,¹⁴¹ ní anseo a thiofadh sé, nó fainic an tusa a dúirt leis é?”

“Ní mé go deimhin,” a deir an cat, “ach é fhéin a dúirt go dtiofadh sé.”

Ní raibh a fhios ag Mhac an Mhuilleoir céard a dhéanfadh sé.

“Ó,” deir an cat sa deireadh, “tuige nach bhfuil aon bheart agat ach mar sin? Gabh amach agus ceannaigh cheithre slata d’éadach ar fónamh agus ocht [g]cinn [de] c[h]naipí *diamonds*. Tabhair ag bean fhuála iad, agus abair léi cóta mór a dhéanamh dhuit. Abair léi sé chnaipe a chuir anuas ina bhrollach agus ceann in chaon rosta.”

D’imigh Mhac an Mhuilleoir agus rinne sé mar ’ d’ordaigh an cat dhó. Cheannaigh sé an t-éadach agus na cnaipí agus thug sé ag bean fhuála iad go rinne¹⁴² sí an cóta dhó. Nuair a bhí sin déanta, dúirt an cat leis ’ dhul agus capall is cóiste a fháil le aghaidh an lae amáireach. Ar maidin lá arna mháireach, d’ordaigh an cat a chuid bróga¹⁴³ a ghlossáil dó. Chuaigh sé fhéin agus Mhac an Mhuilleoir isteach sa chóiste. Bhíodar ag imeacht leo nó gur thángadar go dtí droichead a raibh naoi súil air. Dúirt an cat le Mhac an Mhuilleoir a chóta a bhaint de agus a chur i leataobh. Nuair a bhí sin déanta, dúirt sé leis an cóiste a chaitheamh droim ar ais ar an mbóthar, agus é féin a dhul amach insan abhainn agus a bheith ag *bobáil* suas anuas insan uisce. Thosaigh an cat ag siúl anonn ’s anall ar bharr an

¹⁴⁰ Ls.: ‘a th-aithinne.’

¹⁴¹ Ls.: ‘arnughadh.’

¹⁴² Ls.: ‘gur rinne.’

¹⁴³ Ls.: ‘bhróga.’

droichid go bhfaca sé cóiste an Rí ag teacht. Bhí chúig chéad saighdiúr in éineacht leis, dhá chéad go leith roimhe amach agus dhá chéad go leith ina dhiaidh aniar, agus a gcuid claidhimhí geala gan clúdaigh síos lena dtaobh. Nuair a bhí an Rí agus a gharda i ngar dhó, thosaigh an cat ag bualadh a dhá chrúib faoi chéile, agus ag glaoch amach:

“Mo mháistir! Mo mháistir!”

Nuair a shroich an Rí an áit a raibh sé, stop sé a chóiste agus d’fhiafraigh sé den chat céard a bhí air.

“Ó,” a deir sé, “mé fhéin agus mo mháistir a bhí ag dul¹⁴⁴ ag breathnú ar a[r] gcuid feilmeacha¹⁴⁵ agus ag athrú a gcuid beithígh, nuair a tháinig buín shaighdiúr suas linn. Rugadar ar mo mháistir agus chaitheadar amach san abhainn é, is siúd é amuigh anois é dhá bhá.”

Nuair a bhreathnadar amach chonaiceadar an fear, is gan ann ach go raibh a c[h]eann os cionn uisce. Chuaigh beirt shaighdiúir amach láithreach agus thugadar isteach é. Bhí tuilleadh acu ag siúl anonn ’s anall, gur casadh an cóta leo a chuir Mhac an Mhuilleoir i bhfolach roimhe sin. Thugadar ag an Rí é, agus bhí an-ionadh air nuair a chonaic sé na cnaipí breá a bhí ann. Dúirt sé leis féin gur chóir go raibh an fear sin an-tsaibhir. Nuair a thug na saighdiúirí Mhac an Mhuilleoir, isteach bhí sé fliuch báite, agus d’ordaigh an Rí dhóibh é a chur ina chóiste féin. Bhí culaith bhreá éadaigh insa chóiste aige le aghaidh cur air lá arna mháireach nuair a ghabhfadh sé ag siúl amach le Marcas an Cearbas. Thug sé do m[h]ac an mhuilleoir an chulaith éadaigh le cur air anois. D’imigh an cat rompu ar an mbóthar. Níorbh fhada gur casadh aoire leis a bhí ag seoladh chúig chéad bó bhainne leis an Nábla seo a bhí in áit Marcas an Cearbas. Dúirt an cat leis dá bhfiafródh an Rí dhe cé leis na beithígh sin, a rá gur leis an Tiarna Marcas an Cearbas iad. Bhí go maith. Nuair a chonaic an Rí na beithígh bhreá ag dul thart, sháigh sé a cheann amach agus d’fhiafraigh

¹⁴⁴ Ls.: ‘gul’

¹⁴⁵ Ls.: ‘feilmneacha.’

sé den aoire cé mba leis na beithígh sin. Dúirt seisean gur leis an Tiarna Marcas an Cearbas.

“Ó, a Thiarna!” a deir sé le Mhac an Mhuilleoir, “nach breá na beithígh atá agat, nó creidim gur le taispeáint a thug tú dhom féin agus do m’inín inniu iad.”

Níor labhair Mhac an Mhuilleoir focal ach a cheann faoi aige. Ní raibh a fhios aige beo cén chiall é a bheith istigh i gcóiste an Rí agus culaith éadaigh leis an Rí air. Bhí a fhios aige go maith gurb é an cat ba ciontach leis. Níor lig an faitíos dó focal a labhairt. D’imíodar leo agus an cat rompu amach i gcónaí. Ba gearr gur casadh fear eile leo a bhí ag seoladh trí nó ceithre¹⁴⁶ tréada caorach. Dúirt an cat leis dá bhfiafródh an Rí dhe cé leis an méid sin caoirigh, a rá gur leis an Tiarna Marcas an Cearbas iad. Mar sin a rinne. Nuair a chonaic an Rí na caoirigh ag dul thart sháigh sé amach a cheann agus d’fhiafraigh sé cé mba leis iad. Dúirt an sípéara gur leis an Tiarna Marcas an Cearbas iad.

“Ó, a Thiarna!” a deir an Rí, “nach mór an lán stoic agat? Nó, creidim gur féachaint an dtiúrfadh m’inín taitneamh dhuit atá tú dá[r] dtaisbeáin[t] dhúinn inniu.”

Ach, dá mbeadh sé ag caint ó shin, ní bhfaigheadh sé focal ó Mhac an Mhuilleoir. Bhíodar ag imeacht leo gur casadh fear leo a raibh trí chéad bullán roimhe amach. Dúirt an cat leis dá bhfiafródh an Rí dhe cé leis iad, a rá gur leis an Tiarna Marcas an Cearbas. Bhí sin go maith. Nuair a chonaic an Rí na bulláin, chuir sé amach a cheann agus d’fhiafraigh sé cé mba leis iad. Inseadh dhó gur leis an Tiarna Marcas an Cearbas.

“A Thiarna!” a deir an Rí, “níl cur síos ar bith ar a bhfuil d’eallach agat. Is ceart duit go leor talamh a bheith agat is a bheith in ann¹⁴⁷ an méid sin stoic a chothú.”

Dúirt sé lena inín a láimh a chur faoina mhuineál. Ní raibh a fhios ag Mhac an Mhuilleoir an síos thríd an gcóiste, nó thrí dhroim an chapail a ghabhfadh sé nuair a dúirt an Rí é sin. Níor stad an cat go deo go dtáinig sé go geata tigh Nábla. Bhí leathchéad spealadóirí ag gearradh féir insa macha a bhí timpeall an tí. Bhí oiread céanna cúntóirí ann idir óg

¹⁴⁶ Ls.: ‘ceathair.’

¹⁴⁷ Ls.: ‘ionann.’

agus sean, cuid acu ag cnapadh suas an fhéir, tuilleadh acu ag piocadh na ngeosadáin as, agus cuid eile acu ag piocadh na gclocha beaga roimh na spealadóirí. Dúirt an cat leo nuair a d'fhiafródh an Rí dhíobh cé dhó a rabhadar ag obair, a rá gur don Tiarna Marcas an Cearbas. Chuaigh an cat isteach agus fuair sé Nábla ina suí síos ar chatha[o]ir, agus í ag déanamh bóna le biorán.

“Tá an Rí ag teacht,” a deir an cat, “agus chúig chéad saighdiúr in éineacht leis. Tá a gcuid claidhimhí geala gan clúdaigh síos lena dtaobh agus dá mhéad draíocht dá bhfuil agat, is fánach mar bhainfeadh duine acu an ceann dhíot. Shíl tú ná raibh a fhios ag duine ar bith céard a rinne tú le Marcas an Cearbas, ach tá a fhios agamsa é, rinne tú dhá philéar geata dhe agus tá siad 'na seasamh ansin amuigh anois. Gabh suas insa seomra is airde insa teach agus casfaidh mise an eochair ort go n-imeoidh an Rí agus a chuid saighdiúir.” Chaith sí uaithi an obair a bhí sí a dhéanamh agus suas léi. Suas leis an geat 'na diaidh, cuireann sé a chrúib insan eochair agus casann sé insa nglas í. Anuas leis ansin. Bhí trí mhart mór marbh le aghaidh an mhuintir a bhí ag obair, agus dhá réir de chaon tsaghas eile réidh le aghaidh an dinnéir. D'ordaigh an cat do na cailíní dinnéar a fháil réidh don Rí agus do na chúig chéad shaighdiúir. Nuair a tháinig cóiste an Rí chomh fada leis an ngeata, stad sé agus tháinig an Rí agus a inín agus Mhac an Mhuilleoir amach as. Nuair ' chonaic an Rí na fir oibre, d'fhiafraigh sé den stíobhard a bhí os a gcionn cé dhó a raibh an méid sin daoine ag obair. Dúirt seisean gur don Tiarna Marcas an Cearbas. Tharraing an Rí chúig phíosa óir amach as a phóca, thug sé don stíobhard iad agus dúirt sé leis iad a roinnt idir an mhuintir a bhí ag obair, agus gan é fhéin ag coinneál mórán dhe. Ghléas na cailíní na trí mairt, agus mar ' dúirt mé dhá réir de chaon tsaghas le aghaidh an dinnéir agus shocraíodar anuas ag an Rí, a inín, Mhac an Mhuilleoir agus na chúig chéad saighdiúir é. Nuair a bhí an dinnéar thart, dúirt an Rí go dtiocfaidís go dtí an tArdeaspag go bpósfáí a inín agus Mhac an Mhuilleoir. Ar siúl leo. Nuair a bhíodar imithe, chaith an

cat dhe an chulaith éadaigh a bhí air agus na bróga, agus chuaigh sé suas insa seomra a raibh Nábla ann. Chas sé an eochair agus chuaigh sé isteach.

“Tar éis a raibh de dhraíocht ariamh agam,” a deir sé, “níor fhéad mé a dhéanamh dhíom fhéin insa deireadh ach cat. Cuirfidh mé geall nach ndéanfása leon dhíot féin.”

“Cuirfidh mise geall go ndéanfadh,” ar sise.

Ní túisce a bhí an focal as a béal ná bhí sí ina leon. D’éirigh an cat de léim go ndeachaigh sé amach thríd an bhfuinneog a bhí ar bharr an tí, d’fhan sé ansin ag breathnú anuas uirthi. Bhí an leon ag dul thart timpeall an tseomra le cuthach buile go rinne sí poll insa mballa lena drioball.

“Cuirfidh mé geall,” a deir an cat, “nach ndéanfaidh tú luch bheag dhíot féin.”

Ní túisce ráite ná déanta, ar an nóiméad bhí sí ina luch bheag. Anuas leis an gcat de léim ar an urlár agus leis an bhfuinneamh a bhí fúithi, briseadh leathchois thosaigh leis. Shíl an luch rith isteach insa bpoll a chuir an leon ar an mballa lena drioball, ach, chuir an cat an chois shlán roimpi agus chaith sé amach í gur rug sé ar chúl chinn uirthi.

“Lig amach mé,” a deir an luch, “nuair a bhí mise i mo leon, mharóinn an Rí agus a raibh de shaighdiúir aige, dá dtogróinn é.”

Thug an cat fáisceadh eile dhi.

“Lig amach mé,” a deir an luch.

“Ní ligfead,” a deir an cat.

Is é dualgas chuile chat ar fhás cluas nó drioball air gan luch bheag ná mhór a ligean thairis gan breith ar chúl cinn uirthi agus í a mharú. Leis sin, mharaigh sé an luch agus d’ith sé í agus níor ith sé aon luch eile ariamh ó shin. Chuaigh sé síos ansin agus chuir sé air a chuid éadaigh aríst. Dhíbir sé a raibh de shearbhóntaí ag Nábla agus d’imigh sé fhéin leis go dtí an teach a raibh an bhainis dá caitheamh ann. Tugadh siar insa seomra é, agus fuair sé cuid de chaon tsórt bia dá raibh ar an mbord. Bhí ocht ndochtúr déag is fiche ag cur chaoi ar a chois dó, agus ag cuir cipíní léi. Chuaigh Mhac an Mhuilleoir agus Inín an

Rí ina gcónaí in áit a raibh Marcas an Cearbas. D'fhan an cat in éineacht leo ach tháinig mise abhaile.

CAIBIDIL 8

8.0 Scéal 6. Mac an Rí agus an Seanchapall Donn

Bhí mac Rí ann aon uair amháin agus bhí ocht gcinn de chapall aige. Lá amháin a ndeachaigh sé ag breathnú orthu, fuair sé an seanchapall donn, an capall ba sine uileag acu, ina seasamh suas le crann is í i riocht báis. Chuaigh an Mac Rí go dtí í.

“Is gearr an bás uait,” ar seisean, “is ba mhór an trua é, ba mhaith an capall¹⁴⁸ thú.”

Labhair an seanchapall leis is dúirt sí:

“Beidh mé chomh maith aríst is ’ bhí mé ariamh má níonn¹⁴⁹ tú an rud a déarfais mé leat.”

“Céard é sin?” a deir an Mac Rí.

“Maraigh na seacht gcinn de shearraigh agus tabhair dhom lucht na láireacha le n-ól, is ní bheidh aon chapall insa riocht leath chomh maith liom.”

“Déanfaidh mise sin,” arsa an Mac Rí.

Mharaigh sé na searraigh agus thug sé an bainne le n-ól don tseanchapall, agus níor tháinig sé ag breathnú aríst uirthi go ceann lá agus bliain. Nuair ’ chuaigh sé ag breathnú uirthi i ndeireadh na haimsire sin fuair sé í níos dona ná a bhí sí an chéad uair.

“Drochrath ort!” a deir sé, “más mar sin atá tú, tar éis mo sheacht gcinn de shearraigh bhreá, a bheadh ’na gcapall anois, a mharú¹⁵⁰ dhuit. Más mar sin atá tú,” ar seisean.

“Is mar sin atá mé,” a deir an seanchapall, “ach má thugann tú lucht eile le n-ól dom, ní bheidh aon chapall le fáil inc[h]ur síos liom is dá mbeifeá istigh i dtinte Ifreann féin, thabharfainn as thú.”

“Mo chrá is mo mhilleadh chugam!” arsa an Mac Rí, “mara dtryáilfidh¹⁵¹ mé an babhta seo leat.”

¹⁴⁸ Ls.: ‘chapall.’

¹⁴⁹ Ls.: ‘maith gnídheann.’

¹⁵⁰ Ls.: ‘a mharbh.’

¹⁵¹ Ls.: ‘mara dtradháilfidh.’

M[h]araigh sé na searraigh, agus thug sé an lucht le n-ól di, agus d'fhág sé mar sin í go ceann lá agus bliain eile. I ndeireadh na haimsire sin chuaigh sé ag breathnú aríst uirthi ach má chuaigh, fuair sé i bhfad níos dona í ná aon uair eile.

“Mo dhíomú dhuit!” ar seisean, “más mar sin atá tú anois tar éis mo cheithre cinn déag de shearraigh bhreá a mharú¹⁵² dhuit a bheadh 'na gcapaill anois agam. Más mar sin atá tusa tar éis na haimsire!”

“Is mar sin atá mé,” arsa an seanchapall, “ach tabhair lucht eile dhom agus níl aon ní nach mbeidh mé in ann a dhéanamh dhuit.”

“Dheamhan searrach eile a mharós mise dhuit, ná deoir a gheobhas tú níos mó, más bás nó éirí dhuit,” arsa an Mac Rí, “ach beidh a fhios agamsa cén mhaith atá ionat,” a deir sé, dá tiomáint amach as an bpáirc.

Chuir sé srian is diallaid uirthi, bhuail sé fhéin ar marcaíocht uirthi, agus as go brách leo. Bhíodar ag imeacht is ag síorimeacht nó go bhfaca Mac an Rí trí bhraon fola ar an mbóthar roimhe, agus lóchrann solais ar chaon c[h]eann acu. Sheas sé an capall.

“Tógfaidh mé ná trí bhraon fola seo,” ar seisean, “a bhfuil an solas breá seo orthu.”

“Ná tóg,” arsa an capall, “mo chomhairle dhuit, nó má thógair, beidh aiféala ort. Ach dá dtugta¹⁵³ an tríú lucht domsa le n-ól, déarfainn leat iad a thógáil, agus ní bheadh mórán eagla orm dhá rá ach an oiread.”

Ní raibh aon mhaith ann. Léim an Mac Rí anuas, thóg sé na trí bhraon fola, agus chuir sé ina naipicín póca iad. D'fhill sé suas an naipicín aríst agus chuir sé ina phóca é. Chuaigh sé ins an diallaid aríst is bhíodar ag imeacht go dtángadar go cúirt Rí. Thiomáin sé suas go dtí an doras is d'fhiafraigh sé an bhfaigheadh sé lóistín ann go maidin. Dúradh leis go bhfaigheadh. Chuir sé a chapall insa stábla agus chuaigh sé isteach. Bhí sé féin agus an Rí ag ithe agus ag caint is ag comhrá go ham codlata. Nuair a bhí an Mac Rí ag dul a chodladh, bhí an cailín ag tabhairt solais dó.

¹⁵² Ls.: ‘a mharbh.’

¹⁵³ Ls.: ‘dá dtugtheá.’

“Ní theastaíonn aon tsolas uaim,” ar seisean, “ní bheidh mé ag iarraidh aon tsolas.”

Nuair a chuaigh sé isteach insa seomra, dhún sé an doras is chuir sé an glas uirthi. Tharraing sé amach a naipicín póca ansin, agus leag sé na trí bhraon fola ar an mbord. Ní fhaca fear ná bean ariamh solas badh bhreácha ná a bhí orthu. Shuigh sé síos ansin agus thosaigh sé ag léitheoireacht. San oíche lá arna mhárach aríst bhí an cailín ag tabhairt solas dó, ach ní ghlacfaidh sé é.

“Nach iontach,” a deir an cailín leis an Rí, nuair a chuaigh Mac an Rí dhá sheomra, “nach nglacfaidh an duine uasal sin solas ina sheomra, seachas aon nduine uasal dár chodail sa gcúirt seo ariamh?”

“Is iontach go deimhin,” a deir an Rí, “agus caithfidimid¹⁵⁴ fáil amach cén fáth atá aige leis.”

D’imigh leis an gcailín go dtí an seomra a raibh Mac an Rí ann agus chuir sí a súil ar pholl an ghlais is bhreathnaigh sí isteach. Chonaic sí an seomra lán le solas is chuir sin iontas mór uirthi, ach nuair a chonaic sí na trí bhraon fola ar an mbord, agus gurb orthu a bhí an lóchrann, is Mac an Rí ag léitheoireacht le hais an bhoird, chuir sé níos mó ná sin iontas¹⁵⁵ uirthi. Rith sí go dtí an Rí agus d’inis sí dhó céard a chonaic sí. Bhí go maith go dtí san oíche lá arna mhárach. Nuair a bhí Mac an Rí ag dul a chodladh, thairg an cailín solas dó, ach dúirt sé mar ’ dúirt sé an dá oíche roimhe sin nár theastaigh aon tsolas uaidh. Nuair a chuaigh sé isteach sa seomra dhúin sé an doras agus chuir sé an glas air. Tharraing sé amach a naipicín póca is leag sé na trí bhraon fola ar an mbord. Shuigh sé síos ansin is thosaigh sé ag léitheoireacht. Nuair ’ fuair an Rí insa seomra é chuaigh sé ag breathnú thrí pholl an ghlais is chonaic sé chuile ní go díreach mar ’ dúirt an cailín. Bhuail sé an doras, ach nuair ’ d’airigh Mac an Rí é, chuir sé na trí bhraon fola ina naipicín is chuir sé ina phóca é. D’oscail sé an doras ansin agus chuaigh an Rí isteach sa seomra.

“Cad chuige nach bhfuil aon tsolas agat?” a deir sé.

¹⁵⁴ Ls.: ‘caithfidimid’

¹⁵⁵ Ls.: ‘iongantais.’

“Níl,” a deir Mac an Rí, “níor theastaigh aon tsolas uaim.”

“Tabhair dhom na trí bhraon fola sin a bhí leagtha ar an mbord agat, a raibh an lóchrann solais orthu,” a deir an Rí, “nó cuirfidh mé a bhfuil insa ngunna thríot.”

Tharraing Mac an Rí amach a naipicín agus thug sé don Rí na trí bhraon fola.

“Cuirimse faoi gheasa thú,” a deir an Rí, “is faoi mhórgheasa na bliana, a dhul agus an bhean a raibh na trí bhraon fola seo inti a thabhairt chugamsa, más faoi thalamh atá sí, nó os cionn talúna, faoi uisce nó os cionn uisce, is bí anseo i gceann lá agus bliain, nó beidh an ceann le cailleadh agat.”

Chuaigh Mac an Rí amach insa stábla in áit a raibh a chapall agus tharraing sé osna is bhris sé easna.

“Mac Rí faoi gheasa thú,” a deir an capall.

“Is ea muise,” a deir sé.

“Cén chaoi a bhfuil tú faoi gheasa?”

D’inis an Mac Rí dhó.

“Nár dhúirt mise leat gan bacadh le na trí bhraon fola sin? Ach dá dtugta¹⁵⁶ an tríú lucht domsa le n-ól ba gearr an mhoill orm í sin a fháil dhuit, ach tá sé mall agat anois. Mar sin féin, gabh ar mo dhroim is déanfaidh mé mo dhícheall. Ar an tslí go dtí an caisleán a bhfuil an bhean sin ann, tá trí léim le caitheamh agam, agus tá seacht míle ins chaon léim, seacht míle snáthadaí cruu, seacht míle tinte nimhe agus seacht míle luaidhe leáite.”

Chuaigh Mac an Rí ar dhroim an tseanchapail is d’imíodar leo ag imeacht is ag síorimeacht go dtángadar go dtí na seacht míle snáthadaí cruu. D’éirigh an seanchapall is ghlan sí de léim iad. Chaith sí na seacht míle tinte nimhe is na seacht míle luaidhe leáite. Nuair a sheasadar, bhíodar i ngar don chaisleán.

“Sin é thall anois,” a deir an capall, “an caisleán a bhfuil an bhean ar léi na trí bhraon fola ann is tá glais os cionn glais uirthi. Tá mada beag ag imeacht roimpi a bhíonns ag baint

¹⁵⁶ Ls.: ‘dá dtugtheá.’

na nglais dhi, is tá slabhraí is cloigíní óir ar sileadh síos go talamh léi. Déanfaidh mise circín dhíom féin is tiúrfaidh tú leat faoi d’ascaill suas chuig an gcaisleán mé. Tíocfaidh an bhean uasal go dtí thú is fiafróidh sí dhíot an ndíolfaidh tú an chircín dheas sin. Abair thusa léi go ndíolfar, gur lena díol a tháinig tú ansin. Ligfidh tú mise síos ar an urlár go bhfeicfidh sí mé. Beidh mé ag priocadh anonn is anall ar nós mo leithéid go bhfaighidh mé faille ar a dhul amach an doras. Déanfaidh mé capaillín beag deas dhíom féin ansin is seasfaidh mé insa doras. Nuair a bheas an margadh déanta agat leis an mnaoi uasal, tosóidh sí ag breathnú anonn is anall ar an urlár féachaint cá ndeachaigh an chircín is feicfidh sí mise agus mo thóin insa doras agam. Fiafróidh sí dhíot ar leat an capaillín deas sin sa doras. Abair thusa gur leat. Fiafróidh sí dhíot ansin an ligfidh tú ar marcaíocht uirthi í. Abair thusa go ligfir, ach nár lig sé aon nduine ariamh uirthi gan thú féin a bheith ar a cúl nó ar a tosach. Má dheireann sí ansin nach ligfidh sí ar a cúl nó ar a tosach thú, fiafraigh dhi an ligfidh sí dhuit beireacht ar eireaball¹⁵⁷ uirthi. Má ligeann, nuair ‘gheobhas mise ar mo dhroim í, cromfaidh¹⁵⁸ mé síos is bí thusa de léim thuas taobh thiar dhi.”

Rinne an seanchapall circín dhi féin ansin is ní fhaca súil ariamh circín ba dheise ná í. Thóg an Mac Rí leis faoina ascaill í is chuaigh sé suas go dtí an caisleán. D’airigh sé torann na nglais dá mbaint is ba gearr go bhfaca sé mada beag ag teacht anall go dtí an áit a raibh sé, agus an bhean badh bhreácha a[r] leag duine súil ariamh uirthi ina dhiaidh aniar.

“Ó!” a deir sí le Mac an Rí, “an ndíolfá an chircín dheas sin agat?”

“Dhíolfainn go deimhin,” a deir sé, “is le díol atá sí agam.”

“Céard a bheas tú a iarraidh uirthi?” a deir sí.

“Mar seo is mar siúd,” a deir sé.

¹⁵⁷ Ls.: ‘earball.’

¹⁵⁸ Ls.: ‘cromóchadh.’

Leag sé an chircín síos ar an urlár is bhí sí ag imeacht is ag priocadh anonn is anall go ndeachaigh sí amach sa doras. Ar an bpointe boise bhí sí ar an gcapaillín ba dheise dá raibh le fáil is a tóin sáite isteach sa doras aici. Nuair a bhí an margadh déanta acu, thosaigh an bhean uasal ag breathnú anonn is anall ag tóraíocht na circe. Nuair a d’ardaigh sí a ceann, chonaic sí an chapailín ’na seasamh insa doras.

“Ó!” a deir sí, “an leat an capaillín deas?”

“Is liom,” arsa Mac an Rí.

“An ligfeá ar marcaíocht uirthi mé?” a deir sí.

“Ligfead muise,” a deir sé, “agus fáilte, ach níor lig sí aon nduine ariamh uirthi gan mé féin a bheith ar a cúl nó ar a tosaigh.”

“Tut! Tut!” ar sise, “dar a shon go ligfinnse ar mo chúl nó ar mo thosach thú?”

“Glacaim pardún chugat a bhean uasal,” arsa Mac an Rí, “ní raibh mé ach dhá insint duit, ach b’fhéidir go ligfeá dhom breith ar eireaball¹⁵⁹ uirthi.”

“Ligfidh mé dhuit é sin a dhéanamh,” a deir an bhean uasal.

Chuaigh sí anonn go dtí an capaillín ansin is thosaigh sí dhá slíocadh is ag láíocht léi. Thosaigh an capaillín ag gabháil dá tóin in airde má b’fhíor dhi féin is ní ligfeadh sí ina gaire í. Chuaigh Mac an Rí anonn ansin agus rug sé ar eireaball uirthi is ní fhaca tú aon chapailín ariamh ba sásta a sheas ná í go ndeachaigh an bhean uasal ar marcaíocht uirthi. Chomh luath is ’ fuair an capaillín ar a droim í, íslíonn sí síos a deireadh is bhí Mac an Rí de léim thuas taobh thiar dhi. Siúd ar siúl an capaillín. Chaith sí na seacht míle luaidhe leathta/leachta de léim, na seacht míle tinte nimhe ina ndiaidh, is na seacht míle snáthadaí crua ina ndiaidh sin. D’imíodar leo ansin agus bhíodar ag imeacht go dtángadar go caisleán an Rí. Bhí an Rí ag feitheamh orthu is bhí sé ina sheasamh ag an ngeata rompu. Thóg sé an bhean uasal anuas den chapall, is thug sé isteach insa seomra badh bhreácha insa gcaisleán í.

¹⁵⁹ Ls.: ‘earball.’

“Caithfidh tú mise a phósadh anois,” a deir an Rí.

“Ní phósfad,” arsa an bhean uasal, “go dtugtha tú chugam mo chol ceathar atá ina ronnach Spáinneach faoin bhfarraige sa Domhan Thoir.”

Chuaigh an Rí ar thóraíocht mic an Rí is dúirt sé leis a dhul is col ceathar na mná uasal a bhí ina ronnach Spáinneach faoin bhfarraige insa Domhan Thoir a thabhairt chuige, is a bheith ar ais roimh lá agus bliain, nó go mbeadh an ceann le cailleadh aige. Chuaigh Mac an Rí amach sa stábla in áit a raibh a chapall, tharraing sé osna tar éis a dhul isteach dhó is bhris sé easna.

“Mac Rí faoi gheasa thú,” a deir an capall.

“Is ea muise,” a deir sé.

“Cé na geasa atá ort anois?”

D’inis Mac an Rí dhi.

“Dá bhfaighinnse an tríú lucht le n-ól ba gearr an mhoill orm é sin a fháil dhuit. Ach tá sé fánach agam anois. Mar sin féin, déanfaidh mé mo dhícheall, buail suas ar mo dhroim.”

Chuaigh an Mac Rí ar marcaíocht uirthi, agus bhíodar ag imeacht is ag síorimeacht go dtángadar go dtí trá bhreá ghainimh insa Domhan Thoir.

“Seo é an áit a bhfuil sé anois,” a deir an capall, “is gabh[faidh] mise amach faoin bhfarraige ar a thóir. Má fheiceann tú cúr bán ag teacht isteach i mbriseadh na toinne, beidh mise ag fáil an bhuachtáil, ach má fheiceann tú cúr dearg ag teacht isteach, beidh an bhuachtáil dá fháil orm.”

Chuaigh an capall amach faoin bhfarraige ansin is bhí Mac an Rí ag faire go bhfeicfeadh sé an cúr. Níorbh fhada go bhfaca sé cúr dearg ag teacht isteach i mbriseadh na toinne. Tháinig brón mór air nuair a chonaic sé is chuir sé bois faoina leiceann is thosaigh sé ag gol mar shíl sé nach bhfeicfeadh sé a chapall aríst go deo. D’éirigh sé ina sheasamh ag dul abhaile, ach ar breathnú amach aríst dó, chonaic sé an cúr dearg ag scaipeadh is cúr bán ag teacht isteach thríd. D’éirigh a chroí aríst is sheas sé ag breathnú amach. Ba gearr

go bhfaca sé an cùr dearg scaipthe uileag is an cùr bán ag teacht isteach ina áit. Níorbh fhada ina dhiaidh sin go bhfaca sé an capall ag teacht isteach agus col ceathar na mná uasal ar a droim. Nuair ' tháinig sí isteach ar an trá, dúirt sí le Mac an Rí a dhul suas taobh thiar. Chuaigh. D'imíodar leo ansin is níor chónaíodar go dtángadar go caisleán an Rí. Bhí seisean rompu ag an ngeata. Chraith sé lámh le col ceathar na mná uasal agus thug sé isteach insa seomra a raibh sí ann é.

“Pósfaidh tú anois mé,” a deir an Rí.

“Ní phósfaidh mé thú,” a deir sí, “go dtuga¹⁶⁰ tú chugam trí bhuidéal d'uisce Thobar na Bua atá an taobh ó thuaidh d'Ifreann.”

D'imigh sé ansin agus chuaigh sé go dtí Mac an Rí.

“Gabh,” ar seisean, “agus tabhair chugam trí bhuidéal d'uisce Thobar na Bua atá an taobh ó thuaidh d'Ifreann, agus bí ar ais anseo roimh lá agus bliain nó beidh an ceann le cailleadh agat.”

Chuaigh Mac an Rí amach sa stábla go dtína chapall. Nuair ' chuaigh sé isteach an doras, lig sé osna is bhris sé easna.

“Mac Rí faoi gheasa thú,” a deir an capall.

“Is ea muis,” ar seisean.

“Cé na geasa¹⁶¹ atá ort anois?”

D'inis sé dhi.

“Tá muid cailte anois thar ariamh,” a deir sí, “ach dá dtugta¹⁶² an tríú lucht domsa le n-ól ba gearr orm a dhul ansin, ach tá sé mall agat anois. Buail ar mo dhroim mar sin féin agus déanfaidh mé mo dhícheall.”

Chuaigh sé ar marcaíocht uirthi ansin, agus bhíodar ag imeacht is ag síorimeacht go dtángadar go barr cnoc mór.

¹⁶⁰ Ls.: ‘go dtugadh.’

¹⁶¹ Ls.: ‘na gheasa.’

¹⁶² Ls.: ‘dá dtugtheá.’

“Maraigh mise anois,” a deir an capall.

“Ó, ní mharód!” a deir Mac an Rí, “bhí sé chomh maith dhom mé féin a mharú dá maróinn thusa.”

“Ná bíodh faitíos ort,” a deir an capall, “maraigh mé, agus gabh isteach in mo phutógaí. Ní bheidh sé i bhfad go dtiocfaidh chúig cinn de phréacháin dhubha, dhá sheancheann is trí cinn óga. Tosóidh siad do m’ithe is nuair ’ gheobhas tusa an deis faigh greim ar na préacháin óga. Beidh na seanphréacháin dá n-iarraidh ort, agus abair thusa leo go dtiúrfaidh tú dhóibh iad nuair a thabharfas siad chugat chúig bhuidéal d’uisce Thobar na Bua atá an taobh ó thuaidh d’Ifreann. Imeoidh siad dhá iarraidh ansin is nuair a thioctas siad ar ais, féach an bhfuil a gclúmhach dóite, mara bhfuil ní é an t-uisce ceart a bheas acu. Doirt trí bhraon den uisce in mo chluais dheis is más é an t-uisce ceart é, éireoidh mé suas chomh maith is ’ bhí mé ariamh.”

Mharaigh sé an capall ansin is chuaigh sé féin isteach inti. Ba gearr a bhí sé ann nuair ’ tháinig na chúig cinn [de] phréacháin dhubha, trí cinn óga is péire seanchinn. Thosaíodar ag ithe an chapail is bhí Mac an Rí ag faire gur bhfuair sé faille ar beireacht ar na cinn óga. Chuir na seanphréacháin scread astu.

“Ní baol dóib[h],” a deir Mac an Rí, “má théann sibh is chúig bhuidéal d’uisce Thobar na Bua a thabhairt chugamsa, ach mara dté, casfaidh mé an ceann díobh.”

“Ná cas! Ná cas!” a deir na seanphréacháin, “agus tiúrfaidh muid chugat an t-uisce.”

D’imíodar leo ansin is is gearr a bhíodar imithe, nuair ’ tháingadar ar ais agus na buidéal uisce acu. Chonaic Mac an Rí ná raibh ribe clúmhaigh dóite dhíob[h]. Dhoirt sé trí bhraon den uisce i gcluais dheis an chapall, ach níor chorraigh sí ach an oiread le aon uair ó mharaigh sé í. Tháinig fearg mhór ansin air, is rug sé ar na préacháin óga ag dul ag casadh na gcinn díobh.

“Ná sílí,” ar seisean le na seanphréacháin, “go mbeidh sibh ag magadh fúmsa. Gabhaí is tugaí chugam uisce Thobar na Bua nó casfaidh mé an ceann láithreach dhíobh.”

Thosaigh na seanphréacháin ag screadach.

“Ná cas! Ná cas!” ar siadsan, “is tiúrfaidh muid chugat an t-uisce ceart an babhta seo.”

D’imíodar leo an dara uair is chaon scréach cráite acu, is chlois Mac an Rí an scréachaíl a bhí acu is iad fhéin mílte as amharc. Chaitheadar an-fhad imithe, ach faoi dheireadh, chonaic Mac an Rí ag teacht iad ’na luipreacháin, gan liobar clúmhaigh orthu ná raibh dóite, loiscthe agus na chúig bhuidéal uisce acu. Dhoirt sé trí bhraon as buidéal acu i gcluais dheis an chapail is d’éirigh sí suas chomh maith is ’ bhí sí ariamh. Scaoil sé ar siúl na préacháin óga ansin is ba gearr go rabhadar féin is na seanphréacháin imithe as amharc. Chuaigh sé ar marcaíocht ar a chapall ansin is d’iompaíodar ar ais ar an mbealach a tháingadar is níor chónaíodar gur tháinig siad chomh fada le cúirt an Rí. Bhí áthas mór air nuair ’ chonaic sé ag teacht iad.

“Anois,” a deir an capall le Mac an Rí, “má dúirt sé leat trí bhuidéal a thabhairt chuige, ní dhúirt sé leat chúig cinn a thabhairt chuige. Coinnigh thú fhéin péire acu agus inseoidh mise dhuit aríst céard a dhéanfas tú leo.”

Nuair ’ tháingadar chomh fada leis an ngeata, bhí an Rí ann rompu. Thug an Mac Rí na trí bhuidéal dó is thug sé leis isteach chuig an mnaoi uasal iad. Ar an bhfad seo bhí an Rí ag ligint air féin gurb é féin a bhí ag déanamh na ngníomhartha uileag. Nuair a thug sé na buidéal don mhnaoi uasal, dúirt sé:

“Pósfaidh tú anois mé, tar éis a ndeachaigh mé thríd dá bhfáil sin duit.”

“Pósfad,” ar sise, “amárach más tú a shaothraigh mé.”

Bhí an Rí an-lúcháireach nuair ’ dúirt sí é sin. Ar maidin lá arna mhárach dúirt an capall le Mac an Rí é féin a níochán leis an uisce a bhí insa dá bhuidéal aige, is a dhul amach insa chaisleán go bhfeicfeadh sé céard a bhí dhá dhéanamh ann. Bhí trí bharrille luaidhe leáite ansin leagtha le taobh a chéile is an bhean uasal is a col ceathar is an Rí ina seasamh suas ann. Léim an bhean uasal síos i gceann de na barailí, as sin sa gceann eile, den tríú

léim insa tríú baraille, is den c[h]eathrú léim ar an urlár. Rinne an col ceathar an cleas céanna.

“Anois,” a deir sí leis an Rí, “más tusa a shaothraigh mise, tá a fhios agam go bhfuil tú in ann é sin a dhéanamh.”

Shíl an Rí nár stró ar bith dhó é a dhéanamh. Léim sé síos insa gcéad bharaille, ach má léim d’fhan sé ann. Ní raibh pioc dhe le feiceál le iompú do bhoise ná raibh leáite insa luaidhe. D’iompaigh an bhean uasal a haghaidh ar Mhac an Rí.

“Sílím,” a deir sí, “gur tusa atá [do] mo shaothrúsa leis an fhaid seo aimsire. Féach an bhfuil tú in ann na cheithre léim sin a thabhairt.”

Ba gearr an mhoill air sin a dhéanamh. Phós sé féin agus an bhean uasal is chónaíodar i gcúirt an Rí. Fágfaidh mé agatsa a fháil amach má tá siad ann fós.

CAIBIDIL 9

9.0 Scéal 7. Mac Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhna¹⁶³

Chuaigh Mac Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhna amach ag fiach aon lá amháin, a ghumna ar a ghualainn agus a chuid gadhair lena shála. Ag dul thar thrá dhó, sheas sé ag breathnú amach ar an bhfarraige. Níorbh fhada a bhí sé go bhfaca sé portán, is an taoide dá phoicneáil suas is anuas in aghaidh an dúirling. Chaith sé tamall ag breathnú air is faoi dheireadh, rug sé air is shiúil sé amach leis go raibh an fharraige go dtí na ghlúine.¹⁶⁴ D'fhág sé an portán ansin is tháinig sé ar ais insan áit a raibh sé.

D'imigh sé ar aghaidh ansin is ní achar mór a bhí siúlta aige nuair ' chonaic sé trí charóg is iad ag troid. Bhí péire acu ag gabháil ar an gceann eile. Nuair a théadh sí suas ar an gcláí, leanaidís í is chuiridís anuas aríst í. Bhíodar ag gabháil dá chéile tamall maith is Mac an Rí ina sheasamh ag breathnú orthu. Faoi dheireadh, rug sé ar an gcaróg is chuir sé isteach faoina chasóig í. D'imigh sé leis ar aghaidh ansin is an péire eile dá leanúint, is ag scréachaíl 'na thimpeall ag iarraidh an charóg a bhaint de. Leanadar dhe mar sin ar feadh tamall ach sa deireadh, d'imíodar ar siúl uaidh. Choinnigh Mac an Rí ar aghaidh go dtáinig sé go dtí coill.¹⁶⁵ Chuaigh sé isteach inti is leag sé an charóg suas ar chrann mór. D'iompaigh sé ar ais ansin agus chuaigh sé abhaile.

Bhí sé ag brionglóid[igh] an oíche sin¹⁶⁶ go raibh rí insa Domhan Thoir a raibh bean bhreá d'inín aige, agus go raibh sí le fáil le pósadh ag duine ar bith a bhainfeadh trí éitheach¹⁶⁷ as an rí is a throidfeadh é ina dhiaidh sin. Nuair a d'éirigh Mac an Rí ar maidin, d'inis sé dá mháthair an bhrionglóid a bhí aige agus dúirt sé léi go rachadh sé don Domhan Soir.

¹⁶³ Ls.: 'Mac Rí Éireann na gCéadta Magh Amhnladh .' Tá an chosúlacht air seo gur logainm atá i gceist. Más ea, níor fhéad mé é a aimsiú. Tá litriú éagsúil in úsáid ag Úna in amanna: Mac Rí Éireann na gCéadta Magamhnladh, ar Mhac Rí Éireann na gCéadta Mhaghamhnladh, ar Mhac Rí Éireann na gCéadta Maghamhnladh. An litriú 'Mac Rí Éireann na gCéadta Maigh Abhna' a bheas in úsáid tríd síos agamsa anseo.

¹⁶⁴ Ls.: 'go dtí na ghlúnaibh.'

¹⁶⁵ Ls.: 'choill.'

¹⁶⁶ Ls.: 'bhí sé brionglóid an oidhche sin.'

¹⁶⁷ Ls.: 'éitheadh.'

“Is cosúil,” a deir a mháthair leis, “go bhfuil tú ag iarraidh deireadh a chuir le do shaol is ag cuimhniú ar a dhul ansin.”

“Caithfidh mé a dhul ann,” a deir sé, “ní fhéadfainn aon tsuaimhneas a dhéanamh anseo.”

“Más mar sin é,” a deir a mháthair, “tabhair leat an long is mó ag t’athair, agus tabhair leat neart fir le cur inti.”

“Ní thiúrfaidh mé duine ar bith liom,” a deir sé, “ach an méid a sháfas amach an loing liom.”

Thug a mháthair a beannacht dó is d’ionsaigh sé leis síos go dtí an caladh. Thug sé leis an long ba lú a bhí ann is sádh amach [ch]un na farraige¹⁶⁸ dhó í. Chuaigh sé ar bord ansin is d’ardaigh sé uirthi a cuid seolta is thug sé a haghaidh ar an Domhan Thoir. Bhí sé ag imeacht leis le lán córach go raibh sé taca an tráthnóna. Ar breathnú siar dhó, chonaic sé ball dubh ar an aer is é mar ’ bheadh sé ag déanamh aniar air. Nuair a bhreathnaigh sé aríst, bhí sé le taobh na loinge.

“Céad fáilte romhat, a Mhic Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhla as Éirinn amach,” a deir scológ mhór d’fhear a bhí ina sheasamh ar bhord na loinge.

“Is mór an leathchuma atá agat orm,” arsa an Mac Rí, “tá aithne agatsa ormsa, ach níl aon aithne agamsa ortsa.”

“Ó,” arsa an scológ, “cén fáth nach mbeadh aithne agam ort? Nach bhfuil aithne ag chuile dhuine ar Mhac Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhla? Ach cá bhfuil do thriall ag dul anois?”

D’inis an Mac Rí dhó cén nós mar ’ bhí brionglóid aige go raibh Rí insa Domhan Thoir, is go raibh a iníon le fáil le pósadh ag duine ar bith a bhainfeadh trí éitheach as, agus a throidfeadh é ina dhiaidh sin.

“Agus sin é an áit a bhfuil mo thuras anois,” arsa an Mac Rí.

¹⁶⁸ Ls.: ‘amach na fairge.’

“Tá a leithéid ann,” arsa an scológ, “agus tá sé ina Rí is ’na fhathach is trí cloigne air. Tá spící iarainn thart timpeall na cúirte, agus tá cloigeann duine ar chuile cheann acu sin, ach ar aon cheann amháin, agus tá faitíos orm gur le aghaidh do chinnse atá sé sin, ach ó tharla go bhfuil tú ag dul ann, an nglacfa mise mar mhairnéalach leat?”

“Glacfad, is fáilte,” arsa an Mac Rí, “is maith liom do chomhluadar agam.”

Chuaigh an scológ ag stiúradh an tsoithigh is bhíodar ag imeacht leo faoi lán seoil is córach, nó gur éirigh le Mac an Rí breathnú ina ndiaidh¹⁶⁹ siar. Chonaic sé an ball beag dubh is é ag déanamh orthu aniar. Ar iompú thairis aríst dó, bhí sé le taobh na loinge.

“Céad fáilte romhat, a Mhic Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhla as Éirinn amach.”

“Is cosúil go n-aithníonn tusa mise,” arsa an Mac Rí, “ach ní aithnímse thusa.”

“Ó, d’éireodh dhom nach n-aithneoinn thú?” arsa an scológ, “nach bhfuil aithne ag chuile dhuine ar Mhac Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhla? Ach cá bhfuil do thriall ag dul anois?”

D’inis an Mac Rí dhó mar ’ d’inis sé don scológ eile i dtaobh na brionglóide a bhí aige, is gur ag dul don Domhan Soir a bhí sé féin don turas sin.

“Tá an Rí sin ’na fhathach freisin,” a deir an scológ, “is ní thagann aon nduine dá dtéann ann as beo. Tá spící thart timpeall na cúirte aige, agus ceann duine ar chuile spíc acu sin, ach ar aon cheann amháin, agus tá faitíos orm gur le do c[h]eannsa atá sé sin ag fanacht. Ach ó tharla go bhfuil tú ag dul ann, an nglacfaidh tú mise mar mhairnéalach in éindí leat?”

“Glacfad, is fáilte,” a deir Mac an Rí, “is maith liom do chomhluadar agam.”

Bhíodar ag seoladh leo is níor lagadar nó níor leagadar seol go dtángadar i dtír ar thrá insa Domhan Thoir. Tharraingeadar suas an long agus chuireadar feisteas lá is bliain uirthi, siúd is nach mbeidís ann ach uair an chloig. Ansin, labhair na scológa le Mac an Rí is dúradar:

¹⁶⁹ Ls.: ‘breathna ndiaidh.’

“Sin é thuas anois caisleán an Rí a bhfuil tú ar a thóir. Tabharfaidh sé amach i bpáirc thú is spáinfidh sé turnap dhuit, is fiafróidh sé dhíot an bhfaca tú aon turnap ariamh is mó ná é sin. Abair thusa go bhfacair. Abair leis nach ndéanfadh sé síol de thurnap a chonaic tú ag d’athair in Éirinn. Abair leis go bhfuil gort amach ar aghaidh dorais an chaisleáin aige atá seacht míle ar fad is ar leithead. Abair leis go bhfuil turnap ag fás ina lár sin agus nach bhfuil aon c[h]oirnéal de na seacht míle ar fad is ar leithead nach bhfuil duilleog dá bhlátha ag dul amach thairis. Abair leis go rinne d’athair [a] chaisleán istigh ina lár a bhí seacht stóir ar airde, agus go bhfuil seacht gcinn fhichead de bheithígh dá ithe le seacht mbliana, agus nach bhfuil sé ite fós. Bainfidh tú éitheach as ansin. Imigh leat anois is tar anseo go dtí muidne le éirí an lae amárach.”

D’ionsaigh an Mac Rí suas go dtí an caisleán. Chuaigh sé isteach is bheannaigh sé.

“Céard a thug anseo thú?” a deir an Rí.

D’inis sé dhó céard a thug [ch]un aistir¹⁷⁰ é.

“Siúil leat liomsa anois,” a deir an Rí.

Thug sé leis amach go dtí páirc a bhí tamall beag ón gcaisleán a raibh turnap mór inti.

“An bhfaca tú aon turnap ariamh chomh mór leis sin?” a deir an Rí.

“[Mo] chrá aige agat,” a deir Mac an Rí, “ar ndóigh,¹⁷¹ ní dhéanfadh sé síol den turnap a chonaic mé ag m’athair sa mbaile in Éirinn. Tá gort amach ar aghaidh an chaisleáin aige a bhfuil seacht míle ar fad agus seacht míle ar leithead ann. Tá turnap ag fás ina lár sin, agus níl aon choirnéal de na seacht míle ar fad ’s ar leithead nach bhfuil duilleog dá bhlátha ag dul amach thairis. Agus rinne m’athair caisleán ina lár atá seacht stóir ar airde, agus tá seacht [g]cinn fhichead de bheithígh dá ithe le seacht mbliana agus níl sé ite fós.”

“Thug tú éitheach!” a deir an Rí, “ní bheadh turnap ar bith chomh mór sin.”

“Tá trian de d’inín saothraithe agam,” arsa Mac an Rí.

“Tá,” a deir an Rí.

¹⁷⁰ Ls.: ‘an aisdír.’

¹⁷¹ Ls.: ‘arnughadh.’

Chuadar isteach sa chaisleán ansin agus chuadar¹⁷² ag ithe agus ag ól – greim de chaon rud, is gan aon ghreim tur – go ham codalta. Ar maidin lá arna mhárach, níor thúisce leis an lá ná le Mac an Rí. D’éirigh sé agus chuaigh sé síos go dtí an long.

“Is ea,” arsa na scológa leis, “d’éirigh leat inné.”

“D’éirigh,” arsa Mac an Rí.

“Tiúrfaidh sé leis inniu thú,” a deir an scológ, “agus taisbeánfaidh sé tarbh dhuit, agus fiafróidh sé dhíot an bhfaca tú aon tarbh ariamh níos mó ná é sin. Abair thusa leis go bhfacair, nach ndéanfadh sé laoin de tharbh a chonaic tú ag d’athair in Éirinn. Abair leis go bhfuil tarbh ag d’athair is nuair a bhíodh sé ag dáradh¹⁷³ na mba, go mbíodh an t-aer ag scriosadh an chraicinn de chnámh a dhroma, agus go mb’éigin poll a dhéanamh síos insa talamh a bhí seacht stóir ar airde le na ba a thigeadh dá ndá[i]r a chur síos ann, mar g[h]eall air go mbíodh an t-aer ag scriosadh an chraicinn de chnámh droma an tairbh, bhí sé chomh mór sin. Bainfidh tú éitheach eile an uair sin as. Imigh leat anois is bí ag an gcaislean sul mar a éireos an Rí, is bí anseo ar maidin amárach le éirí an lae.”

Nuair a d’éirigh an Rí, is tar éis a mbia a chaitheamh, thug sé Mac an Rí leis go dtí páirc a raibh tarbh mór inti.

“Anois,” a deir an Rí, “an bhfaca tú aon tarbh ariamh níos mó ná é sin?”

“Chonaiceas, go deimhin,” a deir Mac an Rí, “chonaic mé tarbh ag m’athair sa mbaile in Éirinn is ní dhéanfadh sé sin lao dhó. Bhí sé chomh mór sin is nuair a bhíodh sé a dáradh¹⁷⁴ na mba, bhíodh an t-aer ag scriosadh an chraicinn de chnámh a dhroma. B’éigin poll mór a dhéanamh síos insa talamh a bhí seacht stóir ar airde le na ba a chur síos ann nuair a thigidís dá ndá[i]r, mar gheall air nach bhfágadh an t-aer liobar chraicinn ar chnámh a dhroma.”

“Thug tú éitheach!” a deir an Rí, “ní fhéadfadh tarbh ar bith a bheith chomh mór sin.”

¹⁷² Ls.: ‘chaitheadar.’

¹⁷³ Ls.: ‘a’ dártha.’ Ainm briathartha nua, de réir cosúlachta.

¹⁷⁴ Ls.: ‘a dártha.’

“Tá dhá dtrian de d’inín saothraithe agam,” a deir Mac an Rí.

“Tá,” a deir an Rí.

Chuadar isteach sa chaisleán ansin is bhíodar ag ithe agus ag ól go ham codalta, greim de chaon rud acu is gan an dara greim mar a chéile. Níor thúisce leis an lá ar maidin lá arna mhárach ná le Mac an Rí. D’éirigh sé is chuaigh sé síos go dtí an loing.

“Is ea, a Mhic an Rí,” arsa an scológ, “d’éirigh leat inné.”

“D’éirigh,” a deir Mac an Rí.

“Fiafróidh sé dhíot inniu an bhfaca tú aon rí ariamh is breághtha/breághcha ná é féin.

Abair thusa leis go bhfacair. Abair leis go raibh tú lá ag fiach is gur dhúisigh tú sionnach.

Abair leis go raibh tú ina dhiaidh ar feadh an lae go raibh sé ina thráthnóna, agus gur

rug¹⁷⁵ tú air ansin ag dul isteach sa mbrocach. Abair leis gur thug tú trí bhuille faoi

charraig dó lena m[h]arú,¹⁷⁶ is le chaon bhuille dár thug tú dhó, gur chuir sé rí amach trína

thóin is an rí ba gráinne acu sin go raibh sé níos breátha ná eisean. Bainfidh tú éitheach

eile as ansin. Beidh a inín gnóthaithe agat ansin ach a throid. Fiafróidh sé dhíot cé is fearr

leat, a dhul a throid ar leacracha geala míne ná a dhul ag sá sceana i mbarr easnacha a

chéile. Abair thusa leis gur fearr leat a dhul ag troid ar leacracha geala míne, gurb é is mó

a chleacht tú i dtír d’athar is do mháthar féin. Imigh leat anois agus bí ag an gcaisleán sul

mar a éireos an rí.”

Nuair a d’éirigh an Rí is ’ d’itheadar a mbéilí, shiúileadar amach.

“Inis dom,” a deir an Rí, “an bhfaca tú aon rí ariamh chomh breá liomsa?”

“Chonaiceas, go deimhin,” a deir Mac an Rí, “agus rí níos breátha ná thú.”

“Ní f[h]acair,” a deir an Rí.

“Chonaiceas, go deimhin,” a deir Mac an Rí, “bhí mise lá ag fiach agus dhúisigh mé

sionnach. Bhí mé ina dhiaidh ar feadh an lae go raibh sé ina thráthnóna is faoi dheireadh,

rug mé air is é ag dul isteach sa mbrocach. Thug mé trí bhuille dhó faoi charraig lena

¹⁷⁵ Ls.: ‘go rug.’

¹⁷⁶ Ls.: ‘le na marb.’

mharú¹⁷⁷ is níl aon bhuille dár t[h]ug mé dhó nár chuir sé rí amach thrína thóin, is an rí ba gráinne acu sin badh bhreátha¹⁷⁸ go mór é ná thusa.”

“Thug tú éitheach, a bhodaigh!” a deir an Rí, “ní fhéadfadh sin a bheith amhlaidh.”

“Tá d’inín gnóthaithe agam,” a deir Mac an Rí.

“Tá,” a deir an Rí, “ach mise a throid ar dtús. Cé is fearr leat anois, troid ar leacracha geala míne, nó a dhul ag sá sceana in easnacha a chéile?”

“Is fearr liom troid ar leacracha geala míne. Is é is mó a chleacht mé i dtír m’athar is mo mháthar féin ariamh.”

“Déanfaidh sin,” a deir an Rí.

D’ionsaíodar a chéile ansin is deirimse leat gurbh fhiú troid a thabhairt ar an troid a bhí acu sin. Bhíodar ag coraíocht is ag caraíocht ar feadh an lae go raibh sé ina thráthnóna. D’airigh Mac an Rí an fathach mór ag fáil an bhuachtáil air. Ba gearr gur labhair guth os a chionn is dúirt sé:

“Cuimhnigh ar Éirinn, a Mhic Rí Éireann na gCéadta Magamhnladh, agus beidh an bhua leat.”

Nuair a chuala Mac an Rí sin, d’éirigh an fhuil uasal suas ann, is an chéad chor eile a thug sé faoin Rí, chuir sé go glúine¹⁷⁹ i dtalamh é.

“Tá m’inín agat,” a deir an Rí, “agus tiúrfaidh mé lán do loinge¹⁸⁰ d’ór dhuit, agus mo chulaith ghaisce is mo chlaidheamh solais is mo bhuidéal íoc[c]shláinte,¹⁸¹ má ligeann tú mo bheatha liom.”

“Cá bhfuil an claidheamh solais sin agat?” a deir Mac an Rí.

“Tá sé crochta i halla an chaisleáin,” a deir an Rí.

Chuaigh Mac an Rí agus thug sé leis é.

¹⁷⁷ Ls.: ‘le na mharbh.’

¹⁷⁸ Ls.: ‘badh bhreághtha.’

¹⁷⁹ Ls.: ‘go glúnaibh.’

¹⁸⁰ Ls.: ‘de luinge.’

¹⁸¹ Ls.: ‘íoth-shláinte.’

“Cé air a bhféachfaidh mé a fhaobhar anois?” a deir sé.

“Tá seanchrann ansin thall is féach air é,” a deir an Rí.

“Sílím nach bhfuil seanchrann ar bith is mó a chrádh mé ná do sheanchrann féin,” a deir Mac an Rí ag tarraingt faidhb den chlaidhimh ar an gcuing, an mhuinéil, is ag cur a cheann ag feadaíl suas insan aer.

Shíl an ceann a theacht ar an gcolainn aríst ach thug Mac an Rí cúlbuille dhó a chuir seacht bpéirse as láthair é.

“Níorbh fholáir dhuit,” a deir an ceann, “nó dhá dtéinnse ar an gcolainn chéanna a raibh mé cheana uirthi, is leá¹⁸² na bhFiann, is ní bhainfeá¹⁸³ anuas mé.”

“Measann tú nárbh fhurasta dhomsa thú a choinneáil abhus nuair a bhí tú abhus, ná thú a bhaint anuas ó thús?” a deir Mac an Rí.

Nuair a chuala Iníon an Rí an ceann ag feadaíl ag dul suas, rith sí amach as an gcaisleán agus chuir sí a dhá lámh timpeall Mhac an Rí. Ar breathnú síos ar an gcaladh dhósan, chonaic sé an long faoi lán seoil.

“Caithfidimid imeacht,” a deir sé, “nó beidh an long imithe uainn.”

“Ná bíodh easpa ór nó airgead ort,” a deir sí, “tá neart dhe insa chaisleán.”

“Ná bíodh cheana,” a deir Mac an Rí.

Chuaigh sé isteach sa chaisleán agus thug sé dhá mhála óir leis síos go dtí an loing. Tháinig sé ar ais aríst is thug sé péire eile leis, is bhí sé ag tarraingt is Iníon an Rí a chúnamh¹⁸⁴ dhó go raibh an long luchtá. Thug sé leis ansin claidheamh solais, culaith ghaisce, is poitín ío[c]shláinte¹⁸⁵ an Rí is chuaigh sé féin is Iníon an Rí ar bord na loinge. Thugadar aghaidh na loinge ar Éirinn is bhíodar ag seoladh go dtángadar go dtí an áit ar tháinig an dara scológ ar bord.

¹⁸² Ls.: ‘sleagh.’

¹⁸³ Ls.: ‘ní bhainfeadh.’

¹⁸⁴ Ls.: ‘chomhnuigh.’

¹⁸⁵ Ls.: ‘ioth-shláinte.’

“Slán leat anois, a Mhic Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhnla,” a deir an scológ, “is é seo an áit ar casadh mise leat agus is ann a scarfas mé leat.”

“Ó, ná imigh uaim,” a deir Mac an Rí, “go dtiocfaidh muid go hÉirinn.”

“Ní fhéadfainn a dhul thar seo,” a deir an scológ, “caithfidh mé scaradh leat anseo.”

“Tabhair leat mála den ór sin mar sin,” a deir Mac an Rí, “ó tharla thú ag imeacht uaim.”

“Ní theastaíonn aon ór uaim,” a deir an scológ, “nuair a theastaigh sé uaim thug tú dhom é.”

“Ní fhaca mé ariamh roimhe seo thú,” a deir Mac an Rí.

“An gcuimhníonn tú ar an lá a bhfaca tú na trí charóg ag troid, is ar iompair tú ceann acu faoi do chasóig chomh fada leis an gcoill?”

“Cuimhním go maith,” a deir Mac an Rí.

“Mise a bhí insa charóig sin an lá sin agus tháinig mé le cúnamh a thabhairt dhuit ar an turas seo a raibh tú ag dul air, mar bhí a fhios agam go mbeifeá i gcontúirt,” a deir an scológ, “breathnaigh thart,” a deir sé.

Nuair ’ d’iompaigh Mac an Rí thart aríst, ní raibh an scológ le feiceál abhus nó thall. Bhíodar ag seoladh leo ina dhiaidh sin go dtángadar go dtí an áit ar tháinig an chéad scológ ar bord.

“Slán leat anois, a Mhic Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhnla as Éirinn amach,” ar seisean, “ní fheicfidh tú mise níos mó. Seo é an áit ar casadh ort mé is is ann a chaithfeas mé scarúint leat.”

“Ó ná imigh thusa uaim ar chaoi ar bith go dtiocfaidh muid go hÉirinn,” a deir Mac an Rí.

“Ní choinneodh a bhfuil in Éirinn mise anois, ó tá mo ghnaithe déanta,” a deir an scológ.

“Tabhair leat mála den ór seo mar sin,” a deir Mac an Rí.

“Ní theastaíonn sé uaim,” a deir an scológ, “nuair a theastaigh ór uaim thug tusa dhom é.

An gcuimhníonn tú an lá a bhfaca tú an portán dá phoicneáil suas is anuas ag an taoide, agus ar thug tusa leat amach é go raibh tú go dtí do ghlúine¹⁸⁶ i bhfarraige?”

“Cuimhním go maith,” a deir Mac an Rí.

“Mise a bhí sa phortán sin an lá sin. Bhí a fhios agam go raibh tusa ag dul [ch]un aistir¹⁸⁷ seo is go mbeifeá i gcontúirt, is tháinig mé le cúnamh a thabhairt duit is comhairle a c[h]ur ort. Iompaigh thart anois.”

D’iompaigh, is nuair a bhreathnaigh sé thairis aríst, ní raibh amharc aige ar an scológ. Is gearr a bhí an long anois gur shroich sí an caladh a d’fhág sí in Éirinn. Bhí fáilte m[h]ór roimh an Mac Rí agus an bhean óg. Phósadar is bhí bainis seacht n-oíche agus seacht lá orthu, nó níl a fhios agamsa nach bhfuil sí orthu fós is sin é deireadh scéal Mhac Rí Éireann na gCéadta Maigh Amhnlá.

¹⁸⁶ Ls.: ‘do ghlúnaibh.’

¹⁸⁷ Ls.: ‘an aisdír.’

CAIBIDIL 10

10.0 Scéal 8. An *Golden Phoenix*¹⁸⁸

Bhí baintreach bhocht in Éirinn fada ó shin agus bhí triúr clainne aici, beirt mhac agus iníon. Is é an obair a bhíodh ar an mbeirt mhac chuile lá, bailiú broсна sa choill, leis an mbia a sholáthradh¹⁸⁹ an mháthair dhóibh ar feadh an lae a bhruith tráthnóna. Aon lá amháin dá raibh siad tar éis a dhul amach, chonaiceadar an t-éinín ba dheise dá bhfaca aon nduine ariamh. Thosaíodar ag rith ina dhiaidh. Nuair ' shlíidís breith air, bhíodh an t-éinín imithe uathu. Chaitheadar mar sin ar feadh an lae, go raibh sé ina thráthnóna dhorcha, nuair 'b' éigin dóibh filleadh abhaile gan broсна gan éan acu. Níor thug a máthair aon bhlas le n-ithe an oíche sin dóibh, mar ná raibh aon cheo aici a bhruithfeadh é, nuair nár bhailíodar an broсна. Ar maidin lá arna mhárach chuadar amach sa choill aríst.

“Anois,” a deir an deartháir óg, “má fheiceann muid an t-éinín inniu, leanadh duine againn é, agus fanaíodh an ceann eile ag bailiú an bhrosna, agus mara mbeirimid ar an éan fhéin, beidh an broсна againn ag dul abhaile.”

“Is fíor dhuit sin,” a deir an deartháir eile, “baileoidh mise an broсна agus lean thusa an t-éan.”

Bhí go maith,¹⁹⁰ ní rabhadar ach ag tosú ag bailiú nuair ' chonaiceadar an t-éan. Siúd 'na dhiaidh an deartháir óg, agus ar theacht an tráthnóna, rug sé air. D'fhilleadar abhaile ansin áthasach go leor faoi, an t-éinín agus an broсна a bheith acu. Thug a máthair suipéar maith an oíche sin dóibh. Chuireadar an t-éan faoi bhéal cléibh is chuadar a chodladh. Nuair ' d'éiríodar ar maidin, is é an chéad mhaith a rinneadar a dhul ag breathnú ar an éan. Fuair eadar ubh óir beirthe aige tar éis na hoíche.

¹⁸⁸ Ls.: ‘An Golden Phoenix.’ Bainfear úsáid as an litriú Béarla i gcás ‘Golden Phoenix’ don chuid eile den scéal.

¹⁸⁹ Ls.: ‘a sholátharach.’

¹⁹⁰ Ls.: ‘go mhaith.’

Thug a máthair léi an ubh go dtí fear siopa agus d'fhiafraigh sí dhe an gceannódh sé í. Chomh luath agus ' chonaic seisean an ubh, bhí a fhios aige go maith cén sórt éan a rug í. Dúirt sé leis an mbaintreach go gceannódh sé an ubh uairthi is thug sé punt dhi uirthi.

“Má bhíonn aon ubh eile mar seo agat,” a deir sé, “tabhair chugamsa í, is tiúrfaidh mé trí phunt dhuit uirthi.”

Deirimse leat gur bhfuair an t-éan togha aire¹⁹¹ an lá sin ón mbaintreach.

Chuaigh na buachaillí ag bailiú an bhrosna mar ba gnách leo. Ar maidin lá arna mhárach, bhí ubh eile beirthe ag an éan. D'ardaigh an bhaintreach léi chuig fear an tsiopa í agus fuair sí na trí phunt uaidh mar ' gheall sé dhi.

“Má bhíonn aon ubh eile mar iad seo agat,” a deir sé, “tabhair chugam í, agus tiúrfaidh mé chúig phunt dhuit uirthi.”

Thug an bhaintreach neart bia abhaile an lá sin faoi chomhair a clainne is deirim leat nár fhág sí an t-éan ar deireadh. Bhí an bheirt mhac imithe ar feadh an lae ag bailiú broсна a bhruithfeadh an bia tráthnóna, mar ba gnách leo. Ar maidin lá arna mhárach bhí ubh eile beirthe ag an éan, is níorbh ar an mbaintreach faillí í a thabhairt chun fear an tsiopa. Thug sé dhi na chúig phunt.

“An bhfuil aon iníon agat?” a deir sé.

“Tá,” a deir an bhaintreach.

“Má tá,” a deir seisean, “pósfaidh mise í, má thugann tú dhom an t-éan atá ag breith na n-uibheacha seo atá tú a thabhairt chugam le trí lá.”

“Ná bí ag magadh fúm,” a deir an bhaintreach, “má tá mé bocht fhéin, ní cúis m[h]agadh mé.”

“Ní ag magadh atá mé,” a deir fear an tsiopa, “gabh abhaile anois agus beidh mise ag do theach le d'iníon a phósadh an t-am seo amárach.”

¹⁹¹ Ls.: ‘togha airigh.’

Chuaigh an bhaintreach abhaile agus luchtáir mhór uirthi go raibh duine uasal ag iarraidh a hiníon le pósadh mar gheall ar éinín beag a bhí ag breith uibheacha buí, mar ná raibh a fhios ag an mbaintreach [ar] chor ar bith gurbh uibheacha óir a bhí an t-éan a bhreith. Ghlan sí amach an teach le haghaidh na bainse agus bhí chuile rud ullmhaithe aici nuair ' tháinig an duine uasal lá arna mhárach, agus cóisir daoine muintireacha in éineacht leis. Is é an chéad mhaith a rinne sé ordú dhá chailín an t-éan a mharú¹⁹² agus a chócáil dó. Nuair ' chonaic an bheirt dearthár an t-éan dá mharú, bhí brón mór orthu, mar bhí an-chion acu air. D'fhanadar 'na suí síos ' chois an teallaigh an fhad is ' bhí sé dá chócáil. D'imigh an cailín anonn nó anall 'gus thosaíodar ag comhrá le chéile.

“Muise, nach deas an chaoi orainn é?” a deir an deartháir óg, “ar n-éinín deas marbh. Ach sílim ós mise a rug air, gur dhom is córa an chéad ghreim dhe. Íosfaidh mé an croí,” a deir sé, ag beireacht air is dá shlogadh siar gan ca[n]gailt ná eile le fhaitíos go bhfeicfeadh an cailín é.

“Íosfaidh mise na haobha,” a deir an deartháir eile, ag beireacht orthu agus dá slogadh siar mar an gcéanna.

Anois bhí sé i gcinniúin[t]¹⁹³ dhuine ar bith a d'íosfadh croí an *Gholden Phoenix* go mbeadh sparán óir faoina thaobh chuile mhaidin nuair ' d'éireodh sé. Agus an té a d'íosfadh na haobha, go mbeadh sé ina rí.

Nuair ' bhí an t-éan cócáilte, thug an cailín siar chun an duine uasail é. Is é an chéad rud a rinne sé féachaint cá raibh an croí, ach mo léan, bhí an croí imithe. Tháinig fearg mhór air ansin.

“Seo,” a deir sé leis an mbaintreach, “tóg uaim an t-éan seo. Gach a raibh mise a iarraidh dhe, an croí, tá sé ite agaibh fhéin. Ní phósfaidh mise d'iníon, ach cébí costas a rinne tú mar gheall orm, íocfaidh mé é.”

“Ó, an bheirt mhac mhallaithe sin agam a d'ith é, go dearfa,” a deir an bhaintreach.

¹⁹² Ls.: ‘a mharbh.’

¹⁹³ Ls.: ‘a g-cinneamhain.’

Rug sí ar mhaide agus thosaigh sí ag gabháil orthu, agus dá marú go mb'éigin dóibh rith lena n-anam uaithi. Ní raibh a fhios acu cá dtiocfaidís anois. Bhíodar ag imeacht i ndiaidh a gcinn, go dtángadar go dtí teachín¹⁹⁴ beag a bhí ar thaobh an bhóthair. Bhuailadar isteach ann is iad tursach, lag leis an ocras, is d'iarradar lóistín. Dúirt bean an tí leo nach raibh aon lóistín aici le thabhairt dhóibh, ach dá mba mhaith leo fanacht ' chois an teallaigh, go mbeadh fáilte rompu. Dúradar go rabhadar sásta le rud ar bith ' thiúrfadh sí dhóibh. Thug bean an tí a suipéar dhóibh ansin agus chuir sí deis chodlata sa chluíd orthu. Nuair ' d'éiríodar ar maidin is d'itheadar a mbriocfast, d'imíodar leo aríst. Ní rabhadar i bhfad ón doras nuair ' d'airíodar bean an tí ag glaoch orthu.

“Céard a dhéanfas muid anois?” a deir an deartháir óg, “sin í an bhean sin ag glaoch orainn le luach a[r] suipéir agus a[r] mbriocfast ' thabhairt dhi, agus gan pingin inar bpócaí.”

“Tá sé chomh maith dhúinn filleadh ar ais ar chaoi ar bith,” a deir an deartháir eile, “ní móide go mbeadh sí ródhian orainn.”

D'fhilleadar agus nuair ' thángadar go dtí í, d'fhiafraigh sí dhíobh an rinneadar aon dearmad. Dúradarsan nach rinne – ná raibh aon dearmad le déanamh acu.

“Ar fhág sibh aon cheo sa leaba?” ar sise.

“Níor fhág,” ar siadsan, “ní raibh aon cheo againn le fágáil inti.”

“Ní liomsa é,” ar sise, ag taispeánadh an sparán óir dóibh, “agus ó deireann sibhse nach libh féin é, déanfaidh muid dhá leith dhe eadrainn.”

Roinneadar an t-ór eatarthu ansin, is ba áthasach an bheirt iad beirt mhac na baintrí ag dul ina mbealach. Bhíodar ag siúl rompu go dtángadar go dtí teach a bhí tamall ón mbaile mór.

Chuadar isteach ann agus d'iarradar lóistín. Fuair siad sin. Nuair ' d'itheadar a suipéar, chuadar a chodladh, is tar éis a mbriocfast lá arna mhárach, d'imíodar.

¹⁹⁴ Ls.: ‘teachín.’

Is gearr a bhíodar imithe¹⁹⁵ ón doras nuair ' chuala siad bean an tí ag glaoch orthu. Chuimhneadar ar an mbean inné is d'iompadar ar ais.

“Ar fhág sibh aon cheo ina ndiaidh?”¹⁹⁶ a deir sí.

“D’fhág,” ar siadsan, “sparán óir.”

“Seo é é,” ar sise, “fuair mé insa leaba a raibh sibh 'na gcodladh ann é.”

Ghlacadar buíochas léi agus d'íocadar go maith í. D'imíodar ar a n-aghaidh ansin is níor chónaíodar go ndeachadar isteach insa mbaile mór. Chuireadar fúthu i dteach breá mar bhí neart airgid anois acu. Nuair ' bhíodar ag ithe a suipéir, dúirt an deartháir óg,

“Níl a fhios againn cé againn a bhfuil an t-ádh air, is, is é is fearr dhúinn anois tosú ag troid más fíor dhúinn fhéin, is nuair a thioctas bean an tí aníos, déarfaidh muid léi go gcaithfidh sí leaba ar leith a thabhairt dhúinn anocht, nach ligfidh an faitíos dhúinn codladh le chéile. Beidh a fhios againn ansin cé aige a mbeidh an sparán óir ar maidin.”

“Is maith an chomhairle í sin,” a deir an deartháir eile.

Thosaíodar ag áitiú is ag sciolladh ar a chéile ansin, is ag greadadh an bhoird. Shíl bean an tí go rabhadar ag marú a chéile. Rith sí suas go dtí iad.

“Caithfidh tú,” a deir an deartháir óg, “leaba ar leith a dhéanamh dhúinn anocht. Ní ligfidh an faitíos dhúinn codladh in aon leaba amháin, le eagla go maródh muid a chéile.”

“Déanfaidh mise sin díbh,” a deir bean an tí.

Nuair ' d'éirigh an deartháir óg ar maidin, fuair sé an sparán óir faoina thaobh. Chaitheadar ansin ar feadh i bhfad, ag siúl ar fud an bhaile mhóir chuile lá is ag teacht chun a lóistín chuile oíche, agus níl aon mhaidin nach bhfaigheadh an deartháir óg an sparán óir faoina thaobh nuair ' d'éiríodh sé. Aon lá amháin, shiúladar i bhfad amach thar an mbaile mór, is tháingadar go dtí geata mór ard a raibh páipéar thuas air. Sheasadar gur léadar é – is is éard a bhí ar an bpáipéar sin “fógra”, go raibh iníon an rí le fáil le pósadh ag fear ar bith a d'inseodh dhi cá raibh trí bhall dohrán uirthi.

¹⁹⁵ Ls.: ‘imtigthe.’

¹⁹⁶ Ls.: ‘aon cheo na ndiaidh.’

“Dar mo lámh,” a deir an deartháir ba sine, “go dtryáilfidh¹⁹⁷ mé leis sin. Tá tusa fada go leor do mo bheathú, is tá sé in am agam a dhul ag saothrú rud eicínt dhom féin feasta.”

“Ní gá dhuit leis,” a deir an deartháir óg, “tá an oiread agamsa is a dhéanfas le chéile sinn, agus beimid dá fháil chuile lá. Ní call duit a dhul i gcontúirt do mharaithe.”

Ní raibh aon mhaith dhó leis. Ní shásódh tada é ach a dhul agus féachaint le iníon an rí a fháil, dá mb’fhéidir é.

“Más mar sin é,” a deir an deartháir óg, “tabhair leat an t-airgead seo. Ní raibh aon c[h]omrádaí ag aon nduine ariamh níos fearr ná an t-airgead, agus ná bí go holc faoi ach an oiread.”

Thug sé dhó ansin an mála a raibh an t-airgead ann, is d’fhág sé slán aige, mar shíl sé nach bhfeicfeadh sé aríst choíche é. Chuaigh an deartháir eile suas go dtí an caisleán, mar ba ag geata an rí a bhíodar ’na seasamh, agus bhuail sé an doras. D’oscail cailín dhó é, is ní rinne sé ach a lámh a chur síos insa mála is cnó¹⁹⁸ óir a chaitheamh i naprún¹⁹⁹ aici. Rinne sé an cleas céanna leis an gcéad chailín eile a casadh leis.

Nuair a bhí sé ar bharr an staighre, casadh cailín eile leis is thug sé an mála agus a raibh ann dhi sin. Badh í seo an cailín a bhíodh ag freastal ar iníon an rí.

“Muise,” a deir sí, “is tú an duine uasal is fearr a casadh ariamh anseo orm, agus is mór an peaca an ceann a ligean a bhaint dhíot.” (Bhí an ceann le baint de dhuine ar bith nach n-inseodh dhi cá raibh na trí b[h]all dobhrán uirthi.)

“Is mise a bhíonns ag freastal ar iníon an rí, is, is tig liom insint duit cá bhfuil na trí bhall dobhrán uirthi.”

Ina dhiaidh sin chuaigh sé i láthair iníon an rí. Chuir sí an cheist air mar ’ chuir sí ar chuile dhuine a tháinig roimhe, ach d’fhuascail seisean an cheist ar áit na mbonn is d’inis sé dhi cá raibh na trí bhall dobhrán uirthi.

¹⁹⁷ Ls.: ‘go d-tradháilfidh.’

¹⁹⁸ Ls.: ‘crúbh.’

¹⁹⁹ Ls.: ‘a chaith na aprún.’

“Is tusa an fear atá i mo chinniúin[t]se²⁰⁰ a phósadh,” a deir sí.

Bhí an deartháir óg, ar feadh na hama seo, amuigh ag an ngeata ag súil chuile mhóiméad le scéal a fháil go raibh a dheartháir marbh. Níorbh f[h]ada go dtáinig fear anuas ón gcaisleán is é ag craithheadh cloigín, is ag fuagairt go raibh iníon an rí le pósadh le rí óg amárach. Shíl seisean gur ag fuagairt go raibh an ceann le baint dá d[h]eartháir amárach a bhí sé, agus thit sé i lagar.

Nuair ’ fuair sé biseach, d’fhiafraigh sé de na daoine a bhí ag dul thairis céard a bhí fear an chloigín a fhuagairt. D’inseadar dhó gurbh í iníon an rí a bhí le pósadh lá arna mhárach. Bhí a fhios aige ansin go raibh a dheartháir sábháilte. Nuair ’ bhíodar pósta, chuaigh an deartháir óg a chónaí²⁰¹ sa chaisleán, agus ba gearr gur phós sé féin agus bean de na mnaoi freastail a bhí ag an mbanríon. Chuile mhaidin nuair ’ d’éiríodh sé, d’fhaigheadh sé an sparán óir faoina thaobh. Chuir sin iontas mór ar a mhnaoi agus aon mhaidin amháin, d’fhiafraigh sí dhe cén draíocht a bhí aige, le go mbíodh an sparán óir faoina thaobh chuile mhaidin. Níor inis sé an mhaidin sin dhi é. Ar maidin lá arna mhárach aríst, d’fhiafraigh sí dhe é agus chuaigh sí chomh dian air, gur inis sé dhi gurb é croí an *Gholden Phoenix* a d’ith sé. Níor dhúirt sí tada, ach chuaigh sí agus d’ullmhaigh²⁰² sí deoch agus thug sí aige í.

“Seo,” a deir sí, “deoch dheas a chuir mé i gcóir dhuit, ól suas í.”

Níor chuimhnigh mo dhuine bocht ar thada. D’ól sé an deoch, ach ní túisce a bhí sí ólta aige ná a thosaigh sé ag cuir amach. Ba gearr go ndeachaigh croí an *Gholden Phoenix* amach i dteannta an c[h]uideachta. Nuair ’ chonaic sise an croí ag dul amach, ní rinne sí ach a fhostú agus a shlogadh.

“Seo,” a deir sí, “imigh leat as m’amharc, a mhac chailleach na gcearc as Éirinn. Cén ghnaithe²⁰³ atá agamsa dhíot?”

²⁰⁰ Ls.: ‘an fear atá mo chinneamhainse.’

²⁰¹ Ls.: ‘a comhnuidhe.’

²⁰² Ls.: ‘d’ullamh.’

²⁰³ Ls.: ‘cia an ghno.’

Dhíbir sí ar siúl é agus ní raibh aige ansin ach imeacht i ndiaidh a chinn roimhe. Bhí sé ag imeacht roimhe agus é tursach sáraithe, nuair ' tháinig sé chomh fada le coill. Chuaigh sé isteach sa choill go suífeadh sé síos tamall. Bhí sé ag dul isteach go raibh sé istigh i lár na coille. Ar breathnú suas dó, chonaic sé crann a raibh úlla móra ag fás air. Bhí ocras air tar éis a shiúlóid ar feadh an lae agus bhain sé úll go n-íosfadh²⁰⁴ sé é. An chéad ghreim a d'ith²⁰⁵ sé dhe, d'airigh sé adharc ag fás ar a cheann. Nuair ' d'ith sé an chéad ghreim eile, d'fhás adharc eile air. Bhí na hadharca ag fás go rabhadar níos airde ná aon chrann sa choill. Bhí sé ní ba dona anois ná a bhí sé ariamh. Níorbh fhéidir leis tada a dhéanamh le na hadharca móra fada a bhí air. Chaith sé mar sin insa choill ar feadh tamall maith, nó go dtí aon lá amháin a dtáinig sé chomh fada le crann a raibh úlla beaga bídeacha ag fás air. Bhain sé ceann acu is d'ith²⁰⁶ sé é agus ní túisce a bhí sé ite aige, ná thit adharc dhe. D'ith sé úll eile agus thit an adharc eile dhe. Bhí sé chomh maith anois is ' bhí sé ariamh. D'fhan sé sa choill chomh fada sin go raibh a chuid éadaigh stróicthe agus a ghruaig chomh fada le gruaig mnaoi. Aon lá amháin tháinig sé go dtí tobar agus mar bhí tart air, chrom sé síos agus d'ól sé deoch as. Ní túisce a d'ól sé an t-uisce ná bhí sé ina asal mór. Chuimhnigh sé air cén nós mar ' casadh crann na n-úlla beaga leis, agus mar ' bhaineadar na hadharca dhe, agus dúirt sé leis féin go mb'fhéidir go gcasfaí tobar eile leis a d'athródh 'na dhuine aríst é. Mar sin, shiúil sé leis ar aghaidh agus níorbh achar mhór a bhí siúlta aige, nuair ' casadh tobar eile dhó. Chrom sé síos is d'ól sé deoch as agus ní túisce a bhí sé ólta aige, ná bhí sé ina fhear mar ' bhí sé ariamh.

Chuaigh sé ansin agus fuair sé féithleoga agus d'fhigh sé iad go rinne sé ciseáinín díobh. Líon sé an ciseáinín le na húlla móra a d'fhás na hadharca air, agus chuaigh sé go dtí caisleán a dhearthára, an áit a raibh a bhean féin. Sheas sé ag an ngeata is bhreathnaigh sé suas ar an gcaisleán, agus cé a d'fheicfeadh sé agus a ceann amuigh as an bhfuinneog

²⁰⁴ Ls.: 'go n-itheas' scríofa in aice leis an bhfocal seo sa lámhscríbhinn chomh maith mar mhalairt.

²⁰⁵ Ls.: 'd'ithe.'

²⁰⁶ Ls.: 'd'ithe.'

aici ach a bhean. Níor aithin sise eisean mar gheall ar an ngruaig fhada agus an drochtheadach a bhí air, agus maide a bheith ina lámh aige. Chonaic sí na húlla móra dearga a bhí sa chiseán aige, agus chuir sí a cailín síos ag ceannach cuid acu. Leis an gcéad ghreim a d'ith sí, d'fhás adharc uirthi, agus leis an gcéad ghreim eile, d'fhás adharc eile. D'fhásadar suas go rabhadar níos airde ná simléar an chaisleáin, agus ní fhéadfadh sí a ceann a thabhairt isteach nó amach. Cuireadh fios ar dhochtúirí a ghearrfadh na hadharca ach dá mbeidís leo ó shin, ní fhéadfaidís iad a ghearradh.

D'fhill mac na baintrí t[h]ar a ais don choill aríst. Chaith sé uaidh an chuid eile de na húlla móra, agus líon sé an ciseán²⁰⁷ leis na húlla beaga. Thug sé leis ansin buidéal den uisce a rinne an t-asal dhe fhéin agus d'imigh leis ag triall ar an gcaisleán. Thosaigh sé ag siúl suas is anuas taobh amuigh den gheata, agus ag rá,

“Dochtúr mise a ghearrfadh adharca! Dochtúr mise a ghearrfadh adharca!”

Chuala muintir an chaisleáin é agus tháinig duine acu amach chuige.

“Céard é sin atá tú a rá?” ar seisean.

“Dochtúr mise a ghearrfadh adharca,” a deir an fear eile.

“Muise, más ea, is tú atá ag teastáil anois. Tar isteach anseo.”

Spáineadh dhó an seomra a raibh an bhean ann, a raibh na hadharca le baint di. Thug sé ceann de na húlla beaga dhi le n-ithe agus chomh luath is ' d'ith sí é, thit adharc dhi. Thug sé úll eile ansin di agus nuair ' d'ith sí é, thit an adharc eile dhi. Thóg sé a ceann isteach as an bhfuinneog ansin.

“Tá tú lag anois, a bhean bhocht, tar éis na n-adharca sin. Ól an deoch seo,” a deir sé.

D'ól, agus ní túisce ' d'ól ná thosaigh sí ag cuir amach. Ba gearr gur chuir sí croí an *Gholden Phoenix* amach i dteannta an chuid eile agus níor thúisce amuigh aici é, ná bhí sé fastaithe agus sloigthe aigesan. Níor chuimhnigh mo chailín ar chroí ná ar thada eile, nó ní raibh a fhios aici ar chuir sí amach [ar] chor ar bith é.

²⁰⁷ Ls.: ‘an chiseán.’

“Ól an deoch seo anois,” ar seisean, “agus neartóidh sí²⁰⁸ thú tar éis an chuir amach sin.” Agus thug sé dhi cuid den uisce a rinne an t-asal dhe féin. D’ól sí deoch dhe, ach ní túisce a bhí sé ólta aici ná bhí sí ina hasal. Thiomáin sé leis roimhe síos an staighre í agus amach ar an mbóthar mór agus níor fhág sé gasúr insan áit nár chuir sé i ndiaidh an asail, agus tá sí ag imeacht ’na hasal mar sin ó shin.

²⁰⁸ Ls.: ‘sé.’

CAIBIDIL 11

11.0 Scéal 9. Cearrbhach²⁰⁹ an tSúgáin

Bhí fear bocht ann fadó a raibh Cearrbhach an tSúgáin mar ainm air. Bhí sé pósta ach ní raibh aon chlann ariamh acu. Máire an t-ainm a bhí ar a bhean. Is é an cheird a bhíodh air ag imirt cártaí. Ní raibh aon chearrbhach ina chónagar ab fhearr ná é. Bhíodh paca cártaí ar iompar i gcónaí aige. Ní raibh aon tslí mhaireachtáil aige ach aon gharraí beag amháin a raibh úlla agus spíonáin ag fás ann. Nuair ' bhíodh a séasúr ann, thugadh sé [ch]un an mhargadh²¹⁰ iad agus ar a – gach a bhfaigheadh sé orthu, agus a mbuadh sé le na cártaí, dhíoladh sé cíos a thí agus mhaireadh sé féin agus Máire. Bheadh i bhfad níos mó buachtáil ar a gharraí aige, ach bhíodh gasúir an bhaile ag goid na n-úlla agus na spíonáin uaidh ó thosaídis ag aibiú.

Aon lá amháin dá raibh an Cearrbhach ar an margadh ag díol a chuid torthaí, tháinig beirt shiúlaithe isteach chuig Máire. D'iarradar lóistín uirthi. Dúirt Máire go dtiúrfadh is fáilte dá mbeadh sé aici. Dúirt sí leo nach raibh aon leaba aici a gcuirfeadh sí a chodladh ann iad, agus ná raibh aon bhlas le n-ithe aici le tabhairt dóibh.

“Ní iarrfaidh muid tada,” ar siadsan, “ach sinn a fhágáil²¹¹ istigh.”

“Fágfar istigh sibh, is fáilte,” a deir Máire.

Ní rabhadar i bhfad istigh nuair ' tháinig an Cearrbhach isteach tar éis an mhargadh.

Cliobaire mór d'fhear a bhí ann. Bhí drochéadach air agus súgán tuí casta aniar faoina lár. Sin é an fáth a dtugtaí ‘Cearrbhach an tSúgáin’ air.

Níor aithin sé na strainséara[i] agus bhí ionadh air iad a fheiceál istigh roimhe. Sméid sé ar Mháire i leataobh agus d'fhiafraigh sé dhi cé iad féin. Dúirt Máire ná raibh a fhios aici,

²⁰⁹ Úsáideann Úna an litriú seo ‘ceathramhach’ tríd síos sa scéal is an príomhcharachtar i gceist aici, ach tá ceist ann an mar seo a bhí ag an scéalaí féin? Is léir ón scéal gurb é an t-ainmfhocal ‘cearrbhach’ – ainmfhocal firinsneach – atá i gceist aici, agus dá réir sin, sin an litriú a úsáidimse tríd síos, ainneoin nós na lámhscríbhíne a thugann le fios in amanna gur ainmfhocal baininsneach atá i gceist. Is cosúil go mb’fhéidir go bhfuil Úna tar éis an focal ‘ceathramhadh’ – ainmfhocal baininsneach – a tharraingt chuici féin, agus an focal ‘cearrbhach’ i gceist. Níor mhór a lua go bhfuil an focal ‘ceathramhadh’ (= ceathrú) ag an scéalaí chomh maith sa scéal seo. Focal baininsneach é sin aige.

²¹⁰ Ls.: ‘thugadh sé na mhargadh.’

²¹¹ Ls.: ‘sin fhágáil.’

gur thángadar isteach tá tamall ó shin agus ná rabhadar ag iarraidh tada, ach iad a fhágáil istigh.

“Ach nach maírg,” ar sise, “gan rud eicint le n-ithe againn a thiúrfadh muid dhóibh?”

“An bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas muid?” a deir an Cearrbhach, “tiúrfaidh mise liom mo chuid cártaí agus b’fhéidir go gcasfaí aon nduine orm a d’imreodh cluiche. Fág thusa an fhuinneog ardaithe agus má fhaighimse aon cheo aráin, cuirfidh mé isteach chugat thríthi é.”²¹²

D’imigh sé ansin agus a phaca cártaí ina phóca aige, agus ba gearr a bhí sé imithe nuair ’ tháinig sé ar ais agus trí nó ceathair de bhollóga aráin aige. Chuir sé isteach thríd an bhfuinneog chuig Máire iad.

“Dá mbeadh deoch anois againn,” a deir sé, “le haghaidh an aráin.”

D’imigh sé aríst agus tháinig sé ar ais i gcionn tamaill²¹³ agus deis dí aige. Chuir sé isteach chuig Máire é.

“Dá bhfaighinn aon nduine anois,” ar seisean, “a d’imreodh ceathrú caoireolach²¹⁴ liom, bheadh suipéar maith againn.”

D’imigh sé aríst agus ní raibh sé rófhada imithe nuair ’ tháinig sé ar ais is ceathrú chaoireolach faoina ascaill aige.

“Seo, a Mháire, beir isteach air seo,” a deir sé.

Níorbh ar Mháire an mhoill.

“Dhá mbeadh dhá bhuidéal fíon againn anois,” a deir sé, “thiocfaidh muid leis. Gabh[faidh] mé soir chuig an siopa agus b’fhéidir go mbeadh aon nduine ann a d’imreodh buidéal nó dhó fíon liom.”

Siúd ar siúl aríst é agus ní raibh sé ceathrú uaire amuigh, nuair ’ tháinig sé ar ais agus dhá bhuidéal fíon aige.

²¹² Ls.: ‘thrídh é.’

²¹³ Ls.: ‘a g-cinn tamaill.’

²¹⁴ Ls.: ‘ceathramhadh caor-fhólach.’ Níl aon séimhiú sa lámhscríbhinn ar thús an dara focal sa sampla seo. Faightear an séimhiú i samplaí eile, áfach.

“Anois a Mháire,” a deir sé, “féadfaidh tú suipéar maith a fháil dóibh.”

Agus deirimse leat gur ghearr ar Mháire sin a dhéanamh. Chuir sí síos an cheathrú chaoireolach dá bruith agus nuair a bhí sí bruite, shocraigh sí an bord anuas. Leag sé air an cheathrú chaoireolach, an t-arán agus an deoch lena aghaidh, agus leag sí an dá bhuidéal fion ar cheann an bhoird. Shuíodar isteach chuig an mbord ansin, ach leis an fhad a bhí an Cearrbhach ag imeacht ’s ag teacht, agus Máire ag cuir an tsuipéir i gcóir, bhí sé ina lá gheal nuair ’ bhí sé ite acu. Chuaigh duine de na strainséaraí amach ar an tsráid agus sméid sé amach ar an gCearrbhach. Shíl seisean gur ag dul dá íoc ar shon an tsuipéir a bhí sé agus ní raibh sé le aon cheo a ghlacadh uaidh.

“Gabh isteach anois,” a deir sé leis an gCearrbhach, “agus iarr achainí eicint ar an duine uasal sin istigh. Rud ar bith a iarrfas tú air, tiúrfaidh sé dhuit é.”

Chuaigh an Cearrbhach isteach.

“An duine uasal sin amuigh,” a deir sé, “a dúirt liom ’ thíocht go dtí thú agus achainí a iarraidh ort, agus dúirt sé achainí ar bith a d’iarrfainn ort, go dtiúrfá dhom é.”

“Tiúrfad,” a deir an strainséara, “cén achainí atá tú a iarraidh?”

“Bua a fháil ar chuile dhuine a mbeidh mé ag imirt cártaí leis,” a deir an Cearrbhach.

“Gheobhaidh tú sin,” a deir an strainséara.

Chuaigh an Cearrbhach amach go dtí an fear eile.

“Is ea,” ar seisean, “ar bhfuair tú an achainí a d’iarr tú?”

“Fuairas,” a deir an Cearrbhach.

“Gabh isteach anois agus iarr achainí eile air.”

Chuaigh an Cearrbhach isteach.

“Dúirt an duine uasal sin amuigh liom ’ theacht agus achainí eile a iarraidh ort,” a deir sé.

“Cén achainí atá tú a iarraidh?” a deir an strainséar[a].

“Chuile dhuine a thagann ag goid mo chuid úlla agus spíonáin, gan iad féadachtáil corrú as an ngarraí go mbéarfaidh mise orthu – agus go mbainfidh mé mo shásamh dhíobh,” a deir an Cearrbhach.

“Gheobhaidh tú sin,” a deir an strainséar[a].

Chuaigh an Cearrbhach amach aríst chuig an bhfear eile.

“Ar bhfuair tú an achainí a d’iarr tú?” a deir sé.

“Fuaireas,” a deir an Cearrbhach.

“Céard a d’iarr tú air?” a deir an strainséar[a].

“D’iarr mé air,” a deir an Cearrbhach, “chuile dhuine a thiocfadh ag goid in mo gharraí, gan iad féadachtáil corrú as go mbeirinnse orthu agus go mbaininn mo shásamh dhíobh.”

“Ó!” a deir an strainséar[a], “gabh agus iarr grása is trócaire air. Sin é Mac Dé, agus mise Naomh Peadar.”

Chuaigh an Cearrbhach isteach.

“Tá mé ag iarraidh grása is trócaire ort,” a deir sé, “ach níl mé tursach den tsaol seo fós, agus ba mhaith liom tamall eile a chaitheamh ann agus grása is trócaire a fháil tar éis mo bháis.”

“Déanfaidh sin,” a deir Mac Dé, “gheobhaidh tú mar ’ d’iarr tú.”

D’imíodar ansin.

Ar maidin lá arna mhárach nuair ’ chuaigh an Cearrbhach amach ag breathnú ar a gharraí, fuair sé breactha²¹⁵ le gasúir agus le fir é, agus iad i bhfastó i ngéagáin na gcrann. Chuaigh sé ar ais go dtí an teach agus thug sé leis tuairgín a bhí crochta ar an mballa agus bhí sé dhá lascadh go raibh sé sáraithe. Chuadar abhaile ansin agus deirimse leat gur beag an trioblóid a chuireadar air ní ba mhó.

Thosaigh sé ag imirt na gcártaí ansin agus níl aon nduine a n-imríodh sé leis nach bhfaigheadh sé an bhuachtáil air, nó in áit an gharraí agus an tighín²¹⁶ go raibh feilmeacha

²¹⁵ Ls.: ‘breacuighthe.’

²¹⁶ Ls.: ‘tíghín.’

le cúl a chéile aige agus teach mór a raibh díol²¹⁷ an rí ann. Chaith sé mar sin ar feadh seacht mbliana ag dul [ch]un saibhris²¹⁸ chuile lá, nó go dtáinig an Bás chuige.

Bhí sé i ngreim ina phaca cártaí, mar ba annamh as a lámh iad, nuair ' chonaic sé an fear caol caite ag teacht isteach an doras.

“Go mbeannaí Dia dhuit,” a deir an Bás.

“An achainí chéanna dhuit,” a deir an Cearrbhach.

“Chuir Mac Dé i do choinne mé,”²¹⁹ a deir an Bás.

“Cé as ar tháinig tú?” a deir an Cearrbhach.

“As na flaithis,” a deir an Bás.

D’fhéach an Cearrbhach air ó bhun go barr.

“Muise,” a deir sé sa deireadh, “má tá na flaithis leath chomh maith is ’tá a cháil, is caite feosaí atá tusa ag teacht as. Dheamhan baol ormsa a dhul leat ann.”

“Caithfidh tú a dhul liom,” a deir an Bás, “tá d’am thuas.”

D’ardaigh sé leis ansin é agus níor chónaíodar go dtángadar go geataí na bhflaitheas.

D’oscail Naomh Peadar an doras dhóibh. Chonaic sé na cártaí i lámh an Cearrbhach.

“Ní fhéadfaidh tú a theacht isteach anseo,” a deir sé, “mara bhfága²²⁰ tú amuigh iad sin.”

“Dheamhan baol orm iad sin a fhágáil amuigh,” a deir an Cearrbhach, “ba iad mo chuid cártaí a fhágáil amuigh,” a deir sé, “a sheas chomh maith dhom i rith mo shaoil. Muise dheamhan baol orm, áit ar bith a ngabhfaidh mé²²¹ féin, rachaidh siadsan ann. Mara ligfear isteach anseo mé, rachaidh mé in áit eicínt eile a ligfear isteach mé.”

Spáineadh an bóthar go hIfreann ansin dhó agus dhúin Naomh Peadar an doras. Bhí sé ag imeacht leis go dtáinig sé go geataí Ifreann. Bhuail sé an geata agus ligeadh isteach é.

“An imreoidh tú cluiche cártaí liom?” a deir sé leis an Diabhal.

²¹⁷ Ls.: ‘dichell.’

²¹⁸ Ls.: ‘ag dul an saidhbhris.’

²¹⁹ Ls.: ‘Chuir Mac Dé de choinne mé.’

²²⁰ Ls.: ‘mar a bhfágadh.’

²²¹ Ls.: ‘a ngabhadh mé.’

“Imreoidh,” a deir an Diabhal, “céard a imreos muid?”

“Imreoidh mé cuid de na hanamnacha seo leat,” a deir an Cearrbhach.

“Ní miste liom,” a deir an Diabhal.

D’imríodar agus bhuaigh an Cearrbhach. Rinne sé an cleas céanna aríst agus aríst eile go raibh scuaidrín²²² anamnacha ina dhiaidh aniar, mar ’ bheadh gasúir ann a bheadh ag imirt sicíní.

“Gabh amach as seo,” a deir an Diabhal faoi dheireadh, agus cuthach air, “nó bánóidh tú mé. Níl anam fágtha agat agam.”

Amach leis an gCearrbhach agus an scuaidrín²²³ anamnacha ina dhiaidh, agus níor chónaigh sé go dtáinig sé go geataí na bhflaitheas.

“An ligfidh tú isteach anois mé?” a deir sé le Naomh Peadar.

“Ligfead,” a deir Naomh Peadar.

D’osail sé an doras ach le míorúil[t]²²⁴ agus grása Dé, thit na cártaí uaidh an gCearrbhach taobh amuigh agus chuaigh sé féin isteach.

Sin é an scéal agat mar ’ chuala mise é.

²²² Ls.: ‘sgóidirín.’

²²³ Ls.: ‘sgóidirín.’

²²⁴ Ls.: ‘míorbhul’.

CAIBIDIL 12

12.0 Scéal 10. Búmba agus Cailín Bhúmba

Bhí banríon ann fadó agus bhí sí ina baintrigh. Ní raibh aici ach aon mhac amháin agus fuair sé bás. Ach ní chreidfeadh sí nach amhlaidh a tugadh ar siúl é, agus go dtiocfadh sé ar ais uair eicínt. D'fhág sí mar sin ar a leaba é agus an taiséadach os a chionn. Dúirt an bhanríon go dtiúrfadh sí fiche punt do dhuine ar bith a d'fhairfeadh a mac san oíche.

Bhí bean bhocht, baintreach eile ina cónaí i ngar dhi. Bhí triúr iníon²²⁵ aici seo. Nuair ' chualadar faoi thairiscint na banríona, dúirt an iníon is sine go rachadh sí féin ag faire mac na banríona, agus go saothródh sí na fiche punt dhi féin. Nuair ' tháinig an tráthnóna, chuaigh sí go dtí an bhanríon agus dúirt sí léi go dtáinig sí lena mac a fhaire. Chuir an bhanríon isteach sa seomra a raibh a mac ann í, is chuir sí neart le n-ithe is le n-ól aici ann.

Bhí sin maith go leor go dtáinig uair an mheán oíche. Chorraigh an fear óg agus labhair sé.

“Gabh i leith anseo, a stróinse cailín,” a deir sé, “agus tóg dhíom an t-éadach seo.”

Nuair ' chuala an cailín an guth ag teacht ón bhfear marbh, thit sí i lagar láithreach, agus bhí sí mar sin go dtáinig an bhanríon go dtí í ar maidin. Ar éigin a bhí sí in ann a cosa a chuir fúithi an uair sin fhéin.

“Is ea, ar fhair tú mo mhac aréir?” a deir an bhanríon.

“Níor fhaireas,” a deir an cailín.

“Níl aon ghnaithe agamsa²²⁶ dhíot, mar sin,” a deir an bhanríon.

Chuaigh iníon na baintrí abhaile níos dona ná a tháinig sí.

“Muise, m'anam go bhfaire mise a mac don bhanríon anocht,” a deir an dara iníon, “agus go saothróidh mé mo fhiche punt.”

²²⁵ Ls.: ‘ingheana.’

²²⁶ Ls.: ‘Níl aon ghnath agamsa.’

Nuair ' tháinig an tráthnóna, chuaigh sí go dtí an bhanríon agus dúirt sí léi go dtáinig sí lena mac a fhaire anocht. Chuir an bhanríon sa seomra céanna í ar chuir sí a deirfiúr ann, agus chuir sí neart le n-ithe is le n-ól aici ann.

Bhí sin go maith go huair an mheán oíche aríst. Chorraigh an fear óg agus labhair sé.

“Gabh anall anseo, a stróinse cailín agus tóg an t-éadach seo dhíom.”

Ní túisce a d'airigh mo chailín an guth ná chuaigh sí i bhfanntas agus bhí sí ansin go dtáinig an bhanríon ar maidin. Sin é an uair²²⁷ a dhúisigh sí suas.

“Is ea,” a deir an bhanríon, “ar fhair tú mo mhac aréir?”

“Níor fhaireas,” a deir an cailín.

“Níl aon ghnaithe agamsa²²⁸ dhíot, mar sin,” a deir an bhanríon.

Chuaigh an cailín abhaile gan aon phioc ach mar ' tháinig sí. Nuair ' tháinig an tráthnóna, dúirt tríú iníon na baintrí:

“Dar mo láimh is m'fhocal, go rachaidh mé féin ag faire mac na banríona anocht agus b'f[h]éidir go saothróinn na fiche punt.”

Ní raibh meas ar bith ag na deirfiúracha eile uirthi seo. Ní raibh mórán guis inti agus ní ligidís in áit ar bith leo í. Nuair ' dúirt sí go rachadh sí ag faire mac na banríona, thosaíodar ag magadh fúithi.

“Deile,²²⁹ cá mbeifeása ag dul?” a deir siad, “fan sa mbaile, a óinseach, cén ghnaithe²³⁰ a bheadh agatsa ann?”

“Ní fhéadfaidh mé a dhéanamh,” a deir sí, “ach an rud a rinne sibh fhéin.”

D'imigh léi go dtí an bhanríon agus dúirt sí léi go dtáinig sí lena mac a fhaire anocht. Thug an bhanríon go dtí an seomra í agus chuir sí bia is deoch aici ann mar ' chuir sí ag an gcuid eile. Bhí go maith. D'fhan sí ag faire go dtáinig ocras uirthi. Chuir sí a béilí i gcóir dhi féin agus bhí sí dhá ithe go díreach nuair ' chorraigh an fear óg.

²²⁷ Ls.: ‘an nuair.’

²²⁸ Ls.: ‘Níl aon ghnath agamsa.’

²²⁹ Ls.: ‘deire.’

²³⁰ Ls.: ‘cia an ghno.’

“Gabh anall anseo, a stróinse cailín agus tóg dhíom an t-éadach seo.”

“Fan go mbeidh mé réidh agus tógfad,” a deir an cailín.

Thóg sí dhe an taiséadach agus nuair ’ d’éirigh sé ina shuí, chuir sí a dhá lámh timpeall air faoina lár. Amach an doras leis an bhfear óg agus an cailín ’na dhiaidh. Tharraing sé leis í thrí chnoca is ghleannta go dtáinig sé go doras na bruíne. Bhuail sé an doras.

“Cé atá ansin?” a fiafraíodh istigh.

“Tá, Búmba,” ar seisean, “agus ligtear isteach é.”

“Ligtear cheana,” a deir iníon na baintrí, “agus cailín Bhúmba.”

Foscladh an doras ansin dóibh agus chuadar isteach. Tugadh eisean go dtí an áit a raibh banríon na bruíonach is shuigh an cailín sa chúlráid ar chúl an dorais. Is gearr gur thosaigh sí ag ithe cnothaí.²³¹ Níorbh fhada go dtáinig seanbheainín anall chuici.

“Céard é sin atá tú a ithe?” a deir sí.

“Tá mé ag ithe cnothaí,” a deir cailín Bhúmba.

“An dtiúrfaidh tú cuid acu dhomsa?” a deir sí.

“Tiúrfad,” a deir cailín Bhúmba, “má thugann thú chugam an raca atá ag réiteach ceann mhic an rí.”

“Tiúrfad,” a deir an tseanbheainín, “má fhéadaim nuair ’ bheidh siad réidh leis.”

Níl aon oíche tar éis mac an rí a theacht nach nití agus nach réit[ít]í a cheann. Bhí an tseanbheainín ag dul anonn is anall go bhfuair sí deis ar an raca a sciobadh léi chuig an gcailín. Nuair ’ fuair sise greim air, chuir sí ina póca é. Bhí sí ag faire ansin go raibh mac an rí ag imeacht nuair ’ chuir sí a dhá lámh timpeall air agus amach léi ina dhiaidh.

Dá mhéad splíontaíocht a fuair sí ag teacht dhi, fuair sí a dhá oiread ag dul abhaile, ach choinnigh sí a greim ’na dhiaidh sin go dtáinig siad isteach insa seomra. Luigh an fear óg faoin taiséadach mar ’ bhí sé roimhe sin. Nuair ’ tháinig an bhanríon ar maidin, d’fhiafraigh sí den chailín ar fhair sí a mac aréir.

²³¹ Ls.: ‘cnotha.’ Athraítear ‘cnotha’ na lámhscríbhíne go ‘cnothaí’ tríd síos sa chuid eile den scéal, ós rud é gur léir ón gcuide eile den scéal nach díreach cnó amháin atá i gceist.

“D’fhaireas,” a deir an cailín.

“Ó, go deimhin, d’fhairis,” a deir an bhanríon, “mar chuala mise ag caint leis thú. Tiúrfaidh mé fiche punt eile dhuit má fhaireann tú anocht é.”

“Fairfidh mé é,” a deir sí, “d’éireodh dhom.”

Chuir an bhanríon bia agus deoch aici sa seomra mar ’ chuir sí an oíche roimhe sin. Nuair ’ tháinig ocras uirthi, chuir sí a béilí i gcóir dhi féin agus bhí sí dá ithe nuair ’ labhair an fear óg.

“Gabh anall anseo, a stróinse cailín, agus tóg dhíom an t-éadach seo orm.”

“Fan go mbeidh mé réidh agus tógfad,” a deir sí.

Chuaigh sí anonn agus thóg sí an t-éadach dhe, agus nuair ’ d’éirigh sé, chuir sí a dhá lámh timpeall air agus siúd amach ’na dhiaidh í. Tharraing sé leis í trí thomacha is dhrioseacha go dtáinig sé go doras na bruíonach. Bhuail sé an doras agus fiafraíodh cé a bhí ansin.

“Tá, Búmba,” ar seisean, “is ligtear isteach é.”

“Ligtear cheana, agus cailín Bhúmba,” a deir iníon na baintrí.

Foscladh an doras agus chuar isteach. Shuigh an cailín sa chúlráid mar ’ shuigh sí an oíche roimhe sin, agus tugadh mac an rí suas in áit a raibh banríon na bruíonach. Thosaigh an cailín ag ithe cnothaí ach ba gearr a bhí sí dhá n-ithe nuair ’ tháinig an tseanbheainín go dtí í.

“Céard é sin atá tú a ithe?” a deir sí.

“Tá mé ag ithe cnothaí,” a deir an cailín.

“An dtiúrfá²³² cuid acu dhomsa?” a deir sí, “tá an-dúil agam iontu.”

“Tiúrfad,” a deir an cailín, “má thugann tú chugam an chíor atá ag cíoradh ceann mhic an rí.”

²³² Ls.: ‘a d-tiúbhartheá.’

“Tiúrfad,” a deir an tseanbheainín, “má fhaighim an deis uirthi nuair ’ bheidh siad réidh léi.”

Céibí é, fuair sí an chfior agus thug sí chuig an gcailín í agus nuair ’ fuair sise greim uirthi, chuir sí síos ina póca í. Bhí sí ag faire ansin go raibh mac an rí ag dul amach nuair ’ chuir sí a dhá lámh timpeall air ’gus siúd amach ’na dhiaidh í. Tharraing sé leis í trí bhogáin is chruáin go dtáinig sé isteach ina sheomra aríst. Luigh sé faoin taiséadach ansin mar ’ bhí sé roimhe sin. Nuair ’ tháinig an bhanríon ar maidin, d’fhiafraigh sí den chailín ar fhair sí a mac aréir.

“D’f[h]aireas,” a deir an cailín.

“Ó, go deimhin, d’fhairis,” a deir sí, “mar chuala mise ag caint leis thú. Is maith an cailín thú agus tiúrfaidh mé fiche punt eile dhuit má fhaireann tú mo mhac anocht.”

“Faireoidh mé do mhac,” a deir an cailín, “d’éireodh dhom nach bhfaireoinn?”

Chuir an bhanríon bia is deoch aici sa seomra, agus má chuir, níor dhearmad an cailín í féin, rud nár mhilleán uirthi. Nuair ’ d’airigh sí an t-ocras ag teannadh léi, chuir sí a béilí i gcóir mar ’ rinne sí chaon oíche roimhe sin, agus is beag ná raibh sé ite aici nuair ’ chuir an fear óg uail as.

“A stróinse cailín, tóg dhíom an t-éadach seo,” a deir sé.

“Fan ansin go mbeidh mé réidh go dtí thú,” a deir an cailín.

Nuair ’ thóg sí dhe an t-éadach is d’éirigh sé, chuir sí a dhá lámh timpeall air agus lean sí dhe. Bhí sí ag fáil an stracadh agus splíontaíocht ag iarraidh coinneáil suas leis, ach níor lig sí amach a greim²³³ ’na dhiaidh sin go dtángadar go doras na bruíonach. Bhuail sé an doras agus fiafraíodh:

“Cé atá ansin?”

“Tá, Búmba,” ar seisean, “agus ligtear isteach é.”

“Ligtear cheana,” ar sise, “agus cailín Bhúmba.”

²³³ Ls.: ‘a ghreim.’

Ligeadh isteach iad agus shuigh an cailín ar chúl an dorais sa chúlráid. Thosaigh sí ag ithe na gnothaí agus níorbh fhada go dtáinig an tseanbheainín go dtí í.

“Céard atá tú a ithe?” a deir sí.

“Tá mé ag ithe cnothaí,” a deir an cailín.

“An dtiúrfaidh tú cuid acu dhomsa?” a deir an tseanbheainín.

“Tiúrfad,” a deir an cailín, “má thugann tú chugam an tuáille a bhíonnas ag triomú²³⁴ ceann mic an rí.”

“Tiúrfad,” a deir an tseanbheainín, “má fhéadaim é.”

Céibí caoi é bhí sí ag cluanaíocht anonn is anall gur bhfuair sí an tuáille is gur thug sí chuig an gcailín é. Chomh luath is ’ fuair an cailín greim air, chuir sí ina póca é. Bhí sí ag faire ansin go raibh mac an rí ag dul abhaile. D’éirigh sí is chuir sí a dhá lámh timpeall air nuair ’ bhí sé ag dul thair[s]ti amach, is d’imíodar leo. Nuair ’ thángadar isteach sa seomra, luigh mac an rí faoin taiséadach mar ’ bhí sé roimhe sin. Nuair ’ tháinig an bhanríon ar maidin, d’fhiafraigh sí den chailín ar fhair sí a mac aréir.

“D’f[h]aireas,” a deir an cailín.

“Ó, go deimhin, d’fhairis,” a deir an bhanríon, “mar chuala mise ag caint leis thú. Is maith an cailín thú agus má fhaireann tú mo m[h]ac aríst anocht, tiúrfaidh mé fiche punt eile dhuit.”

“Fairfidh mise do mhac,” a deir sí, “cén fáth nach bhfairfinn do mhac?”

Chuir an bhanríon bia is deoch chuici sa seomra ar nós chuile oíche eile. Nuair ’ tháinig ocras ar an gcailín, chuir sí a béilí i gcóir agus nuair ’ bhí sé i ndáil le²³⁵ ite aici, d’fhuagair an fear óg uirthi an t-éadach a thógáil dhe.

“Tógfad, nuair ’ bheas mé réidh go dtí thú,” a deir an cailín.

²³⁴ Ls.: ‘triomadh.’

²³⁵ Ls.: ‘in áil le.’

Thóg sí an t-éadach dhe is nuair ' d'éirigh sé, chuir sí a dhá lámh timpeall air agus lean sí amach é. Níor chónaíodar go dtángadar go doras na bruíonach. Bhuail sé an doras agus fiafraíodh cé a bhí ansin.

“Tá, Búmba,” ar seisean, “agus ligtear isteach é.”

“Ní ligfear Búmba isteach anseo níos mó! Gach a raibh le d'aghaidh anseo, tá sé goidte ag do chailín. Féadfaidh tú a dhul abhaile anois.”

Chuaigh sé féin agus an cailín abhaile agus é chomh maith is ' bhí sé ariamh.

Nuair ' tháinig an bhanríon ag an doras ar maidin, d'fhiafraigh sí den chailín ar fhair sí a mac aréir.

“D'fhaireas,” a deir an cailín, “agus tá do mhac anseo agat chomh maith is ' bhí sé ariamh.”

“Tá mé anseo, a mháthair,” a deir an mac, “agus céard a dhéanfas mé leis an gcailín seo? Marach í, ní fheicfeá beo choíche mé.”

“Céard a dhéanfá léi ach í a phósadh!” a deir an bhanríon, “má tá sí bocht fhéin, is cailín maith í.”²³⁶

Pósadh iad agus sin é an chaoi ar bhfuair iníon na baintrí a bheith mar mhnaoi ag mac na banríona.

²³⁶ Ls.: ‘is cailín maithe í.’

CAIBIDIL 13

13.0 Scéal 11. Ardrí Éireann

Aon lá amháin dá raibh Ardrí Éireann ag foghlaeireacht, chonaic sé éan álainn os a chionn insa spéir. Thóg sé a shúil dhe nóiméad go gcoáilfeadh sé a ghunna lena m[h]arú,²³⁷ ach nuair a bhreathnaigh sé aríst, bhí an t-éan imithe.

Thosaigh sé ag thóraíocht an éin ins chuile áit ach chinn air é a fháil. Bhí sé amuigh chomh deireanach gur bhuail inní a bhean is a thriúr mac sa mbaile.

“Mo chrá is mo mhilleadh chugam,” a deir an mac is sine, “go rachaidh mé ar thóraíocht m’athar.”

D’imigh leis, ’s a chapall ’s a dhiallaid faoi ach ní dheachaigh sé i bhfad gur bhuail faitíos é agus chas sé abhaile.

“Mo chrá is mo mhilleadh chugam,” a deir an dara mac, “go rachaidh mé ar thóraíocht m’athar.”

D’imigh leis, a chapall ’s a dhiallaid faoi ach is gairid a chuaigh sé nuair ’ bhuail faitíos é agus chas sé abhaile.

“Mo chrá is mo mhilleadh chugam,” a deir an mac óg, “go rachaidh mé ar thóraíocht m’athar agus ní thiochfaidh mé ar ais choíche gan m’atha[i]r beo agam, nó mé féin marbh.”

D’imigh sé leis, a chapall ’s a dhiallaid faoi, agus bhí sé ag imeacht is ag síorimeacht gur airigh sé capall ag teacht chuige.

“An tú m’athair?” a deir sé, “más tú, labhair agus ná tabhair níos faide mé agus ná coinnigh faoi inní sa mbaile iad níos faide.”

“Is mé t’athair,” a deir an marcach.

D’iompadar abhaile ansin.

Luigh an tArdrí ar a leaba agus chuir sé é féin faoi gheasa gan an leaba sin a fhágáil choíche nó go bhfaigheadh sé an t-éan a chonaic sé an lá sin le n-ithe.

²³⁷ Ls.: ‘marbh.’

Ar maidin lá arna mhárach, dúirt an mac is sine go rachadh sé féin ar thóraíocht an éin dá athair. D'imigh leis 's a ghunna ar a ghualainn. Bhí sé ag siúl leis ar feadh tamall maith agus ar ardú a chinn dó, chonaic sé an t-éan os a chionn insa spéir. Thóg sé a shúil dhe nóiméad go gcoáilfeadh sé a ghunna ach nuair ' bhreathnaigh sé aríst, bhí an t-éan imithe. Thosaigh sé dhá thóraíocht ansin is bhí sé dhá chuartú go dtáinig an oíche nuair 'b'éigin dó a dhul abhaile d'uireasa an éin.

Ar maidin lá arna mhárach, dúirt an dara mac go rachadh sé féin ar thóraíocht an éin. D'imigh leis 'gus a ghunna ar a ghualainn aige. Bhí sé ag imeacht go ceann scaitheamh²³⁸ maith nuair ' chonaic sé an t-éan os a chionn insa spéir. Thóg sé a shúil dhe lena ghunna a chocáil ach nuair ' bhreathnaigh sé aríst, bhí an t-éan imithe. Chuaigh sé dhá thóraíocht ansin ach chinn air é a fháil agus nuair ' tháinig an oíche, b'éigin dó filleadh abhaile dá uireasa.

Ar maidin lá arna mhárach, dúirt an mac óg go rachadh sé ar thóraíocht an éin agus nach bhfillfeadh sé choíche, nó go mbeadh an t-éan aige, nó é féin marbh. D'imigh leis agus bhí sé ag siúl go raibh tamall mór den lá caite. Faoi dheireadh chonaic sé an t-éan os a chionn agus choinnigh sé a shúil air go bhfaca sé ag lúí i dtom seanfhéir é. Chuaigh sé go dtí an tom agus chonaic sé an casán ag dul síos tríd. Lean sé den chasán agus bhí sé ag dul síos síos go deo, nó go ndeachaigh sé don ríocht íochtarach.

Ní raibh a fhios aige anois cá ngabhfaidh sé ach bhí sé ag siúl leis nó go bhfaca sé solas i bhfad uaidh. Rinne sé ar an solas go dtáinig sé go dtí teach. Chuaigh sé isteach agus bheannaigh sé. Bhí bean 'na suí ar chathaoir le hais na tine agus í ag réiteach a cinn. Shuigh Mac an Rí ar an gcathaoir a bhí i lár an urláir agus lig sé osna as.

“Mac Rí faoi gheasa thú,” a deir an bhean.

“Is ea, gan aimhreas,” a deir sé.

“Gairim is coisricim²³⁹ slán thú!” a deir sí, “mac mo dhearthára. Cén sórt geasa atá ort?”

²³⁸ Ls.: ‘sgath.’

²³⁹ Ls.: ‘Goirm a’s g-coisreacaim.’

D'inis sé dhi. Dúirt sí ná raibh aon tuairisc aici ar an éan, mara raibh sé ag a deirfíúr a bhí ina cónaí tamall ón áit sin. Ar maidin lá arna mhárach, chuir sí an t-each caol donn leis go tigh a deirfire. Dúirt sí leis – an t-each gan stad gan cónaí a dhéanamh, ach a bheith ar ais chuici féin aríst ar a luas. D'imigh sí léi agus bhéarfadh sí ar an ngaoth Mhárta a bhí roimpi agus ní bhéarfadh an ghaoth Mhárta a bhí ina diaidh uirthi, nó gur fhág sí Mac an Rí ag tigh na deirfire. Chuaigh sé isteach agus bheannaigh sé. Bhí bean 'na suí ar chathaoir le hais na tine agus í ag réiteach a cinn. Nuair ' shuigh sé ar an gcathaoir, lig sé osna as. “Mac Rí faoi gheasa thú,” a deir an bhean.

“Is ea, gan aimhreas,” a deir sé.

“Gairim is coisricim²⁴⁰ slán thú, mac mo dhearthára!” a deir sí, “cén sórt geasa atá ort?”

D'inis sé dhi. Dúirt sí ná raibh aon tuairisc aici ar an éan, mara raibh aon tuairisc ag a deirfíúr air a bhí ina cónaí tamall maith ón áit sin. Chaith sí go maith leis an oíche sin agus ar maidin lá arna mhárach chuir sí leis an t-each caol glas chun tigh a deirfire. Dúirt sí leis – an t-each gan a dhul chuig an teach [ar] chor ar bith, agus gan moill nó cónaí a dhéanamh, ach a bheith ar ais aici féin aríst ar a luas. D'imigh an t-each caol glas agus bhéarfadh sí ar an ngaoth Mhárta a bhí roimpi agus ní bhéarfadh an ghaoth Mhárta a bhí ina diaidh uirthi, nó gur fhág sí Mac an Rí ag tigh na deirfire. Chuaigh sé isteach agus bhí bean 'na suí ar chathaoir le hais na tine agus í ag réiteach a cinn. Nuair ' shuigh sé ar an gcathaoir, lig sé osna as.

“Mac Rí faoi gheasa thú,” a deir an bhean.

“Is ea, gan aimhreas,” a deir sé.

“Gairim is coisricim²⁴¹ slán thú,” a deir sí, “mac aon deartháir amháin ' bhí in Éirinn agam. Cén sórt geasa atá ort?”

D'inis sé dhi.

²⁴⁰ Ls.: ‘Goirm a’s g-coisreacaim.’

²⁴¹ Ls.: ‘Goirm a’s g-coireacaim.’

“Is olc an t-aistir a thug do chosa thú, a Mhic an Rí,” a deir sí, “sin éan atá faoi dhraíocht. Tá sé i *gcage* atá crochta suas i dtigh fathaigh agus is iomaí duine a chaill a bheatha leis an éan sin dá mealladh ón ríocht uachtarach. Tá spící móra sáite insa talamh thart timpeall tigh an fhathaigh agus tá cloigeann duine ar gach uile cheann acu sin, ach ar aon cheann amháin, agus beidh do cheannsa le cur air sin mara n-oibreoidh tú go maith.”

Chaith sí leis go maith an oíche sin agus ar maidin lá arna mhárach, thug sí srian dó le craitheadh ag doras an stábla. Dúirt sí leis cébí capall a chuirfeadh a ceann amach sa tsrian, í sin a thabhairt leis. Chuaigh sé amach agus chraith sé an tsrian ag doras an stábla. Tháinig capaillín beag dona suarach anall agus sháigh sí a ceann amach sa tsrian.

“Droch-chríoch ort,” a deir sé, “cá bhfuil tusa ag dul? Ar ndóigh, níl sé den rath ortsa mé a thabhairt anonn ná anall.”

Chuimhnigh sé ansin ar na focla a dúirt deirfiúr a athar leis, agus chuir sé an diallaid ar an gcapaillín. D’éirigh sí de léim suas insan aer.

“Anois, a Mhic an Rí,” a deir sí, “an bhfuil tú in ann trí chleas an leoin²⁴² is gaisce a dhéanamh? Má táir,²⁴³ b’fhéidir go n-éireoidh leat inniu.”

Rinne Mac an Rí trí chleas an leoin²⁴⁴ is gaisce agus bhí sé ina shuí insa diallaid aríst ar an bpointe.

“Déanfaidh tú gnó,” a deir an capaillín.

D’imíodar leo ansin agus níor chónaíodar go dtángadar go tigh an f[h]athaigh. Chuaigh Mac an Rí isteach agus d’iarr sé stábla dhá chapall. Fuair sé sin. D’fhiafraigh an fathach dhe céard a chas an bealach sin é. D’inis Mac an Rí dhó gur ar thóraíocht éin a chonaic sé sa ríocht uachtarach a bhí sé.

“Ní thú an chéad duine a tháinig ar thóraíocht an éin sin,” a deir an fathach, “ach gheobhaidh tú é, má tá tú in ann é a ghnóthachtáil.”

²⁴² Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

²⁴³ Ls.: ‘Má táthair.’

²⁴⁴ Ls.: ‘trí chleas a lóin.’

Ar maidin lá arna mhárach, dúirt an fathach le Mac an Rí:

“Gabhadh mo mhac i bhfolach inniu ort agus mara mbeidh sé faighte amach agat ag a dó dhéag a chlog, beidh an ceann le cailleadh agat.”

Chuaigh Mac an Rí le féar is uisce ag a chapall agus d’fhiafraigh sé dhi cá mbeadh mac an fhathaigh i bhfolach.

“Tá trí mhoghlaeirín dheasa le hais an dorais ar an gcasán, sin iad mac an fhathaigh,” a deir an capaillín, “tóg suas in do lámha iad agus tosaigh ag breathnú orthu. Nuair a fheicfeas an cailín thú, tosóidh sí dá n-iarraidh ort ach ná tabhair dhi iad, ach abair go dtiúrfaidh tú píosa de cheann acu dhi. Faigh casúr ansin agus leag ar cheann acu é dhá bhriseadh. Labhairfidh mac an fhathaigh ansin.”

D’imigh Mac an Rí agus thosaigh sé ag siúl síos is suas ar an gcasán ar aghaidh an dorais. Ba gearr gur chrom sé síos is gur thóg sé na trí m[h]oghlaeirín ina lámha. Thosaigh sé dá gcuimilt agus ag breathnú orthu. Bhí an cailín ’na seasamh insa doras.

“Tabhair dhomsa iad sin,” a deir sí.

“Ní thabharfad, go deimhin,” a deir Mac an Rí, “tá spéis mhór agam féin iontu.”

Bhí sí ag dul chomh cruu²⁴⁵ air dá n-iarraidh, go ndúirt sé sa deireadh go dtiúrfadh sé píosa de cheann acu dhi. Fuair sé an casúr agus leag sé ar cheann acu é ag dul dá bhriseadh, nuair ’scread mac an fhathaigh amach:

“Mo chorp is m’anam ort, ’s ná maraigh mé!”

“Muise, mo mhallacht dhuit más tusa atá ansin!” a deir Mac an Rí, “is gur anois a bhí mise ag dul do thóraíocht.”

“Is mé atá ann, gan aim[h]reas,” a deir mac an fhathaigh.

Chuardar isteach go dtí an fathach ansin.

“Is ea,” a deir sé, “fuair tú amach mo mhac inniu.”

“Fuaireas,” a deir Mac an Rí.

²⁴⁵ Ls.: ‘chomh chruaidh.’

“Is maith an gaiscíoch thú,” a deir sé.

Ar maidin lá arna mhárach aríst chuaigh mac an fhathaigh i bhfolach. Chuaigh Mac an Rí le féar is uisce ag a chapall agus d’fhiafraigh sé dhi cá mbeadh mac an fhathaigh i bhfolach.

“Tá dhá lacha dhéag ar snámh amuigh ar an loch agus tá coiricín ar thrí cinn acu. An ceann acu is mó coiricín agus is raimhre muineál, sin é mac an fhathaigh. Gabh amach ag snámh go mbéarfaidh tú air. Nuair ’ bheas tú dhá thabhairt isteach, fáisc an muineál aige agus labhairfidh sé ansin,” a deir an capall.

Mar sin a bhí. D’iarr Mac an Rí ar an gcailín siúl síos chomh fada leis an loch leis. Shiúladar leo go dtángadar go bruach na locha.

“Muise,” a deir Mac an Rí, “céard atá na lachain sin a dhéanamh ag snámh anonn is anall mar sin?”

“Sin é a gceird chuile lá,” a deir an cailín.

“Dar mo láimh go ngabhfaidh mé amach is go bhféachfaidh mé sa snámh iad,” a deir sé.

“Cá mbeifeá ag dul do phréachadh féin?” a deir an cailín.

“Is cuma liom,” a deir sé, “ach gabh[faidh] mé amach.”

Chaith sé dhe an t-éadach a bhí taobh amuigh air agus amach leis. Lean sé na trí lacha a raibh na coiricíní orthu agus is gearr go raibh sé dhá séideadh insa snámh. Nuair ’ tháinig sé suas leis an gceann a raibh an coiricín mór uirthi, rug sé ar mhuineál uirthi. Nuair ’ bhí sé ag teacht isteach, bhí sé ag fáisceadh a muineál go raibh sí i gcruth a bheith tachtaithe. Faoi dheireadh, labhair mac an fhathaigh.

“Mo chorp is m’anam ort is ná maraigh mé!”

“Mo dhíomú duit!” a deir Mac an Rí, “más tusa atá ansin, is gur anois a bhí mise ag dul do thóraíocht!”

“Is mé atá ann, gan aimhreas,” a deir mac an fhathaigh.

Chuadar suas go dtí an fathach ansin.

“Is ea,” a deir sé, “fuair tú amach mo mhac inniu.”

“Fuaireas,” a deir Mac an Rí.

“Dar mo lámh gur maith an gaiscíoch thú,” a deir sé.

Ar maidin lá arna mhárach aríst chuaigh mac an fhathaigh i bhfolach. Chuaigh Mac an Rí le féar is uisce ag a chapall agus d’fhiafraigh sé dhi cá mbeadh mac an fhathaigh i bhfolach.

“An crann úll is airde insa ngairdín agus an t-úll is lú ar an ngéagán is airde dhe sin, sin é mac an fhathaigh,” a deir an capall, “beidh an cailín dá iarraidh ort ach ná tabhair dhi é. Nuair ’ bheidh sí ag dul go crua ort, abair go dtiúrfaidh tú píosa dhe dhi. Nuair ’ leagfas tú an scian air ag dul dhá ghearradh, labhairfidh sé.”

Bhí go maith is ní raibh go holc. D’iarr Mac an Rí ar an gcailín a dhul amach sa ngairdín in éineacht leis go bhfeicfeadh sé é. Chuaigh. Bhíodar ag siúl anonn is anall go dtángadar go dtí an crann ab airde a bhí ann. D’fhéach Mac an Rí suas ann.

“Muise,” a deir sé, “is é an cheird a bhíodh orm féin agus ar mo bheirt dearthár ’ bheith ag dul suas i mbarr na gcrainnte i ngairdín m’athar, agus sílim go ngabhfaidh mé suas i mbarr an chrainn seo go mbainfidh mé úlla.”

“Ná téirigh,” a deir an cailín, “cá bhfios dhuit nach titim a dhéanfá agus do chnámha a bhriseadh?”

“Is cuma liom,” a deir sé, “ach gabh[faidh] mé suas.”

Suas leis agus níor stad sé gur bhain sé an t-úll ba lú ar an ngéagán ’b airde ar an gcrann. Anuas leis aríst.

“Tabhair dhomsa an t-úll sin,” a deir an cailín.

“Go deimhin fhéin, ní thiúrfad,” a deir sé, “tá tusa ag ithe úlla chuile lá agus tá mo dhóthain dúil agam féin insan úll seo.”

Bhí sí dá iarraidh chomh cráite air go ndúirt sé sa deireadh go dtírfadh sé píosa dhe dhi. Tharraing sé amach a scian agus chomh luath is ' leag sé ar an úll í ag dul dá ghearradh, scread mac an fhathaigh amach:

“Mo chorp is m’anam ort is ná bain an ceann díom!”

“Droch-chríoch ort! Más tusa atá ansin, is gur anois a bhí mise ag dul do thóraíocht!”

“Is mé atá ann, gan aimhreas,” a deir mac an fhathaigh.

Chuadar go dtí an fathach ansin.

“Is ea,” a deir sé, “fuair tú amach mo mhac.”

“Fuaireas,” a deir Mac an Rí.

“Nach dona an bhfolach²⁴⁶ a bhí air, agus tú dhá fháil amach chomh réidh sin?” a deir an fathach, “caithfidh tusa anois a dhul i bhfolach ar mo mhacsa trí lae i ndiaidh a chéile agus má fhaigheann sé amach thú, beidh an ceann le baint dhíot.”

Ar maidin lá arna mhárach chuaigh Mac an Rí le féar is uisce chuig a chapall agus d’fhiafraigh sé dhi cá ngabhfaidh sé i bhfolach ar mhac an fhathaigh.

“Tarraing an ribe atá i mbun mo dhriobaill agus gabh ina áit,” a deir an capall.²⁴⁷

Rinne sé sin gan mhoill. Sin é an áit a raibh an obair ag mac an fhathaigh ag dul thar chnoca²⁴⁸ is ghleannta dhá thóraíocht go raibh sé a dó dhéag. Dúirt an capaillín le Mac an Rí a dhul amach anois, go raibh an lá inniu thairis. Nuair ' chuaigh sé go dtí an fathach, dúirt sé sin leis:

“Is ea, níor fhuair mo mhac amach inniu thú.”

“Ní bhfuair sé,” a deir Mac an Rí.

“Nach dona an tóraíocht a rinne sé ort?” a deir sé, “cá raibh tú i bhfolach?”

“Bhí mé faoi bhun crainn sa ngairdín ag léitheoireacht,” a deir Mac an Rí.

²⁴⁶ Tá ainmneach nua den ainmfhocal ‘folach’ cruthaithe agus urú buailte air, faoi thionchar an leagain choitianta ‘i bhfolach,’ is dóigh. Féach ‘bhfolach beag’ ag Ó Curnáin (2007: 1803).

²⁴⁷ Ls.: ‘an chapall.’

²⁴⁸ Ls.: ‘thar chnoicaibh [sic].’

Ar maidin lá arna mhárach aríst, chuaigh Mac an Rí le féar is uisce chuig a chapall agus d'fhiafraigh sé dhi cá ngabhfaidh sé i bhfolach ar mhac an fhathaigh.

“Tarraing an tairne atá i mo chrú dheas dheireadh agus gabh in áit an tairne,” a deir sí.

Rinne sé sin gan mhoill. Bhí mac an fhathaigh ag dul thar chnoca is ghleannta dá thóraíocht go raibh sé an dó dhéag. Dúirt an capaillín ansin le Mac an Rí a dhul amach, go raibh an lá sin thairis.

“Is ea,” a deir an fathach, “níor bhfuair mo mhac amach inniu thú.”

“Níor bhfuair,” a deir Mac an Rí.

“Cá raibh tú i bhfolach?” a deir an fathach.

“Bhí mé ag an loch sin thíos ag breathnú ar na lachain ag snámh,” a deir Mac an Rí.

“Ó muise, nach beag an tóraíocht a rinne an t-ógánach ort?” a deir sé.

Ar maidin lá arna mhárach nuair ’ chuaigh Mac an Rí le féar is uisce chuig a chapall, d'fhiafraigh sé dhi cá ngabhfaidh sé i bhfolach an lá sin.

“Ní deifir,” a deir sí, “má rinne tú ariamh é agus tarraing an chúlfiacail is faide siar in mo cheann agus gabh ina háit. Beidh mac an fhathaigh isteach ar an nóiméad ag dul do thóraíocht.”

Tharraing sé an fhiacail is chuaigh sé ina háit, agus ní raibh sé ach istigh ann nuair ’ tháinig mac an fhathaigh isteach sa stábla. Láimhsigh sé an capaillín ins chuile áit. Níor fhág sé ribe fionnaidh ina drioball gan tarraingt. Níor fhág sé ribe fionnaidh ar a chraiceann gan tarraingt agus a leagan síos ar an talamh. Níor fhág sé crú ar a cois ná fiacail ina ceann gan tarraingt, ach chinn air é a fháil ’na dhiaidh sin. Shocraigh sé chuile rud ar an gcapaillín aríst agus amach leis. Dúirt an capaillín le Mac an Rí a dhul amach go beo agus braon den uisce a bhí insa mbuidéilín a bhí crochta ar an mballa a chraitheadh uirthi, go raibh sí i ngeall le básaithe. Tháinig sé amach is chraith sé braon den uisce uirthi, is bhí sí chomh maith is ’ bhí sí ariamh.

“Tá an uair seo thart, a Mhic an Rí,” a deir sí, “ach tá níos measa le theacht mara n-oibreoidh tú go maith. Tá trí phláta leagtha ar an mbord ag an bhfathach is tá claidheamh leagtha ar do phlátasa leis an gceann a bhaint dhíot. Nuair ’ shuífeas tú síos, abair leis an bhfathach go bhfuil tú ag iarraidh aon achainí amháin air. Abair leis nár shuigh tú ag an mbord i dteach d’athar ariamh an lá seo den tseachtain gan do lámha a níochán, agus abair leis, más é a thoil é, cead a thabhairt duit a dhul dá níochán. Beidh mise is mo thóin sáite insa doras agam. Nuair a thiocthas tú anuas, tóg leat an *cage* atá crochta ar an mballa a bhfuil an t-éan ann agus léim ar mo dhroim, agus is crua an cás é nó tíurfaidh mise slán thú.”

Bhí go maith is ní raibh go holc. Nuair ’ chuaigh Mac an Rí isteach bhí na trí phláta leagtha ar an mbord, pláta le aghaidh an fhathaigh, pláta lena mhac agus pláta le aghaidh Mhac an Rí²⁴⁹ agus bhí claidheamh leagtha air sin, go díreach mar ’ dúirt an capaillín. Nuair ’ shuíodar síos, dúirt Mac an Rí:

“Más é do thoil é, tá aon achainí amháin le n-iarraidh agam ort.”

“Iarr achainí ar bith is maith leat,” a deir an fathach, “is gheobhaidh tú é, ach caithfidh mé an ceann a bhaint dhíot. Níl aon dul uaidh sin agat.”

“Tá mise toilteanach leis sin,” a deir Mac an Rí, “ach níor shuigh mé ag bord i dtigh m’athar ariamh ar an lá seo den tseachtain gan mo lámha a níochán, agus dá mbadh é do thoil é mé a lígean síos go nífinn iad.”

“Is féidir leat sin a dhéanamh,” a deir an fathach.

Síos leis gan mhoill. Nuair ’ chonaic sé tóin an chapail sáite insa doras, ní rinne sé ach fogha a thabhairt faoin *gcage* is a bheith ar a droim de léim. An scréach a chuir an t-éan as nuair ’ bhí sé dá thógáil ó dhraíocht, cloiseadh insna seacht gcondae thart timpeall é. Nuair ’ chuala an fathach thuas an staighre é, ní rinne sé ach beireacht ar a chloidheamh agus léimeacht síos an staighre. Nuair ’ bhreathnaigh sé amach, chonaic sé an capaillín

²⁴⁹ Ls.: ‘pláta le’n fhathaigh, pláta le’n a mhac, agus pláta le aghaidh mhac a ríogh.’

agus í mar ' bheadh néal beag ar an aer ann, bhí sí chomh fada sin as láthair ar an nóiméad. Chaith sé a chloidheamh léi is bhain sé scothach an driobaill dhi. Ní rinne²⁵⁰ an capaillín stad nó cónaí go dtáinig sí go dtí an teach.

“Is ea,” a deir an bhean le Mac an Rí, “d’éirigh leat.”

“D’éirigh,” a deir sé, “ach marach an capaillín maith a bhí agam, ní bheadh aon fháil agam air.”

“Chuir mise romham,” a deir sí, “a dhul amach agus í sin a bhac dhíot, mar gheall ar an drochmheas a chaith tú uirthi nuair ' chuir sí a ceann sa tsrian.”

“Shíl mé ná raibh aon mhaith inti agus nach dtiúrfadh sí anonn ná anall mé,” a deir Mac an Rí.

“Bhí níos mó draíocht aici sin ná ag a raibh de chapail sa stábla. Nuair ' ghabhfas tú abhaile anois, maraigh an t-éan istigh insa *gcage* nó ní bheidh aon mhaith ann ach an oiread le aon éan eile.”

Chaith sí leis go maith an oíche sin agus ar maidin lá arna mhárach, chuir sí leis an capaillín go dtí an ríocht uachtarach agus dúirt sí léi gan moill ná cónaí a dhéanamh, ach chomh luath is ' d'fhágfadh sí le ais tigh a athar é, a bheith ar ais chuici féin aríst go tapa. D’éirigh an capaillín sa spéir agus le iompú do bhoise, bhí sí ar an ríocht uachtarach le hais tigh an rí.

“An bhfuil m’athair beo?” a deir Mac an Rí, nuair ' chuaigh sé isteach an doras.

“Táim, a mhic,” a deir an rí, “an bhfuil an t-éan agat?”

“Tá,” a deir sé.

“Is tú an mac is fearr a bhí ariamh agam,” a deir an rí.

Maraíodh an t-éan ansin agus nuair ' d’ith an tArdrí í, bhí sé chomh maith is ' bhí sé ariamh. Dúirt sé ansin go dtiúrfadh sé a raibh aige amuigh is istigh don mhac óg agus cead ag an mbeirt eile imeacht i ndiaidh a gcinn rompu.

²⁵⁰ Ls.: ‘Níor rinne.’

“Dar mo lámh,” a deir an mac óg, “cébí áit a rachaidh mo bheirt dearthár, go ngabhfaidh²⁵¹ mise ann.”

Is éard a rinne an tArdrí ansin trí chuid d[h]íreacha a dhéanamh dá raibh aige eatarthu ach faraor, níor shroich aon phioc de dhomsa.

²⁵¹ Ls.: ‘go ngabh.’

CAIBIDIL 14

14.0 Scéal 12. Ruáin is Mac an Chonchúraigh²⁵²

Bhí fear saibhir ann insan aimsir ársa a raibh Ruáin mar ainm air. Bhí cailín breá d'inín aige. Ní raibh cailín le fáil in áit ar bith ba bhreácha ná í agus ní bhfaigheadh aon [ndui]ne le pósadh í – ach an té a mbeadh a meáchan óir is airgid aige. Bhí fir óga ag teacht as chuile cheaird thart timpeall ag súil le²⁵³ í a fháil, ach bhíodh an bóthar céanna abhaile aríst acu, mar ná raibh an oiread óir ná airgid ag ceachtar acu is ' mheáfadh inín Ruáin.

Bhí buachaill breá óg 'na chónaí insa mbaile ba gaire do Ruáin. Ar nós gach duine chuala sé caint ar an gcailín óig, is ar nós cách chuala sé cé na coinníollacha ar a raibh sí le fáil le pósadh. Dúirt sé leis féin, gnóthaint nó cailliúint dó, go rachadh sé dá hiarraidh.

D'inis sé dá mháthair céard a bhí rún aige a dhéanamh, is d'fhiafraigh sé dhi an gcuideodh sí leis.

“Thiúrfainnse fuil mo chroí dhuit, a mhic,” a deir a mháthair, “dá mba rud é a dhéanfadh leas duit. Tá roinnt mhaith airgid againn, mar bhíomar cúramach barainneach ar feadh ar saoil, ach caithfidh tú fanacht go bhfeicfidh muid céard a déarfais t'athair.”

Bhí seanChonchúr toilteanach is chuireadar a raibh d'ór is d'airgead acu istigh is amuigh síos i mála – níl a fhios agam fhéin má chuireadar aon chloch ar thóin an mhála nó nár chuir.

Bhuaill Conchúr óg an mála ar a dhroim is d'imigh leis faoi dhéin inín Ruáin. Nuair ' chonaic Ruáin ag teacht é, chuir sé an-ionadh air.

“Ní féidir, a Mhic Uí Chonchúir,” ar seisean, “gur ag teacht ag iarraidh m'iníne atá tusa.”

“Sin é an gnó céanna a thug an bealach mé,” arsa Mac Uí Chonchúir, “agus tá mo chuid airgid agam anseo sa mála.”

“Níor shíl mé go raibh tú féin ná t'athair chomh saibhir sin,” a deir Ruáin.

²⁵² Ls.: ‘Mac an Chonchubhara.’ Tuiseal ginideach den sloinne aidiachtach ‘an Conchúrach’ atá i gceist anseo, dar liom. Tá mise tar éis ‘Mac an Chonchubhara’ a leasú go ‘Mac an Chonchúraigh’ agus cuirfidh mé an leasú céanna i bhfeidhm ar an litriú seo sa chuid eile den scéal seo.

²⁵³ Ls.: ‘lé.’

“Is minic a bhítear nach síltear,” a deir Mac Uí Chonchúir.

Leagadh an mála isteach sa scála is chuaigh inín Ruaín isteach sa scála eile, ach theastaigh leathchloch gan a meáchan a bheith ann. Bhí an scéal chomh dona anois is ’ bhí sé ariamh.

“Is iomaí fear a tháinig anseo lena chuid airgid,” a deir Ruaín, “ach is tusa, a Mhic Uí Chonchúir, an fear is gaire a chuaigh don mheáchan fós ach ’na dhiaidh sin, tá sí chomh fada uait is dá mbeadh gan a bheith agat ach leathchloch.”

Bhuail Mac Uí Chonchúir a mhála ar a dhroim aríst is d’ionsaigh sé air abhaile. Is gearr a bhí siúlta aige nuair ’ casadh scológ ar an mbóthar leis.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a Mhic Uí Chonchúir,” arsa an scológ.

“Dia is Muire dhuit!” arsa Mac Uí Chonchúir, “ach ní heol dom thú.”

“Tá aithne mhaith agamsa ortsa,” a deir an scológ, “tá tú anois tar éis a bheith ag iarraidh inín Ruaín, ach theastaigh leathchloch gan a meáchan airgid a bheith agat.”

“Cé a d’inis sin duitse?” a deir Mac Uí Chonchúir.

“Bhí fios agam air sul mar ’ d’fhág tú an teach ar maidin, ach céard ’ déarfá dá dtugainnse an leathchloch d’óir dhuit atá d’easpa ort?”

“Tiúrfaidh mé a dhá oiread dhuit aríst,” a deir Mac Uí Chonchúir, “má fhaighim inín Ruaín le pósadh.”

“Tiúrfaidh mise dhuit an t-ór,” a deir an scológ, “ach go n-íocfaidh tú mé a leithéid seo de lá agus muna mbeidh an t-airgead agat dhom an lá sin, cead a bheith agam leathphunt de do chuid feola a bhaint d’áit ar bith de do cholainn is mian liom.”

“Tá mé sásta,” a deir Mac Uí Chonchúir, “ach beidh an t-airgead agam dhuit go cinnte.”²⁵⁴

Thug an scológ dhó an t-ór ansin is chuaigh sé ar ais aríst go dtí Ruaín.

“Ní dheachaigh tú i bhfad ó shin, a Mhic Uí Chonchúir,” a deir Ruaín.

“Ní dheachas,” ar seisean, “casadh carad ar an mbóthar liom a thug iomlán²⁵⁵ an airgid dom. Anois, is féidir liom d’iníon a mheáchan.”

²⁵⁴ Ls.: ‘go chinnte.’

²⁵⁵ Ls.: ‘iomláin.’

Pósadh iad go gairid 'na dhiaidh sin is chuadar a chónaí i gcaisleán²⁵⁶ Ruaín. Bhí an caisleán déanta ar bhruach an chuain a[r] nós²⁵⁷ go raibh amharc le fáil ar na longa a bhíodh ag dul isteach is amach an cuan gach uile lá. Aon lá amháin chuir soitheach isteach ann a bhí luchtaithe le sról is le síoda agus le chuile éadach dá dhaoire. D'iarr Mac an Chonchúraigh ar a bhean a dhul síos is cuid den tsíoda a cheannach dhi féin.

“Ní rachad, go deimhin,” ar sise, “níl aon ghnaithe²⁵⁸ agam dhe. Is maith an saol a gheobhas mé sul mar ' bheas a bhfuil d'éadach agam caite.”

“Is cuma sin,” a deir a fear, “is fearr dhuit ábhar gúna den éadach breá sin a cheannach. Airím trácht mór²⁵⁹ air.”

Ach ní raibh aon mhaitheas dó léi. Chuaigh sé fhéin síos ansin go bhfeicfeadh sé an soitheach is go mbreathnódh sé ar an éadach. Chuir an caiptín fáilte roimhe is thug sé leis é gur thaispeáin sé an soitheach dó ó bhun go barr.²⁶⁰ Nuair ' thángadar ar ais, thosaíodar ag comhrá.

“An é sin thuas ar bhruach an chuain do chaisleán?” arsa an caiptín.

“Is é,” arsa Mac an Chonchúraigh.

“Is dócha gurb í sin do bhean atá ag féachaint amach tríd an bhfuinneog,” arsa an caiptín.

“Is í,” arsa Mac Uí Chonchúir.

“Nach álainn an bhean í?” arsa an caiptín, “ní shílim go bhfaca mé ariamh in áit ar bith bean is breácha ná í.”

“Ní miste dhuit sin a rá,” arsa Mac Uí Chonchúir, “níl sí insa ríocht seo ar chaoi ar bith bean is breácha ná í.”

“Ní dóighde go dtiúrfadh sí taitneamh d'fhear ar bith eile thar[a]t féin?” arsa an caiptín.

“Tá a fhios agam nach dtiúrfadh,” a deir Mac Uí Chonchúir.

²⁵⁶ Ls.: ‘a g-caileán.’

²⁵⁷ Ls.: ‘ionnós.’

²⁵⁸ Ls.: ‘aon ghno.’

²⁵⁹ Ls.: ‘trácht mhór.’

²⁶⁰ Ls.: ‘go bhárr.’

“An gcuirfeá geall leis?” a deir an caiptín.

“Chuirfínn,” a deir Mac Uí Chonchúir.

“Cuirfidh mise mo long agus a lucht leat,” a deir an caiptín, “go dtiúrfaidh sí taitneamh dhomsa.”

“Cuirfidh mise mo chaisleán is mo chuid talún leat nach dtiúrfaidh,” a deir Mac Uí Chonchúir.

“Fan thusa anseo go dtína leithéid seo de chlog ar maidin amáireach is muna dtiúrfaidh mise taispeánadh²⁶¹ dhuit an uair sin, bíodh an long ’s a lucht agat,” a deir an caiptín.

“Tá mé sásta,” a deir Mac Uí Chonchúir.

D’imigh an caiptín ansin is d’ordaigh sé do bheirt mhairnéalaí bosca mór a fháil dó. Fuairadar sin dó. Dúirt sé leo ansin go rachadh sé féin isteach sa mbosca, is é a thabhairt suas go dtí an caisleán.²⁶² Dúirt sé leo a rá leis an mnaoi uasal go mbeadh an caiptín an-bhuíoch dhi, dá ligfeadh sí an bosca a leagan insa seomra a mbeadh sí féin ’na codladh ann go dtí a cúig a chlog lá arna mhárach, is go dtiúrfaí ar siúl ansin é. Dúirt sé leo a rá léi gurb éard a bhí ann, bosca a bhí lán d’ór is go raibh soitheach eile ar a thóir, is dúirt sé leo freisin a rá léi go raibh a fear ar dinnéar leis an gcaiptín, is gan aon imní a bheith uirthi faoi.

“Ná déanaigí dearmad a theacht i gcoinne an bhosca ag a cúig²⁶³ a chlog ar maidin amáireach,” a deir an caiptín.

Chuaigh an caiptín²⁶⁴ isteach sa mbosca ansin, dhún na mairnéalaí anuas an clár air is d’ardaíodar leo go dtí an caisleán é.

Thug an bhean uasal cead dhóibh a leagan ina seomra féin, is ghealladar dhi go mbeadh siad ar ais ag a cúig²⁶⁵ a chlog ar maidin lena thabhairt leo arís.

²⁶¹ Ls.: ‘teasbánadh/taisbánadh.’ Tá an chosúlacht ar an scéal gur scríobhadh ‘teas’ síos ar dtús, agus go ndearnadh iarracht é a cheartú le ‘taisbánadh’ a scríobh ina áit.

²⁶² Ls.: ‘an chaisleán.’

²⁶³ Ls.: ‘ag a gcúig.’

²⁶⁴ Ls.: ‘an chaipitín.’

²⁶⁵ Ls.: ‘ag an gcúig.’

Nuair ' bhí bean an Chonchúraigh ag dul a chodladh an oíche sin, bhain sí dhi a cuid fáinní is leag sí ar an mbord le ais na leapan iad. Bhí an caiptín ag faire uirthi amach trí pholl an ghlais is nuair ' fuair sé tite ina codladh í, tháinig sé amach as an mbosca. Chuir sé na fáinní ina phóca is chuaigh sé ar ais arís sa mbosca. Tháinig na mairnéalaí ag an am a bhí ceaptha is thugadar leo é. Nuair ' chuaigh an caiptín ar bord, sheachaid sé na fáinní do Mhac an Chonchúraigh.

“An iad sin fáinní do mhnaoi?” arsa an caiptín.

D'aithin Mac an Chonchúraigh iad.

“Is iad,” a deir sé, “is iad seo fáinní mo mhnaoi, gan amhras.”

Chuaigh sé abhaile ansin ach níor lig sé pioc air féin lena mhnaoi. Tar éis a mbricfeasta, sheas seisean ag féachaint amach tríd an bhfuinneog.

“Gabh i leith,” a deir sé lena mhnaoi, “go bhfeicfidh tú an t-iasc deas seo thíos faoin bhfuinneog.”

Chuaigh an bhean anonn is chuir sí a ceann amach tríd an bhfuinneog, ach má chuir, ní fhaca sí aon iasc.

“Teann amach go maith,” a deir a fear, “is feicfidh tú é.”

Sháigh sí amach í féin rud beag eile. Ní rinne a fear, nuair ' fuair sé amuigh insa bhfuinneog í, ach a dhá lámh a chur léi is a caitheamh amach insa bhfarráige. Bhí sí ina snámhóir mhaith is bhí sí ag snámh choíche is go deo, go dtáinig sí i dtír ar cheann talún a bhí ag dul i bhfad amach sa bhfarráige. Bhí botháinín beag le ais na trá is is é an sóirt duine a bhí ina chónaí ann, giolla caorach is a bhean. Thugadar isteach an bhean uasal is thugadar éadach tirim dhi le cuir uirthi.

Théadar bainne na gcaorach dhi, is rinneadar gach ar fhéadar le í a neartú. D'fhan sí insa mbothán ar feadh trí nó ceathair de laethanta nó go raibh a neart 's a misneach ar ais arís aici. Ansin, ghléas sí suas í féin i gculaith éadaigh fir, is ní bréag a rá nár bhreá an fear a rinne sí. D'fhill sí suas a cuid éadaigh féin is thug sí do bhean an tí [iad] le cuir i

dtaisce. Dúirt sí léi dá n-éireodh an saol go maith léi go dtiocfadh sí ar ais 'na gcoinne lá eicínt. D'fhág sí a beannacht acu ansin is thug sí a haghaidh ar an mbaile mór. Liostáil sí insna saighdiúir is ní raibh a fhios ag aon duine nár fear a bhí ann.

Aon lá amháin beagán blianta tar a éis sin, dá raibh sí ag siúl tríd an mbaile mór, cé a casfaí uirthi ach a fear is é ag iarraidh a dhéirce. Ní raibh snáth de na seacht n-éadaigh air ná bróg faoina chois. D'aithin sise ar an móiméad é, ach níor aithin seisean ise is freisin, bhí sé lán[h]innte go raibh sí báite. Chuir sí caint air is thug sí léi é gur bhfuair sí rud le n-ithe is le n-ól dó, agus gur bhfuair sí uaidh an scéal mar ' tharla sé idir é féin is an caiptín. Níor lig sí uirthi féin ar an bhfad seo go raibh aithint ná eolas aici air. Nuair ' bhí a sháith ite aige, thug sí léi é go dtí an áit a raibh sí féin ar lóistín is dúirt sí leis ar a bhfaca sé ariamh, gan corrú as sin go dtiocfadh sí féin ar ais, cébí achar a bheadh sí amuigh. D'imigh léi ansin ag triall ar a baile féin is ar an gcaiptín. Nuair ' shroich sí an caisleán, dúirt sí gur strainséara a bhí inti, ná raibh aon eolas ar an áit aici is dá mbadh é a thoil é lóistín a thabhairt dhi ar feadh ceathair nó cúig de laethanta. Dúirt an caiptín go dtiúrfadh, is fáilte, go raibh an áit fada fairsing. An oíche sin nuair ' bhí sí féin is an caiptín ag comhrá tar éis a suipéir, dúirt sise:

“Tá áit bhreá agat anseo is teach breá, an miste dhom fiafraí dhíot an ann a rugadh is a tógadh thú?”

“Ní hea muise, go deimhin,” a deir an caiptín, “is ós dá inseacht duit é, is fánach is is simplí an chaoi ar bhfuair mé an áit seo.”

“Dá mbadh é do thoil é a inseacht dom,” ar sise, “ba mhaith liom an scéal a chloisteál.”

D'inis an caiptín an scéal di ó thús go deireadh cén nós ar ghoid sé na fáinní ón mbean is [ar] thug sé do Mhac an Chonchúraigh iad, is an chaoi ar shíl seisean gurb í a bhean a thug dhó iad.

“Fuair tú an áit réidh go leor,” ar sise, nuair ' bhí an scéal insithe ag an gcaiptín.

I gceann cúpla lá ina dhiaidh sin, chuaigh sí go dtí beirt dhlítheoirí is d’inis sí dhóibh an scéal mar ’ bhí sé.

“Ach,” a deir sí, “níl aon mhaith ann muna gcloisfidh sibh óna bhéal féin é. Anois,” a deir sí, “cuirfidh mise scéal amach go mbeidh mé ag fágáil na háite go gairid ach sul mar ’ imeos mé, go dtiúrfaidh mé féasta uaim. Tiúrfaidh mé cuireadh dhíbhse chun an fhéasta agus féadfaidh sibh ansin a dhul [ch]un cainte²⁶⁶ leis an gcaiptín, is an scéal a fháil uaidh féin. Inseoidh mise mo chuid den scéal ansin.”

Bhí go maith. Rinne sí chaon ní mar ’ dúirt sí is nuair ’ bhí chuile dhuine socraithe chun ithe is óil, chuaigh sí²⁶⁷ amach is thug sí léi an capall ab f[h]earr a bhí i stábla an chaipitín. Bhuail sí ar a droim is níor tharraing sí srian go dtáinig sí go dtí an botháinín ar fhág sí a cuid éadaigh ann. D’athraigh sí a cuid éadaigh ansin, d’íoc sí fear is bean an tí go maith ar son a dtrioblóide, d’fhág sí acu an chulaith fir a bhí sí a chaitheamh is a beannacht, is d’imigh léi ar mhuintir an chapail arís go dtí an áit ar fhág sí a fear ar lóistín. D’aithin sé í chomh luath is ’ chuaigh sí isteach agus is beag nár thit sé as a sheasamh le ionadh.

Thug sí léi ar an gcapall ansin é is d’imigh leo. Is gearr a chuadar nuair – cé a casfaí orthu sa tslí ach an scológ.

“Is ea, a Mhic Uí Chonchúir,” ar seisean, “an bhfuil cuimhne ar bith agat mise a íoc? An cuimhin leat an lá ar casadh mise ort, agus thú tar éis a bheith ag iarraidh iníon Ruaín?”

“Is cuimhin,” a deir Mac an Chonchúraigh.

“Agus an cuimhin leat an margadh a rinneamar nuair ’ thug mé dhuit an t-airgead? Muna n-íocfá mé a leithéid seo de lá, go raibh cead agam leathphunt de do chuid feola a fháil.”

“Is cuimhin liom é go maith,” a deir Mac an Chonchúraigh.

“An fíor é sin?” a deir iníon Ruaín lena fear.

“Is fíor, go cinnte,” a deir sé.

“Más fíor,” ar sise, “caithfidh tú do mhargadh a choinneál.”

²⁶⁶ Ls.: ‘a dhul an cainte.’

²⁶⁷ Ls.: ‘sé.’

Tháinig sí anuas den chapall ansin is scar sí a naipicín póca amach ar an mbóthar.

“Seo anois,” a deir sí lena fear, “seas anseo. Agus anois,” a deir sí leis an scológ, “de réir mar ’ thuigim an scéal, má chuir tusa insa margadh leathphunt dá chuid feola a fháil, níor chuir tú ann aon deoir dá chuid fola a fháil is má ligeann tú d’aon bhraon amháin fola sileadh ar an naipicín sin, cuirfidh mé a bhfuil insa bpiostal seo thríot.”

B’éigin don scológ a bhealach a scaoileadh le Mac an Chonchúraigh. Chuadar ar an gcapall arís is níor chónaíodar go dtángadar go dtí an caisleán. Bhí an caiptín ag inseacht an scéil do na dlíodóirí, is greann an domhain aige ag cuir síos dóibh a fheabhas is ’ d’imir sé ar M[h]ac an Chonchúraigh.

“Anois,” a deir iníon Ruaín, nuair ’ bhí an scéal insithe ag an gcaiptín, “inseoidh mise mo chuid féin den scéal sin.”

D’inis sí dhóibh ansin thríd síos ’s thríd suas, gach ar tharla dhi ón lá ar chaith a fear amach tríd an bhfuinneog í go dtí an uair sin.

“Agus anois,” a deir sí, “is é an bás a cheapfainn don fhear sin an bás a cheap m’fhear féin domsa. Mar sin, caitear amach é tríd an bhfuinneog ar caitheadh mise is bíodh a bhás nó a bheatha aige.”

Rugadh abhus is thall ar an gcaiptín, tógadh suas an staighre é is caitheadh amach thríd an bhfuinneog é. Má bád é nó má tháinig sé slán, ní fhéadaim a inseacht, ach féadaim a rá nár tháinig sé ag cur buaireamh ar Mhac an Chonchúraigh ná ar iníon Ruaín arís ar feadh a saoil.

CAIBIDIL 15

15.0 Scéal 13. Scológ na Féasóige Liath²⁶⁸

Bhí Mac Rí ann aon uair amháin – ní raibh ag a athair ná ag a mháthair ach é féin. Mar gheall air seo, bhíodh cead aige a rogha rud a dhéanamh is a dhul ina rogha áit. Bhíodh an-fhonn air a bheith ag fiach is is beag lá nach i ndiaidh an fhia a gheofaí é. Aon lá amháin dá raibh sé amuigh ar an obair seo, tháinig sé go dtí trá bhreá ghainimh.

Shuigh sé síos ag ligint a scíthe is thug sé a aghaidh ar an fharraige mhór leathan a bhí os a chomhair amach. Níorbh fhada dhó nó go bhfaca sé chuige aniar insa bhfarraige m[h]óir²⁶⁹ bád a raibh iomramh céad uirthi. Nuair ’ tháinig sí i ngar dó, chonaic sé ná raibh inti ach aon fhear amháin. Chuir sin ionadh mór air is d’fhan sé go bhfeicfeadh sé cén sórt duine a bhí ann. Chomh luath is ’ bhuail gob an bháid an talamh, léim scológ mhór amach aisti a raibh féasóg air síos go barra a chosa, is í chomh liath le broc. Tharraing sé suas an bád ar an trá is shiúil sé anonn go dtí Mac an Rí.

“An imreoidh tú cluiche cártaí, a Mhic Rí Éireann?” ar seisean.

“Ní imreod,” a deir Mac an Rí, “níl mo chuid cártaí ar iompar agam.”

“Is mise féin nach ndeachaigh rith circe ón doras ariamh gan mo ghléas imeartha a bheith ar iompar agam,” a deir an scológ, is leis sin, tharraing sé amach paca cártaí. Bhí leisce ar Mhac an Rí diúltú dhó is chuadar ag imirt. Bhain Mac an Rí dhe.

“Tabhair do gheasa, a Mhic an Rí,” a dúirt an scológ.

“Níl aon gheasa agam le tabhairt,” ’dúirt Mac an Rí.

“Beir do gheasa ar nós eicint,” a deir an scológ.

“Seas suas is suigh síos aríst,” a deir Mac an Rí.

²⁶⁸ Ls.: ‘Sgológ na feasóige liath.’ Is é ‘Sgológ na Féasóige Liath’ an t-aon leagan atá ag Úna i ngach cás sa scéal seo, áit a mbeifí ag súil le ‘léithe’ do tuiséal ginideach na haidiachta baininscíní. Níl sampla ar bith i scéal ar bith eile sa bhailiúchán den aidiacht ‘liath’ sa tuiséal ginideach. B’fhéidir go bhfuil cúrsaí canúna i gceist ag Úna. Míníonn Ó Catháin (2001: 247) gur saintréith de Ghaeilge Cheann Thoir Árann é aonfhoghrú an défhoghair [iə] mar [e:]. B’fhéidir gur thuig Úna Ní Chualáin gurbh ann don tréith seo agus b’fhéidir gur shíl sí go raibh an fuaimniú seo ag Colm Ó hIarnáin ar ‘liath.’ Is dócha, mar sin, gur scríobh sí ‘liath’ in ionad ‘léithe.’ Léamh eile air seo, dar ndóigh, go bhfuil tuiséal ainmneach na haidiachta in úsáid ag an scéalaí, cé go bhfuil an t-ainmfhocal a thagann roimh an aidiacht seo sa tuiséal ginideach.

²⁶⁹ Tá an leagan ‘insa bhfarraige mhóir’ ag an scéalaí níos faide anonn sa scéal.

Rinne sé amhlaidh. Chuir sé na cártaí ina phóca is d'imigh leis ina bhád aríst mar ' tháinig sé. Chuaigh Mac an Rí abhaile gan fia ná giorria an lá sin. Ar maidin lá arna mhárach thug sé leis a ghunna is a chú is thug sé a aghaidh ar an trá chéanna. Ba mhaith leis fios a bheith aige an dtiocfadh an scológ aríst.

Is gearr a bhí Mac an Rí ar an trá nuair ' chonaic sé an bád ag teacht, is iomramh céad uirthi. Bhí a fhios aige go maith an babhta seo cé a bhí inti. Chomh luath is ' bhuail sí talamh, bhí an scológ amuigh de léim aisti. Tharraing sé suas ar an trá í is tháinig sé go dtí an áit a raibh Mac an Rí ina shuí.

“An imreoidh tú cluiche cártaí inniu, a Mhic an Rí?” ar seisean.

“Imreod,” a deir Mac an Rí.

Chuadar ag imirt is bhain Mac an Rí dhe.

“Tabhair do gheasa, a Mhic an Rí,” a deir sé.

“Cuirimse faoi gheasa thú is faoi mhórdhiomú na bliana an pháirc atá le hais caisleán m'athar a líonadh le chuile chineál beithígh,” a deir Mac an Rí.

“Beidh sin déanta,” a deir an scológ.

Níor imreadar níos mó an lá sin. Sháigh an scológ amach a bhád is le iompó do bhoise, bhíodar imithe as amharc. Nuair ' chuaigh Mac an Rí abhaile, bhí scéal iontach ag a athair roimhe.

“Níor bhfuair mé a leithéid d'anró ariamh,” a deir sé, “is ' fuair mé ó phlód mór beithígh a tháinig sa pháirc sin amuigh. Chinn orainn iad a dhíbirt nó gur imíodar uathu féin mar ' thángadar.”

“Sin cuid de mo chuid gaiscese,” a deir an mac.

“Dá ndéanfá mo chomhairlese,” a deir an t-athair, “ligfeá den obair sin, nó beidh aiféala ort.”

Ar maidin lá arna mhárach aríst, thug Mac an Rí a ghunna is a chú leis is thug a aghaidh ar an trá. Is gearr a bhí sé ann nuair ' tháinig an scológ.

“An imreoidh tú inniu, a Mhic an Rí?” ar seisean.

“Imreod,” a deir Mac an Rí.

Chuardar ag imirt is bhuaigh Mac an Rí.

“Tabhair do bhreith, a Mhic an Rí,” a deir an scológ.

“Cuirimse faoi gheasa thú caisleán²⁷⁰ a dhéanamh le hais caisleán m’athar nach mbeidh orlach níos mó ná níos lú ná é, agus a bheas mar é ar chuile chaoi.”

“Beidh sin déanta,” a deir an scológ.

Níor imreadar níos mó an lá sin. Sháigh an scológ amach a bhád is d’imigh leis siar insa bhfarraige mhóir.

Nuair ’ chuaigh Mac an Rí abhaile, d’inis a athair dó go raibh caisleán breá déanta le hais an c[h]aisleáin is le iompó do bhoise go raibh sé imithe aríst.

“Sin tuilleadh de mo chuid gaiscese,” a deir an mac.

“Is fearr dhuit ligean den obair sin in am,” a deir an t-athair.

Ar maidin lá arna mhárach aríst d’imigh Mac an Rí faoi dhéint na scolóige. Níorbh fhada dhó go dtáinig sé chuige.

“An imreoidh tú inniu, a Mhic an Rí?” a deir an scológ.

“Ní imreod,” a deir Mac an Rí, “tháinig mé amach le dhul ag fiach. Tá an aimsir caite agam le trí lá ag imirt leat.”

“Ó, imir an cluiche seo,” a deir an scológ, “is é a n-iarrfaidh mé ort, é.”

Dúirt Mac an Rí nach n-imreodh, ach bhí an scológ ag dul dhó nó gur thug sé a thoil ar imirt faoi dheireadh, is má thug ’s gur thug, bhuaigh an scológ air.

“Tabhair do gheasa,” a deir Mac an Rí.

“Ní beag dhuitse a thúisce,” arsa an scológ, “cuirimse faoi gheasa thú gan an dara béilí bia a ithe ar aon mhéis ná an dara hoíche a chodladh ar aon leaba nó go bhfaighe²⁷¹ tú

²⁷⁰ Ls.: ‘caileán.’

²⁷¹ Ls.: ‘go bhfágh.’

amach tigh cónaithe Scolóig na Féasóige Liath, más faoi thalamh atá sé nó os cionn talúna, faoi fharraige nó os cionn farraige.”

Sháigh sé amach a bhád is d’imigh leis is chuaigh Mac an Rí go brónach abhaile.

Nuair ’ shuigh sé ar an gcathaoir, thosaigh sé ag osnaíl. D’aithin an Rí go raibh sé faoi gheasa is d’fhiafraigh sé dhe cé na geasa a bhí air. D’inis sé dhó chuile ní mar ’ tharla ó casadh an scológ an chéad lá leis.

“Dúirt mise leat,” a deir an Rí, “ligean den obair sin, ach níor ghlac tú mo chomhairle. Ach níl aon mhaith sa chasaoid nuair atá an anachain déanta. Céard a dhéanfas tú? An ngabhfaidh tú ar a thóraíocht nó an bhfanfaidh tú sa mbaile? Ní gá dhuit an dara béilí a ithe ar aon mhéis ná an dara oíche a chodladh ar aon leaba, cébí saol a gheobhas tú.”

“Níl aon mhaith ann,” a deir Mac an Rí, “caithfidh mé imeacht.”

Ar maidin lá arna mhárach d’fhág sé a bheannacht ag a m[h]uintir, thug sé leis a mhála siúil is trí cháca a thug a mháthair dó. D’imigh sé leis is bhí sé ag imeacht is ag síorimeacht, ag codladh insan oíche insna coillte nó go – faoi dheireadh – go dtáinig sé go dtí caisleán mór. Bhí cú nimhe ag faire an gheata is níor lig sé aon duine thairis ariamh gan marú. Chuaigh Mac an Rí isteach, is in ionad é a mharú, is amhlaidh a thosaigh sé dá líochán is ag déanamh mórtachais leis.

Chuir sin ionadh an tsaoil ar an bhfathach mór a mba leis an caisleán²⁷² is shiúil sé anuas go mbeadh a fhios aige cén sórt duine é sin, a bhí chomh neamheaglach is a theacht isteach²⁷³ ina gheatasan gan an cú ag baint leis amháin. Nuair ’ bhí sé i bhfoisceacht cúpla coiscéim dó, chaith Mac an Rí ceann de na cácaí chuige. Thóg an fathach é is bhreathnaigh sé air.

“Aithním fuint mo dheirfire ar an gcáca seo,” a deir sé.

²⁷² Ls.: ‘leis an chaisleán.’

²⁷³ Ls.: ‘isteach.’

Chuir sé fáilte roimh Mhac an Rí ansin is thug sé leis isteach sa chaisleán é. D’fhiafraigh sé céard a thug an bealach sin é, nó an faoi gheasa a bhí sé. Dúirt Mac an Rí gurb ea, is d’inis sé dhó cé na geasa a bhí air.

“Níl aon eolas agamsa ar an bhfear sin,” a deir an fathach, nuair ’ bhí an scéal cloiste aige, “ach b’fhéidir go bhfuil aon tuairisc ag mo dheartháir air. Tá sé céad bliain níos sine ná mise. Lig do scíth²⁷⁴ anseo anocht is ar maidin amáireach, cuirfidh mé leat an t-each chaol donn go tigh mo dhearthára.”

Chaitheadar an oíche sin trian le fiannaíocht, trian le scéalaíocht is trian le suan is mór chodalta. Ar maidin lá arna mhárach níor thúisce le réalta na maidne ná le Mac an Rí, ach dár mhoiche dá raibh chaon cheann acu, bhí an fathach níos moiche, is an t-each chaol donn faoi réir aige. Tar éis a chéalacan a bhriseadh, bhuaill Mac an Rí ar a muin, d’imigh sí ar nós an ghaoth Mhárta is níor chónaigh sí go dtáinig sí go geata an fhathaigh. D’fhág sí Mac an Rí ansin is chuaigh sí ar ais aríst an bealach céanna a dtáinig sí.

Bhí cú nimhe eile ag faire an g[h]eata sin is in áit Mac an Rí a amplú²⁷⁵ nuair ’ chuaigh sé isteach, is amhlaidh a thosaigh sé ag craitheadh a driobaill is ag siúl thart timpeall air. Bhí an fathach mór ag féachaint amach thríd an bhfuinneog air is ionadh [d]á bhfaca tú ariamh air. Tháinig sé go bhfeicfeadh sé cén gaiscíoch é sin a raibh an oiread de dhánacht ann is a theacht isteach ina gheatasan, is a raibh a chú in ionad é a ithe ag déanamh muintearas leis.

Nuair ’ bhí [sé] i ngaireacht cúpla coiscéim de Mhac an Rí, chaith sé ceann de na cácaí chuige. Thóg an fathach é is bhreathnaigh sé air.

“Aithním fuint mo dheirfire ar an gcáca seo,” a deir sé.

Chuir sé na míle fáilte roimh Mhac an Rí is thug sé isteach sa chaisleán é. D’fhiafraigh sé cén sórt geasa a bhí air.

D’inis Mac an Rí dhó.

²⁷⁴ Ls.: ‘do sgithe.’

²⁷⁵ Ls.: ‘ampladh.’

“Níl aon eolas agamsa ar an bhfear sin,” a deir an fathach, “muna bhfuil aon eolas ag mo dheartháir air. Tá sé céad bliain níos sine ná mise. Is féidir leat do scíth²⁷⁶ a ligean anseo anocht agus ar maidin amáireach, cuirfidh mé leat an t-each caol glas go tigh mo dhearthára.”

Chaitheadar an oíche sin seal le fiannaíocht, seal le scéalaíocht agus seal le suan is trom codalta. Ní[or] rug an ghrian ’na chodladh ar Mhac an Rí ar maidin lá arna mhárach, ach dá mhoiche dár éirigh sé bhí an fathach ’na shuí roimhe, is an t-each caol glas faoi réir aige. Bhuail Mac an Rí ar marcaíocht uirthi tar éis a chéalacan a briseadh is d’imigh sí ar nós an ghaoth fhuar Mhárta, is níor chónaigh sí go dtáinig sí go geata an fathaigh. Chomh luath is ’ léim Mac an Rí anuas dhi, d’imigh sí ar ais aríst an bealach céanna a dtáinig sí. Bhí cú mór nimhe ag faire an gheata sin agus dá mhéad iad na coin eile, bhí an cú sin ní ba mó ná iad is ní ba nimhe dá mb’fhéidir é. Nuair ’ chuaigh Mac an Rí isteach, léim an cú suas is thosaigh sé dhá líochán ’s dhá chuimilt fhéin de ag cur fáilte roimhe. Bhí an fathach mór ag féachaint amach trí fhuinneog an chaisleáin is ionadh an tsaoil air nuair ’ chonaic sé céard a bhí an cú a dhéanamh. Chuaigh sé amach go bhfeicfeadh sé cén gaiscíoch a bhí chomh ceandána agus a theacht ansin. Nuair ’ bhí sé i bhfoisceacht cúpla coiscéim do M[h]ac an Rí, chaith seisean an cáca deireanach chuige. Thóg an fathach suas ina lámh is bhreathnaigh sé air.

“Aithním fuint mo dheirfire ar an gcáca seo,” a deir sé.

Chuir sé na míle fáilte roimh Mhac an Rí is thug sé leis isteach sa chaisleán é. D’fhiafraigh sé cé na geasa a bhí air. D’inis Mac an Rí dhó.

“Níl aon eolas agamsa air sin,” a deir an fathach, “ach tá mé i mo mháistir ar iaisc bheaga is mhóra na farraige, ar bheithígh bheaga is mhóra na talúna is ar éanacha beaga is móra²⁷⁷ an aeir is mara bhfuil a fhios ag aon cheann acu sin cá bhfuil sé, tá tú buailte. Lig do

²⁷⁶ Ls.: ‘do sgithe.’

²⁷⁷ Ls.: ‘mhóra.’

scíth²⁷⁸ anocht is ar maidin amáireach, cruinneoidh mé iad sin is beidh a fhios againn cén scéal a bheas acu.”

Chaitheadar an oíche sin seal le scéalaíocht, seal le fiannaíocht is seal le tromshuan is mór chodalta. Ar maidin lá arna mhárach shéid an fathach adharc, is níor fhan iasc beag ná iasc mór insa bhfarraige nár chruinnigh timpeall air. D’fhiafraigh sé dhíobh an raibh aon tuairisc acu ar áit cónaithe Scolóig na Féasóige Liath. Dúradar ná raibh. Dhíbir sé uaidh iad. Shéid sé adharc eile is chruinnigh beithígh bheaga is mhóra na talúna timpeall air. D’fhiafraigh sé dhíobh an raibh aon tuairisc acu cá raibh áit cónaithe Scolóig na Féasóige Liath. Dúradar ná raibh. Dhíbir sé ar siúl iad. Shéid sé adharc eile is chruinnigh éanacha beaga is móra²⁷⁹ an aeir timpeall air, ach ar shúil a thabhairt thart orthu, thug sé faoi deara go raibh aon iolar amháin d’easpa orthu. D’fhiafraigh sé dhíobh an raibh a fhios acu cá raibh áit cónaithe Scolóig na Féasóige Liath. Dúradar ná raibh a fhios.

“An bhfuil a fhios agaibh cá bhfuil an t-iolar seo atá imithe uaibh, nó an bhfaca aon cheann agaibh é?”

Dúradar ná raibh a fhios ’s nach bhfaca.

“Déanfaidh mé rí os cionn na n-éin uilig d’éan ar bith a thiúrfas tuairisc chugam cá bhfuil an t-iolar.”

“Rachaidh mise ar a lorg,” a dúirt iolar mór a bhí ann.

“Rachaidh, agus mise,” a dúirt an dreoilín.

D’eitleadar suas insa spéir, ach is gearr a chuadar nuair ’ thosaigh an dreoilín ag loiceadh. Ní rinne sé ach a dhul isteach faoi sciatháin an iolair is a dhul i bhfastó inti, agus ar ndóigh, níor airigh an t-iolar aige ná uaidh é. Bhí an t-iolar ag imeacht ’s ag síorimeacht is an dreoilín faoina sciathán ar feadh na haimsire, nó go – faoi dheireadh – go bhfaca sé an t-iolar eile ag teacht chuige insa spéir, is gan é ag féachaint ach mar ’ bheadh cuileog ann, bhí sé chomh fada sin as láthair. D’fhill an t-iolar ar ais agus nuair ’ bhíodar i ngar don

²⁷⁸ Ls.: ‘do sgithe.’

²⁷⁹ Ls.: ‘mhóra.’

talamh, d'éirigh an dreoilín amach óna sciathán is mar bhí sé éatrom, bhí sé ag an bhfathach le scéala go raibh an t-iolar ag teacht roimh – an t-iolar mór. Nuair ' tháinig seisean, d'inis sé an cleas a d'imir an dreoilín air ach 'na dhiaidh, ós é an chéad cheann a tháinig le scéal é, rinne an fathach rí os cionn na n-éin dhe is tá sé ina rí orthu ó shin, ach insan am céanna, c[h]uir sé faoi gheasa é gan éirí níos airde ná barr binne nó poll claí arís choíche. Nuair ' tháinig an t-iolar a bhí ar iarraidh, d'fhiafraigh an fathach dhe cá raibh sé nuair ' shéid sé an chéad adharc.

Dúirt an t-iolar go raibh sé ar abhainn insa Domhan Thoir ag tógál eangacha in éineacht le Scolóig na Féasóige Liath.

“Is maith sin,” a deir an fathach, “sin é an scéal a bhí uainn.”

Dhíbir sé ar siúl na héanlaith go léir is chuir sé fios ar an seandall glic. D'fhiafraigh sé dhe cén nós a bhfaigheadh Mac an Rí amach áit cónaithe Scolóig na Féasóige Liath a bhí sa Domhan Thoir.

“Tabhair dhó an t-each caol bán is tiúrfaidh sí go dtína leithéid seo de loch insa Domhan Thoir é. Níl aon lá nach dtagann dhá eala dhéag ag snámh ar an loch sin. Is iad sin Inín Scolóig na Féasóige Liath is a cuid mná coimhdeachta.²⁸⁰ Beidh cochall óir faoi mhuneál ceann acu is nuair ' bheas siad ag dul ag snámh, leagfaidh sí dhi é. Is í sin Inín na Scolóige is nuair ' gheobhas seisean amuigh iad, beireadh sé ar an gcochall is ná scaradh sé leis ar a bhfaca sé ariamh, go dtugadh sí go tigh a hathar é.”

Ar maidin lá arna mhárach bhí an t-each caol bán faoi réir ag an bhfathach nuair ' d'éirigh Mac an Rí. Bhuail sé ar a muin is ar siúl léi ar nós an ghaoth Mhárta thar chnoca is ghleannta, gur stad sí faoi dheireadh ar bhruach locha insa Domhan Thoir. Chuaigh Mac an Rí ar scáth moghlaer mór, is is gearr a bhí sé ann nuair ' tháinig an dá eala dhéag. Thug sé faoi deara eala an chochall óir is bhí sé ag aireachas uirthi gur bhain sí dhi é. Chomh

²⁸⁰ Ls.: ‘mná choimhdeachta.’

luath is ' fuair sé amuigh ar an loch iad, rug sé ar an gcochall is chuir sé ina bhrollach é. Nuair ' thángadar isteach, ní raibh an cochall le fáil abhus ná thall.

“Céibí duine a thug leis mo chochall,” a deir Inín Scolóig na Féasóige Liath, “tugadh sé dhom é is déanfaidh mé ní ar bith a iarrfaidh sé orm.”

“Tá do chochall agamsa,” a deir Mac an Rí, “is ní thiúrfaidh mé dhuit é go dtaispeánfaidh tú áit cónaithe t'athar dhom.”

“Siúil uait, mar sin,” a deir sí.

D'imíodar leo is bhíodar ag imeacht 's ag síorimeacht go dtángadar go dtí cnoc mór.

“Tarraing tráithnín as an bhféar sin faoi do chosa, buail buille dhe ar an áit a bhfeicfidh tú sinne ag dul isteach sa gcnoc, is osclóidh sé dhuit. Ní féidir liomsa a dhéanamh dhuit níos mó.”

Rinne sé go díreach mar ' dúirt sí leis is chomh luath is ' bhuaile sé buille den tráithnín ar an áit inar imigh na heala[í] as amharc, d'oscail an cnoc ó chéile is isteach leis. Os a chomhair a bhí an caisleán²⁸¹ badh bhreácha dá bhfaca sé ariamh. Badh é caisleán Scolóig na Féasóige Liath é is bhí sé ag deireadh a thuais.

“Feicim gur bhfuair tú amach mé,” a deir an scológ.

“Níorbh obair mhór é sin,” a deir Mac an Rí.

“Tá beagán obair agam dhuit le déanamh,” a deir an scológ, “is má níonn tú í, gheobhaidh tú m'inín le pósadh is má theipeann ort, tá an ceann le cailliúint agat.”

“Tá sin ceart go leor,” a dúirt Mac an Rí.

Ar maidin lá arna mhárach dúirt Scológ na Féasóige Liath le Mac an Rí gach uile chloch dá raibh sa chaisleán a bhí ar bhruach na locha a chaitheamh amach sa loch, gur mhian leis caisleán nua a dhéanamh ina ionaid. Chuaigh Mac an Rí ag obair, ach mo léan, bhí na clocha chomh daingean sin is chomh greamaithe²⁸² dá chéile nach bhféadfadh sé ceann

²⁸¹ Ls.: ‘an chaisleán.’

²⁸² Ls.: ‘chomh greamuighthe.’

acu a chorrú dá mbeadh sé leo ó shin. Nuair ' bhí sé timpeall am dinnéir, tháinig Inín na Scolóige go dtí é is é brónach tursach go leor.

“An mar sin atá tú?” a deir sí.

“Is ea,” arsa Mac an Rí.

Tharraing sí slaitín dhraoidheachta as a póca is bhuail sí buille dhi ar an gcaisleán is le iompú do bhoise ní raibh cloch dhe ná raibh ar thóin na locha.

“Ná inis do m’athair gur mise a rinne an obair seo dhuit,” a deir sí, “ná go bhfuil eolas ar bith agat orm.”

Tháinig an scológ go dtí é ar dhul faoi na gréine.

“Is ea,” ar seisean, “feicim go bhfuil d’obair lae déanta agat.”

“Níorbh obair mhór é sin a dhéanamh,” a deir Mac an Rí.

Ar maidin lá arna mhárach dúirt an scológ le Mac an Rí a dhul is an tsnáthad mhór a bhí ar urlár an stábla faoi aoileach na seacht mbliana a fháil dó. Fuair Mac an Rí sluasaid is thosaigh sé ag caitheamh an aoiligh amach, ach níl aon tsluasaid dá gcuireadh seisean amach nach dtagadh seacht gcinn isteach ina ionad. Bhí sé ar siúl mar sin is é tursach sáraithe, nuair ' tháinig Inín na Scolóige go dtí é.

“An mar sin atá tú?” ar sise.

“Is ea,” ar seisean.

Ní rinne sí ach sluasaidín bheag a tharraing[t] amach as a póca is slám beag den aoileach a chaitheamh amach léi. Bhí sé ag dul amach 'na shluasaideacha i ndiaidh a chéile nó ná raibh pioc fágtha ar urlár an stábla le iompó do bhoise. Fuair sí an tsnáthad is thug sí do Mhac an Rí í.

“Ná inis do m’athair,” ar sise, “gur mise a rinne an obair seo dhuit.”

Nuair ' tháinig an scológ go dtí é tráthnóna, thug Mac an Rí an tsnáthad dhó.

“Rinne tú an obair sin,” a deir an scológ.

“Níorbh obair mhór í sin a dhéanamh,” a deir Mac an Rí.

Ar maidin lá arna mhárach d’ordaigh an scológ do Mhac an Rí an meana a d’fhág sé ar bharr an chrainn a bhí i lár an ghairdín ar chúl an chaisleáin a thabhairt chuige. Bhí an crann sin chomh sleamhain agus chomh bealaithe is nuair ’ shíleadh Mac an Rí a dhul suas lena lámha is a ghlúna, shleamhnaíodh sé anuas aríst. Chaith sé mar sin ag dul suas giota beag is ag sciorradh anuas aríst go raibh sé in am dinnéir, nuair ’ tháinig Inín na Scolóige go dtí é is é beagnach leathmharbh.

“An mar sin atá tú?” ar sise.

“Is ea,” ar seisean.

“Ní bheidh tú i bhfad mar sin,” a deir sí, ag tarraingt tuaín bheag ghéar as a póca. Ghearr sí méaracha a cosa is a lámha dhi féin is thug sí do M[h]ac an Rí iad.

“Seo dhuit iad seo,” ar sise, “is leag ar an gcrann iad ó cheann go ceann is déanfaidh siad strapáí dhuit le dhul suas ach, ar a bhfaca tú ariamh, nuair ’ bheas tú dhá dtógál leat ar a theacht anuas dhuit, seachain an ligfeá d’aon cheann acu titim uait nó sloigfidh an cú sin atá ag faire faoi bhun an chrainn iad, is ansin beidh a fhios ag m’athair cé atá ag déanamh na hoibre dhuit agus maróidh sé sinn le chéile.”

Leag Mac an Rí na méaracha ar an gcrann ó cheann go ceann mar ’ d’ordaigh sí dhó, [de] réir mar ’ bhí sé ag dul suas, nó gur shroich sé an barr is gur bhfuair sé an meana. Anuas leis aríst ag tógál na méaracha ó cheann go ceann nó go raibh sé go dtí an ceann deireanach is nuair ’ shíl sé í sin a thógál, titeann sí uaidh is sloigeann an cú í.

“Tá muid cailte anois!” a deir Inín na Scolóige, “muna féidir liomsa an oiread draíocht a chur ar m’athair ’ s nach dtiúrfaidh sé faoi deara easpa na méire orm.”

D’imigh léi is ar theacht an tráthnóna, tháinig an scológ.

“Ar bhfuair tú an meana dhom?” ar seisean.

“Fuair eas,” a deir Mac an Rí, “ach níl sé le fáil agatsa go bhfaighe²⁸³ mise mo bhean atá saothraithe agam.”

²⁸³ Ls.: ‘go bhfágh.’

Chuadar isteach sa chaisleán is chuir an scológ fios ar a inín.

“Tabhair leat do bhean anois,” a deir an scológ, “is nár fheice mé amharc ar cheachtar agaibh aríst choíche.”

“Cá bhfuil an spré atá tú a thabhairt do d’inín?” a deir Mac an Rí.

“Níl aon spré le fáil aici ach an capall a bhéarfas abhaile sibh,” a deir an scológ, “is imigí anois sul mar ’ bhainfeas mé an ceann dhíobh le chéile.”

Fuair Inín na Scolóige a capall féin as an stábla, chuadar araon ar marcaíocht is d’imíodar ar nós na gaoithe go dtángadar go dtí teach an fhathaigh a bhí ina mháistir ar éisc bheaga is mhóra na farraige, ar bheithígh bheaga is mhóra na talúna is ar éanacha beaga is móra²⁸⁴ an aeir. Chuir [sé] an-fháilte²⁸⁵ rompu is chaitheadar an oíche sin ansin.

Ar maidin lá arna mhárach, chuir sé leo an t-each ab fhearr a bhí ina stábla is ba gearr an mhoill orthu gur shroicheadar caisleán an dara fathach. Chuir seisean fáilte rompu is chaitheadar an oíche sin ansin.

Ar maidin lá arna mhárach, chuir an fathach an capall ab fhearr a bhí sa stábla aige leo is níorbh uirthi sin an mhoill dá bhfágál ag caisleán an tríú fathach. Dá mhéad fáilte dá raibh ag an mbeirt eile rompu bhí a thrí oiread aigesean, mar shíl sé nach dtiocfadh Mac an Rí ar ais choíche.

Ar maidin lá arna mhárach, thug sé dhóibh an capall ab fhearr a bhí aige, d’fhágadar slán is beannacht aige is níor chónaíodar go dtángadar go hÉirinn. Agus mara raibh fáilte rompu ansin, ní lá go maidin é. Bhí bainis seacht n-oíche is seacht lá orthu is bhí tinte cnámha²⁸⁶ dá lasadh ar feadh míosa, is b’fhéidir go bhfuil agus fós.

²⁸⁴ Ls.: ‘mhóra.’

²⁸⁵ Ls.: ‘an fáilte.’

²⁸⁶ Ls.: ‘teinte chnámha.’

CAIBIDIL 16

16.0 Scéal 14. Scéal gan Ainm

Bhí duine uasal ann aon uair amháin a bhí an-tsaibhir. Bhí sé ina ardghiúistís, agus bhíodh sé go minic imithe as baile ag déanamh dlí is ag socrú cúiseanna in áiteacha eile. Is minic a chaitheadh sé leathbhliain imithe gan theacht ar n-ais [ar] chor ar bith, é féin is a bhuachaill. Bhí triúr iníon²⁸⁷ aige is aon uair amháin dá raibh sé ag dul ar cheann de na aistir f[h]ada seo, d'iarr an iníon is sine air bronntanas eicínt a thabhairt chuici nuair ' bheadh sé ag teacht ar n-ais.

“Cén sóirt bronntanas a bheifeá a iarraidh?” a deir sé.

“Dá bhfaighfeá písín beag óir dhom,” a deir sí, “thaitneodh sé go mór liom.”

“Má fhéadaim [ar] chor ar bith é,” a deir an t-athair, “gheobhaidh mé sin duit.”

D'iarr an dara iníon air bronntanas eicínt a thabhairt chuici féin nuair ' bheadh sé ag teacht ar ais.

“Cén sórt bronntanas a bheas tusa ag iarraidh?” a deir sé.

“Dá bhfaighfeá písín beag airgid dhom,” a deir sí, “is é a bheinn a iarraidh.”

“Gheobhaidh mise sin duit,” a deir an t-athair, “más féidir é.”

Níor labhair an iníon óg [ar] chor ar bith. Nuair nach bhfaca an t-athair ag iarraidh aon cheo í, d'fhiafraigh sé dhi cén sórt bronntanas a thiúrfadh sé chuici.

“Níl mé ag iarraidh tada,” a deir sí.²⁸⁸

“Ó, iarr rud eicínt,” a deir sé, “chomh maith le do dheirfiúracha.”

“Ná bac liomsa,” a deir sí, “b'fhéidir an rud a bheinnse ag iarraidh nach bhféadfása a thabhairt chugam.”

“Céard é féin?” a deir an t-athair, “is más féidir liom [ar] chor ar bith é, tiúrfaidh mé chugat é.”

“Dá dtugtá éinín fuiseoige chugam,” a deir sí, “is é a bheinn a iarraidh.”

²⁸⁷ Ls.: ‘ingheana.’

²⁸⁸ Ls.: ‘sé.’

“Tiúrfad, go deimhin,” a deir an t-athair, “más féidir liom [ar] chor ar bith é.”

D’fhág sé slán is beannacht acu ansin is d’imigh leis, é féin is a bhuachaill. Bhí sé chomh maith le dhá mhí imithe nuair, aon lá amháin dá raibh sé féin is a bhuachaill ag spaisteoireacht tar éis obair an lae, chonaic sé písín beag óir ag lonradh ar an mbóthar os a chomhair amach. Chrom sé síos is thóg sé ina lámh é, is sin é an uair a chuimhnigh sé ar an mbronntanas a d’iarr an iníon is sine air a thabhairt chuici. Chuir sé ina phóca go cúramach é, is é bródúil go leor as ucht é a fháil chomh réidh sin. Ar maidin lá arna mhárach, d’imigh sé fhéin is a bhuachaill go dtí baile mór eile a raibh gnó ag an duine uasal ann. Aon lá amháin dá rabhadar ag siúlóid dóibh féin, chonaic an duine uasal píosa beag airgid ar leataoibh an bhóthair. Thóg sé ina lámh [é] is ansin, is ea, chuimhnigh sé ar an mbronntanas a d’iarr an dara iníon air a thabhairt chuici. Chuir sé i dtaisce ina phóca é in éineacht leis an bpísín óir is é lánlúcháireach mar gheall ar na bronntanais a d’iarr an bheirt iníon²⁸⁹ air a thabhairt chucu a fháil chomh réidh sin. Níor chuimhnigh sé [ar] chor ar bith ar céard ’ d’iarr an iníon óg air a thabhairt chuici. Nuair ’ bhí a chuid obair déanta aige ins gach áit, thug sé féin is a bhuachaill a n-aghaidh ar an mbaile. Bhi an bóthar a rabhadar air ag dul trí choill is nuair ’ bhíodar timpeall le lár na coille céard a d’fheicfeadh an duine uasal ar aghaidh isteach ar ghéag i lár an chrainn ach éinín beag fuiseoige. Ar an móiméad, chuimhnigh sé air céard ’ d’iarr an iníon óg air a thabhairt chuici. D’fhógair sé ar an mbuachaill an capall a sheasamh ar an toirt.

“Céard sin ort, a mháistir?” a deir an buachaill.

“Tá,” a deir sé, “an iníon is óige a d’iarr orm éinín beag fuiseoige a thabhairt chuici is níor chuimhnigh mé ariamh ó shin air nó go bhfaca mé uaim isteach ar an gcraoibh anois é.”

²⁸⁹ Ls.: ‘ingheana.’

“Muise, go deimhin, a mháistir, tá sé in am agat feasta choíche ciall a bheith agat. Ar ndóigh, ní cheapann tú go seasfaidh an t-éinín sin leatsa go dté tú isteach ’s go mbéarfaidh tú air?”

“B’fhéidir go seasfaidh,” a deir an duine uasal, “ar chaoi ar bith féachfaidh mé le beireacht air.”

Chuaigh sé isteach is níor chorraigh an t-éinín gur rug sé ina lámh air. Bhí áthas [ar] a bhfaca²⁹⁰ tú ariamh anois air ag na trí bhronntanais a bheith aige ag dul abhaile. Ach ní túsce a rug sé ar an éinín ná d’éirigh leon mór amach ón gcrann.

“Leag uait an t-éinín sin,” a deir sé, “ní leat é, ach liomsa.”

“Más é do thoil é,” a deir an duine uasal, “dá bhféadfá é a fhágáil agam [ar] chor ar bith, bheinn an-bhuíoch dhíot.”

“Cén ghnó atá agat dhe?” a deir an leon.

“Tá,” a deir an duine uasal, “an iníon is óige atá agam a d’iarr orm éinín fuiseoige a thabhairt chuici nuair ’ bheinn ag dul ar ais, is níor chuimhnigh mé ariamh air go bhfaca mé é seo isteach uaim ar an gcrann.”

“Tiúrfaidh mé dhuit é,” a deir an leon, “má gheallann tú go dtiúrfaidh tú dhom an chéad rud a leagfaidh tú do shúile air nuair ’ ghabhfas tú abhaile.”

“Tiúrfaidh mé rud ar bith a iarrfas tú orm dhuit,” a deir an duine uasal, “ach é a fhágáil agam.”

“Tá go maith,” a deir an leon, “ná déan dearmad ar do gheallúint.”

Chuaigh an duine uasal suas ar a chóiste is thiománadar leo abhaile. Nuair ’ tháinig sé chomh fada leis an ngeata, cén chéad rud a leagfadh sé a shúil air ach ar an iníon óg a bhí ina seasamh insa doras ag feitheamh leis. Tháinig tromchroí mór air nuair ’ chuimhnigh sé ar a gheallúint is is ar éigin a bhí sé in ann labhairt léi ná lena beirt deirfiúr nuair ’ tháingadar amach ag cur fáilte roimhe. D’aithníodar go léir go raibh rud éigin ag cuir

²⁹⁰ Ls.: ‘bhí áthas a bhfaca.’ Léamh eile, b’fhéidir: [d]á bhfaca.

trioblóid air, is d'fhiafraíodar dhe cén t-ábhar bróin a bhí aige. Dúirt sé ná raibh tada ag cur bróin air.

“Go deimhin, a athair,” a deir an iníon óg, “níl aon ghnó agat dá cheilt, mar aithníonn muid go maith ort go bhfuil rud éigin ag cur trioblóid ort.”

“A iníon ó!” a deir sé, “tá brón is trioblóid orm is tá a ábhar agam. Is cuimhin leat nuair ’ bhí mé ag imeacht gur iarr tú orm éinin fuiseoige a thabhairt chugat. Níor chuimhnigh mé ariamh air go raibh mé ag teacht ar n-ais abhaile. Bhí an bóthar ag dul trí choill is chonaic mé an t-éinín isteach uaim ar an gcrann. Chuaigh mé isteach is níor chorraigh sé gur rug mé air. Ach ní túisce a bhí sé i ngreim²⁹¹ agam ná d'éirigh leon mór amach ó bhun an chrainn. Dúirt sé liom an t-éan a leagan uaim, ná raibh aon bhaint agam dó, gur leisean é. D'iarr mé air dá bhféadfadh sé [ar] chor ar bith é é a fhágáil agam. Dúirt sé ansin go bhféadfadh sé agam é agus geallúint go dtiúrfainn dó an chéad rud a leagfainn mo shúile air nuair ’ thiocfainn abhaile. Bhí tusa in do sheasamh sa doras is ba thú an chéad rud ar leag mé mo shúile air, is beidh sé anseo do t'iarraidh go gairid. Dá mba ceachtar de do bheirt deirfiúr é, ní bheadh a leathoiread bróin orm, ach is tusa an duine is measa liom sa teach.”

“Ná bíodh aon trioblóid ort mar gheall ormsa,” a deir an iníon óg, “más é an bás atá le m'aghaidh é, tá mé sásta leis.”

Níorbh fhada gur airíodar an leon ag craitheadh a dhriobaill ag teacht, sheas sé taobh amuigh den doras.

“Tá mé ag iarraidh comhlíonadh do gheallúna,”²⁹² a deir sé leis an duine uasal.

Chuaigh an iníon óg amach go dtí é is d'ardaigh sé leis go dtí an choill í. Bhí caisleán breá aige istigh sa choill is thug sé ann isteach iníon an duine uasail.

“Anois,” a deir an leon, “cé is fearr leat, mise a bheith i mo leon sa ló is ’ mo dhuine san oíche, nó i mo dhuine sa ló is ’ mo leon san oíche?”

²⁹¹ Ls.: ‘i ngréim.’

²⁹² Ls.: ‘cóimhlíonadh do gheallamna.’

Ba éard a bhí ann mac rí as an Domhan Thiar a bhí faoi dhraíocht is d'fhéadfadh sé a bheith ina dhuine san oíche agus 'na leon sa ló, nó ina dhuine sa ló is 'na leon san oíche, cébí acu ba mhaith leis.

“Ós rud é gur féidir leat a bheith amhlaidh, is fearr liom thú a bheith i do dhuine san oíche. Beidh éanacha na coille ag déanamh cuideachta dhom sa ló is ní bheidh aon eagla orm,” a deir iníon an duine uasail.

Bhíodar ag caitheamh a mbeatha mar sin ar feadh tamall maith sásta go leor, an mac rí ag imeacht 'na leon ar fud na coille ar feadh an lae. Aon oíche amháin nuair ' tháinig sé abhaile, d'fhiafraigh sé dá bhean ar gcuala sí aon scéal nua ar feadh an lae.

“Cá gcloisfinnse scéal nua,” a deir sí, “istigh i lár na coille seo? Agat féin atá ag imeacht ar feadh an lae is cóir na scéalta nua a bheith. An bhfuil aon scéal agat?” a deir sí.

“Tá,” a deir sé, “chuala mé go bhfuil do dheirfiúr le pósadh arú²⁹³ amáireach.”

“Más mar sin é,” a deir sí, “caithfidh a dhul ar an mbainis.”

“Féadfaidh tusa a dhul ann,” a deir sé, “ach ní ghabhfaidh mise ann.”

“Go deimhin, rachaidh tusa in éineacht liom,” a deir sé, “beimid abhaile in éindí arís. Bheadh uaigneas ormsa a dhul ann san oíche liom féin.”

“Níl aon mhaith dhuit liom,” a deir sé, “ní fhéadfaidh mé a dhul ann. Dá dt[e]angódh aon dearg liomsa an fhaid is ' bheinn ann, d'imeoinn ' m'fhaoileán gheal is ní fheicfeá aon amharc orm arís choíche.”

Ach bhí sí ag tathaint agus ag iarraidh air nó go, faoi dheireadh gur thug sé toil ar a dhul léi.

“Má théimse leat anois,” a deir sé, “caithfidh tú mé a chur i seomra liom féin is gan aon duine a ligean isteach ann go dtiocfaidh muid ar ais arís.”

“Is féidir liom sin a dhéanamh,” a deir sí.

²⁹³ Ls.: ‘athrughadh.’

San oíche lá arna mhárach ghléasadar iad féin ins na culaithí éadaigh ab fhearr is ba bhreácha a bhí acu is chuadar go tigh na bainse. Cuireadh na mílte fáilte rompu ach níor sheasadar is níor shuíodar go ndeachadar isteach i seomra ná raibh aon duine ann. Fágadh mac an rí ansin is tugadh chuile rud ab fhearr ná a chéile le n-ithe is le n-ól dó. Ach i gcionn²⁹⁴ tamaill san oíche bhrú[i]gh cuid de lucht na bainse isteach doras an tseomra a raibh mac an rí ann is ligeadh do bhraon dearg as coinneal sileadh air. Le casadh do lámhe bhí sé imithe ina fhaoileán gheal amach tríd an bhfuinneog.²⁹⁵ Sin é an uair a bhí an brón is an caitheamh ar iníon an duine uasail faoi go dtug sí ar an mbainis é, is faoi gur fhág sí leis féin insa seomra é. Dúirt sí nach bhfeicfeadh sí aon amharc arís choíche air. Ar maidin lá arna mhárach chuaigh sí ar ais go dtí an caisleán insa choill ag ceapadh go mb'fhéidir go mbeadh sé ann roimpi, ach faraor ní raibh. Ní raibh a fhios aici anois cá dtiúrfadh sí a haghaidh ar a thóraíocht, ach dúirt sí léi féin nach ndéanfadh sí aon tsuaim[h]neas choíche nó go bhfaigheadh sí amach é dá mb'éigin di an domhan a shiúl. Thug sí léi an méid lóin ab fhéidir léi a iompar is d'fhág sí an caisleán is thug sí a haghaidh ar an bhfarraige. Chaith sí ansin ar feadh trí lá ag siúl síos, suas féachaint an bhfeicfeadh sí aon fhaoileán bán. An tríú lá tháinig seanfhear go dtí í.

“A bhean chóir,” a deir sé, “an miste dhom fiafraí dhíot céard atá tú a thóraíocht? Feicim le trí lá thú ag siúl suas ’s anuas an trá mar ’ bheifeá ar thóraíocht rud eicint.”

“Tá mé ar thóraíocht faoileán bán,” a deir sí, is d’inis sí dhó an scéal ó thús go deireadh.

“Níl aon mhaith dhuit a bheith ar a lorg sin anois,” a deir an seanfhear, “tá sé tógtha ó dhraíocht is é ina chónaí fréna mháthair insa Domhan Thiar. Ní chuimhníonn sé anois go raibh sé in Éirinn ariamh. Ach inseoidh mise dhuit anois cén chaoi a bhféadfaidh tú a dhul go dtí é. Tá nead ag an nGríofach mór ar an aill atá le hais ceárta an rí. Níl aon lá nach dtagann sé ar an lochán sin thíos is nach gcodlaíonn²⁹⁶ sé a dhóthain ann tar éis a sháith

²⁹⁴ Ls.: ‘i g-cinn.’

²⁹⁵ Ls.: ‘tríd an bhfuinneóigh.’

²⁹⁶ Ls.: ‘nach g-codlann.’

ite. Nuair ' gheobhas tusa ina chodladh é, gabh i bhfastó ina sciathán, coinnigh greim cruair is tiúrfaidh sé go dtí an Domhan Thiar thú. Déanann sé cónaí lena dhóthain a ithe is a chodladh ar oileán beag atá i lár na farraige, is ar a bhfaca tú ariamh ná scar le do ghreim an fhaid is ' bheidh sé ansin. Ceannaigh cearc a mbeidh ál aici is tabhair leat í. Tá an-tóir ag a mháthair ar chearca is beidh sí ag iarraidh na circe ortsa nuair ' fheicfidh sí agat í. Abair léi go dtiúrfaidh tú dhi í má ligeann sí dhuit codladh trí oíche insa seomra a mbíonn a mac ag codladh ann. Déarfaidh sí leat go ligfidh. Níl aon oíche nach dtugann sí deoch suain dhó le fhaitíos go gcuirfí draíocht arís air. Má fhéadann tusa caint a bhaint as is do scéal a chuir in iúl dó, beidh leat, ach muna bhféadfair, níl aon fhaill agat choíche air.”

D'imigh léi ansin agus cheannaigh sí cearc a raibh áilín deas léi is chuir sé i gciseán iad. Bhí sí ag faire lá arna mhárach go dtáinig an Gríofach mór ar an lochán. Nuair ' fuair sí ina chodladh é, shocraigh sí í féin go daingean istigh faoina sciathán. Nuair ' dhúisigh sé tar éis a dhóthain a chodladh, d'éirigh sé insa spéir is níor chónaigh sé den eiteall sin gur ísligh sé ar oileán beag a bhí i lár na farraige. D'ith sé, is chodail sé sáith eile ansin. D'éirigh sé arís is níor chónaigh sé gur ísligh sé ar an aill a bhí le ais ceártan an rí insa Domhan Thiar. Lig iníon an duine uasail amach a greim is d'éirigh sí amach óna sciathán. Chuaigh sí isteach sa cheártan, ní raibh ansin ach an gabha is a mháthair. Chuir sí tuairisc orthu faoi mhuintir an chaisleáin is d'inseadar dhi chuile rud: an chaoi, chomh luath is ' fuair an seanrí bás go dtáinig an mac óg abhaile tar éis é bheith imithe le blianta roimhe sin. Faoi dhraíocht a bhíodar ag ceapadh a bhí sé. D'fhan sí insa gceártan an oíche sin is ar maidin lá arna mhárach chuaigh sí ag triall ar an gcaisleán. Is é an chéad rud a rinne sí nuair ' chuaigh sí isteach an chearc is a hál a ligean amach as an gciseán is iad a scaoileadh ar fud an tí.

“Is deas an t-ál cearc é sin agat,” a deir an bhanríon, “cé air a ndíolfá iad?”

“Ní le díol atá siad agam,” a deir sí, “ach tiúrfaidh mé dhuit iad má ligeann tú dhom codladh trí oíche insa seomra a bhfuil do mhac ag codladh ann.”

“Ligfead, is fáilte,” a deir an bhanríon.

An oíche sin nuair ’ chuaigh mac an rí a chodladh, thug a mháthair deoch suain dhó. Nuair ’ bhí chuile rud ciúin is chuile dhuine ar a shuaimhneas, thosaigh a bhean ag inseacht a scéil thríd síos is thríd suas do mhac an rí, ach ba bheag an mhaith dhi sin, níor bhfuair sí focal ná smid uaidh. Insan oíche lá arna mhárach arís, thosaigh sí ag caint is ag inseacht, ach, b’in é a raibh de mhaith dhi ann, níor bhfuair sí focal uaidh mar bhí sé faoi thromshuan. Bhí seomra an bhuachalla le hais seomra mhic an rí is bhíodh sé ag éisteacht leis an mbean ag caint is ag cur síos ar feadh an dá oíche. Ar maidin an tríú lá chuaigh sé go dtí mac an rí.

“Is mór an náire dhuit é, a mhic an rí,” a deir sé, “do bhean ag caint leat insa seomra le dhá oíche is gan thú ag tabhairt aird uirthi.”

“Céard é sin atá tú a rá?” a deir mac an rí, “céard a bhéarfadh go mbeadh mo bheansa, rud nach bhfuil agam ’s nach raibh, ag caint liom le dhá oíche?”

“Bíonn sí ag caint leat,” a deir an buachaill, “is muna n-ólfaidh tusa an deoch a thiúrfas do mháthair duit anois, cloisfidh tú ag caint leat í.”

“Tá a fhios agam nach ndéanfá bréag liom,” a deir mac an rí, “is déanfaidh mé mar ’ deireann tú.”

An oíche sin nuair ’ thug an bhanríon an deoch dhó, in ionad é a ól is amhlaidh a scaoil sé síos ina bhrollach é. Lig sé air féin a bheith ina thromshuan. Níorbh fhada gur thosaigh an bhean ag caint is ag inseacht dhó chuile rud dár tharla dhóibh in Éirinn.

“Is fíor sin,” a deir sé, “is tusa mo bhean, go cinnte.”

Ar maidin lá arna mhárach chuaigh sé go dtí an bhanríon is d’inis sé dhi go raibh sé pósta in Éirinn is gurb í sin a bhean a bhí insa seomra le trí oíche. Dúirt sé gurb í a bhí ina ciontsiocair lena thógál ó dhraíocht.

“Is marach²⁹⁷ í,” a deir sé, “ní fheicfeá aon amharc choíche orm.”

²⁹⁷ Ls.: ‘maradh.’

Nuair ' chuala an tseanbhanríon an scéal sin, is beag nach ndeachaigh sí amach as a craiceann le neart lúcháire is áthais. Chuir sí na mílte fáilte roimh b[h]ean a mic is chaitheadar uilig beatha fhada i bhfochair a chéile.

CAIBIDIL 17

17.0 Scéal 15. Ardrí Éireann is a Thriúr Mac

Bhí ardrí in Éirinn fadó a raibh triúr mac aige. Fuair a bhean bás is ba inín deirfíre dhó a bhí ag coinneáil tí dhó. Bhí an tArdrí an[-]c[h]umhachtach, is uair ar bith a mbíodh cruinniú nó dáil ag na ríthe eile, bhíodh seisean i gcónaí mar cheannfoirt orthu. Aon uair amháin b'éigin dó an baile a fhágáil ar ócáid den tsóirt seo. Bhí sé le bheith imithe ar feadh seachtaine, ach ní raibh sé ach cúpla lá imithe nuair ' bhuail inmí é i dtaobh a chlainne. B'fheic[th]ear dó go raibh rud eicínt orthu agus d'fhill sé abhaile. Ach má d'fhill, fuair sé a thriúr mac tite i ngrá lena gcol ceathar – inín a dheirfíre féin. Bhí sí ar an mnaoi²⁹⁸ ba áille sa ríocht agus níorbh aon ionadh gur thiteadar i ngrá léi, ach badh í an cheist cé acu a gheobhadh le pósadh í. Dúirt a n-athair leo imeacht i ndiaidh a gcinn rompu ar feadh lae is bliana is cébí acu a thiúrfadh an bronntanas ab fhearr abhaile i ndeireadh na haimsire sin, badh é sin a gheobhadh an bhean óg. Thug an tArdrí neart airgid dóibh is d'imíodar leo. Bhíodar ag imeacht ar feadh trí ráithe nuair ' tháingadar go dtí croisbhóthar.

“Anois,” a deir an mac is sine, “is fearr dhúinn scarúint lena chéile anseo, agus cébí an chéad duine a thiocthas ar ais i gcionn an lae is bliana, scríobhadh [s]é rud eicínt ar an leic seo ag insint go bhfuil sé imithe abhaile. Ach má thagann aon nduine ann roimhe – an lá is bliain, fanadh sé go bhfeicfidh sé an dtiocfadh an bheirt eile, ar chaoi go mbeidh an triúr againn in éindí abhaile.”

Scaradar lena chéile ansin is bhuail chaon duine acu bóthar dó féin. Bhí an deartháir is sine ag imeacht leis gur tháinig sé go dtí baile mór. Chaith sé an aimsir ansin ag ól is ag imirt nó go raibh an lá is bliain beagnach thuas. Aon lá amháin dá raibh sé ag siúl amach dó féin, casadh bean leis a bhí ag díol éadaí.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a mhic an rí!” ar sise.

²⁹⁸ Ls.: ‘Bhí sí ar ~~an~~ na mnaoi.’

“Go míle maire tú!” arsa mac an rí, “is cosúil go n-aithníonn tú mé ach dheamhan aithint agamsa ortsa.”

“Muise! Cad chuige nach n-aithneoinn thú?” ar sise, “mac is sine an rí is fearr is is tréine a bhí sa ríocht ariamh againn. An gceannóidh tú píosa éadaigh uaim?” ar sise.

“Dheamhan gnaithe agam dhe,” a deir mac an rí, “ach ó tharla go bhfuil aithne agat orm agus ar m’athair, ceannóidh mé uait é. Céard a bheas tú a iarraidh air?”

“Chúig chéad punt,” ar sise.

“Ara céard sin atá tú a rá?” ar seisean, “nach bhfaighinn píosa éadaigh ar choróin nó ar dheich scilleacha chomh maith leis?”

“Go bhfoire Dia ar do cheann!” ar sise, “is mór de atá folamh. Dá mbeadh a fhios agat cén mhaith atá ann, ní bheifeá i ndiaidh an oiread eile a thabhairt air.”

“Cén mhaith nó an bhrí atá ann?” arsa mac an rí.

“Níl aon uair a osclos tú coirnéal de amach nach dtiocfaidh an oiread bia is deoch agat is a dhéanfadh leath a bhfuil sa domhan, agus nuair a osclos tú coirnéal eile dhe amach, cébí áit insa domhan ar mhaith leat a bheith, beidh tú ann ach cuimhniú air, is cuma dá mbeifeá na mílte, mílte as láthair.”

“Má tá an mhaith sin ann,” a deir mac an rí, “bhéarfaidh mé na chúig chéad punt duit air.”

Bhí sé an-áthasach anois mar bhí sé cinnte nárbh fhéidir d’aon dá bheirt dearthár aon bhronntanas a thabhairt abhaile chomh maith is ’ bhí aige féin.

Bhí sin go maith. Bhí an dara deartháir ag imeacht ina bhóthar nó go dtáinig sé go dtí baile mór eile. Chaith sé an aimsir ansin ar nós an deartháir is sine, ag ól ’s ag imirt nó go raibh an téarma i ngar dhá bheith thuas. Aon lá amháin dá raibh sé amuigh ag spaisteoireacht dó féin, casadh bean leis.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a mhic an rí,” ar sise.

“Go mbeannaí Dia is Muire dhuit,” ar seisean, “is cosúil go bhfuil aithne agat orm.”

“D’éireodh dhom nach mbeadh,” ar sise, “dara mac an rí is fearr is is cumhachtaí dá raibh sa tír ariamh againn. An gceannóidh [tú] scáthán uaim, a mhic an rí?” ar sise.

“Muise dheamhan gnaithe agam dhe,” ar seisean, “ach ó tharla aithne agat orm féin is ar mo mhuintir, ceannóidh mé uait é. Céard a bheas tú a iarraidh air?” ar seisean.

“Sé chéad punt,” ar sise.

“Dheamhan baol ormsa sin a thabhairt duit,” arsa mac an rí, “nach bhfaighinn scáthán chomh maith leis ar leathchoróin?”

“Shoraidh²⁹⁹ ort, a dhuine gan chéill!” ar sise, “dá mbeadh a fhios agat cén mhaith atá ann, ní bheifeá i ndiaidh an méid sin a thabhairt air.”

“Cén bhrí nó an mhaith atá ann?” arsa mac an rí.

“Nuair ’ bhreathnós tú ann, níl agat ach cuimhniú ar an té is measa leat sa domhan is beidh sé le do thaobh,” ar sise.

“Má tá an bhrí sin ann,” arsa mac an rí, “ní bheidh mé i ndiaidh sé chéad punt a thabhairt duit air.”

Thug sé leis an scáthán is bhreathnaigh sé isteach ann. Is é an té air ar chuimhnigh sé, a chol ceathar a raibh sé i ngrá léi. Ar an bpointe is ar chuimhnigh sé uirthi, bhí sí ina seasamh lena thaobh. Bhí sé an-ríméadach as a mhargadh anois, mar shíl sé nárbh fhéidir de cheachtar den bheirt eile aon bhronntanas a fháil chomh maith is ’ bhí aigesean.

Bhí go maith. Bhí an deartháir is óige ag imeacht ina bhóthar féin nó go dtáinig sé go dtí baile mór. Ní raibh sé ag ól ná ag imirt ar nós na beirte eile, ach bhíodh sé ag spaisteoireacht ar fud an bhaile mhóir chuile lá. Aon lá amháin dá raibh sé ag siúlóid dó féin, casadh bean dó a bhí ag díol úlla.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a mhic an rí,” ar sise.

“Dia is Muire dhuit, a bhean chóir,” ar seisean, “tá leathchuma m[h]ór agat orm. Aithníonn tusa mise ach ní aithnímse thusa.”

²⁹⁹ Ls.: ‘thoruighidh.’

“Ó, cad chuige nach n-aithneoinn thú?” ar sise, “mac is óige an rí is fearr is is cumhachtaí dá raibh insa ríocht ariamh. An gceannófá úll uaim, a mhic an rí?” ar sise.

“Ceannód,” ar seisean, “céard a bheas tú a iarraidh air?”

“Seacht gcéad punt,” ar sise.

“Dheamhan baol ormsa seacht gcéad punt a thabhairt dhuit,” arsa mac an rí, “nach bhfaighinn úll chomh maith leis ar thrí pingine?”

“Go bhféacha Dia ar do chiall!” ar sise, “dá mbeadh a fhios agat cén bhrí atá insan úll sin, ní bheifeá i ndiaidh seacht gcéad punt a thabhairt air.”

“Cén mhaith ná an bhrí atá ann?” arsa mac an rí.

“Dá mbeadh fear ná bean i mbaol báis, caoi ar bith nach mbeadh an tséideog imithe uileag astu, ní bheadh agat ach an t-úll sin a chur faoina srón is bheidís chomh maith is ’ bhíodar ariamh,” arsa sise.

“Má tá an mhaith sin ann,” arsa mac an rí, “ní bheidh mé i ndiaidh na seacht gcéad punt [a thabhairt] air.”

D’fhill sé ar ais abhaile anois is é lántsásta leis féin mar bhí sé cinnte nárbh fhéidir aon bhronntanas a fháil chomh maith is ’ bhí aige féin. Go díreach nuair ’ bhí an lá is bliain thuas casadh an triúr dearthár ar a chéile aríst ag an gcrosbhóthar. Thosaíodar ag fiafrú dá chéile céard a bhí acu dá thabhairt abhaile chuig a n-athair. Leath an deartháir is sine coirnéal dá scaraoid amach is ar an móiméad, bhí an oiread bídh is dí air is a dhéanfadh na mílte fear.

“Seo,” a deir sé leis an mbeirt eile, “tá mé cinnte go bhfuil ocrais oraibh tar éis bhur n-aistir fada. Gabhaí anall anseo is ithigí bhur ndóthain.”

“Tá ar sáth ocrais orainn,” ar siadsan, ag suí isteach is ag ithe is ag ól a ndóthain mhór.

Tharraing an dara deartháir a scáthán amach is dúirt sé leo ná raibh acu, nuair ’ bhreathnóidís ann, ach smaoiniamh ar an té ba mheasa leo sa domhan is go bhfeicfidís lena dtaobh í. D’fhéachadar isteach ann, agus cé air ar smaoinigh chaon duine acu ach ar

an gcol ceathar a raibh chaon duine acu i ngrá léi, agus cá bhfeicfidís an bhean óg ach 'na luí ar a leaba tinn, is gan ann ach go raibh an tséideog inti.

“Ó!” a deir an deartháir is óige, “nach é an trua gan mé sa mbaile go leigheasfainn leis an úll seo í,” ag tarraingt an úll amach as a phóca is dá thaispeánt³⁰⁰ dóibh.

“Ní bheidh sin le rá agat,” a deir an deartháir is sine, “gabhaí isteach i gcoirnéal mo scaraoidse is smaoinigí ar an mbaile is beidh sibh ann.”

Sheasadar ar an scaraoid is chomh luath is ' smaoinedar ar an mbaile, bhíodar ar an móiméad 'na seasamh ag doras tí a n-athar is thógfaidís trí ráithe dá shiúl dá gcois. Chomh luath is ' chuadar isteach sa chúirt, rith an deartháir óg suas sa seomra a raibh an bhean óg ann agus chuir sé an t-úll faoina srón. D'éirigh sí suas ar an bpointe chomh maith is ' bhí sí oíche ná lá ariamh. Bhí an scéal anois acu chomh dona is ' bhí sé ariamh, ní raibh a fhios cé a gheobhadh le pósadh í. Dúirt an deartháir is óige gur dhó féin ba chóra í, gurb é a leigheas í leis an úll. Dúirt an deartháir is sine gur dhósan ba chóra í, go mbeadh sí básaithe³⁰¹ roimh an deartháir óg marach a scaraoidsean a thug abhaile chomh sciobtha iad. Dúirt an dara deartháir nach mbeadh a fhios acu an raibh sí tinn [ar] chor ar bith marach an scáthán a bhí aigesean, agus gur dhósan ba chóra an bhean óg a fháil le pósadh. Tugadh breithiúin is fir dlí i láthair leis an gcúis a réiteach, ach ní raibh a fhios cé dhó a molfaí í, mar gur chuidigh chaon duine acu lena leigheas. Dúirt an tArdri ansin go socródh sé féin an chúis eatarthu. Dúirt sé leo a dhul amach ar an mbán ar aghaidh an chaisleáin is a dhul ag caitheamh liathróid le *bow and arrow* agus cébí is faide as láthair a chuirfeadh an liathróid gurb é a gheobhadh an óigmhnaoi le pósadh. Fuair eadar trí liathróid is chuadar amach. Chaith an deartháir is sine ar dtús is chuir sé an liathróid an-achar ar siúl. Chaith an dara deartháir ansin is ní raibh a fhios cár chuir sé an liathróid, ní raibh a fhios an síos insa talamh idir a dhá chois a chuaigh sí, nó suas caol díreach sa spéir. Chaith an deartháir óg ansin agus chuir sé an liathróid seacht bpéirse thar an deartháir is sine. Is

³⁰⁰ Ls.: ‘dá thaispeán.’

³⁰¹ Ls.: ‘básaidh.’

dhósan a moladh an bhean óg, mar ná raibh a fhios cá ndeachaigh an liathróid a chaith an dara deartháir. Pósadh an lánúin óg agus thug an tArdrí airgead don bheirt mhac eile is d'imíodar leo i ndiaidh a gcinn rompu. Bhí an dara mac ag imeacht nó go dtáinig sé go dtí an crosbhóthar.³⁰² D'imigh leis ar aghaidh i gceann de na bóithre ná raibh sé roimhe sin. Bhí sé ag siúl roimhe ar feadh i bhfad 's i bhfad nó faoi dheireadh go dtáinig sé go dtí coill mhór. D'iompaigh sé isteach sa choill le suí síos faoi scáth crainn tamall, nuair, tar éis cúpla coiscéim, cé faoi a mbuailfeadh³⁰³ sé a chois, ach faoin liathróid a chaith sé ó bhán caisleán a athar roimhe sin. Chuir sin an[-]ionadh air agus d'ardaigh sé a cheann ag féachaint thart timpeall air. Céard a d'fheicfeadh sé i bhfoisceacht fiche slat dó ach an caisleán is breácha ar leag sé súil ariamh air. Bhuail sé anonn go dtí é is chuaigh sé isteach mar bhí sé tuirseach sáraithe tar éis a chuid siúlóid. Bhí bean óg 'na suí ar chathaoir i lár an urláir ag fuáil. Bheannaigh sé.

“Céad fáilte romhat, a mhic an rí,” a deir sí, “an mac is fearr a bhí ag Ardrí Éireann ariamh.”

“Is cosúil go bhfuil aithne agat orm,” a deir sé.

“Tá,” ar sise, “aithne agam ort, is is mé a thug anseo thú le mo chuid draíocht. Agus is mé a thug liom an liathróid a fuair tú faoi do chois ansin amuigh anois. Thug mé anseo thú le mé a phósadh,” ar sise.

“Ó, ná bí ag magadh fúm, a bhean uasal,” arsa mac an rí.

“Níl mé ag magadh fút,” arsa an bhean óg, “níl sagart ná cléireach anseo lenar bpósadh, ach pós mé is pósfaidh mé thú.”

“Tá mé sásta,” arsa mac an rí.

Ní raibh mac an rí i bhfad pósta nuair ' thosaigh sé ag smaoineamh³⁰⁴ ar a athair agus ar an mbaile agus dúirt sé leis féin gur mhaith leis cuairt a thabhairt orthu go bhfeicfeadh sé

³⁰² Ls.: ‘cros-bhóthar.’ Is díol suntais é go bhfuil an dá leagan seo – ‘cros-bhóthar’ agus ‘cros bhóthar’ – le fáil sa lámhscríbhinn.

³⁰³ Ls.: ‘a bhuaileadh.’

³⁰⁴ Ls.: ‘smaoineadh.’

cén chaoi a rabhadar ó d'fhág sé iad. D'inis sé dá mhnaoi céard a bhí rún aige a dhéanamh. Níor mhaith léi [ar] chor ar bith é. Dúirt sí leis dá dtéadh sé abhaile chuig a athair go mbeadh aiféala air. Ní raibh aon mhaith dhi leis, ní choinneodh an domhan é gan a dhul ann. Fuair sí chúig chéad capall is chúig c[h]éad saighdiúr is chuir sí leis iad, leathchéad roimhe is leathchéad 'na dhiaidh. Ní raibh aon chapall acu sin ar dhath a chéile, ná ní raibh culaith éadaigh aon tsaighdiúr ar dhath a chéile. Nuair ' chonaic an tArdrí ag teacht faoin gcuma sin é, dúirt sé leis féin gur ag teacht dá chuir féin as a ríocht a bhí sé, agus chuaigh sé go dtí an seandall glic le comhairle a ghlacadh leis cén nós a gcuirfeadh sé a mhac dá chois.

“Cuir faoi gheasa é,” a deir an seandall glic, “brat síoda a fháil duit a chlúdós deich gcéad fhichead míle fear.”

Badh é sin an méid saighdiúir a bhí ag an Ardrí.

“Sin rud nach bhfaighidh sé go sciobtha a deirimse leat.”

Chuaigh an tArdrí ar n-ais is níor chónaigh sé go ndeachaigh sé i láthair a mhic is a chuid saighdiúir.

“Cuirimse faoi gheasa thú,” a deir sé leis an mac, “a dhul is brat síoda a thabhairt chugam a chlúdós deich gcéad fhichead míle fear, is ná codail an dara néal ar aon leaba is ná hith an dara greim ar aon mhéis go dtuga tú³⁰⁵ chugamsa anseo é.”

D'imigh mac an rí is a chuid saighdiúir abhaile chuig a mhnaoi. Nuair ' shuigh sé ar an gcathaoir, tharraing sé osna is bhris sé easna ann féin.

“Mac rí faoi gheasa thú,” a deir a bhean.

“Is ea,” a deir sé.

“T'athair, chuirfinn geall a chuir faoi gheasa thú,” a deir sí.

“Is é,” a deir sé.

³⁰⁵ Ls.: ‘go dtugadh tú.’

“Dá ndéanfá mo chomhairlese,” a deir sí, “d’fhanfá uaidh – ach cé na geasa a chuir sé ort?”

“A dhul agus brat síoda a thabhairt chuige a chlúdós deich gcéad fhichead míle fear agus cá bhfios domsa cá bhfuil an brat sin le fáil.”

“Ná bíodh inní ort,” a deir a bhean, “más in é a bhfuil ort. Sin é an brat is lú in mo thighse.”

Bhí sé sásta go leor ’ deirimse leat nuair ’ chuala sé sin. Ar maidin lá arna mhárach thug a bhean an brat síoda dhó is chuir sí chúig chéad eile capall is saighdiúr leis. Ní raibh aon chapall ná culaith éadaigh aon tsaighdiúr acu sin ar dhath a chéile, agus ní raibh³⁰⁶ aon cheann de na capaill a bhí leis an lá roimhe sin [ann], agus ní raibh aon tsaighdiúr dá raibh leis an lá roimhe sin ann. D’imíodar leo, leathchéad roimhe is leathchéad ’na dhiaidh go ndeachadar go cúirt an rí. Nuair ’ chonaic an tArdrí ag teacht iad is an brat acu, chuaigh sé go dtí an seandall glic.

“Tá mo mhac ag teacht,” a deir sé, “is a chuid saighdiúirí ag iompar an bhrat síoda. Céard a dhéanfas mé leis anois?”

“Cuir faoi g[h]easa é a dhul go Tobar na Bua atá ar an taobh ó thuaidh d’Ifreann is trí bhuidéal den uisce atá ann a thabhairt chugat. Tá cheithre leon mhóra ocracha taobh amuigh de gheata an tobair sin, c[h]eithre leon taobh istigh den gheata, agus cheithre leon os cionn an tobair, is deirimse leat nuair ’ gheobhas na leoin sin greim air nach ar ais a ligfidh siad é,” a deir an seandall glic.

Chuaigh an tArdrí abhaile is bhí a mhac agus a chuid saighdiúir roimhe.

“Is ea, a mhic,” a deir sé, “feicim go bhfuair tú an brat dhom.”

“Fuairas,” a deir sé.

³⁰⁶ Ls.: ‘níorbh.’

“Cuirimse faoi gheasa anois thú,” a deir an tArdrí, “a dhul agus trí bhuidéal uisce a thabhairt chugam as Tobar na Bua, agus cuirim na coinníollacha céanna ort a chuir mé cheana ort.”

D’imigh mac an rí agus a chuid saighdiúr abhaile is chomh luath is ’ shuigh sé ar an gcathaoir, tharraing sé osna is bhris sé easna ann fhéin.

“Mac rí faoi gheasa thú,” a deir a bhean.

“Is ea,” a deir sé.

“T’athair aríst,” a deir sí.

“Is é,” a deir seisean.

“Dá ndéanfá mo chomhairlese, d’fhanfá ó t’athair ar dtús – ach cé na geasa a chuir sé ort anois?”

D’inis sé dhi.

“Tá faitíos orm,” a deir sí, “nach bhféadfaidh mé mórán cabhair a thabhairt anois duit. Tá ocht leon nimhe ag gardáil geata an tobair sin, is tá cheithre leon eile ag gardáil an tobair féin. Ach maraigh cheithre chaora is tabhair leat iad, agus nuair ’ thioctas tú chomh fada leis an ngeata, caith caora ag na leoin atá taobh amuigh, caith ceann eile ag na leoin atá taobh istigh, agus caith caora eile ag na cheithre leon atá os cionn an tobair. Ansin chomh sciobtha is is féidir leat, tum do thrí bhuidéal sa tobar an fhad is ’ bheidh siad ag ithe na feola, agus déan trí chuid den chaora eile. Nuair ’ bheas tú ag iompú ar ais, caith píosa ag na leoin atá os cionn an tobair, caith píosa eile ag na leoin atá taobh istigh den gheata, agus caith an tríú píosa ag na leoin atá taobh amuigh den gheata. Léim ar do chapall ansin is muna dtuga³⁰⁷ sin slán ar ais thú, níl aon leigheas agamsa ort.”

Ar maidin lá arna mhárach mharaigh sé na cheithre chaora mar ’ dúirt a bhean leis is d’ardaigh sé leis ar a chapall iad. Nuair ’ tháinig sé chomh fada leis an ngeata, chaith sé caora ag na leoin a bhí taobh amuigh is thosaíodar dhá stracadh ó chéile ar an móiméad.

³⁰⁷ Ls.: ‘muna dtugadh.’

Chaith sé caora eile ag na leoin a bhí taobh istigh den gheata is rinneadar an cleas céanna léi. Nuair ' chuaigh sé chomh fada leis an tobar, chaith sé caora eile ag na leoin a bhí os a chionn is níorbh orthu an mhoill í a amplú.³⁰⁸ Thum sé a thrí bhuidéal san uisce chomh éasca is 'b'fhéidir leis agus rinne sé trí chuid den chaora eile mar ' dúirt a bhean leis a dhéanamh. Nuair ' d'iompaigh sé ag filleadh ar ais, chaith sé píosa den chaora ag na leoin a bhí os cionn an tobair. Nuair ' chuaigh sé chomh fada leis an ngeata, chaith sé píosa eile ag na leoin a bhí taobh istigh, agus chaith sé an píosa deireanach ag na cheithre leoin a bhí taobh amuigh. Léim sé ar a chapall ansin is as go brách leis. Níorbh fhada dhó gur airigh sé an fothram 'na dhiaidh aniar, is ar bhreathnú thairis dó, céard a d'fheicfeadh sé ach ocht gcinn de na leoin 'na dhiaidh. Dúirt sé leis féin go raibh sé scuabtha anois thar ariamh is thit sé i lagar le teann scanradh. Nuair ' d'éirigh sé as an lagar, bhí na hocht [g]cinn de leoin os a chionn 's gan cor astu. Ghlac sé misneach ansin agus chuaigh sé ar dhroim a chapall aríst. Chuaigh cheithre leoin roimhe amach is cheithre cinn 'na dhiaidh aniar is níor chónaíodar gur fhágadar sa mbaile é, gan díth gan dochar a dhéanamh dhó. Ar maidin lá arna mhárach, chuir a bhean chúig chéad eile saighdiúr is capall leis, agus ní raibh aon chapall na culaith aon tsaighdiúr acu sin ar dhath a chéile, agus ní raibh aon chapall ná aon tsaighdiúr ann dá raibh leis an dá bhabhta roimhe sin. Nuair ' chonaic an tArdri ag teacht é, chuaigh sé go dtí an seandall glic aríst.

“Ní féidir mo mhac a chur dá chois,” a deir sé, “tá sé ag teacht anois is na trí buidéal uisce ar sileadh le muineál an chapall aige. Céard a dhéanfas mé [ar] chor ar bith?”

Smaoinigh an seandall glic tamall beag.

“Inseoidh mise dhuit,” a deir sé, “céard a dhéanfas tú. Tabhair litir dó le tabhairt chuig Rí an Domhan Thoir. Nuair ' gheobhaidh sé sin greim air, ní ligfidh sé uaidh é.”

Bhí an rí sin 'na mháistir ar an Domhan Thoir uilig. Bhí sé sé feá déag ar leithead is cheithre troigh ar airde. Bhí féasóg chomh fada air, is go raibh sí ag déanamh féasóg is

³⁰⁸ Ls.: ‘ampladh.’

éadach dhó is bhíodh sé dhá tarraingt 'na dhiaidh ina dhiaidh sin. Bhí maide láimhe aige a raibh tonna meáchain insa bpointín a bhí air. Chuaigh an tArdrí abhaile is bhí a mhac is a chuid saighdiúir insa chaisleán roimhe.

“Is ea,” a deir sé lena mhac, “feicim gur thug tú na trí buidéal uisce chugam.”

“Thugas,” a deir an mac.

“Is maith sin,” a deir an tArdrí, “cuirimse faoi gheasa anois thú gan stad gan cónaí a dhéanamh, go dté tú don Domhan Soir leis an litir seo chuig an rí ag tabhairt cuiridh dhó a theacht ar cuairt chugamsa.”

Chuaigh mac an rí agus a chuid saighdiúir abhaile ansin. Nuair ' shuigh sé ar an gcathaoir, tharraing sé osna is bhris sé easna ann féin.

“Mac rí faoi gheasa thú,” a deir sí.

“Is ea,” a deir sé.

“B’fherr dhuit go bhfanfa ó d’athair ar dtús,” a deir sí, “cé na geasa atá anois ort?” a deir sí.

D’inis sé dhi.

“Ná bíodh inní ort,” a deir sí, “b’fherr do d’athair pian a bheith ina chluais dheas ná aon aighneas a chuir air sin. Deartháir dhomsa an rí sin is tabharfaidh mé litir dhuit le tabhairt chuige.”

Scríobh sí litir ansin is thug sí dhó í. D’imigh mac an rí ansin is níor chónaigh sé go dtí an Domhan³⁰⁹ Soir. Bhí an rí ag spaisteoireacht anonn 's anall is nuair ' chonaic sé mac an rí ag déanamh air, shiúil sé síos roimhe. Nuair ' chonaic mac an rí an fear uafásach sin ag teacht chuige, thit sé as a sheasamh le scanradh. Thit an litir a bhí aige ar an talamh. Thóg Rí an Domhan Thoir 'na láimh í is d’aithin sé scríbhneoireacht a dheirfire. Chuir sin ionadh mór air, agus léigh sé an litir. D’fhan sé ina sheasamh ansin gur tháinig mac an rí chuige féin.

³⁰⁹ Ls.: ‘domhain.’

“An fíor,” a deir sé, “gur tusa fear mo dheirfíre?”

“Is fíor, gan aimhreas,” a deir mac an rí.

“Dar mo láimh,” a deir Rí an Domhan Thoir, “go mb’fhearr go t’athair pian a bheith ina chluais dheas ná mise a tharraingt air. Siúil uait anois,” a deir sé le mac an rí.

D’imíodar leo is níor chónaíodar go dtángadar go caisleán na deirfíre.

“Cén fáth,” a deir Rí an Domhain Thoir lena dheirfiúr, “cén fáth, nuair ’ phós tú an fear seo, nár thug tú cuireadh³¹⁰ dhomsa chun na bainse?”

“Gabhaim pardún chugat, a dheartháir,” a deir sí, “bhí mé ag ceapadh go raibh tú róchruógach is nach bhféadfá a theacht, ach bhí rún againn a dhul ar cuairt chugat nuair ’ bheadh muid bliain pósta.”

Shásaigh³¹¹ sin é. D’imigh sé féin is mac an rí ansin go ndeachadar go caisleán an Ardrí.

“Tá mé anseo agat anois,” a deir Rí an Domhain Thoir.

Bhí an tArdrí ar critheagla. D’ordaigh Rí an Domhain Thoir dó fios a chuir ar a chuid airm. Nuair ’ thángadar, ní rinne sé ach buille dá mhaide láimhe a thabhairt don chéad fhear a casadh dhó is a bheith dá gcnagairt faoina chéile, nó nár fhága sé³¹² mac máthar acu gan marú.

“Anois,” a deir sé leis an Ardrí, “cén fáth dhuit a bheith ag cur do mac faoi gheasa is faoi phionóis mar seo?”

“An seandall glic a dúirt liom a dhéanamh,” arsa an tArdrí.

Ní rinne Rí an Domhain Thoir ach buille a thabhairt dó le cúl a láimhe is níor cuireadh aon mhoirtéal ar an gcúirt ó déanadh í ní ba crua ná a chuir sé inchinn a chinn isteach sa mballa. Rinne sé an cleas céanna leis an seandall glic. Chuir sé fios ar an deartháir eile ansin. D’ordaigh sé dhó an choróin a bhaint dá cheann is í a thabhairt dá dheartháir eile, is dúirt sé leis dá gcuirfeadh sé aon aighneas air an fhad is ’ mhairfeadh sé, go ndéanfadh

³¹⁰ Ls.: ‘cuiridh.’

³¹¹ Ls.: ‘Shásamh.’

³¹² Ls.: ‘nár fhágadh sé.’

sé féin an cleas leis a rinne sé lena athair. Chuir sé fios ar a dheirfiúr ansin is d'fhág sé í féin agus a fear i gcúirt an Ardri. Chuaigh sé féin abhaile dá thír féin is tháinig mise thar m'ais do m'oiléainín beag féin.

CAIBIDIL 18

18.0 Scéal 16. Conchúr an Dá Chaora

Bhí seanfhear ann fadó is ní raibh de shlí beatha aige ach ag imeacht lena chiseán ag díol bioráin is snáthadaí, is snáth agus earraí eile den tsórt sin. Ní raibh de stoc istigh ná amuigh aige ach dhá chaora, is is é an t-ainm a thugtaí air Conchúr an Dá Chaora. Bhí mac aige a bhí seacht mbliana fichead d’aois agus níor chuir sé aon chois faoi ó rugadh é. Bhí a bhean in aois leanbaí, bhí sí chomh sean sin. Bhuail tinneas seanChonchúr is cailleadh é. Bhí an donas uilig anois ar a bhean is ar C[h]onchúr óg; bhíodar – duine acu ins chaon chluíd ’s gan duine ná deoraí acu a thiúrfadh greim le n-ithe ná le n-ól dóibh.

“Muise, a mháthair,” a deir Conchúr lá, “nach mairg gan ceann de chaoirigh m’athar marbh againn agus dhéanfadh sí ceathair nó cúig de bhéileanta dhúinn.”

“Cén mhaith sin, a mhic,” a dúirt an mháthair, “nuair nach bhfuil aon duine agat a thiúrfas isteach chugat í?”

“Muise, nach náireach an scéal agam é,” a deir sé, “is a bhfuil caite de mo shaol mara bhfuil mé in ann an méid sin a dhéanamh.”

D’éirigh sé ina sheasamh is rug sé ar an ngró a bhíodh acu leis an doras. Chuaigh sé amach ar an tsráid is chraith sé é féin. An lá is ceomhaire³¹³ a tháinig ariamh ní raibh an t-aer chomh dorcha is ’ bhí sé leis an méid luaith a chraith sé as a bhalcaisí. Thug sé leis isteach ceann de na caoirigh agus mharaigh sé í. Rinne sí chúig bhéilí dhóibh, béilí ins chaon cheathrú, is béilí eile insa cheann ’s sna cosa. Nuair ’ bhí an chaora ite, dúirt Conchúr lena mháthair:

“Chuala mé go bhfuil an rí le pósadh, agus is é is fearr dhom a dhéanamh ná an chaora eile a mharú agus ceathrú dhi a thabhairt chuige mar bhronntanas; déanfaidh na trí ceathrúna eile trí bhéilí dhúinn féin agus b’fhéidir go ndéanfaidh an rí rud eicint dúinn.”

“Déan cheana, a mhic,” a deir a mháthair.

³¹³ Ls.: ‘is ceóthmhar.’

Bhí lúth a ghéag ag Conchúr anois chomh maith le aon fhear dhá rugadh ariamh ón lá ar chraith³¹⁴ sé an luaith as féin. D'imigh leis anois is thug sé isteach an chaora eile is mharaigh sé í. Nuair ' bhí trí ceathrúna dhi ite aige féin is ag a mháthair, fuair sé an ciseán a bhíodh ag dul thart ag a athair ag díol na mbioráin 's na snáthadaí is chuir sé an cheathrú eile síos i gceann de; chuir sé a mháthair insa gceann eile den chiseán; chaith sé an ciseán ar a bhaclainn, d'ardaigh sé leis an gró iarainn mar mhaide láimhe, tharraing sé an doras 'na dhiaidh is bhuail sé bóthar leis faoi dhéin an rí. Is gearr a bhí siúlta aige nuair ' chonaic sé cóiste an rí ag teacht is chúig c[h]éad saighdiúr roimhe amach. Bhí an cóiste óráilte fréna chéile is b'fheic[th]ear do Chonchúr nach bhfaca sé aon rud ariamh ba bhreácha ná é. Choinnigh sé díreach ar aghaidh trí lár na saighdiúirí gan a dhul anonn nó anall.

“Cén fáth nach bhfágann tú bealach an rí?” a deir duine de na saighdiúirí, ag tarraingt iarraidh ar Chonchúr.

D'fhéach Conchúr air, is ní rinne sé ansin ach an gró a chur sa lámh a raibh an ciseán inti agus cúl na lámhe a thabhairt don tsaighdiúr. Leis an teannadh is an neart a chuir sé leis an mbuille, buaileadh an saighdiúr faoin bhfear ba gaire dhó, agus bhíodar féin dá gcnagairt faoina chéile nó nár fágadh³¹⁵ fear den chúig chéad saighdiúr gan marú.³¹⁶ Ghlaigh an rí ar Chonchúr chun an chóiste is dúirt sé leis ' dhul go dtína thigh is fanacht ann go dtagadh sé féin ar ais.

“A Thiarna, is a Rí!” arsa Conchúr, “is ann a bhí mé ag dul nó gur chuir an bithiúnach sin an méid sin aighnis orm.”

D'imigh leis ansin is níor chónaigh sé go ndeachaigh sé go cúirt an Rí.³¹⁷ Nuair ' tháinig an Rí ar ais, chuir sé fios ar a chuid saighdiúirí le Conchúr a mharú.

“Cén chiall dhuit,” arsa an Rí, “mo chuid saighdiúirí a mharú ar maidin inniu?”

³¹⁴ Ls.: ‘chrathadh.’

³¹⁵ Ls.: ‘nár fhágadh.’

³¹⁶ Ls.: ‘marbh.’

³¹⁷ B'fhéidir go bhfuil ponc le léamh anseo – do chúirt an riogh.

“A Thiarna agus a Rí,” arsa Conchúr, “ní raibh fúm sin a dhéanamh, ach leis an teannadh a bhí leis an mbuille³¹⁸ a thug mé don bhithiúnach a chuir aighneas orm ar dtús, bhíodar féin dá mbualadh faoina chéile is iad féin ag marú a chéile nó nár fágadh duine beo acu.” D’inis sé don Rí a scéal ó thús go deireadh. Cén nós ná raibh de s[h]lí beatha ag a athair ach ag imeacht lena chiseán ag díolachán earraí beaga, go raibh a mháthair in aois leanbaí – bhí sí chomh sean sin, agus go raibh sé féin seacht mbliana fichead sul mar ’ chuir sé cois faoi.

“Tar éis m’athair bás a fháil,” a deir sé, “ní raibh sé de s[h]lí mhaireachtáil agam féin ná ag mo mháthair ach dhá chaora. Mharaíomar agus d’itheamar caora acu, agus dúirt mé le mo mháthair go maróinn an chaora eile agus go dtiúrfainn ceathrú dhi mar bhronntanas chugatsa. Agus bhí mé ag teacht léi agus í i gceann an chiseáin agam is mo mháthair sa gceann eile nuair ’ tharraing an dailtín sin saighdiúra pléisc orm ach níor lig mise leis é.”

“Fan agamsa,” a deir an Rí, “agus tiúrfaidh mé do dhóthain go brách dhuit.”

“Is maith dhom an achainí a fháil,” arsa Conchúr, “cad chuige nach bhfanóinn?”

Frítheadh bean fhreastail do mháthair C[h]onchúir agus bhí togha aire aici uaidh sin amach. Maidir le Conchúr féin, níorbh thúisce an obair taispeánta dhó ná déanta aige. Faoi dheireadh thosaigh imní ag bualadh an Rí is aon lá amháin dá raibh sé féin is an bhanríon ag caint, dúirt sé:

“Tá faitíos mo chroí orm,” a deir sé, “i leaba sinn ’ bheith ina[r]³¹⁹ máistir ar Chonchúr, gur gearr gurb é Conchúr a bheas mar mháistir orainn.”

“Sílím gur fíor dhuit é,” a deir an bhanríon, “nárbh fhearr dhuit a dhul go dtí an seandall glic is comhairle a ghlacadh leis ’na thaobh?”

Chuaigh an Rí go dtí an seandall glic agus d’inis sé scéal Chonchúir dhó thríd síos is thríd suas.

³¹⁸ Ls.: ‘leis an mhbuille.’

³¹⁹ Ls.: ‘nbhur.’ Glacaimse leis go ndúirt an scéaláí ‘na’ sa chás seo agus gurbh í Úna a bhreac síos ‘nbhur.’

“Dar m’fhocal!” arsa an seandall glic, “gur gearr muna gcuirfidh tú dhá chois é gurb é Conchúr a bheas ’na Rí in t’ionadsa.”

“Agus cén chaoi a bhféadfaidh mé é a chur dá chois?” arsa an Rí.

“Inseoidh mise sin duit,” arsa an seandall glic, “tá a fhios agat an reithe nimhe atá ina leithéid seo de pháirc agat nár bearradh le seacht mbliana?”

“Tá a fhios, go maith,” arsa an Rí.

“Abair le Conchúr a dhul agus an reithe sin a bhearradh is go ndéanfaidh a chuid olainne clúdaigh an gheimhreadh dó féin is dá mháthair. Agus deirimse leat nuair ’ gheobhas an reithe sin greim air nach ligfidh sé le scéala é.”

“A Chonchúir,” arsa an Rí, ar maidin lá arna mhárach, “tá reithe ina leithéid seo de pháirc nár bearradh le seacht mbliana agus is fearr dhuit a dhul agus é a bhearradh is déanfaidh a chuid olainne éadach an gheimhreadh dhuit féin agus do do mháthair.”

“Is maith liom an cuireadh³²⁰ a fháil,” arsa Conchúr, “ach caithfidh tú duine eicint a chur liom a thaispeánfas an pháirc dhom.”

Anois níor mhaith leis an Rí aon duine ar fónamh a chuir le Conchúr mar bhí sé cinnte go maródh an reithe é. Ach bhí cláiríneach sa chlúid nár shiúil aon choiscéim ariamh is dúirt an Rí leis seo a dhul agus an pháirc a thaispeáint do Chonchúr.

“Cén chaoi a ngabhfaidh mise ann,” arsa an cláiríneach, “agus gan aon tsiúl agam?”

“Iompróidh mise thú,” arsa Conchúr.

Fuair sé siosúr leis an reithe a bhearradh, thóg sé an cláiríneach suas ar a bhois is ghread leis faoi dhéin na páirce is an cláiríneach ag taispeáint an b[h]ealaigh dhó.

“Leag mise ar bharr an chlaí,” a deir an cláiríneach, nuair ’ thángadar chomh fada leis an bpáirc a raibh an reithe nimhe inti.

Leag Conchúr ar an glaí é is chuaigh sé féin isteach sa pháirc leis an reithe a bhearradh.

Nuair ’ chonaic an reithe ag teacht é, rinne sé air is a theanga amuigh thar a bhéal aige le

³²⁰ Ls.: ‘cuiridh.’

neart dúchais. Nuair ' shíl Conchúr breith air agus a cheansú, buaileann an reithe poc dá cheann sa cheathrú air agus cuireann sé a cheathrú amach agus leagann sé é. Bhí Conchúr sínte siar is é faoi stialladh pianach agus an reithe ag siúl thart timpeall air féachaint an éireodh sé mar nár bhuaile an reithe aon duine ariamh 'na luí. Faoi dheireadh thug Conchúr iarracht ar éirí is nuair ' chonaic an reithe é, buaileann sé poc eile sa cheathrú eile air, is buaileann sé an cheathrú sin faoin cheathrú a bhí amuigh is cuireann sé isteach aríst í. Bhí sé chomh maith anois is ' bhí sé ariamh. Luigh sé siar aríst mar thug sé faoi deara nach mbainfeadh an reithe leis an fhad is ' bhíodh sé ina luí. Thosaigh an reithe ag siúl thart timpeall aríst air is nuair ' fuair Conchúr an fhaill, rug sé ar dhá chois d[h]eireadh air is strac sé ó chéile é go rinne sé dhá leith dhe go mullach a chinn. Ní rinne sé ach leath a chaitheamh ar chaon ghualainn leis is bualadh air abhaile. Nuair ' tháinig sé chomh fada leis an áit ar fhág sé an cláiríneach, ní raibh sé le fáil abhus ná thall aige. D'imigh leis abhaile is nuair ' bhí sé timpeall le seacht míle ón bpáirc, cé a casfaí air ag déanamh an bhealach abhaile ach an cláiríneach.

“Ó muise, droch-c[h]ríoch ort!” a deir Conchúr, “más ansin atá tusa, tar éis mé ag caitheamh an lae do do thóraíocht, nó faoi dheireadh go mb'éigin dom iompú abhaile nuair ' chinn orm thú a fháil.”

“Ar chuala tú ariamh,” a deir an cláiríneach, “nuair is crua don chailligh caithfidh sí rith? Is é sin a fhearacht agamsa é. Nuair ' chonaic mise an reithe [do] do leagansa shíl mé go raibh tú marbh aige. Bhí a fhios agam go maródh sé mé féin ansin, agus ní rinne mé ach mé féin a chaitheamh anuas den chlaí is an bealach a dhéanamh abhaile chomh maith is 'b'f[h]éidir liom.”

Thóg Conchúr ar a bhois aríst é is d'imíodar leo. Nuair ' chonaic an Rí Conchúr ag teacht is leath an reithe nimhe ar chaon ghualainn leis, scairt sé air a chaitheamh ansin is gan é a thabhairt níos gaire don chúirt. Chuaigh an Rí chun an tseandaill ghlic ag inseacht dhó cad a rinne Conchúr.

“Níl aon chur síos leis,” ar seisean, “ céard ’ deir tú leis a bhí ag teacht is leath an reithe ar chaon ghualainn leis? Ní féidir é a chur dá chois.”

“Inseoidh mise dhuit céard a dhéanfas tú,” arsa an seandall glic, “faigh seacht múille dhó is cuir ag treabhadh na páirce é a bhfuil an poll uisce inti a bhfuil an eascainn nimhe ann. Nuair ’ ghabhfaidh sé i ngar don p[h]oll sin, éireoidh an eascann aníos as agus beidh deireadh le Conchúr ansin.”

“A C[h]onchú[i]r,” arsa an Rí, ar maidin lá arna mhárach, “is fearr dhuit a dhul is páirc an phoill a threabhadh, tá sé in am coirce a c[h]uir inti.”

“Déanfaidh sin,” arsa Conchúr.

Fuair sé seacht gcinn de mhúillí i gcóir, agus chuir an Rí fear leis ag taispeáint na páirce dhó. Thug Conchúr scríob leis an gclaí ar dtús is nuair ’ tháinig sé ar ais go lár na páirce, d’éirigh ollphéist mhór aníos as poll mór uisce a bhí ann, agus sciob sí léi ceann de na múillí. Thug Conchúr scríob eile thart timpeall is nuair ’ tháinig sé chomh fada leis an bpoll, d’éirigh an ollphéist aríst agus sciob sí múille eile léi. Agus níl aon uair a thigeadh Conchúr i ngar don pholl nach n-éiríodh an ollphéist is nach sciobadh sí múille léi nó ná raibh fágtha ag Conchúr sa deireadh aici ach aon cheann amháin.

“Dar mo láimh is m’fhocal!” arsa Conchúr, “má thagann tú aríst nach ligfear le scéala thú.”

Bhí coill ag fás ar leataoibh den pháirc. Rug Conchúr ar adhastar an mhúille is tharraing sé ina dhiaidh é gur cheangail sé de chlaí na páirce é. Chuaigh sé féin isteach sa choill is tharraing sé crann mór aníos as na fréamhacha. Fuair sé a scian phóca ansin is níor fhág sé géagán air gan baint de go rinne sé maide mór láimhe den chrann. Rug sé ar cheanrach an mhúille lena láimh c[h]lí is an crann [de] mhaide ina láimh dheas aige, d’imigh leis faoi dhéin an phoill. Nuair ’ d’airigh an ollphéist ag teacht é, d’éirigh sí aníos de léim, ach má d’éirigh, thug Conchúr buille den chrann ar pholl na cluaise dhi a chuir de léim insa gceann eile den pháirc í, is a chuir néal ina ceann. Ní rinne Conchúr ach na táclaí a

bhaint den mhúille is iad a bhualadh suas ar an ollphéist is an céachta a chur 'na diaidh. Chuile uair a shíleadh an ollphéist iompú, bhuaileadh Conchúr buille den mhaide uirthi, nó gur chuir sé amach thrí gheata na páirce ar an mbóthar í. Thiomáin sé leis ansin í go dtí cúirt an Rí. Nuair ' chonaic an Rí an ollphéist ag teacht ag Conchúr agus an céachta ina diaidh, scread sé air, ar a bhfaca sé ariamh gan í a thabhairt níos faide.

“Féadfaidh tú a dhul ar ais anois,” a deir Conchúr leis an ollphéist, “ach má chluinimse go gcuirfidh tú aon cheist ar aon duine a bhaineas le mo mháistir, ní bheidh tú buíoch.”

Chaith sé dhi na táclaí ansin is d'imigh léi ar ais go dtína poll. Chuaigh an Rí go dtí an seandall glic aríst.

“Ní féidir Conchúr a chur dá chois,” a deir sé, “céard ' deir tú leis a raibh an ollphéist ag teacht aige is an céachta ina diaidh?”

“Is iontach an fear é,” arsa an seandall glic, “ach cuirfimid dá chois é gan bhuíochas dó. Ar maidin amáireach cuirfidh tú ag iarraidh cairt sleanntracha é de thigh³²¹ an fhathaigh mhóir is mara gcuirfidh an fathach deireadh leis, ní seandall glic mise.”

“A Chonchúir,”³²² arsa an Rí, ar maidin lá arna mhárach, “is fearr dhuit a dhul is carr sleanntracha a thabhairt chugam de thigh³²³ an fhathaigh mhóir atá ina chónaí ansin síos.”

Níorbh ar Chonchúr an mhoill. Chuir sé an capall faoin gcairt is thiomáin leis faoi dhéin chaisleáin an fhathaigh. D'fhág sé an capall 's an c[h]airt le taobh an bhalla is suas leis féin ar mhullach an chaisleáin. Thosaigh sé ag tógál na sleanntracha is dá leagan lena ais. Tar éis an fathach a bheith ina chodladh sa seomra is íochtaráí sa chai[s]leán, nuair ' nocht Conchúr an díon, bhí sí dá sú isteach 's amach le chaon tsrannadh dá dtugadh sé. Faoi dheireadh dhúisigh sé is nuair ' d'oscail sé a shúile, chonaic sé an solas mór isteach air.

“Ó!” a deir sé, “cé atá ag milleadh mo chaisleáin?”

³²¹ Ls.: ‘de thighe.’

³²² Ls.: ‘A Conchúr.’

³²³ Ls.: ‘de thighe.’

Amach leis agus chonaic sé Conchúr thuas ar a bharr is an capall 's an chairt ' chois an bhalla.

“Gabh anuas as sin,” a deir an fathach, “nó bainfidh mé an ceann díot.”

“Glac t’am, a dhuine chóir,” a deir Conchúr, “gabh[faidh] mé síos nuair ' bheas mo dhóthain sleantracha agam.”

Ní rinne an fathach ach an capall a tharraingt ón gcairt is a caitheamh le Conchúr. Gheafáil Conchúr í is leag sé lena ais í.

“Is mór is fiú dhuit, a chréatúir, an iarraidh sin a bhriseadh dhíot,” ar seisean.

Rug an fathach ar an gcairt is chaith sé suas le Conchúr í. Gheafáil Conchúr í is ní rinne sé ach í a chaitheamh síos³²⁴ leis an bhfathach. Rith an fathach chomh tréan is 'b'fhéidir leis is chuaigh sé i bhfolach sa chaisleán. Dúirt sé leis féin ná raibh aon ghnaithe³²⁵ aige a bheith roimh Chonchúr³²⁶ nuair ' thiocfadh sé anuas is a laghad an stró a fuair sé an capall 's an chairt a gheafáil. Nuair ' bhí a dhóthain sleantracha ag Conchúr, tháinig sé anuas agus líon sé an chairt leo. D'imigh leis ansin ar thóraíocht an fhathaigh is cá bhfaigheadh sé é ach thíos insa siléar. Rug Conchúr i ngreim cluaise air is tharraing sé leis é amach go dtí an chairt. D'fháisc sé suas air táclaí an chapail is buaileann sé faoin gcairt é. Ar siúl leis ansin is é ag tiomáint an fhathaigh roimhe faoi dhéin caisleán an Rí. Nuair ' chonaic an Rí Conchúr ag teacht is an fathach faoin gcairt aige, scread sé air gan é a thabhairt níos gaire ná sin don chúirt.

“Féadfaidh tú a dhul abhaile anois,” a deir Conchúr, ag scaoileadh den fhathach, “ach má fhaighimse amach i mealladh ná i ndearmad go gcuirfidh tú aon cheist ná aighneas ar aon duine a bhaineas le mo mháistir, is dhuit is measa.”

Chuaigh an Rí go dtí an seandall glic aríst.

³²⁴ Ls.: ‘shíos.’

³²⁵ Ls.: ‘aon ghno.’

³²⁶ Ls.: ‘roimh Conchubhair.’

“Dheamhan maith dhúinn le Conchúr,” ar seisean, “ní féidir a chur dá chois. Céard ’ deir tú leis a bhí ag teacht is an fathach ag tarraingt an chairt sleanntracha aige? Céard a dhéanfas mé leis [ar] chor ar bith?”

“Cuir ag iarraidh oird Ridire an Chúlgháire é, an t-ord a bhíos ag marú na mairt aige. Abair leis go bhfuil mart le marú agat. Nuair ’ gheobhas an buachaill sin greim air, beidh a chnaipe déanta,” arsa an seandall glic.

“A Chonchúir,” arsa an Rí ar maidin lá arna mhárach, “tá mé le mart a mharú inniu is is fearr dhuit a dhul síos go dtí Ridire an Chúlgháire is an t-ord a bhíos ag marú na mart aige a thabhairt chugam.”

“Gabh[faidh] mise ann gan mhoill,” arsa Conchúr.

D’imigh leis is nuair ’ chonaic Ridire an Chúlgháire ag teacht é, chuir sé straois gháire siar go cúl a chinn air féin, is d’oscail sé a bhéal chomh mór go raibh an dúradán dubh a bhí ar thóin a phutóige le feiceál. Níor labhair sé smid ach a dhul i bhfastó ag Conchúr, ach má chuaigh, ba ghearr ar Chonchúr é. Ní rinne sé ach é a chrochadh is a chaitheamh anuas faoin talamh is an ceann a scuabadh dhe lena ghró. Chroch sé leis an t-ord a bhí sé a iarraidh is chuaigh sé abhaile.

“Nach breá réidh a thug sé dhuit é,” a deir an Rí, nuair ’ chonaic sé Conchúr ’s an t-ord aige.

“B’éigin dó a thabhairt domsa,” a deir Conchúr, “nuair ’ mharaigh mé é.”

“Ní chreidim thú,” a deir an Rí, “gur mharaigh tú Ridire an Chúlgháire.”

“Tá a chomhartha lena chois,” a deir Conchúr, “cruthóidh mise dhuit gur mharaigh mé é.”

Thug sé leis téad is d’imigh leis. Is gearr a bhí sé imithe nuair ’ tháinig sé ar ais agus an téad amuigh i gcluais cinn Ridire an Chúlgháire aige, is é caite aniar ar a ghualainn aige. Nuair ’ tháinig sé chomh fada leis an ngeata, rug sé ar an gceann is bhuail sé faoin gcúirt é, is is beag nár leag sé an chúirt leis an gcraitheadh a bhain sé aisti.

“Ó!” a deir an Rí, “tóg ar siúl é sin.”

Rug Conchúr aríst ar cheann an Ridire is chaith sé seacht n-iomaire is seacht n-acra ón gcaisleán é.

“Anois,” a deir sé leis an Rí, “caitheadh duine eicínt eile de do shearbhóntaí an fhad eile é, is beidh sé sách fada ar siúl ansin.”

Chuaigh an Rí go dtí an seandall glic aríst.

“Céard ’ deir tú le Conchúr,” a deir sé, “a mharaigh Ridire an Chúlgháire? Céard a dhéanfas mé [ar] chor ar bith?”

“Cuir ag taoscadh an tobair atá i mbarr na cúirte é,” arsa an seandall glic, “abair leis go dtiúrfaidh tú hata nua dhó. Nuair ’ gheobhas tú thíos insa tobar é, faigh do chuid fir is caithidís an bhró mhuilinn is mó insa [g]caisleán³²⁷ síos ’na mhullach. Maróidh sin é.”

“A Chonchúir,” arsa an Rí, ar maidin lá arna mhárach, “thit fáinne óir uaim síos ina tobar atá i mbarr na cúirte is is fearr dhuit an t-uisce a thaoscadh as, agus é a fháil dom. Tiúrfaidh mé hata nua mar bhronntanas dhuit nuair ’ bheas sé taosctha agat.”

“Is gearr an mhoill ormsa sin a dhéanamh,” arsa Conchúr.

Chomh luath is ’ fuair an Rí Conchúr thíos insa tobar, d’ordaigh sé dá chuid fir an bhró mhuilinn is mó a bhí insa chaisleán a thabhairt leo is í a chaitheamh síos i mullach Chonchú[i]r. Nuair ’ bhí an tobar i ndáil le taosctha aige, scaoileadar an bhró síos ’na mhullach ach cá dtiocfadh ceann Chonchú[i]r ach suas thríd an bpoll a bhí i lár na bró, agus thit an bhró síos ar a ghuaillí an³²⁸ áit nár airigh Conchúr í, ach an oiread is dá mbeadh gan a bheith ann ach hata tuí a mbeadh a cheann amuigh thríd. Ní raibh aon mhaith don Rí leis – níorbh fhéidir Conchúr a mharú.

“Is maith an buachaill thú, a Chonchúir,” a deir an Rí, “go deimhin, is tú an buachaill is fearr a bhí ariamh agam, ach níl níos mó oibre agam le tabhairt le déanamh dhuit, is is

³²⁷ Tugtar faoi deara go bhfuil corrsampla de ‘sa chaisleán’ ag an scéalaí sa scéal seo.

³²⁸ Ls.: ‘in.’

féidir leat a dhul abhaile. Tiúrfaidh mé do mheáchan féin óir dhuit ach caith dhíot an hata sin ort, tá sé rómhór agat.”

“Muise, go deimhin féin, ní bhainfead – dhíom é,” arsa Conchúr, “dá mba duine níos lú le rá ná an Rí, a mbeinn chomh fada ar urlár, a thiúrfadh hata nua dhom, ní bhainfinn díom é.”

“Ó, bain dhíot é,” arsa an Rí, “is tiúrfaidh mé hata eile dhuit ina ionad.”

“Go deimhin féin, a Thiarna agus a Rí, ní bhainfead,” arsa Conchúr.

B'éigin don Rí a mheáchan óir is airgid a thabhairt dó. Fuair Conchúr a chiseán is chuir sé a mháthair ann síos, is chaith sé ar a bhaclainn é mar ' bhí sé ag teacht aige. Chaith sé a mhála óir is airgid aniar ar a dhroim, thug sé leis a ghró ina lámh, d'fhág sé slán is céad ag an Rí is d'imigh leis abhaile is an bhró mhuilinn anuas ar a ghuailí. Rinne sé caisleán mór ba mhó ná caisleán an Rí, rinne sé cheithre chuid den bhró m[h]uilinn is rinne sé cheithre cloiche coirnél díobh. Nuair ' fuair a mháthair bás, phós sé banríon óg, agus chaitheadar beatha shona shéanmhar an chuid eile dá shaol³²⁹ agus gur mar sin dúinne.

³²⁹ B'fhéidir go raibh an scéalaí ag smaoineamh ar Chonchúr nuair a dúirt sé ‘dá shaoghal.’

CAIBIDIL 19

19.0 Scéal 17. Éirinn Bheag is Éirinn Mhór

Bhí mac baintrí ann aon uair amháin is ní raibh ina chónaí sa teach freis ach é féin 's a mháthair. Bhíodar an-bhocht. Aon lá amháin dá raibh sé amuigh ag spaisteoireacht ar thóraíocht oibre, chonaic sé páipéar thuas ar bhalla. Léigh sé an scríbhneoireacht a bhí air, is is éard a bhí ann fuagra ó rí a bhí insa Domhan Thoir, go raibh a inín le fáil le pósadh ag duine ar bith a bhainfeadh éitheach as féin, ach, ar an lámh eile, go raibh an ceann le cailleadh ag duine ar bith a chlisfeadh.

“M’anam,” arsa mac na baintrí nuair ' léigh sé é, “go mbainfidh [mé] triail as sin.”

D’iompaigh sé ar ais abhaile, is d’inis sé dá mháthair céard a léigh sé ar an bpáipéar, is dúirt sé léi go raibh sé ag dul don Domhan Soir ag féachaint an ngnóthódh sé inín an rí.

“Nach bhfuil a fhios agat go maith gur iomaí duine a d’fhéach leis sin cheana, agus nach bhfuil a fhios agat go maith nach aon fhaill atá agatsa uirthi?” a deir a mháthair, “nach fearr dhuit a bheith beo bocht in Éirinn, ná a dhul don Domhan Soir ag cur deireadh le do shaol?”

Ní raibh aon mhaith dhi leis. D’fhág sé slán aici is níor chónaigh sé go ndeachaigh sé don Domhan Soir. Bhuail sé ag geata an rí. Tháinig an geatóir amach is d’fhiafraigh sé dhe céard a bhí uaidh. D’inis mac na baintrí dhó gur léigh sé fuagra an rí ar pháipéar in Éirinn, is gur tháinig sé an aistir le súil lena inín a ghnótháil.

“Má níonn tú mo chomhairlese,” a deir an geatóir, “gabh[faidh] tú abhaile go hÉirinn.

Tháinig na céadta clann ríoga is fir uaisle anseo romhat is níl aon duine acu nár chaill a cheann, is feicfidh tú chuile cheann de na cinn sin ar spéicí thart timpeall an chaisleáin.

Is é is fearr dhuitse a dhul abhaile is gan a thíocht níos faide.”

“Ó tháinig mé chomh fada seo,” arsa mac na baintrí, “dheamhan mo chos a ghabhfas ar ais nó go dtríailfidh mé an rí, más beo marbh dhom.”

Chuaigh an geatóir isteach is d’inis sé don Rí go raibh a leithéid taobh amuigh.

“Tabhair isteach é,” arsa an Rí.

Chuaigh mac na baintrí isteach.

“Céard a thug thusa anseo, a bhuachail?” arsa an Rí.

D’inis sé dhó.

“An bhfuil a fhios agat céard atá le t’aghaidh mara mbainfidh tú éitheach asamsa?” a deir an Rí.

“Tá a fhios,” arsa mac na baintrí, “léigh mé ar an bpáipéar in Éirinn é.”

“Tá sin go maith,” arsa an Rí.

Thug sé a dhóthain le n-ithe is le n-ól ansin dó is bhíodar ag caint ’s ag comhrá go raibh sé in am codalta. Ar maidin lá arna mhárach thug an Rí mac na baintrí amach ag breathnú ar a chuid cuir. Thángadar chomh fada le garraí cabáiste.

“An bhfaca tú aon gharraí cabáiste ariamh chomh maith leis sin?” arsa an Rí.

“Ní bhreathnófá air le hais an gharraí cabáiste a bhí curtha agamsa is ag m’athair in Éirinn,” arsa mac na baintrí, “nárbh iontach an meall cabáiste a bhí ag fás ina lár, is tar éis an gharraí a bheith seacht n-acra ar fad ’s ar leithead, ná raibh aon chúinne den chlaí a bhí timpeall air ná raibh duilleog den mheall sin ag dul amach thairis.”

“Ba iontach an meall é, go deimhin,” arsa an Rí.

“Bhí caora ramhar ag m’athair a bhí sé le marú,” arsa mac na baintrí, “agus chuaigh sí ar seachrán. Níorbh fhéidir leis í a fháil abhus na thall, tar éis é ag caitheamh mí dá tóraíocht. Bhí an-chaitheamh ina diaidh aige, mar bhí sé lena marú³³⁰ an lá céanna a ndeachaigh sí ar iarraidh. Bhí sé cinnte nach bhfaigheadh sé choíche í. Tar éis cúpla mí ina dhiaidh sin, chuaigh m’athair lá ag breathnú ar an meall cóilis. Bhí sé ina sheasamh faoi bhun an mhill nuair ’ chuala sé an chaora ag méileach. Ní raibh a fhios aige an thíos insa talamh faoina chosa a bhí sí,³³¹ nó thuas os a chionn insa spéir. Bhreathnaigh sé suas agus chonaic sé copóg ag corrú ar bharr an mhill. Chuimhnigh sé air féin gur – mb’fhéidir gurb í an chaora

³³⁰ Ls.: ‘le na marbh.’

³³¹ Ls.: ‘sé.’

a bhí thuas ann. D'imigh leis is fuair sé na sé shiúinéara ab fhearr a bhí ar an mbaile, is chaitheadar sé lá ag déanamh dréimire a shroich suas go dtína bharr, bhí sé chomh hard sin.”

“An ndeir tú sin liom?” arsa an Rí.

“Níl mé ag déanamh smid bhréige leat,” arsa mac na baintrí, “nuair ’ bhí an dréimire déanta, chuadar suas agus céard a bheadh ansin, ach an chaora is áitreabh déanta aici i gcroí an mhill. Bhí sí chomh ramhar ’s nach raibh sí in ann corrú. Ligeadar anuas le téad í is ba mhór an seó breathnú uirthi.”

“Más í an fhírinne í,” arsa an Rí, “is iontach an scéal é.”

“Ar ndóigh, ní bréag a ghabhfainn a inseacht duit, a Rí,” arsa mac na baintrí, “bhí sráidbhaile i ngar don áit a raibh muid ’na gcónaí. Bhí aonach ann aon lá amháin agus tá a fhios ag chuile dhuine nach mbíonn aonach in aon tsráidbhaile in Éirinn gan scata tincéirí a bheith ann. An lá seo a bhfuil mé ag trácht air, bhí dháréag acu ag dul thart, nuair ’ tháinig cith mhór báistí.³³² Chuadar féin agus a gcuid mná is asail – bhí cairrín asail ag chuile dhuine acu – ar foscadh faoi cheann de chopógaí an mheall cóilis a bhí ag dul amach thar chlaí an gharraí. Bhí sí chomh leathan ’s nár lig sí deoir anuas orthu. Ní raibh staonadh ar an mbáisteach, is bhí sí chomh trom is í chomh fada ag titim, gur thosaigh an chopóig ag slabhcadh³³³ anuas is faoi dheireadh gur bhris sí amach den mheall. Nuair ’ thit a raibh d’uisce ar an gcopóig anuas ar an mbóthar, bhí an fuarlach chomh láidir, gur ruaig sé roimhe na tincéirí, a gcuid³³⁴ mná, a gcuid carranna agus asail isteach san abhainn nó gur bádhu chuile mhac máthar acu.”

“Dar fia, ba chumasach an meall cóilis é sin,” a deir an Rí.

Níor fhéad mac na baintrí éitheach a bhaint an lá sin as. Chuadar isteach ansin agus bhíodar ag ithe is ag ól, ag caint ’s ag comhrá go raibh sé in am codalta. Lá arna mhárach

³³² Ls.: ‘báisdigh.’

³³³ Ls.: ‘slabhcuigh.’

³³⁴ Ls.: ‘a gh-cuid.’

thug an Rí mac na baintrí amach aríst gur thaispeáin³³⁵ sé páirc choirce dhó a bhí curtha aige.

“An bhfaca tú aon ghort choirce³³⁶ ariamh is breácha ná é sin?” a deir an Rí.

“Is breá an gort choirce é, go deimhin,” arsa mac na baintrí, “ach ní thiúrfá tráithnín air le hais an ghort choirce³³⁷ a bhí curtha agamsa is ag m’athair uair. Nár chumasach an méid choirce a bhí curtha againn nuair ’ bhí Éirinn Bheag agus Éirinn Mhór uilig faoi choirce againn?”

“Ba chumasach, go deimhin,” a deir an Rí.

“Chuir muid Éirinn Mhór ar dtús, is nuair ’ bhíomar ag cur Éirinn Bheag, ní raibh ar ndóthain choirce againn – theastaigh³³⁸ dhá mhála uainn. Ní raibh bád nó long ag dul ó Éirinn go Sasana an uair sin. Ní rinne m’athair ach láirín bheag bhán a bhí aige a thabhairt leis. Bhuail sé an dá mhála faoi ar a droim is d’imigh leis ag dul a cheannach an choirce. Nuair ’ thángadar go bruach na farraige atá idir Éirinn agus Sasana, chaith an láirín bhán anonn de léim é. Cheannaigh m’athair an choirce agus chuir sé an dá mhála ar dhroim an láirín ag teacht abhaile. Nuair ’ thángadar go bruach na farraige aríst, chaith an láirín anall de léim í, ach, ag an meáchan a bheith uirthi, briseadh a droim. D’fhás crann mór ar an áit ar thit sí agus bhí sé ag [fás] suas suas, gur fhás sé suas chomh hard leis an spéir. Is é an cheird³³⁹ a bhíodh ar chearca an bhaile is ar éanacha an aeir ag dul suas is anuas ar an gcrann sin. Chuir muid³⁴⁰ an dá mhála choirce agus nuair ’ bhí sé in am a bhainte, níorbh fhéidir duine a fháil a thiúrfadh cúnamh dhúinn dá bhaint. Dúirt m’athair liomsa a dhul chuig an siopa agus dhá chorrán mhaithe a cheannach, is go ngabhfadh muid féin dá bhaint. Cheannaíos, is chuaigh an bheirt againn ag baint an choirce. Thosaíomar ar Éirinn

³³⁵ Ls.: ‘thaisbeán.’

³³⁶ Ls.: ‘aon ghort choirce.’

³³⁷ Ls.: ‘an ghort choirce.’ Is cosúil go bhfuil an t-ainmfhocal ‘gort’ sa ghinideach cé nach ndéantar infhilleadh ar an ainmfhocal.

³³⁸ Ls.: ‘theasda.’

³³⁹ Ls.: ‘an cheird.’

³⁴⁰ Ls.: ‘Chuirimid.’

Mhór ar dtús, ach is beag a bhí bainte agamsa nuair – céard a d'éireodh amach ó chluais an arbhair uaim ach giorria. Chaith mé an corrán leis agus chuaigh sé i bhfastó ina leath deireadh. Siúd suas thrí Éirinn Mhór é, siúd anuas é, siúd suas aríst é, siúd anuas é nó nár fhág sé déas choirce in Éirinn Mhór gan baint. Siúd suas thrí Éirinn Bheag ansin é, siúd anuas é, siúd suas aríst é, siúd anuas é, nó nár fhág sé déas in Éirinn Bheag gan baint. Dheamhan sin déas a bhí fágtha gan baint aige in Éirinn Bheag ná in Éirinn Mhór i gceann chúig mhóiméad, agus ní bheadh sé bainte agamsa is ag m'athair i gceann leathbhliana.”

“Ba iontach an gníomh é,” a deir an Rí.

“Dheamhan smid bhréige atá mé ag inseacht dhuit,” a deir mac na baintrí, “cheanglamar ’na phunanna ansin é is rinneamar dhá chruach dhe. Chuireamar a raibh in Éirinn Mhór in aon chruach amháin, is a raibh in Éirinn Bheag i gcruach eile. Nuair ’ d’éirigh mise ar maidin lá arna mhárach, chuaigh mé amach ag breathnú ar an arbhar, ach ní raibh an oiread is punann ann den dá chruach ná raibh goidte. Ghlaigh mé ar m'athair is d’inis mé dhó céard a bhí déanta tar éis na hoíche. ‘Tabhair leat do chorrán go beo,’ a deir m'athair, ‘nach bhfuil a fhios agat gurb é an diabhal a thug leis é, agus gabh síos go hIfreann agus fiafraigh dhe cá bhfuil do chuid choirce.’ D’ardaigh mé liom mo chorrán ’s níor fhan mé le bricfeasta ná eile ach greadadh liom go ndeachaigh mé go hIfreann. Bhuail mé an geata is d’fhiafraigh mé den diabhal cén fáth dhó a raibh de choirce agam féin ’s ag m'athair a ghoid uainn, tar éis ar n-anró. ‘Ní mise a ghoid do chuid arbhair,’ a deir an diabhal, ‘ach Peadar. Naomh Peadar a ghoid uait é,’ ar seisean. D’fháisc mé an corrán in mo láimh ’s ar ais liom, go dtáinig mé go dtí an áit ar cailleadh an láirín bheag bhán ar m'athair. Suas liom ar an gcrann a d’fhás ann, suas liom, is an corrán in mo láimh i gcónaí agam nó go ndeachaigh mé go dtí geataí na bhflaitheas. Bhuail mé an geata is d’fhiafraigh mé an raibh Naomh Peadar istigh. ‘Táim,’ arsa Peadar, ‘céard atá uait?’ ‘Céard a rinne tú leis an gcoirce a ghoid tú uaim féin ’s uaidh m'athair?’ arsa mise. ‘Ná bíodh inní ort faoi,’ arsa Peadar, ‘beidh chuile dhéas dhe sa mbaile romhat nuair ’ ghabhfas tú ar ais.

Bhí trua agam dhuit féin 's do d'athair is thug mé liom an coirce go mbuailfinn díbh é. Gheobhaidh tú chuile shop agus chuile ghráinne dhe sa mbaile romhat.' Bhí mé áthasach go leor 'deirimse leat nuair ' chuala mé sin. Anuas liom an crann aríst, anuas liom go raibh mé ar an ngéagán is íochtaráí dhe, nuair – céard a d'éireodh amach ó bhun an chrainn ach sionnach. Bhí an corrán in mo lámh agam is chaith mé leis é agus bhain mé píosa den leath deireadh dhe. Shuigh mé síos ar an talamh agus bhí mé ag gáire go raibh mé sáraithe, agus an bhfuil a fhios agatsa céard a bhain an gáirí asam ach an rud a bhí scríofa ar an bpíosa a bhain mé de leath deireadh an tsionnaigh? Go deimhin, rinne mise mo dhóthain gáire nuair ' léigh mé é sin.”

“Agus an miste dhom fiafraí céard a bhí scríofa air?” arsa an Rí.

“Ní miste, go deimhin,” arsa mac na baintrí, “rud seafóideach a bhí scríofa air, ach rinne mise mo dhóthain féin gáire faoi ar chaoi ar bith.”

“Ó, céard a bhí scríofa air?” a deir an Rí.

“Ó, go deimhin, ní raibh ach rud seafóideach, ach bhain sé mo dhóthain féin gáire asamsa.”

“Agus céard a bhí air?” a deir an Rí.

“Inseoidh mé sin duit,” a deir mac na baintrí, “is éard a bhí scríofa air gurb iad do mhuintirse a bhí ag níochán do mo mhuintirse ar feadh an tsaoil ariamh.”

“Thug tú éitheach,” arsa an Rí, “céard a bhéarfadh gurb iad mo mhuintirse a bheadh ag níochán do do mhuintirse, ach chuile dhuine ag níochán do mo mhuintir féin.”

“Is liom d'inín, a Rí,” arsa mac na baintrí.

“Is leat,” arsa an Rí, “is nár mhaire tú í.”

CAIBIDIL 20

20.0 Scéal 18. Luach na Bó

Bhí beirt dearthár ann aon uair amháin, deartháir saibhir is deartháir bocht. Bhíodh an deartháir bocht ag an deartháir saibhir, agus ag saothrú an oiread is ' chothaíodh é féin 's a chomhluadar. Ach bhí bean shantach amplach ag an deartháir saibhir is níor mhaith léi a mbíodh a fear a thabhairt don deartháir bocht. Dúirt sí leis go gcaithfeadh sé a chur ar siúl nó gur gearr³⁴¹ go mbeidís féin chomh bocht leis. Dúirt an deartháir saibhir leis an deartháir bocht lá nach bhféadfadh sé a bheith dá chothú níos faide, go raibh muirín mhór air féin anois, agus go raibh a dhóthain le déanamh aige is maireachtáil. Chuaigh an deartháir bocht abhaile is d'inis sé dá mhnaoi cén nós mar ' bhí an scéal aige.

“Agus anois,” a deir sé, “gheobham bás leis an ocra.”

“Bíodh misneach níos fearr ná sin agat,” a deir a bhean, “tabhair leat an tseanbhó [ch]un an aonaigh³⁴² is díol í.”

Bhí aon tseanbhó amháin aige a fuair sé ón deartháir saibhir. Ar maidin lá arna mhárach thiomáin sé leis an tseanbhó chuig an aonach, dhíol sé í is fuair sé chúig phunt uirthi. Nuair ' bhí sé ag teacht abhaile ón aonach, bhí sé ag dul thar theach cúirte³⁴³ is chonaic sé daoine ag dul isteach ann. Leanann sé isteach iad go mbeadh a fhios aige céard a bhí ar siúl ann. Bhí fear dá thriáil i dtaoibh coir eicint a rinne sé. Bhí sé teilgthe³⁴⁴ go díreach nuair ' chuaigh an deartháir bocht isteach. D'fhiafraigh sé den té ba gaire dhó cén choir a bhí déanta ag an bhfear. Inseadh dhó. Ghlac sé an oiread sin trua don fhear bhocht go ndeachaigh sé suas go dtí an breitheamh agus gur fhiafraigh sé dhe cé air a ligfeadh sé amach an fear bocht sin a bhí tar éis a thriail.

“Má íocann sé chúig phunt fineála, ligfear amach é,” a deir an breitheamh.

³⁴¹ Ls.: ‘go géarr.’

³⁴² Ls.: ‘na n-aonaigh.’

³⁴³ Ls.: ‘thar theach chúirte.’

³⁴⁴ Ls.: ‘t-slicighthe (teilghidh).’ Tá líne scríofa faoi chuid de ‘t-slicighthe,’ agus ‘teilghidh’ scríofa idir lúibíní thar ‘t-slicighthe’ sa lámhscríbhinn.

“Dhíol mise seanbhó inniu ar bhfuair mé chúig phunt uirthi is tiúrfaidh mé dhuit iad ach an fear bocht sin a scaoileadh liom.”

“Scaoilfear leat é,” a deir an breitheamh.

Chuaigh an deartháir bocht is an fear bocht ar íoc sé na chúig phunt ar a shon amach as tigh na cúirte, is d’imíodar leo abhaile. Ar an mbealach d’inis an deartháir bocht dhó cén nós mar ’ bhí an saol ag dul dó féin, mar a dhíbir a dheartháir é, agus nós ná raibh aige ach an tseanbhó a dhíol sé ar an aonach an lá sin.

“Agus d’íoc tú luach na bó sin ar mo shonsa?” arsa an fear eile.

“Ní fhéadfainn thú a ligean i bpríosún,” arsa an deartháir bocht.

“Tá súil agam nach gcaillfidh tú aon cheo le do dhea-ghníomh,” arsa an fear eile.

Nuair ’ chuadar abhaile, bhí an pota ag fiuchadh ar an tine ag an – bean an fhir bhoicht, [le] súil ’s go mbeadh rud eicínt le n-ithe ag a fear nuair ’ thiocfadh sé abhaile ón aonach. Shuigh seisean síos go ciúin cúthal ar stóilín nuair ’ chuaigh sé isteach is níor labhair sé focal. Shuigh an fear eile lena ais.

“Cad chuige nár thug tú aon cheo le n-ithe abhaile againn?” a deir a bhean.

“Níor thugas,” a deir sé, “dheamhan pioc.”

“Ar dhíol tú an bhó?” a deir sí.

“Dhíolas,” a deir sé.

“Agus cá bhfuil an t-airgead, nó an féidir gurb é a ól a rinne tú?” a deir sí.

“Ní hé,” a deir sé, “dhíol mé an bhó ar an aonach,” a deir sé, “is fuair mé chúig phunt uirthi. Bhí mé ag teacht abhaile is é in mo phóca agam, nuair ’ bhuaill mé isteach i dtigh cúirte. Bhí an fear bocht seo teilgthe³⁴⁵ chun príosúin is d’íoc mé na chúig phunt ar a shon.”

“Agus sin é luach na bó,” arsa an bhean.

“Is é,” a deir a fear.

³⁴⁵ Ls.: ‘tslicighthe (teilgidh).’ Tá ‘teilgidh’ scríofa idir lúibíní thar an bhfocal ‘tslicighthe’ sa lámhscríbhinn.

Bhí Luach na Bó ar an bhfad seo ina shuí síos gan focal a labhairt. Nuair ' chuala na páistí a n-athair ag rá ná³⁴⁶ raibh aon cheo le n-ithe aige lena n-aghaidh, thosaíodar ag screadaíl 's ag gárthaíl. D'éirigh Luach na Bó ina sheasamh.

“Cá bhfuil na caoirigh ag do dheartháir?” a deir sé.

D'inis an deartháir bocht dhó

“Cuir síos an pota sin,” a deir sé le bean an tí, “agus is gearr go bhfaighidh mise rud le n-ithe dhaoibh.”³⁴⁷

D'imigh leis amach is is gearr a bhí sé imithe nuair ' tháinig sé ar ais is caora bhreá ramhar ar a ghuaillí aige a ghoid sé ón deartháir saibhir. Deirimse leat gur gearr a bhíodar ag marú is ag feannadh na caorach agus nuair ' bhí sí bruite, ag ithe a ndóthain is a leor ndóthain di. Ar maidin lá arna mhárach, chuaigh Luach na Bó ag iarraidh oibre ar an deartháir saibhir. Fuair sé sin uaidh, is nuair ' fuair sé a pháighe lae tráthnóna, thug sé a luach bídh abhaile chuig an deartháir bocht. Nuair ' thit an oíche, chuaigh sé amach is g[h]oid sé caora eile ón deartháir saibhir. Mharaíodar is d'fheannadar agus bhruitheadar is d'itheadar í, agus an t-arán a thug Luach na Bó abhaile ar a pháighe lae.

Níl aon lá nach dtugadh Luach na Bó luach a pháighe de bhia abhaile is níl aon oíche nach ngoideadh sé caora, agus mara mbíodh beathú ar fónamh acu, ní lá go hoíche é. Bhí neart olainne ag bean an deartháir b[h]oicht anois is t[h]osaigh sí ag sníomh agus ag déanamh fleainín, is dá chur ar a fear 's a clann. Mar gheall ar an mbeatha ar fónamh a bheith acu anois, ba gearr go raibh malairt cruth orthu. Thug bean an deartháir shaibhir faoi deara a[r] nós³⁴⁸ mar ' bhí na páistí ag ramhrú is ag deargadh suas, agus a[r] nós³⁴⁹ mar ' bhíodar gléasta le fleainín breá geal. Thug an deartháir saibhir faoi deara cuid dá chuid caorach imithe uaidh agus bhí sé dá inseacht dá mhnaoi.

“Cuirfidh mise geall,” ar sise, “gurb é do dheartháir atá ag teangmháil leat.”

³⁴⁶ Ls.: 'na.'

³⁴⁷ Ls.: 'dhíbh.'

³⁴⁸ Ls.: 'ionnús.'

³⁴⁹ Ls.: 'ionnus.'

“Ara, arb é mo dheartháir bocht a ghoidfeadh uaim iad?” a deir sé, “ní chreidfinn go ndéanfadh mo dheartháir a leithéid.”

“Creid mise ann,” a deir a bhean, “gurb é. Nach bhfeiceann tú an chaoi a bhfuil a chlann gléasta suas le gairid le fleainín? Is cá bhfuairéadar é sin – ach ag goid do chuid caorachsa. Agus an bhfeiceann tú an chaoi a bhfuil siad ag ramhrú³⁵⁰ is ag deargadh suas le gairid ó bheith ag ithe na feola?”

“Dheamhan smid bhréige agat,” a deir máthair na mnaoi a bhí ina suí sa chlúid, “ach inseoidh mise dhaoibh³⁵¹ céard a dhéanfas sibh. Cuirigí mise isteach sa chomhra mhór agus cuirigí bia agus deoch agam ann, agus fágaí ag an teach ann mé is beidh a fhios agamsa más iad atá ag goid na gcaorach. Féadfaidh tú a rá le do dheartháir go bhfuil candáil le bheith in do theach, is go bhfágfaidh tú an c[h]omhra faoina chumhdach go n-imí lucht na candála.”

Buaileann siad an c[h]ailleach isteach sa chomhra is cuireann siad a sáith bia is feola aici ann, agus fágtar í féin is a comhra ag tigh an deartháir bhoicht.

Nuair ’ tháinig Luach na Bó abhaile an oíche sin, d’ardaigh sé leis isteach caora is mharaigh sé í. Ba ar éigin a d’f[h]éad an chailleach a béal a choinneál dúnta nuair ’ chuala sí an chaora dá marú, ach theip uirthi nuair ’ fuair sí boladh na feola bruite is ’ d’airigh sé dá hithe iad.

“Ara a bhithiúnacha,” ar sise, “tá sibh i ngreim faoi dheireadh dá fhad dá ndeachaigh sé libh.”

“Dar mo choinsias go bhfuil tusa i ngreim ar chaoi ar bith,” arsa Luach na Bó, ag éirí agus ag breith ar an gcnámh is mó a bhí ar an mbord, strac sé an clár suas den chomhra is sháigh sé an cnáimh siar ina scornach gur thacht sé beo beitheach láithreach í.

Shocraigh sé an clár ar an gcomhra aríst mar ’ bhí sé roimhe sin agus shuigh sé síos.

D’itheadar an chuid eile dá mbéilí go socair suaim[h]neach. Ar maidin lá arna mhárach

³⁵⁰ Ls.: ‘ramhradh.’

³⁵¹ Ls.: ‘dhíbh.’

chuir an deartháir saibhir teachtaire ag iarraidh an chomhra. Nuair ' tháinig sé, d'oscail sé é is fuair sé an chailleach tacht³⁵² ann istigh.

“Ó muipe!” a deir sé, “dheamhan lá ariamh nár bhain do bholg an náire dhíot, maran tú a bhí santach aige – ach tá luach do shaothair agat anois. Gabh i leith anseo,” a deir sé lena bhean, “go bhfeicfidh tú do mháthair tacht³⁵³ leis an gcnáimh feola a chuir muid sa gcomhra chuici.”

Tórramhadh an chailleach is cuireadh í. Badh é Luach na Bó a chuir sa gcomhra í is ' rinne an uaigh. Badh é an nós a bhíodh an uair sin ann máilín airgid a chur sa chomhra le chuile sheanbhean a gheobhadh bás. Cuireadh máilín deas leis an gcailligh seo. An oíche sin nuair ' bhí chuile dhuine ina chodladh ar a leaba agus an áit ciúin suaimhneach, d'éirigh Luach na Bó is thug sé leis gró, is siúd ar siúl é go dtí an uaigh ar cuireadh an chailleach ann an lá sin. Chart sé an uaigh, d'oscail sé an chomhra is thóg sé aníos an chailleach is an máilín airgid. Ardaíonn sé leis an chailleach ar a dhroim is socraíonn sé ina seasamh le doras an deartháir shaibhir í. Tugann sé leis an máilín airgid go tigh an deartháir bhoicht. Dhoirt sé as an máilín a raibh d'airgead ann, líon sé le sliogáin é, is chuir sé ar ais aríst insa chomhra é.

Ar maidin nuair ' d'oscail cailín an deartháir shaibhir an doras, céard a thitfeadh isteach sna sála uirthi ach an chailleach. Chuir an cailín scread aisti a cloisfí fiche míle as láthair, agus thit sí ina cnap ar an urlár. D'éirigh fear an tí aniar as an seomra agus nuair ' chonaic sé an chailleach a cuireadh an lá roimhe sin, titeann sé féin ina phléisc ar an urlár. Bhí an teach in aon rírá amháin nuair – cé a bhuaifeadh isteach ach Luach na Bó.

“Ara! Céard é seo?” a deir sé, is ionadh [ar] a bhfaca tú ariamh air.³⁵⁴

Bhí fear an tí ag teacht chuige féin faoin am seo.

³⁵² Ls.: ‘tachtuighthe.’

³⁵³ Ls.: ‘tachtuighe.’

³⁵⁴ Ls.: ‘é.’

“An deamhan caillí sin,” a deir sé, “a chuireamar inné, a bhí ina seasamh ag an doras ar maidin ag iarraidh a theacht isteach, cébí céard atá uaithi.”

“B’fhéidir,” arsa Luach na Bó, “nár chuir tú a dóthain airgid sa chomhra léi.”

“Más sin é a thug ar ais í,” arsa fear an tí, “cuirfidh mise a dóthain léi. Ní raibh aon lá ariamh ná³⁵⁵ raibh an tsaint san ór aici.”

Líon sé suas go béal máilín eile, d’ardaigh sé féin is Luach na Bó an chailleach leo is cuireann siad sa gcomhra í is an dá mháilín airgid faoina ceann. Marar dhaingneadar an uaigh os a cionn, ní lá go maidin é. An oíche sin, nuair ’ fuair Luach na Bó chuile rud ar a shuaim[h]neas, imíonn sé is tógann sé an chailleach aríst is socraíonn sé suas le fuinneog tigh an deartháir shaibhir í. Tógann sé leis an máilín airgid is tugann sé don deartháir bocht a raibh d’airgead ann. Líon sé an máilín le sliogáin is chuir sé ar ais aríst sa chomhra é.

Ar maidin lá arna mhárach, nuair ’ d’oscail an deartháir saibhir a shúile is ’ d’fhéach sé amach ar an bhfuinneog, cé a d’fheicfeadh sé ina seasamh suas taobh amuigh, ach an chailleach a shíl sé a bheith curtha go daingean san uaigh. Thit sé siar ina phleidhce sa leaba. Níorbh fhada go dtáinig Luach na Bó isteach.

“Féach an diabhal caillí sin,” arsa fear an tí, “a bhí ina seasamh le m’fhuinneog nuair ’ dhúisigh mé – nó céard atá uaithi [ar] chor ar bith?”

“Is cosúil nár thaitnigh léi ar chuir tú d’airgead léi,” a deir Luach na Bó, “má níonn tú mo chomhairlese, cuirfidh tú a bhfuil d’airgead sa teach agat léi.”

Chuir. Fuair sé máilín ’s níor fhág sé pingin bheag ná pingin mhór faoi dhídean an tí nár chuir sé ann. D’ardaigh sé féin is Luach na Bó an chailleach leo gur chuireadar go daingean í. Chuaigh Luach na Bó an oíche sin aríst is chart sé an uaigh. Thug sé leis an máilín airgid ach níor chorraigh sé an chailleach. Bhí a fhios aige ná³⁵⁶ raibh níos mó airgid ag an deartháir saibhir.

³⁵⁵ Ls.: ‘na.’

³⁵⁶ Ls.: ‘na.’

Maidir leisean, níor lig an scanradh dhó corraí amach as an teach go ceann seachtaine le eagla go gcasfaí an chailleach leis. Nuair ' chuaigh an tseachtain thart, is nach bhfaca sé ag teacht í, ghlac sé misneach. Dúirt sé le Luach na Bó go gcaithfeadh sé a dhul ag breathnú ar a chuid talúna lá arna mhárach. Níor ba le Luach na Bó faillí nuair ' chuala sé sin. D'imigh sé an oíche sin, is thóg sé an chailleach aríst. Shocraigh sé suas ar dhroim bromach óg a bhí i stábla an deartháir shaibhir í.

Nuair ' bhí sin déanta aige, fuair sé seanchlaidheamh meirgeach a bhí crochta ar an mballa agus cheangail sé ina lámh é. Ar maidin lá arna mhárach dúirt an deartháir saibhir le Luach na Bó an diallaid a chuir ar an láir is í a thabhairt chuige.

Rinne sé sin, agus nuair ' fuair sé imithe tamall ón teach é, scaoil³⁵⁷ sé amach as an stábla an bromach, is an chailleach ar a dhroim agus an claidheamh ag léimneach suas is anuas ina lámh. Nuair ' d'airigh an láir an bromach 'na diaidh, sheas sí agus thosaigh sé ag seitreach. D'fhéach an deartháir saibhir thairis is céard a d'fheicfeadh sé ag teacht sna seala babhtaí ina dhiaidh ar dhroim an bhromaigh, ach an chailleach is an claidheamh dá chraitheadh suas is anuas ina lámh aici. Tiomáineann sé an láir chomh maith in Éirinn is 'b'fhéidir leis. Siúd an chailleach 'na dhiaidh. Faoi dheireadh sheas an láir. Siúd an bromach 's an chailleach de sciotán amach thar[s]tu. Nuair ' fuair an deartháir saibhir imithe thairis iad, iompaíonn sé an láir ar ais agus déanann sé ar an mbaile insna cosa in airde. Iompaíonn an bromach 's an chailleach 'na dhiaidh. Níor chónaigh an láir gur sheas sí ag doras an tí is séideán inti. Caitheann an deartháir saibhir é féin anuas dhi is titeann sé isteach ar an doras le teann uafáis.

Ní raibh Luach na Bó i bhfad as láthair, agus nuair ' chonaic sé na marcaigh ag teacht ar ais, ní rinne sé mórán moille go dtáinig sé chuig an teach. Bhí an láir 's an bromach sa stábla roimhe is an chailleach feistithe mar ' d'f[h]ág sé í. Nuair ' chuaigh sé isteach sa teach, fuair sé an deartháir saibhir i gcruith an bháis.

³⁵⁷ Ls.: 'sgaol.'

“Ó!” a deir sé, “an diabhal caillí sin a tháinig aríst is a shíl mé a mharú le claidheamh.³⁵⁸

Ní thabharfaidh sí aon tsuaim[h]neas choíche dom.”

“Níl a fhios agamsa,” a deir Luach na Bó, “nach ag iarraidh thú a dhíbirt as an áit atá sí.

Má níonn tú mo chomhairlese, fágfaidh tú do theach ’s do chuid talúna ag do dheartháir is cuirfidh tú fút in áit eicínt eile, agus feicfidh tú ansin nach mbeidh aon tóir aici ort níos mó.”

Bhí an deartháir saibhir chomh scanraithe is go ndéanfadh sé rud ar bith le fonn imeacht ón gcailleach. D’fhág sé féin agus a chomhluadar an teach lom láithreach. Thóg Luach na Bó an chailleach leis agus chuir sé í, agus níor éirigh sí ó shin ag cuir scanradh ar bhocht nó ar shaibhir, is ní éireoidh go Lá an Luain.

Thóg an deartháir bocht seilbh ar theach is thalamh an deartháir s[h]aibhir. Bhí seisean saibhir anois is an deartháir saibhir bocht. D’fhan Luach na Bó freis an fhad is ’ mhair sé agus mararbh fhiú Luach na Bó é, níorbh fhiú tada é.

³⁵⁸ Ls.: ‘le chlaidhimh.’

CAIBIDIL 21

21.0 Scéal 19. *Prince* Uilliam

Bhí dhá rí ann uair amháin – bhí triúr iníon ag rí acu is triúr mac ag an rí eile. Bhí an dá ríocht le ais a chéile, agus d’fheiceadh an mhuintir óga a chéile go minic. Badh é deireadh an scéil, gur thit mac is sine rí acu i ngrá le inín is sine an rí eile, thit an dara mac i ngrá leis an dara hinín agus an mac óg – *Prince* Uilliam – thit sé i ngrá leis an inín óg.

Bhí gabha insan áit agus níl aon lá nach gcaitheadh clann mhac an rí is fir óga na háite, seal ina cheárta[i]n ag bualadh an oird. Badh é *Prince* Uilliam an fear ab fhearr dhíob[h] go léir ag casadh an oird, ní raibh goir ag aon duine eile acu a bheith chomh maith³⁵⁹ leis, bhí sé níb’ fhearr ná an gabha féin.

Bhí go maith go dtí aon lá amháin a ndeachaigh triúr iníon³⁶⁰ an rí amach ag spaisteoireacht, chuaigh an lá thart gan iad a theacht ar ais. Bhuail imní an rí agus chuir sé daoine amach ar a dtóir. Thóraíodar soir, siar, síos, suas is tuairisc ná amharc níor bhfuairadar orthu. Is beag nach raibh triúr mac an rí as a gcéill ina ndiaidh. Níl aon lá nach dtéidís amach dá dtóraíocht, ach b’in é a raibh de mhaith dhóibh ann, chinn orthu iad a fháil.

Aon oíche amháin bhí brionglóid ag *Prince* Uilliam. B’fheic[th]ear dhó go raibh sé ar thóir triúr iníon an rí agus gurb é an áit³⁶¹ a ndeachadar uaidh síos i bpoll mór a bhí ar dhúiche a n-athar. Nuair ’ d’éirigh sé ar maidin, d’inis sé dá dheartháracha an bhrionglóid a bhí aige san oíche. Dúradar le chéile go ngabhfaidís ar thóraíocht an phoill, má bhí a leithéid ann. Thugadar leo lón lae is bliana is d’imíodar leo nó nár fhágadar cúinne ná cluais, gleann ná ardán insa ríocht gan tóraíocht ar lorg an phoill a chonaic *Prince* Uilliam ina bhrionglóid.

³⁵⁹ Ls.: ‘chomh mhaith.’

³⁶⁰ Ls.: ‘ingheana.’

³⁶¹ Ls.: ‘in áit.’

Faoi dheireadh, nuair ' bhí an lá is bliain suas, thángadar ar pholl a bhí ag dul caol díreach síos insa talamh, insa gcúinne ab fhaide as láthair den ríocht.

Dúradar leo féin go raibh sé acu sa deireadh.

D'fhéachadar síos insa bpoll ach bhí sé chomh dorcha nár léar dhóibh tada. Chuadar ansin is fuairadar seisear deilbheadóirí, nó fir a bhíodh ag déanamh rópaí, gur chaitheadar sin lá is bliain ag déanamh rópa a shroich síos go tóin an phoill.

Nuair ' bhí an rópa déanta, fuairadar cloigín is shocraíodar ar bhruach an phoill é, cheangladar an rópa dhe, a[r] nós³⁶² cébí [duine] a ghabhfadh síos insa bpoll, nach mbeadh aige ach stracadh beag a bhaint as an rópa, nuair ' theastódh uaidh a theacht aníos, agus go gcraithfeadh an cloigín. Nuair ' bhí chuile rud socraithe acu, dúirt an deartháir is sine go ngabhfadh sé féin síos ar dtús. Ceangladh an rópa dhe is ligeadh síos é, ach, ní dheachaigh sé ach timpeall le leath bealaigh nuair ' bhuail faitíos é. Bhain sé stracadh as an rópa is chraith an chloigín³⁶³ thuas. Tarraingeadh aníos é. Dúirt an dara deartháir go ngabhfadh sé féin síos. Ceangladh an rópa dhe is ligeadh síos é. Chuaigh seisear timpeall le dhá chuid den bhealach nuair ' bhuail faitíos é, is bhain sé stracadh as an rópa. Chraith an cloigín is tarraingeadh aníos é.

“Ligí mise síos,” a deir *Prince* Uilliam, “agus mo chrá is mo mhilleadh chugam má thagam ar ais choíche go ngabhfaidh³⁶⁴ mé go tóin poill is go bhfaighidh mé clann iníon an rí más beo, marbh iad. Téigíse abhaile,” a deir sé leis an mbeirt dearthár, “nuair ' ligfidh sibh mise síos agus tagaí anseo i gcionn lae is bliana. Má bhímse beo craithfidh mé an cloigín an lá sin, agus tarraingeoidh sibhse aníos an rópa.”

Ligeadar síos insa pholl ansin é is d'imíodar abhaile. Bhí sé ag dul síos síos go deo go ndeachaigh sé go tóin poill. Bhí sé chomh dorcha is nár léar dhó a láimh. Faoi dheireadh, nuair ' bhí taithí níos fearr ag a shúile ar an dorchadas, chonaic sé solas beag i bhfad

³⁶² Ls.: 'ionnus.'

³⁶³ Sa scéal seo, tá trí shampla den ainmfhocal seo agus é ina ainmfhocal firinsneach agus dhá shampla den ainmfhocal seo agus é ina ainmfhocal baininsneach.

³⁶⁴ Ls.: 'go ngabh.'

uaidh. Rinne sé ar an solas, is bhí sé ag siúl choíche is go deo go dtáinig sé go dtí teacháin beag. Chuaigh sé isteach. Is éard a bhí ann teach gréasaí.

“Céad fáilte romhat, a *Phrince* Uilliam,” arsa an gréasaí.

“Go maire tú,” arsa *Prince* Uilliam, “ach níl a fhios agam cén chaoi ar bhfuair tusa aithint orm.”

“Bhí togha aithne agam ort,” arsa an gréasaí, “agus ar do mhuintir romhat, ach is olc an t-aistir a thug do chosa anois thú, mar tá a fhios agam gurb ar thóir triúr iníon an rí a tháinig tú.”

“Is ea, muise,” arsa *Prince* Uilliam, “an bhféadfá aon tuairisc a thabhairt dom orthu?”

“Tá siad anseo ag triúr fathaigh mhóra, is is iad na fathaigh chéanna a sciob leo triúr iníon an rí a d’fhuadaigh leo mise ón ríocht uachtarach is a thug anseo mé le bheith ag obair dóibh,” arsa an gréasaí, “ach gabh a chodladh anois is cuirfidh mise teachtaire leat ar maidin amáireach go dtí caisleán an fhathaigh a bhfuil inín is sine an rí ann.”

Chuaigh *Prince* Uilliam a chodladh is ar maidin lá arna mhárach chuir an gréasaí teachtaire leis go dtí caisleán an fhathaigh. Nuair ’ chuaigh *Prince* Uilliam isteach, chonaic sé iníon an rí ina suí ar cathaoir, is í ag cíoradh a cinn. Chomh luath is ’ chonaic sí *Prince* Uilliam, d’aithin sí é is mhúch sí le póga, bháigh sí le deora é is thriomaigh³⁶⁵ sí le brat síoda is óir é. D’inis sí dhó go raibh an fathach amuigh ag baint choille is gu[r]³⁶⁶ gearr go mbeadh sé ar ais. Níor thúisce an focal ráite ná d’airíodar an fothram a bhí ag teacht aige is an choill ar a dhroim aige.

“Fú, fá, féasóg!³⁶⁷ Faighim boladh an Éireannach bhréagach bhradach. Is mór liom de ghreim é, is beag liom de dhá ghreim é, is níl a fhios agam céard a dhéanfas mé leis, muna ndéanfaidh mé pinse snaoisín dhe, nó é a chur de shéideog san aer.”

³⁶⁵ Ls.: ‘thiorma.’

³⁶⁶ Ls.: ‘go.’

³⁶⁷ Ls.: ‘Futh, fáth.’

“Dubh agus dúchan ort, a fhathach ghránna!” arsa *Prince* Uilliam, “ar ndóigh, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa. Ní le ceart ar bith a thabhairt duit ’ tháinig mise anseo, ach le chuile cheart is cóir a bhaint díot.”

“Cé acu is fearr leat,” a deir an fathach, “a dhul ag troid ar leacracha crua dearga, nó a dhul ag sá³⁶⁸ sceana glasa i mbarr easnacha a chéile?”

“Is fearr liom a dhul ag troid ar leacracha crua dearga in áit a mbeidh mo chosa geala míne in uachtar, is do chrága garbha in íochtar.”

D’ionsaíodar a chéile ansin, is bhíodar ag corraí³⁶⁹ a chéile is ag carraí³⁷⁰ a chéile, ag déanamh bogán den chruán, is cruán den bhogán, ag cur talamh garbh in uachtar, is talamh mín in íochtar, is ag tarraingt toibreacha fíoruisce aníos thríd an talamh glas, nó gur tháinig an tráthnóna, is dul ag an bhfathach ar *Prince* Uilliam. Tháinig spideoigín is sheas sí ar ghualainn *Prince* Uilliam.

“A *Prince* Uilliam,” a deir sí, “má mharaíonn an fathach mór gránna sin thú, níl fear do chaointe, nó bean do chaointe anseo, ach mise. Gabh,” a deir sí, “agus déan mar seo,” ag léimeacht dá ghualainn, is ag cuimilt a sciatháin de mhúineál an fhathaigh.

D’éirigh an fhuil uasal a bhí i *Prince* Uilliam suas go mullach a chinn. Thug léim siar ón bhfathach, tharraing sé leis an gclaidheamh go díreach ar an áit ar chuimil an spideog a sciathán, gur bhain sé an ceann ón gcolainn den fhathach. Bhí obair an lae sin déanta aige. Chaith sé féin agus iníon an rí an oíche sin ag cuir an tsaoil trína chéile. D’inis sí dhó go raibh a deirfiúr ag deartháir den fhathach a mharaigh sé an lá sin, agus go raibh a chaisleán tamall uathu. Ar maidin lá arna mhárach, chuaigh *Prince* Uilliam ar a thóir. Nuair ’ chuaigh sé isteach, fuair sé dara iníon an rí ina suí ar chathaoir, is í ag cíoradh a cinn. Nuair ’ chonaic sí *Prince* Uilliam, d’aithin sí é. Chuir sí fáilte agus fiche roimhe. Mhúch sí le póga é, bháigh sí le deora é, is thriomaigh³⁷¹ sí le brat síoda is óir é. D’inis sí

³⁶⁸ Ls.: ‘a sáith.’

³⁶⁹ Ls.: ‘corraigh.’

³⁷⁰ Ls.: ‘carraigh.’

³⁷¹ Ls.: ‘thiorma.’

dhó go raibh an fathach amuigh ag baint choille, is gu[r]³⁷² gearr go mbeadh sé ar ais. Níorbh fhada dhóibh gur airíodar an fothram ag teacht aige agus coill mhór ar a dhroim. “Fú, fá,³⁷³ féasóg! Faighim boladh an Éireannach bhréagach bhradach. Is mór liom de ghreim é, is beag liom de dhá ghreim é, is níl a fhios agam céard a dhéanfas mé leis muna ndéanfaidh mé pinse snaoisín, nó é a chur de shéideog san aer.”

“Drochrath shíoraí ort, a fathach mhór ghránna! Ar ndóigh, ní le ceart ar bith a thabhairt duit ’ tháinig mise anseo, ach le chuile cheart is cóir a bhaint díot,” a deir *Prince* Uilliam.

“Cé acu is fearr leat,” a deir an fathach, “a dhul ag troid ar leacracha crua dearga, nó ag sá³⁷⁴ sceana glasa i mbarr easnacha a chéile?”

“Is fearr liom a dhul ag troid ar leacracha crua dearga,” a deir *Prince* Uilliam, “in áit a mbeidh mo chosa geala míne in uachtar, is do chrága móra garbha in íochtar.”

D’ionsaíodar a chéile ansin is bhíodar ag corrú³⁷⁵ a chéile is ag carrú³⁷⁶ a chéile, gur tháinig an tráthnóna, is an fathach ag fáil an láimh in uachtar³⁷⁷ ar *Prince* Uilliam.

Tháinig an spideoigín aríst is sheas sí ar ghualainn *Prince* Uilliam, is dúirt sí:

“A *Prince* Uilliam, má mharaíonn an fathach mór gránna sin thú, níl fear do chaointe, ná bean do chaointe anseo, ach mise. Gabh agus déan mar seo,” ag léimeacht dá ghualainn, is ag cuimilt barr a sciatháin de mhúineál an fhathaigh.

D’éirigh an fhuil uasal a bhí i *Prince* Uilliam go mullach a chinn. Ní rinne sé ach léim a thabhairt ar a chúl, is tarraingt lena chlaidhimh ar an bhfathach, gur chuir sé a cheann ag feadaíl ag dul suas, is ag crónán ag teacht anuas. Bhí obair an lae sin déanta aige. Chaith sé féin is iníon an rí an oíche ag caint ’s ag comhrá, is ag cuir an tsaoil trína chéile. Ar maidin lá arna mhárach, thug sí tuairisc dó cá raibh an fathach eile ina chónaí a raibh a

³⁷² Ls.: ‘go.’

³⁷³ Ls.: ‘Fúth, fáth.’

³⁷⁴ Ls.: ‘sáith.’

³⁷⁵ Ls.: ‘corradh.’

³⁷⁶ Ls.: ‘carradh.’

³⁷⁷ Ls.: ‘uachtair.’

b[h]ean féin aige, inín is óige an rí. Dá mhéad³⁷⁸ fonn dá raibh air ag dul ar thóir an bheirt eile, bhí a sheacht n-oiread air ag dul ar a tóir sise. Agus dá mhéad³⁷⁹ fáilte dá raibh ag an mbeirt eile roimhe, bhí a sheacht n-oiread aicise roimhe nuair ' tháinig sé isteach sa chaisleán go dtí í.

Bhí an fathach imithe amach ag baint choille ar nós na beirte eile, ach, má bhí, níorbh fhada gur airíodar an fothram ag teacht aige, is an choill ar a dhroim.

“Fú, fá,³⁸⁰ féasóg! Faighim boladh an Éireannach bhréagach bhradach. Is mór liom de ghreim, is is beag liom de dhá ghreim é, is níl a fhios agam céard a dhéanfas mé leis, muna gcuirfidh mé de shéideog san aeir é.”

“Bascadh is bearna ort, a fhathach mhór ghránna!” arsa *Prince* Uilliam, “ar ndóigh, ní dhéanfaidh tú ceachtar acu liomsa. Ní le ceart ná cóir ar bith a thabhairt duit ' tháinig mise anseo, ach le chuile cheart is cóir a bhaint díot.”

“Cé acu is fearr leat,” a deir an fathach, “a dhul ag troid ar leacracha crua dearga, nó a dhul ag sá sceana glasa i mbarr [e]asnacha a chéile?”

“Is fearr liom a dhul ag troid ar leacracha crua dearga in áit a mbeidh mo chosa geala míne in uachtar, is do chrága móra garbha in íochtar,” a deir *Prince* Uilliam.

D'ionsaíodar a chéile go cíocrach is bhíodar ag déanamh cruán den bhogán, is bogán den chruán go dtáinig an tráthnóna, is an fathach ag fáil an lámh in uachtar.³⁸¹ Tháinig an spideoigín is sheas sí ar ghualainn *Phrince* Uilliam.

“A *Phrince* Uilliam,” a deir sí, “má mharaíonn an fathach mór gránna sin thú, níl fear do chaointe ná bean do chaointe anseo, ach mise. Ach,” a deir sí, “ná lig dó thú a mharú. Déan mar seo leis,” ag éirí, agus ag cuimilt barr a sciatháin de mhúineál an fhathaigh. D'éirigh an fhuil uasal a bhí i *bPrince* Uilliam suas go mullach a chinn. Thug sé léim amach ón bhfathach, is tharraing sé buille den chlaidhimh i gcoinc an mhúiníl air, a chuir

³⁷⁸ Ls.: ‘Dá bhfeud.’

³⁷⁹ Ls.: ‘dá bhfeud.’

³⁸⁰ Ls.: ‘Fúth, fáth.’

³⁸¹ Ls.: ‘uachtair.’

a cheann ag feadaíl san aer. Nuair ' shíl an ceann a theacht ar an gcolainn chéanna aríst, tharraing *Prince* Uilliam buille eile air a chuir seacht fichead péirse sa choill é. Bhí obair an lae sin déanta aige. D'fhan sé féin is inín is óige an rí ag caint 's ag comhrá i dtigh an fhathaigh an oíche sin. Ar maidin lá arna mhárach, d'imigh an bheirt acu ag triall ar dhara inín an rí. Chaitheadar an oíche sin ansin. Ar maidin lá arna mhárach, d'imigh an triúr acu ag triall ar inín is sine an rí. Chaitheadar ansin go raibh an lá is bliain thuas. Nuair ' bhí an lá is [an] bhliain thuas, bhailíodar leo gach ar fhéadadar de shaibhreas na bhfathaigh is chuadar go dtí teach an ghréasaí. D'fhág *Prince*³⁸² Uilliam an gréasaí ina oidhre ar an ríocht íochtarach fré chéile, agus ar gach ar fhágadar de shaibhreas na bhfathaigh. Chuadar ansin go dtí an poll a bhí ag dul suas go dtí an ríocht uachtarach. Tharraing *Prince* Uilliam an téad, chraith an cloigín³⁸³ thuas ar bhruach an phoill. Bhí na deartháracha ansin is ligeadar síos an rópa is an buicéad. D'iarr triúr iníon an rí ar *Prince* Uilliam a dhul suas ar dtús.

“Go deimhin, ní rachad,” a deir sé, “tar éis ar bhfuair mé d'anró dá dtabhairt go dtí seo, níl mé ag dul dá bhfágáil go bhfeicfidh mé slán ag bhur n-athair sibh. Agus, ní bheidh sé le rá choíche liom gur shábháil mé mé féin ar dtús, is gur fhág mé mná i gcontúirt.”

Chuaigh inín is sine an rí sa mbuicéad ar dtús, is tarraingeadh suas í. Scaoileadh an buicéad anuas aríst is chuaigh dara inín an rí ann. Nuair ' bhí an buicéad dá tharraing[t] suas, dúirt an inín óg le *Prince* Uilliam go mb'fhearr dhóibh fanacht sa ríocht íochtarach, go mbeadh a ndóthain choíche acu, is gan bacadh le dhul abhaile. Dúirt *Prince* Uilliam nach bhfanfadh, ó thug sé slán go dtí sin í, nach scarfadh sé léi go bhfágfadh sé slán sábháilte ag a hathair insa ríocht uachtarach í. Nuair ' tháinig an buicéad anuas, dúirt inín an rí le *Prince* Uilliam a dhul suas ar dtús. Dúirt sé nach rachadh, nach bhfágfadh sé ise i gcontúirt.

³⁸² Ls.: 'Prinse.' Tá mise tar éis 'Prinse' a leasú go 'Prince' agus an leasú céanna curtha i bhfeidhm agam ar an litriú seo sa chuid eile den scéal seo.

³⁸³ Ls.: 'an chloigín.'

“Nuair nach bhfuil tú ag dul suas,” a deir sí, “seo dhuit an fáinne seo is b’fhéidir, nuair ’ bheifeá i ngéarchall, go gcuimhneofá ormsa, lá is faide as láthair ná an lá inniu. Agus anois,” a deir sí, “nuair ’ ghabhfas mise suas, is ’ thiocfas an buicéad anuas chugatsa, ná téirigh suas an chéad uair ann, ach líon le clocha³⁸⁴ é, is lig suas é.”

Tarraingeadh suas ansin í is ligeadh anuas an buicéad arís. Líon *Prince* Uilliam le clocha é, mar ’ dúirt inín an rí leis, is tarraingeadh suas é, ach, ní raibh sé ach timpeall le leath bealaigh³⁸⁵ nuair ’ ghearr na deartháracha an téad, is ’ scaoileadar an buicéad, is a raibh ann síos go tóin poill. Shíleadar go raibh *Prince* Uilliam ann, is go marófaí é.

Nuair ’ thit an buicéad anuas, is ea, chonaic *Prince* Uilliam cén feall a bhíodar le n-imirt air. Dúirt sé leis féin ansin go bhfanódh sé faoi bhéal an phoill go bhfaigheadh sé bás leis an ocras. Ní thiúrfadh sé le rá don ghréasaí go dtiocfadh sé ar ais aríst ag iarraidh aon cheo dár bhronn sé cheana air. D’fhan sé ansin ag siúl anonn ’s anall faoi bhéal an phoill, go raibh sé ag titim as a sheasamh leis an ocras. Aon lá amháin, nuair ’ shíl sé éirí, thit sé siar aríst in aghaidh an bhalla, is scríob³⁸⁶ sé an lámh a raibh fáinne inín an rí uirthi dhe. Níor airigh sé aon ní gur labhair iolrach mór os a chionn.

“Céard atá uait, a mháistir?” a deir sí.

D’fhéach *Prince* Uilliam go hiontach suas os a chionn.

“Céard atá uait, a mháistir?” a deir an t-iolrach.

“B’fhéidir go bhféadfá bia a thabhairt chugam,” a deir *Prince* Uilliam, “tá mé ag fáil bháis leis an ocras.”

D’imigh an t-iolar is níorbh fhada go dtáinig sí ar ais, is scaraid ina crúba aici. Bhí an oiread bia ar an scaraid sin, is a shásódh céad fear. Nuair ’ d’ith is ’ d’ól *Prince* Uilliam a shá[i]th, d’ardaigh an t-iolar an scaraid léi aríst ina crúba.

³⁸⁴ Ls.: ‘le chlochaibh.’

³⁸⁵ Ls.: ‘bealadh.’

³⁸⁶ Ls.: ‘sgríobh.’

Ó bhí a fhios ag *Prince* Uilliam anois cén mhaith a bhí insa bhfáinne a fuair sé ó inín an rí – mar ná raibh aimhreas ar bith aige nárbh é a thug an t-iolar chuige – níor ba leis faillí a dhéanamh gan úsáid a dhéanamh dhe. Chuimil sé den bhalla é, agus ba gearr gur labhair an t-iolar os a chionn.

“Céard atá uait, a mháistir?” a deir sí.

“B’fhéidir go bhféadfá mé a thabhairt don ríocht uachtarach,” a deir *Prince* Uilliam.

“Tá sé chomh furasta dhomsa é sin a dhéanamh,” a deir an t-iolar, “le gob a chuir in do shúil agus an tsúil a bhaint asat. Ach, anois,” a deir an t-iolar, “nuair ’ bheas mise i ngar dá bheith thuas, is ’ gheobhas mé gaoth an ríocht uachtarach, ní fhanóidh glug ná glag ionam. Má bhíonn sé de rath ortsa an uair sin léimeacht agus beireacht ar bhruach an phoill, is mise a tharraingt suas i ngreim sciatháin, beidh an lá linn.”

“Féachfaidh mé leis,” a deir *Prince* Uilliam.

“Gabh ar mo dhroim anois,” a deir an t-iolar.

Chuaigh. Bhíodar ag dul suas, suas go deo, gur bhuaileadar gaoth an ríocht uachtarach. Ní rinne *Prince* Uilliam ach éirí de léim, is breith ar bhruach an phoill. Rug sé ar sciatháin an iolair leis an lámh eile, is tharraing sé ar an talamh uachtarach í.

“Maraigh trí chaora dhom anois,” a deir an t-iolar.

Mharaigh. D’ith sí péire acu is thug sí léi an ceann eile síos chun an ríocht íochtarach.

D’imigh *Prince* Uilliam ansin, is níor chónaigh sé go ndeachaigh sé chomh fada le ceárta an ghabha a mbíodh sé ag obair dó, sul ’ chuaigh sé don ríocht íochtarach. D’fhiafraigh sé den ghabha an dtiúrfadh sé obair dhó.

“Ní theastaíonn aon fhear oibre uaim,” a deir an gabha,³⁸⁷ “ó d’imigh *Prince* Uilliam, níor thóg mé aon nduine ina áit ó shin, is ní thógfad, óir,³⁸⁸ níor casadh aon nduine orm ó shin a bhí in ann ord a chasadh chomh maith leis.”

³⁸⁷ Ls.: ‘an ghabha.’

³⁸⁸ Ls.: ‘ór.’

“Tabhair dom obair go ham bricfeasta,” a deir *Prince* Uilliam, “agus muna saothraí mé mo bhricefeasta, is féidir leat mé a chur ar siúl.”

“Tá go maith,” a deir an gabha.

Chuaigh *Prince* Uilliam ag obair. Sheas an gabha tamall ag breathnú air.

“Dar mo choinsias,” a deir sé faoi dheireadh, “ní fhaca mé aon nduine ag casadh an oird sin chomh maith leat ó d’imigh *Prince* Uilliam. Is féidir leat fanacht agam chomh fada is is mian leat.”

Tharla gur chuir inín is sine an rí fios ar an ngabha lá. Nuair ’ chuaigh sé chomh fada leis an gcaisleán, dúirt sí:

“Caithfidh tú,” ar sise, “coróin airgid a dhéanamh dhom mar ’ bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a bhí agam sa ríocht íochtarach. Agus,” a deir sí, “muna mbeidh sí agat anseo ar an am seo amáireach, beidh an ceann le cailleadh agat.”

Chuir an gabha scréach as agus thosaigh sé ag bualadh a chuid bosa faoi chéile. Chuala Máire sa mbaile an scréach a chuir sé as is bhí sí ag teacht roimhe ar an mbealach.

“Ara a Thomáis chroí, céard sin ort?” a deir sí, nuair ’ c[h]onaic sí ag bualadh na mbos faoina chéile é.

D’inis sé dhi mar ’ d’ordaigh inín an rí dhó coróin airgid a dhéanamh dhi, mar ’ bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a bhí aici sa ríocht íochtarach.

“Agus,” a deir sé, “cá bhfios domsa le í sin a dhéanamh?”

Níorbh fhéidir léi foighid ná stad a chuir ann, ní ghabhfadh [sé] ag ithe béilí ná eile. Bhuail sé leis amach sa cheárta[i]n, is é ag greadadh na mbosa faoina chéile.

“Céard sin ort, a gabha?” a deir *Prince* Uilliam.

D’inis sé dhó.

“Gabh agus ith do bhricefeasta, ar chaoi ar bith,” a deir *Prince* Uilliam, “is beidh mise ag plé leis seo go dtaga³⁸⁹ tú.”

³⁸⁹ Ls.: ‘go dtagadh.’

D'imigh an gabha amach ansin is chomh luath in Éirinn is ' fuair *Prince* Uilliam imithe é, chuimil sé an fainne den bhalla, is ba gearr gur tháinig an t-iolar chuige.

"Céard atá uait, a mháistir?" ar sise.

"Téirigh agus tabhair chugam an choróin a bhí ar mhullach an fhathaigh a bhí ag inín is sine an rí insa ríocht íochtarach, is bí ar ais anseo aríst sul mar ' bheas a bhricfeasta ite ag an ngabha."

D'imigh an t-iolar³⁹⁰ is ba gearr an mhoill a bhí uirthi³⁹¹ go raibh sí³⁹² ar ais aríst, agus an choróin ina chrúba aige. Nuair ' tháinig an gabha ar ais, shín *Prince* Uilliam an choróin aige.

"Seo," a deir sé, "féach é seo a rinne mise ó d'imigh tú. B'fhéidir go ndéanfadh sé na gnaithe dhuit."

"Ó, is tú an fear is fearr a chonaic mé ariamh," a deir an ngabha, "déanfaidh sé seo na gnótha go ceart."

Bhí an oiread gliondair is áthais air gur ardaigh sé leis chun inín an rí lom láithreach í. Nuair ' chuala an dara hinín go rinne an gabha coróin dá deirfiúr, chuir sí féin fios air. Nuair ' tháinig sé ina láthair, dúirt sí:

"Caithfidh tú coróin airgid a dhéanamh dhomsa mar ' bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a bhí agam sa ríocht íochtarach, is mara mbeidh sí agat anseo ar maidin amáireach, beidh an ceann le cailleadh agat."

Bhuail an gabha a dhá bhois faoi chéile, is chuir sé scréach as a chuala Máire sa mbaile.

Bhí sí ag teacht ar an mbealach roimhe.

"Ara a Thomáis chroí! Céard atá ort?" a deir sí, nuair ' casadh léi é.

³⁹⁰ Is léir ón abairt seo gur ainmfhocal fírinseach é 'iolar' cé go bhfuil forainm baininscneach ag tagairt siar don ainmfhocal céanna. Anuas air seo, úsáideann an scéalaí an leagan 'iolrach' mar ainmneach sa scéal seo freisin.

³⁹¹ Ls.: 'air.'

³⁹² Ls.: 'sé.'

“Ó, dara inín an rí,” a deir sé, “a dúirt liom coróin airgid a dhéanamh dhi mar ’ bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a bhí aici sa ríocht íochtarach, nó go mbeadh an ceann le cailleadh agam.”

Thosaigh air ag greadadh na mbos aríst, is níor stad sé dhe go dtáinig sé chomh fada leis an gceárta[i]n. D’fhiafraigh *Prince* Uilliam dhe céard a bhí air. D’inis an gabha dhó.

“Agus cá bhfios domsa,” a deir sé, “cén sórt coróin a bhí air?”

“Gabh ag ithe do bhéilí ar chaoi ar bith,” a deir *Prince* Uilliam, “is beidh mise ag láimhseáil leis seo go dtaga³⁹³ tú.”

Bhí muinín ag an ngabha as *Prince* Uilliam anois agus chuaigh sé amach.

Chomh luath is ’ fuair *Prince* Uilliam imithe é, chuimil sé an fáinne den bhalla. Níorbh fhada go dtáinig an t-iolar.

“Céard atá uait, a mháistir?” a deir sí.

“Gabh agus tabhair chugam an choróin airgid a bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a bhí ag dara inín an rí insa ríocht íochtarach, is bí ar ais anseo sul mar ’ bheas a bhéilí ite ag an ngabha.”

Bhailigh an t-iolar léi is is gearr a bhí sí imithe, nuair ’ tháinig sí ar ais is an choróin ina crúba aici.

Nuair ’ tháinig an gabha ar ais, shín *Prince* Uilliam an choróin chuige.

“Seo,” a deir sé, “féach í seo a rinne mise an fhaid is ’ bhí tú amuigh. B’fhéidir go ndéanfadh sí na gnaithe dhuit.”

“Is tú an fear is fearr a chonaic mé ariamh,” a deir an gabha, “muna ndéanfaidh sí seo na gnaithe dhi, is deacair í a shásamh.”

D’ardaigh sé leis í go gliondarach chuig inín an rí.

“Is maith an fear ceirde thú,” a deir sí, “is tá mé buíoch dhíot.”

³⁹³ Ls.: ‘go dtagadh.’

Nuair ' chuala an inín is óige go rinne an gabha dhá choróin dá beirt deirfiúr, chuir sí féin fios air.

“Chuala mé,” a deir sí leis an ngabha, “go rinne tú coróin airgid de chaon nduine de mo bheirt deirfiúr. Déan coróin óir domsa mar ' bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a raibh mé freis sa ríocht íochtarach, agus,” a deir sí, “caillfidh tú do cheann muna mbeidh sí agat anseo ar maidin amáireach.”

Thosaigh an gabha ag gabháil dá bhosa faoi chéile, is chuir sé béice³⁹⁴ as a chuala Máire sa mbaile.

“Ara, céard sin anois ort?” a deir sí.

D'inis sé dhi gurb í inín is óige an rí a d'ordaigh dhó coróin óir a dhéanamh, mar ' bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a bhí aici sa ríocht íochtarach.

“Agus cá bhfios domsa le coróin óir a dhéanamh?” a deir an gabha.

Bhí Máire dhá bhladar³⁹⁵ go dtángadar chomh fada leis an gceárta[i]n. Chuaigh an gabha isteach is d'inis sé dá fhear oibre an trioblóid a raibh sé ann.

“Téirigh ag ithe do bhricfeasta ar chaoi ar bith,” a deir *Prince* Uilliam, “is beidh mise ag obair anseo go dtaga³⁹⁶ tú.”

Bhí an gabha lántsiúráilte anois go ndéanfadh a fhear oibre an choróin, is d'fhág sé an cheárta láithreach. Chomh luath is ' bhí sé imithe, chuimil *Prince* Uilliam an fainne den bhalla. Níorbh fada go dtáinig an t-iolar.

“Céard atá uait, a mháistir?” a deir sí.

“An choróin óir a bhí ar mhullach an fhathaigh mhóir a bhí ag inín is óige an rí insa ríocht íochtarach, agus bí ar ais anseo léi sul mar ' bheas a bhricfeasta ite ag an ngabha,” a deir *Prince* Uilliam.

³⁹⁴ Ls.: ‘béicidh.’

³⁹⁵ Ls.: ‘dhá bhladair.’

³⁹⁶ Ls.: ‘go dtagadh.’

D'imigh an t-iolar, is níorbh uirthi ab fhaillí go dtáinig sí ar ais is an choróin óir ina crúba aici. Nuair ' tháinig an gabha isteach tar éis a bhricfeasta, thug *Prince* Uilliam an choróin dó. Ba bheag nach ndeachaigh an gabha amach as a chraiceann le neart áthais is gliondair, nuair ' chonaic sé an choróin óir. Ní rinne stad ná cónaí go dtug sé chuig inín is óige an rí í. Chomh luath is ' chonaic sise an choróin, d'aithin sí í, is bhí a fhios aici nárbh fhéidir le aon nduine í a fháil, ach le *Prince* Uilliam, agus go raibh sé in áit eicint ar an talamh uachtarach.

“An bhfuil aon nduine ag obair sa cheárta leat?” a deir sí leis an ngabha.

“Tá,” a deir an gabha, “is ó d'imigh *Prince* Uilliam, ní fhaca mé ó shin fear atá in ann ord a chasadh chomh maith leis.

“An bhfuil sé i bhfad ag obair in éineacht leat?” a deir sí.

D'inis an gabha dhi. Bhí a fhios aici ansin gurb é *Prince* Uilliam a bhí ann.

D'ordaigh sí an cóiste ba bhreácha a bhí ag an rí a fháil i gcóir, is chuir sí seirbhíseach i gcoinne an fhir oibre a bhí ag an ngabha. Nuair ' tháinig an cóiste chuig doras na ceártan, thug *Prince* Uilliam isteach an seirbhíseach is thug sé neart le n-ithe is le n-ól dó. Chuir sé gairm scoile amach ar ghasúir an bhaile,³⁹⁷ gur chuir sé ag bailiú bualtrach bó iad, nó gur thugadar leathlíonadh ar an gcóiste leis. Bhí an seirbhíseach ar leathmheisce nuair ' thug *Prince* Uilliam amach go dtí an cóiste é, is chuir sé ina shuí ina áit é, ag tiomáint na gcapall. Shíl mo dhuine bocht go raibh an fear a tháinig sé ag iarraidh istigh insa chóiste. Bhí inín an rí ag faire amach tríd an bhfuinneog go bhfaca sí an cóiste ag teacht. Rith sí amach go dtí an geata is nuair ' sheas na capaill, d'oscail sí doras an chóiste, ach, in ionad *Prince* Uilliam a theacht amach as, thit a raibh de bhualtrach ann anuas ina mullach, gur milleadh a cuid éadaigh fréna chéile. Lá arna mhárach aríst, chuir sí seirbhíseach eile is cóiste ina choinne. Chuir seisean gairm scoile eile amach ar ghasúir an bhaile, gur líonadar an cóiste suas leath le clocha beaga. Thug sé neart ithe is óil don tseirbhíseach

³⁹⁷ Ls.: ‘ar ghasúir abhaile.’

ar chaoi gur shíl sé, nuair ’ bhí sé ag tiomáint na gcapall abhaile tráthnóna, go raibh an té a cuireadh ina choinne é istigh insa chóiste aige. Bhí inín an rí ag faire mar ’ bhí sí an lá roimhe sin, is nuair ’ chonaic sí an cóiste ag teacht, chuaigh sí amach ag oscailt an dorais. Ach ’ leaba *Prince* Uilliam a theacht amach chuici, thit a raibh de c[h]locha beaga ann anuas insna cosa uirthi.

“Is fíor sin,” a deir sí, “mo leathdhóthain spídiúlacht níl *Prince* Uilliam a thabhairt domsa. Tar éis ar fhulaing sé ar mo shon, nárbh fhiú liom féin a dhul ’na choinne?”

Ghléas sí suas í féin insa gculaith éadaigh ba bhreácha a bhí aici ar maidin lá arna mhárach, is thiomáin léi í féin go dtí an ceárta. Chuir sí a dhá lámh timpeall *Prince* Uilliam is thug sí léi amach go dtí an cóiste é. Thiománadar abhaile go lánáthasach. Nuair ’ chuala athair *Prince* Uilliam cén feall a shíl a bheirt dearthár a dhéanamh air, dúirt sé go ndíbreodh sé ar siúl iad is nach dtiúrfadh sé aon cheo dá mhaoin choíche dóibh. Dúirt *Prince* Uilliam leis gan a ndíbirt, ná raibh aon ní aige féin ’na n-aghaidh, gur mhaith sé dhóibh gach a ndearnadar air. Dúirt sé leis an rí trí chuid díreach a dhéanamh den ríocht eatarthu. Mar sin a rinne. Pósadh³⁹⁸ *Prince* Uilliam is a bheirt dearthár le triúr iníon³⁹⁹ an rí eile, agus chaitheadar go léir beatha shéanmhar chairdiúil in aice a chéile.

³⁹⁸ Ls.: ‘Phósadh.

³⁹⁹ Ls.: ‘inghine.’

Aguisín 1

Liosta foilseachán Úna Ní Chualáin⁴⁰⁰

Gan údar, 1903. ‘An ‘Héró’ nó Bád Ned Bháin (‘Paits Ó hIarnáin a chas’),’ *An Claidheamh Soluis*, 1 Lúnasa 1903, 2.

Gan údar, 1906. ‘Scéalaidheacht an Oireachtais: An Eala Bhán, Rí na Sléibhte Gorma, Eibhidon, Mánuis Áiméan, Cat a’ Mhuilleora,’ *An Claidheamh Soluis*, 26 Bealtaine 1906, 3-4.

Ní Chualáin, Úna, 1908. ‘Comhairle do Ghaedhlaibh,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, Aibreán, Bealtaine 1908, 165-72, 215-21.

Nic Fhualáin, Úna, 1908. ‘An Clár Dhá Theangadh,’ *An Claidheamh Soluis*, 6 Meitheamh 1908, 5-6.

Ní Chualáin, Úna, 1908. ‘Chum Glóire Dé agus Onóra na hÉireann: Comhairle do Oidíbh Sgoile,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, Deireadh Fómhair, Samhain 1908, 429-35, 488-92.

Nic Fhualáin, Úna, 1909. ‘An Comhrac,’ *An Claidheamh Soluis*, 27 Feabhra 1909, 5.

Nic Fhualáin, Úna, 1909a. ‘Na Gaedhil-Ghail,’ *An Claidheamh Soluis*, 27 Márta 1909, 5.

Nic Fhualáin, Úna, 1909. ‘Déantúisí na hÉireann agus “Shopping by Post.”’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, Aibreán 1909, 153-8.

Nic Fhualáin, Úna, 1909a. ‘An Eitinn: Céard is Féidir Linn a Dhéanamh le Congnamh a Thabhairt chun an Galar a Ruaigeadh as an Tír,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, Meitheamh 1909, 249-57.

Nic Fhualáin, Úna, 1910. ‘Cómhrádh le Cailínibh na hÉireann,’ *An Claidheamh Soluis*, 10, 24 Nollaig 1910, 10, 10.

Nic Fhualáin, Úna, 1911. ‘Cómhrádh le Cailínibh na hÉireann,’ *An Claidheamh Soluis*, Eanáir 14, Feabhra 11 1911, 6, 6.

Nic Fhualáin, Úna, 1911. ‘Gaedhilgeoireacht,’ *An Claidheamh Soluis*, 1 Aibreán 1911, 5.

Nic Fhualáin, Úna, 1911a. ‘Turas na Cunga,’ *An Claidheamh Soluis*, 16 Meán Fómhair 1911, 4-5.

Nic Fhualáin, Úna, 1912. ‘Mo Chéad Oidhche i gColáiste,’ *An Claidheamh Soluis*, 6 Eanáir 1912, 4-5.

Nic Fhualáin, Úna, 1914. ‘An tAos Óg,’ *An Claidheamh Soluis*, 3 Eanáir 1914, 2.

⁴⁰⁰ Coinnítear an bunlitriú mar a fhaightear sna bunfhoinsí é.

Níc Fhualáin, Úna, 1914. ‘An Claidheamh i nÁrainn [litir],’ *An Claidheamh Soluis*, 21 Feabhra 1914, 9.

‘Bárr Aille,’ 1924, ‘Leigheas ar an Leisgeamhlacht,’ *An Stoc*, Aibreán 1924, 4.

‘Bárr Aille,’ 1924a. ‘An tAsal a Chuidh ar Seachrán,’ *An Stoc*, Bealtaine 1924, 3.

Liosta Foinsí

Foinsí Foilsithe

Becker, Heinrich (eag.), 1997. *I mBéal na Farraiige: Scéalta agus Seanchas faoi Chúrsaí Feamainne ó Bhéal na nDaoine*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Bergin, Osborn, 1931. *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis: Séathrún Kéitinn do sgríobh/ The Three Shafts of Death by Geoffrey Keating, D. D.*. 2. Eag. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.

Breathnach, Pól (eag.), 2001. *Seosamh Ó Flátharta, Inis Oírr (Joseph Tom Pheadair, 1916-2001): Scéalta agus Seanchas*. Uachtar Ard: Open Ear Productions. (Bailiúchán dlúthdhioscaí).

Brennan Harvey, Clodagh, 1992. *Contemporary Irish Traditional Narrative: The English Language Tradition*. Berkely agus Los Angeles: University of California Press.

Briody, Mícheál, 2005. 'Publish or Perish: The Vicissitudes of the Irish Folklore Institute,' *Ulster Folklife* 51, 10-33.

Briody, Mícheál, 2009. 'An tAthair Pádraig Ó hEaráin: Bailitheoir Ceannródaíoch Béaloideas nár Bhláthaigh,' *Béascna* 5, 123-134.

Briody, Mícheál, 2012. 'Ar Scáth a Chéile: Coimisiún Béaloideas Éireann agus Lámhscríbhinní Iarchlasaiceacha na Gaeilge,' in: Ó Cadhla, Stiofán agus Ó Giolláin, Diarmuid (eagí.) *Léann an Dúchais: Aistí in Ómós do Ghearóid Ó Crualaoich*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 50-63.

'Clann Chonchobhair,' 1884. [Litir chuig an eagarthóir], *Irisleabhar na Gaedhilge*, 2(19), 222-3.

'Clann Chonchobhair,' 1885. 'The Sounds and Letters of the Irish Language. IX,' *Irisleabhar na Gaedhilge*, 2(22), 310-1.

'Clann Chonchobhair,' 1886. 'Comhrádh Ceathrar Ban,' *Irisleabhar na Gaedhilge*, 2(24), 381.

'Clann Chonchobhair,' 1887. 'Sgeul Sheáin M[h]ic Bradáin,' *Irisleabhar na Gaedhilge*, 3(25), 1-4.

'Clann Chonchobhair,' 1887a. 'Sgeul Sheáin M[h]ic Bradáin,' *Irisleabhar na Gaedhilge*, 3(28), 58-61.

'Clann Chonchobhair,' 1887b. 'Vocabulary and Errata to the First Part of Sgeul Mhic Bradáin,' *Irisleabhar na Gaedhilge*, 3(26), 23-4.

'Clann Chonchobhair,' 1889. [Litir chuig an Eagarthóir], *Irisleabhar na Gaedhilge*, 3(31), 100.

Corlett, Christiaan, 2012. *Jane W. Shackleton's Ireland*. Corcaigh: The Collins Press.

- Coxhead, Elizabeth, 1961. *Lady Gregory: A Literary Portrait*. Nua-Eabhrac: Harcourt, Brace & World, Inc.
- de Bhaldraithe, Tomás, 1953. *Gaeilge Chois Fhairrge: An Deilbhíocht*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- de hAe, Risteárd (eag.), 1940. *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge 1850-1936: III Prós i dTréimhseacháin*. Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foillseacháin Rialtais.
- de hAe, Risteárd agus Ní Dhonnchadha, Brighid (eagí.), 1939. *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge 1850-1936: II Filidheacht i dTréimhseacháin*. Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foillseacháin Rialtais.
- Dillon, Myles, 1939. 'An Aran Folktale,' *Éigse* 1, 7-13, 305.
- Dillon, M[yles], 1939a. 'Notes from Inishmaan,' *Éigse* 1, 210-12.
- Dillon, Myles (eag.), 1945. 'Na Ceathramhna Bréagacha,' *Éigse* 4, 15-6.
- Dillon, Myles, 1945a. 'Notes from Inishmaan,' *Éigse* 4, 206-9.
- Dillon, Myles (eag.), 1969/70. 'An Saighead,' *Éigse* 13, 186-7.
- Dillon, Myles, 1971. *There was a King in Ireland ...: Five Tales from Oral Tradition*. Austin and London: University of Texas Press (for the Texas Folklore Society).
- Dillon, Myles, 1971a. 'Irish *Púirín* 'Hen-house,' *Celtica* 9, 190.
- Dineen, Patrick S. (eag.), 1927. *Foclóir Gaedhilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: Irish Texts Society.
- Dirrane, Bridget, 1997. *A Woman of Aran: The Life and Times of Bridget Dirrane*. Baile Átha Cliath: Blackwater Press.
- Dottin, Georges, 1893. 'Études sur le Pronunciation Actuell d'un Dialecte irlandais,' *Revue celtique* 14, 97-136.
- Dottin, Georges, 1899. 'Études de Phonétique irlandaise,' *Revue celtique* 20, 306-334.
- Dottin, Georges, 1900. 'Études de Phonétique irlandaise (suite),' *Revue celtique* 21, 59-74, 179-199.
- Finck, Franz Nikolaus, 1896. 'Vier neuirische Zaubersprüche,' *Zeitschrift des Vereins für Volkskunde* 6, 88-92.
- Finck, Franz Nikolaus, 1896a. *Wörterbuch der auf den Araninseln gesprochenen westirischen mundart*. Marburg: Universitäts-Buchdruckerei (R. Friedrich).
- Finck, Franz Nikolaus, 1899. *Die araner mundart: Ein beitrug zur erforschung des westirischen. I. Grammatik. II. Wörterbuch*. Marburg: N.G. Elwert'sche Verlagsbuchhandlung.

- Gan údar, 1902. 'Schools Teaching Irish as an Extra Subject,' *An Claidheamh Soluis*, 27 Nollaig, 706.
- Gan údar, 1903. 'An Héro nó Bád Ned Bháin,' *An Claidheamh Soluis*, 1 Lúnasa, 2.
- Gan údar, 1906. 'Scéalaidheacht an Oireachtais II: 1903,' *An Claidheamh Soluis*, 26 Bealtaine, 3-4.
- Gan údar, 1924. 'Deaths: Coleman Herson.' *The Boston Globe*, 9 Meán Fómhair, 15.
- Gan údar, 1924. 'Deaths: Coleman Herson.' *The Boston Globe*, 10 Meán Fómhair, 19.
- Kealy, Máire M. OP, 2007. *Dominican Education in Ireland: 1820-1930*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.
- Lysaght, Patricia, 2002. 'Writing Oral Traditions,' in: Bourke, Angela (eag.) *The Field Day Anthology of Irish Writing 4*. Corcaigh: Cork University Press, 1433-1458.
- Mac Congáil, Nollaig, 2010. 'Coláiste Chonnacht an Spidéil: Céad Bliain ar an Saol,' in: Ó Neachtain, Seán (eag.) *Coláiste Chonnacht: 1910-2010: Céad Bliain faoi Bhláth*. An Spidéal, Co. na Gaillimhe: Coláiste Chonnacht, 72-115.
- Mac Con Iomaire, Liam, 2000. *Breandán Ó hEithir: Iomramh Aonair*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Mac Gréagóir, Aoidhmin (eag.), 1906. *Fréamhacha na hÉireann*. Baile Átha Cliath: Maunsel & Co. Ltd.
- 'Maolíosa', 1936. 'Caoineadh na Páise,' *Scéala Éireann*, 9 Aibreán 1936, 4.
- McManus, Damian, 1994. 'An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach,' in: McCone, Kim/McManus, Damian/Ó Háinle, Cathal/Williams, Nicholas agus Breatnach, Liam (eagí.) *Stair na Gaeilge: in Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, 335-445.
- Messenger, John, 1964. 'Joe O'Donnell, "Seanchai" [sic] of Aran,' *Journal of the Folklore Institute*, 1(3), 197-213.
- Mná Fiontracha, 2004. *Ár nOileán: Tuile 's Trá*. Gaillimh: Mná Fiontracha.
- Mullen, Pat, 1938. *Irish Tales*. London: Faber & Faber.
- Munch-Pedersen, Ole (eag.)/Pedersen, Holger (tioms.), 1994. *Scéalta Mháirtín Neile: Bailiúchán Scéalta ó Árainn*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Murphy, Maureen, 1987. 'Lady Gregory and the Gaelic League,' in: Saddlemeyer, Anne and Smythe, Colin (eagí.) *Lady Gregory, Fifty Years After*. Gerrards Cross, Buckinghamshire, United Kingdom: Colin Smythe, 143-162.
- Ní Chonghaile, Deirdre, 2016. "'listening to this rude and beautiful poetry': John Millington Synge mar Bhailitheoir Amhrán in Árainn," *Béaloideas*, 84, 84-103.

Ní Chonghaile, Deirdre, 2021. *Collecting Music in the Aran Islands: a Century of History and Practice*. Wisconsin: The University of Wisconsin Press.

Ní Shéaghda, Nessa, 1980. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland: Fasciculus 6*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Catháin, Brian, 1993. 'Drei Neuerungen im Irischen von Inis Oírr, Co. Galway,' in: Rockel, Martin agus Zimmer, Stefan (eagí.) *Akten des ersten Symposiums deutschsprachiger Keltologen*. Tübingen: Max Niemeyer Verlag, 199-207.

Ó Catháin, Brian, 2001. 'Die araner mundart agus Canúintí Oileáin Árann,' in: Ó Catháin, Brian agus Ó hUiginn, Ruairí (eagí.) *Béalra: Aistí ar Theangeolaíocht na Gaeilge*. Maigh Nuad: An Sagart, 240-259.

Ó Catháin, Brian, 2004. 'Oidhche Sheanchais le Robert J. Flaherty: An Chéad Scannán Gaeilge dá nDearnadh,' *Bliainiris*, 151-235.

Ó Catháin, Brian, 2012. 'Eoghan Ó Gramhnaigh agus 'Clann Chonchobhair': Bailitheoirí Béaloidis in Oileán Árann,' in: Mac Cárthaigh, Eoin agus Uhlich, Jürgen (eagí.) *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 555-589.

Ó Ceallaigh, Seán, 1968. *Eoghan Ó Gramhnaigh. Beathaisnéis*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Coigligh, Ciarán (eag.), [1990]. *Seanchas Inis Meáin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Coigligh, Ciarán, 2012. 'Leasainmneacha in Inis Meáin,' in: uí Ógáin, Ríonach/Nolan, William agus Ó hÓgáin, Éamonn (eagí.) *Sean, Nua agus Sioraíocht: Féilscríbhinn in Ómós do Dháithí Ó hÓgáin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 134-148.

Ó Coigligh, Ciarán, 2014. 'Eilimintí na Logainmneacha in Inis Meáin, Oileáin Árann,' *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society* 66, 125-142.

Ó Coigligh, Ciarán, 2016. 'Ainmneacha Comhludair Baineanna in Inis Meáin, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe,' *Éigse* 39, 128-159.

Ó Conaola, Breandán, 1989. 'Múinteoirí a bhí ag Múineadh i Scoil Náisiúnta, Inis Meáin,' in: Gan údar (eag.) *Comóradh 50 Bliain an tSéipéil in Inis Meáin*. Casla: Clódóirí Lurgan Teo, 57.

Ó Curnáin, Brian, 2007. *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*. (4 Iml.). Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Direáin, Séamas, 2021. 'Observing Linguistic Evolution in an Irish Archipelago,' *Journal of Linguistic Geography*, 9, 28-39.

Ó Dónaill, Niall (eag.), 1977. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Flannagáin, Seosamh, 1931. 'Beart Sgéalta ó Árann,' *Béaloideas*, 3(1), 47-52.

Ó Flannagáin, Seosamh, 1933. 'Tiachóg Sgéalta ó Árann,' *Béaloideas*, 4(2), 228-253.

- Ó Flannagáin, Seósamh, 1937. ‘Sean-Phaidreacha ó Árann,’ *Béaloideas*, 7(2), 185-190.
- Ó Flannagáin, Seósamh, 1939. ‘Sean-Sgéalta ó Árann,’ *Béaloideas*, 9(1), 66-85.
- O’Gramhna, Eoghan, 1889. ‘Ára na Naomh,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, 3(31), 101-4.
- O’Gramhna, Eoghan, 1889a. ‘Ára na Naomh. II.,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, 3(32), 126-8.
- O’Gramhna, Eoghan, 1890. ‘Ára na Naomh. III.,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, 4(35), 45-8.
- O’Gramhna, Eoghan, 1890a. ‘Ára na Naom[h]. IV.,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, 4(36), 53-5.
- O’Growney, Eugene, 1900. ‘Words from the Spoken Gaelic of Aran and Meath,’ in: Stokes, Whitley agus Meyer, Kuno (eagí.) *Archiv für celtische Lexikographie* 1, 151-9, 175-82, 550-5.
- Ó hÍde, Tomás, 2019. *Seáinín Tom Sheáin: From Árann to the Silver Screen*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ó hUiginn, Ruairí, 1994. ‘Gaeilge Chonnacht,’ in: McCone, Kim/McManus, Damian/Ó Háinle, Cathal/Williams, Nicholas agus Breatnach, Liam (eagí.) *Stair na Gaeilge: in Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, 539-609.
- Ó Murchadha, Eoin Riocaird, 1895. ‘South Aran Irish,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, 6 (8), 125-6.
- Ó Sé, Diarmuid, 2000. *Gaeilge Chorca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Siadhail, Mícheál, 1978. *Téarmaí Tógála agus Tís as Inis Meáin*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ó Siadhail, Mícheál, 1989. *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variations*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Ó Súilleabháin, Donncha, 1984. *Scéal an Oireachtais 1897-1924*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.
- Pedersen, Holger, 1896. ‘Zu den neuirischen Zaubersprüchen,’ *Zeitschrift des Vereins für Volkskunde* 6, 192-196.
- Pedersen, Holger, 1897. *Aspirationen i Irsk*. Leipzig: Spirgatis.
- Pedersen, Holger, 1899. ‘Die aspiration im Irischen. II,’ *Zeitschrift für vergleichende Sprachforschung* 35, (Neue Folge Band 15) 315-444.
- Pedersen, Holger, 1900. Léirmheas ar: Finck F.N., Die araner mundart. Ein beitrage zur erforschung des westirischen, *Indogermanische Forschungen* 11, 108-111.

Pedersen, Holger, 1909-1913. *Vergleichende Grammatik der keltischen Sprachen*. Göttingen: Vandenhoeck agus Ruprecht.

Powell, Antoine, [1984]. *Oileáin Árann: Stair na nOileán anuas go dtí 1922*. Baile Átha Cliath: Wolfhound Press.

Robinson, Tim, 1986. *Stones of Aran: Pilgrimage*. An Muileann gCearr: Lilliput Press.

Smythe, Colin (eag.), 1974. *Seventy Years: Being the Autobiography by Lady Gregory*. Nua-Eabhrac: Macmillan Publish Co., Inc.

Synge, J.M., 1907. *The Aran Islands*. Baile Átha Cliath: Maunsel & Co. Ltd.

Tierney, Michael, 1980. *Eoin MacNeill: Scholar and Man of Action 1867-1945*. Oxford: Clarendon Press.

Ua Concheanainn, Peadar, 1931. *Innismeadhoin: Seanchas agus Sgéalta*. Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foillseacháin Rialtais. [An Dara Cló: An Gúm, 1993]

Uí Chionna, Jackie, 2016. *'He was Galway': Máirtín Mór McDonogh, 1860-1934*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Uí Chollatáin, Regina, 2004. *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932: Anailís ar Phríomhnuachtán Gaeilge Ré na hAthbheochana*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

uí Ógáin, Ríonach, 2005. 'Máire Nic Néill (1904-1987): Scoláire Béaloidis,' *Léachtaí Cholm Cille* 35, 159-190.

Wagner, Heinrich, 1958. *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. Iml. 1. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Wagner, Heinrich, 1966. *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. Iml. 3. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Whitaker, T. K., 1981. 'James Hamilton Delargy, 1899-1980,' *Folk Life*, 20 (1), 101-6.

Foinsí Leictreonacha

An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge. Langton, Mícheál (1897-1980). <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=24>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge. Mac Éinrigh, Seán (1863-1926). <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=661>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge. O'Callaghan, David (c.1853-1937). <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=466>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Cartlann RTÉ | Na Meáin | Proinsias Ó Conluain. <https://www.rte.ie/archives/exhibitions/1981-proinsias-o-conluain/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Carlann RTÉ | An tSochaí | Árainn. <https://www.rte.ie/archives/exhibitions/1981-proinsias-o-conluain/615507-rainn/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Daonáireamh. 1901. Éire. Ceathrú an Lisín, Inis Mór, Gaillimh. Teach 32. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000810742/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Daonáireamh. 1901. Éire. Eoghanacht, Inis Mór, Gaillimh. Teach 2. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000811187/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Daonáireamh. 1901. Éire. Eoghanacht, Inis Mór, Gaillimh. Teach 6. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000810926/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Daonáireamh. 1911. Éire. Ceathrú an Lisín, Inis Mór, Gaillimh. Teach 43. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002385228/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Daonáireamh. 1911. Éire. Eochail, Inis Mór, Gaillimh. Teach 56. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002385526/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Daonáireamh. 1911. Éire. Eoghanacht, Inis Mór, Gaillimh. Teach 17. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002386142/>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Daonáireamh. 1920. Stáit Aontaithe Mheiriceá. Massachusetts, Suffolk County, Precinct 3 and 4, South Boston, Ward 9, West Seventh Street, Teach 111. <https://www.familysearch.org/ark:/61903/1:1:MFMK-TKL>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Eolaire Chathair Bhostúin, Massachusetts, 1917. Stáit Aontaithe Mheiriceá. <https://www.ancestry.co.uk/imageviewer/collections/2469/images/9947331?pId=500033276>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Eolaire Chathair Bhostúin, Massachusetts, 1920. Stáit Aontaithe Mheiriceá. <https://www.ancestry.co.uk/imageviewer/collections/2469/images/10730000?pId=543623459>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Eolaire Chathair Bhostúin, Massachusetts, 1921. Stáit Aontaithe Mheiriceá. <https://www.ancestry.co.uk/imageviewer/collections/2469/images/9381517?pId=471151313>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Eolaire Chathair Bhostúin, Massachusetts, 1922. Stáit Aontaithe Mheiriceá. <https://www.ancestry.co.uk/imageviewer/collections/2469/images/9632605?pId=484345148>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Eolaire Chathair Bhostúin, Massachusetts, 1923. Stáit Aontaithe Mheiriceá. <https://www.ancestry.co.uk/imageviewer/collections/2469/images/9413193?pId=473025760>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Eolaire Chathair Bhostúin, Massachusetts, 1924. Stáit Aontaithe Mheiriceá. <https://www.ancestry.co.uk/imageviewer/collections/2469/images/8924116?pId=460728593>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Innéacs na mBásanna, Massachusetts, Stáit Aontaithe Mheiriceá, 1918. Deimhniú Báis Patrick Herson. Áit Bhásaithe: Bostún. Imleabhar 2, Leathanach 161, Iontráil 8929. <https://www.familysearch.org/ark:/61903/1:1:23RV-BZY> : ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Ó Direáin, Séamas, 2015. ‘A Survey of Spoken Irish in the Aran Islands, Co. Galway.’ <https://aranirish.nuigalway.ie/media/DIASsurvey-2015-11-23.pdf>: ceadaithe 25 Feabhra 2022.

Foinsí Neamhfhoilsithe

‘Bárr Aille’ [‘Miss Folan, Arran’], 1903-1906. ‘56-74: Submitted by ‘Bárr Aille’ [‘Miss Folan, Arran’] (‘Ó Cholum Ua h-Iarnáin as Eoghanacht, Árainn, a fuair mé na sgeulta seo go hiomlán’) for competitions in the years 1903-6.’⁴⁰¹ Ls. G244. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Innéacs na mBásanna, Massachusetts, Stáit Aontaithe Mheiriceá, 1924. Deimhniú Báis Coleman Hernon. Áit Bhásaithe: Bostún. Imleabhar 2, Leathanach 155. (Sheol Caitlin Jones, Ceann, Cartlann Massachusetts an t-eolas seo chugam i dteachtaireacht ríomhphoist ar an 20 Iúil 2020.)

Ní Mhaoláin, Marion, 2016. ‘Scéalta Dharach Uí Dhireáin: A Linguistic and Anthropological Analysis.’ (2 iml.). Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D., Ollscoil Mhá Nuad.

Ó hIarnáin, Colm. P., gan bhliain. ‘Hernon – Ó hIarnáin,’ cáipéis neamhfhoilsithe.

Oifig an Ard-Chláraitheora,⁴⁰² 1865. Teastas Breithe Martin Folan (deartháir le hÚna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1866. Teastas Pósta Patrick Hernon agus Mary Mullin.

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1867. Teastas Breithe Bridget Folan (deirfiúr le hÚna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1867. Teastas Breithe Mary Hernon (deirfiúr le Colm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1869. Teastas Breithe Bridget Hernon (deirfiúr le Colm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1869. Teastas Breithe John Folan (deartháir le hÚna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1871. Teastas Breithe Colman Hernon.

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1871. Teastas Breithe Winefred Folan.

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1873. Teastas Breithe Mathias Folan (deartháir le hÚna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1873. Teastas Breithe Patrick Hernon (deartháir Choilm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1874. Teastas Breithe Peter Folan (deartháir le hÚna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1875. Teastas Breithe Margaret Hernon (deirfiúr le Colm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1877. Teastas Breithe James Folan (deartháir le hÚna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1877. Deimhniú Báis James Folan (deartháir le hÚna).

⁴⁰¹ An cuntas seo bainte agam as Ní Shéaghda (1980: 46).

⁴⁰² Is éard atá i gceist agam leis seo, Oifig an Ard-Chláraitheora, Sráid Werburgh, Baile Átha Cliath 8.

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1878. Teastas Breithe Catherine Hernon (deirfiúr le Colm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1878. Deimhniú Báis Catherine Hernon (deirfiúr le Colm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1879. Deimhniú Báis James Folan (athair Úna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1879. Teastas Breithe Anne Hernon (deirfiúr le Colm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1886. Deimhniú Báis Patrick Folan (deartháir le hÚna).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1889. Teastas Pósta Martin Folan (deartháir le hÚna) agus Julia Faherty.

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1896. Teastas Breithe Michael Folan (nia le hÚna, mac le Martin Folan).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1903. Teastas Pósta Bridget Hernon (deirfiúr le Colm) agus Andrew Mullin.

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1911. Deimhniú Báis Patrick Hernon (athair Choilm).

Oifig an Ard-Chláraitheora, 1930. Deimhniú Báis Winefred Folan.

Ábhar a Fuarthas i Scoil Eoin Pól II, Eoghanacht, Árann, Co. na Gaillimhe
Leabhar na Seanrollaí, Scoil na gCailíní, Fearann an Choirce, Gaillimh. Uimhir Rolla 14782. 1918-1925.

Tuairiscí Ginearálta agus Cigireachta 1906-24 ina luaitear Úna Ní Chualáin

Ábhar a Fuarthas i Scoil Náisiúnta Inis Meáin, Inis Meáin, Co. na Gaillimhe
Leabhair na Seanrollaí, Scoil na gCailíní, Inis Meáin, Gaillimh – 1888-1889
Leabhair na Seanrollaí, Scoil na gCailíní, Inis Meáin, Gaillimh – 1924-1925

Ábhar ó Chartlann Náisiúnta na hÉireann

CS/HC/PO/4/84/2981 – Folan, Winifred: Will and Associated Papers

D/F F 075/0002/30 – Litir ó Shéamus Ó Duilearga chuig Rúnaí Roinn an Airgeadais 14/01/1933

ED/4/870 – National schools teacher salary book: District 34, part of Counties Galway and Mayo, in the vicinity of the town of Galway 1883-1884

ED/4/871 – National schools teacher salary book: District 34, part of Counties Galway and Mayo, in the vicinity of the town of Galway 1885-1886

ED/4/872 – National schools teacher salary book: District 34, part of Counties Galway and Mayo, in the vicinity of the town of Galway 1887-1888

ED/4/873 – National schools teacher salary book: District 34, part of Counties Galway and Mayo, in the vicinity of the town of Galway 1889-1890

ED/4/874 – National schools teacher salary book: District 34, part of Counties Galway and Mayo, in the vicinity of the town of Galway 1891-1892

ED/4/1526 – National schools teacher salary book: County Galway, volume 2, roll numbers 11244-13984 – 1905-1906

ED/4/1527 – National schools teacher salary book: County Galway, volume 3, roll numbers 14030-15872 – 1905-1906

ED/4/1533 – National schools teacher salary book: County Galway, volume 3, roll numbers 14030-16164 – 1909-1910

ED/4/1536 – National schools teacher salary book: County Galway, volume 3, roll numbers 14030-16293 – 1911-1912

ED/4/1539 – National schools teacher salary book: County Galway, volume 3, roll numbers 14383-16502 – 1913-1914

ED/4/1542 – National schools teacher salary book: County Galway, volume 3, roll numbers 14383-16577 – 1915-1916

ED/4/1545 – National schools teacher salary book: County Galway, volume 3, roll numbers 13030-14713 – 1917-1918

ED/11/3/5 – The Connaught College, Tourmakeady, Ballinrobe. Report of 1910 session including copies of certificates – June 1910 – April 1912.

PCO/10/1: Privy Council Office: List of Teachers Employed by the Commissioners of National Education on 31 March 1905

Ábhar ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann

5 Lúnasa 1932. Seolta ag MJ Flanagan [= Seosamh Ó Flannagáin] ó Eoghanacht, Árann chuig Séamas Ó Duilearga.

Cártaí Poist a bhí i Seilbh Mháirtín Uí Chualáin, Inis Meáin⁴⁰³

31 Feabhra 1909. Seolta ag Lili Ní Bhraonáin ó Bhaile Átha Cliath chuig Úna Níc Fhualáin, 7 Sráid Naoimh Proinsias, Gaillimh.

1 Meán Fómhair 1910. Seolta ag J. Lyden ó Ghailimh chuig Miss Folan, Irish College, Tourmakeady, Co. Mayo.

15 Lúnasa 1911. Seolta ag S.A. Folan ó Bhearna chuig Miss W. Folan, Fitzpatrick's Hotel, St. Francis St, Galway.

⁴⁰³ Coinnítear an bunlitriú agus na seoltaí mar a fhaightear ar na cártaí iad.

24 Meitheamh 1911. Seolta ag Jos Bernard SJ ó Alasca chuig Miss Úna Folan, 7 St. Francis St, Galway, Co. Galway, Ireland.⁴⁰⁴

15 Márta 1912. Seolta ag Seághan Mac hEinrigh ó Bhaile Átha Cliath chuig Úna Níc Fhualáin, MS, Fearann a Choirce, Árann Mhór, Co. na Gaillimhe.

4 Meán Fómhair 1912. Seolta ag S. Anne ón Spidéal chuig Miss Úna Folan, The Hospice, Holywell, N. Wales.

7 Lúnasa 1913. Seolta ag S. ó Thrá Lí chuig Miss Folan, 140 Botanic Road, Glasnevin, Dublin.

22 Nollaig 1913. Seolta ag S.A. Folan ó Bhaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe chuig Miss W. Folan, 140 Botanic Rd, Glasnevin, Dublin.⁴⁰⁵

5 Bealtaine 1918. Seolta ag Bob ó Bombay chuig Miss W. Folan, N.T., Oatquarter G.N.S., Kilronan, Aran Isles, Co. Galway, Ireland.

13 Meitheamh 1919. Seolta ag Séamas Ó Duibhlearga ó na Outer Hebrides, A.B. chuig Úna Níc Fhualáin, Fearann na Coirce, Árann Mhór, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, Galway, Ireland.

⁴⁰⁴ ‘Miss Úna Folan, Oatquarter G.N.S. of Kilronan, Aran Island, Co. Galway, Ireland’ an bunseoladh a bhí ar an gcárta poist. Cuireadh líne trí ‘Oatquarter G.N.S. of Kilronan, Aran Island’, agus scríobhadh ‘7 St. Francis St, Galway’ in aice leis an mbunseoladh.

⁴⁰⁵ ‘Miss W. Folan, Oatquarter G.N.S., Kilronan P.O., Aran Islands, Galway’ an bunseoladh a bhí ar an gcárta poist. Cuireadh líne trí ‘Oatquarter G.N.S., Kilronan P.O., Aran Islands, Galway’ agus scríobhadh ‘140 Botanic Rd, Glasnevin, Dublin’ in aice leis an mbunseoladh.